

EBA/GL/2026/06

26 June 2026

Treoirlínte (athbhreithnithe) maidir leis
na nósanna imeachta agus
modheolaíochtaí comhchoiteanna
athbhreithnithe don phróiseas
athbhreithnithe agus meastóireachta
maoirseachta (SREP) agus tástáil struis
maoirseachta faoi Threoir 2013/36/AE

Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na dtreoirlínte a chomhlíonadh.
2. I dtreoirlínte leagtar amach tuairim an ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, a bhfuil feidhm ag na dtreoirlínte maidir leo, comhlíonadh a áirithiú trí na dtreoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), lena n-áirítear i gcás ina bhfuil na dtreoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt don ÚBE faoi 28/12/2026 cibé acu atá nó nach bhfuil na dtreoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé acu atá nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh, mura bhfuil. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh an ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'ÚBE/GL/2026/06' a úsáid. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás iomchuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (OJ L 331, 15.12.2010, Ich. 12, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj>).

Teideal 1: Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe, agus cur i bhfeidhm

Ábhar

1. Sonraítear sna treoirlínte seo na nósanna imeachta agus modheolaíochtaí comhchoiteanna d'fheidhmiú an phróisis athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta (SREP) dá dtagraítear dó in Airteagail 48n, Airteagal 97 agus in Airteagal 107(1)(a) de Threoir 2013/36/AE.², lena n-áirítear na cinn chun eagrú agus láimhseáil rioscaí a mheasúnú, lena n-áirítear sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí, dá dtagraítear in Airteagail 76 go 87 den Treoir sin agus próisis agus gníomhaíochtaí arna nglacadh i ndáil le hAirteagail 48o, 98, 100, 101, 102, 104, 104a, 104b, 104c, 105, 107(1)(b) agus 117 den Treoir sin. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm leis na treoirlínte seo modheolaíochtaí coiteanna a sholáthar a bheidh le húsáid ag údaráis inniúla agus iad ag déanamh tástálacha struis maoirseachta i gcomhthéacs a SREP dá dtagraítear in Airteagal 100(2) de Threoir 2013/36/AE. Ina theannta sin, sonraítear sna treoirlínte seo freisin i gcomhréir le hAirteagal 104a(7) de Threoir (AE) 2024/1619 maidir le conas na ceanglais a oibríochtú i gcás ina bhfuil institiúid faoi cheangal ag an íosráta aschuir.
2. Ní leagtar síos leis na treoirlínte sin modheolaíochtaí le haghaidh na dtástálacha struis a dhéanfaidh an ÚBE i gcomhar le húdaráis inniúla eile i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010; mar sin féin, déanann siad cur síos ar raon na dtástálacha struis chun cuidiú leis an gcomhthéacs iomchuí a shocrú chun tástálacha struis an ÚBE amach anseo a mheas mar chuid amháin de na tástálacha struis maoirseachta.

Raon feidhme an chur i bhfeidhm

3. Ba cheart d'údaráis inniúla na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an leibhéal cur i bhfeidhm a chinntear in Airteagal 110 de Threoir 2013/36/AE i gcomhréir leis na ceanglais agus na tarscaoiltí a úsáidtear de bhun Airteagal 108 agus Airteagal 109 de Threoir 2013/36/AE.
4. Maidir le máthairghnóthais agus fochuideachtaí atá san áireamh sa chomhdhlúthú, ba cheart d'údaráis inniúla doimhneacht agus leibhéal gráinneachta a gcuid measúnuithe a choigeartú ionas go mbeidh siad ag teacht lena leibhéal cur i bhfeidhm arna bhunú i gceanglais Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 atá sonraithe i gCuid a hAon, Teideal II den Rialachán sin, go háirithe agus

² Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuama ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólaigh infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, Ich. 338, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj>).

tarscaoiltí á n-aithint a chuirtear i bhfeidhm de bhun Airteagal 7 agus 10 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Airteagal 21 de Threoir 2013/36/AE.

5. Sa chás go bhfuil fochuideachta ag institiúid sa Bhallstát céanna, ach nár deonaíodh aon tarscaoileadh a shonraítear i gCuid a hAon de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, féadfar cur chuige comhréireach a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht caipitil agus leachtachta trí dhíriú ar an measúnú ar leithdháileadh caipitil agus leachtachta ar fud na n-eintiteas agus baic ionchasacha ar inaistritheacht caipitil nó leachtachta laistigh den ghrúpa.
6. I gcás grúpaí trasteorann, ba cheart ceanglais nós imeachta a chur i bhfeidhm ar bhealach comhordaithe faoi chuimsiú na gcoláistí maoirseoirí a bhunaítear de bhun Airteagal 116 nó Airteagal 51 de Threoir 2013/36/AE. Mínítear i dTeideal 11 na sonraí faoin gcaoi a mbaineann na treoirlínte seo le grúpaí trasteorann agus lena n-eintitis.
7. Nuair a bheidh foghrúpa leachtachta bunaithe ag institiúid de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ba cheart d'údaráis inniúla a measúnú a dhéanamh ar rioscaí do leachtacht agus do chistiú, agus bearta maoirseachta a chur i bhfeidhm, maidir leis na heintitis arna gclúdach ag foghrúpa den sórt sin ar leibhéal an fhoghrúpa leachtachta.

Seolaithe

8. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4(2), pointí (i) agus (viii) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Sainmhínithe

9. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna treoirlínte leis na téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013³, Treoir 2013/36/AE, Treoir 2014/59/AE⁴ nó Treoirlínte an ÚBE maidir le tástáil struis institiúidí⁵. Ina theannta sin, chun críocha na dtreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

Ciallaíonn 'maoirseoir AML/CFT' údarás maoirseachta, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (45), den Rialachán (AE) 2024/1624, atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Rialacháin institiúidí.

Ciallaíonn 'ceanglais mhaolánacha caipitil' na ceanglais cistí dílse a shonraítear i gCaibidil 4 de Theideal VII de Threoir 2013/36/AE.

³Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj>).

⁴Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/59/oj>).

⁵Treoirlínte an ÚBE maidir le tástáil struis institiúidí (ÚBE/GL/2018/04)

Ciallaíonn ‘institiúid chomhdhlúthaithe’ institiúid a gceanglaítear uirthi cloí leis na ceanglais stuamachta ar bhonn na staide comhdhlúite i gcomhréir le Cuid 1, Teideal 2, Caibidil 2 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Ciallaíonn ‘acmhainn frithchothromaithe’ cumas na hinstitiúide chun leachtacht iomarcach a shealbhú, nó rochtain a bheith aici uirthi, thar thréimhsí ama gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha mar fhreagairt ar chásanna struis.

Ciallaíonn ‘riosca cistiúcháin’ an riosca nach mbeidh foinsí cobhsaí cistiúcháin ag an institiúid sa mheántearma agus san fhadtearma, a bheidh mar chúis leis an riosca reatha nó ionchasach, nach bhféadfaidh sí a hoibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh, amhail íocaíochtaí agus riachtanais chomhthaobhachta, de réir mar a bhíonn siad dlite sa mheántearma nó san fhadtearma, ar chor ar bith nó gan costais chistiúcháin a mhéadú go neamh-inghlactha.

Ciallaíonn ‘iasachtú FX’ iasachtú d’iasachtaithe, beag beann ar fhoirm dhlíthiúil na saoráide creidmheasa (e.g. lena n-áirítear íocaíochtaí iarchurtha nó socrúithe airgeadais comhchosúla), in airgeadraí seachas dlíthairiscint na tíre ina bhfuil sainchónaí ar an iasachtaí.

Ciallaíonn ‘riosca iasachtaithe FX’ an riosca reatha nó ionchasach do thuilleamh agus do chistí dílse na hinstitiúide a eascraíonn as iasachtaí FX d’iasachtaithe neamhfhálaíthe.

Ciallaíonn ‘próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht chaipitil (ICAAP)’ an próiseas chun caipiteal inmheánach, arna chur i bhfeidhm ag an institiúid de bhun Airteagal 73 de Threoir 2013/36/AE, a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú agus chun faireachán a dhéanamh air.

Ciallaíonn ‘próiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht leachtachta (ILAAP)’ an próiseas chun leachtacht, arna chur i bhfeidhm ag an institiúid de bhun Airteagal 86 de Threoir 2013/36/AE, a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú agus chun faireachán a dhéanamh air.

Ciallaíonn ‘catagóir na hinstitiúide’ an táscaire ar thábhacht shistéamach na hinstitiúide a shanntar bunaithe ar mhéid agus ar chastacht na hinstitiúide agus ar raon feidhme a gníomhaíochtaí.

Ciallaíonn ‘leachtacht ionlae’ na cistí is féidir a rochtain i rith an lae gnó chun a chumasú don institiúid íocaíochtaí a dhéanamh i bhfíor-am.

Ciallaíonn ‘riosca leachtachta ionlae’ an riosca reatha nó ionchasach go dteipfidh ar an institiúid a riachtanais leachtachta ionlae a bhainistiú go héifeachtach.

Ciallaíonn “ceanglas macrastuamachta” nó “beart” ceanglas nó beart arna fhorchur ag údarás inniúil nó údarás ainmnithe chun aghaidh a thabhairt ar riosca macrastuamachta nó sistéamach.

Ciallaíonn ‘airgeadra ábhartha’ airgeadra a bhfuil suímh ábhartha ag an institiúid ann maidir leis an gclár comhardaithe nó lasmuigh den chlár comhardaithe.

Ciallaíonn “riosca um sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí (ML/TF)” an riosca mar a shainmhínítear é i dTreoirínte an ÚBE um Maoirseacht ar Riosca⁶.

Ciallaíonn ‘athléimneacht oibríochtúil’ an cumas atá ag institiúid feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a sheachadadh i gcás cur isteach.

Ciallaíonn ‘ceanglas caipitil foriomlán (OCR)’ suim an cheanglais chaipitil SREP iomlán (TSCR), na gceanglas maolánach caipitil agus na gceanglas macrastuamachta, nuair a chuirtear in iúl iad mar cheanglais cistí dílse.

Ciallaíonn ‘ceanglas maidir le cóimheas gearála foriomlán (OLRR)’ suim cheanglais iomlán an chóimheasa gearála SREP (TSLRR) agus an ceanglas maoláin cóimheasa gearála G-SII i gcomhréir le hAirteagal 92(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Ciallaíonn ‘measúnú SREP foriomlán’ an measúnú cothrom le dáta ar inmhharthanacht fhoriomlán institiúide bunaithe ar mheasúnú ar ghnéithe SREP.

Ciallaíonn ‘scór foriomlán SREP’ táscaire uimhriúil an riosca fhoriomláin d’inmhharthanacht na hinstitiúide bunaithe ar mheasúnú foriomlán SREP.

Ciallaíonn ‘ceanglais Cholún 1 maidir le cistí dílse’ nó ‘P1R’ na ceanglais cistí dílse a cheanglaítear ar an institiúid a choinneáil i gcomhréir le Cuid a Trí, Cuid a Ceathair agus Cuid a Seacht den Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus le Caibidil 2 den Rialachán (AE) 2017/2402.

Ciallaíonn ‘treoir Cholún 2’ nó ‘P2G’ leibhéal agus cáilíocht na gcistí dílse a mheastar a bheidh ag an institiúid de bhreis ar a OCR, arna gcinneadh de réir na gcritéar atá sonraithe sna treoirínte seo.

Ciallaíonn ‘treoir Cholún 2 le haghaidh riosca na gearála iomarcaí’ nó ‘P2G-LR’ leibhéal agus cáilíocht na gcistí dílse a mheastar a bheidh ag an institiúid de bhreis ar a OLRR, arna gcinneadh de réir na gcritéar atá sonraithe sna treoirínte seo.

Ciallaíonn ‘ceanglas Cholún 2’ nó ‘P2R’ na ceanglais maidir le cistí dílse breise forchurtha de réir Airteagal 104(1)(a) de Threoir 2013/36/AE chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí seachas riosca na gearála iomarcaí.

Ciallaíonn ‘ceanglas Cholún 2 maidir le riosca na gearála iomarcaí’ nó ‘P2R-LR’ na ceanglais cistí dílse breise forchurtha de réir Airteagal 104(1)(a) de Threoir 2013/36/AE chun aghaidh a thabhairt ar riosca na gearála iomarcaí.

Ciallaíonn ‘riosca do chlú’ an riosca reatha nó ionchasach do thuilleamh, cistí dílse nó leachtacht na hinstitiúide a eascraíonn as damáiste do chlú na hinstitiúide.

⁶ Treoirínte an ÚBE maidir le saintréithe cur chuige rioscabhunaithe maidir le maoirseacht ar fhrithsciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta, agus na bearta nach mór a dhéanamh agus an mhaoirseacht á déanamh ar bhonn riosca-íogair faoi Airteagal 48(10) de Threoir (AE) 2015/849 (lena leasaítear Treoirínte Comhpháirteacha ÚME 2016 72) (‘Na Treoirínte Maoirseachta Bunaithe ar Riosca’) (ÚBE/GL/2021/16).

Ciallaíonn ‘inghlacthacht riosca’ an leibhéal comhiomlán agus na cineálacha riosca a bhfuil an institiúid toilteanach glacadh leo laistigh dá hacmhainn riosca, i gcomhréir lena samhail ghnó, chun a cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh.

Ciallaíonn ‘scór riosca’ an slonn uimhriúil lena ndéantar achoimre ar an measúnú maoirseachta ar riosca aonair i leith caipitil, leachtachta agus maoinithe arb ionann é agus an dóchúlacht go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ag riosca ar an institiúid (e.g. caillteanas ionchasach) tar éis bainistíocht riosca agus rialuithe a bhreithniú agus roimh bhreithniú a dhéanamh ar chumas na hinstitiúide an riosca a mhaolú trí acmhainní caipitil nó leachtachta atá ar fáil.

Ciallaíonn ‘rioscaí i leith caipitil’ rioscaí ar leith a mbeidh tionchar suntasach stuamachta acu ar chistí dílse na hinstitiúide sna chéad 12 mhí eile, má thagann siad chun cinn. Cuimsítear ina measc ach níl siad teoranta do rioscaí a chlúdaítear in Airteagal 79 go dtí Airteagal 87 de Threoir 2013/36/AE, ach níl siad teoranta dóibh sin.

Ciallaíonn ‘rioscaí leachtachta agus cistiúcháin’ rioscaí ar leith a mbeidh tionchar suntasach stuamachta acu ar leachtacht na hinstitiúide thar thréimhsí ama éagsúla, má thagann siad chun cinn.

Ciallaíonn ‘gné SREP’ ceann amháin acu seo a leanas: anailís ar shamhail ghnó, measúnú ar rialachas inmheánach agus rialuithe riosca ar fud na hinstitiúide, measúnú ar rioscaí do chaipiteal, measúnú caipitil SREP, nó measúnú ar rioscaí do leachtacht agus maoiniú SREP.

Ciallaíonn ‘tagarmharcanna maoirseachta’ uirlisí cainníochtúla a bhaineann go sonrach le riosca arna bhforbairt ag an údarás inniúil chun meastachán a sholáthar maidir leis na cistí dílse a theastaíonn chun rioscaí nó gnéithe de rioscaí nach gclúdaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chlúdach.

Ciallaíonn ‘tréimhse mharthanais’ an tréimhse inar féidir leis an institiúid leanúint ar aghaidh ag oibriú faoi choinníollacha struis agus a hoibleagáidí íocaíochtaí a chomhlíonadh fós lena linn.

Ciallaíonn ‘méid iomlán na neamhchosanta ar riosca (TREA)’ méid iomlán na neamhchosanta ar riosca mar atá sainmhínithe in Airteagal 92 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Ciallaíonn ‘ceanglas caipitil SREP iomlán (TSCR)’ suim na gceanglas cistí dílse mar a shonraítear in Airteagal 92(1), pointe (a) go (c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus ceanglais cistí dílse breise arna gcinneadh i gcomhréir leis na critéir atá sonraithe sna treoirlínte seo chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí seachas riosca na gearála iomarcaí.

Ciallaíonn ‘ceanglas maidir le cóimheas gearála SREP iomlán (TSLRR)’ suim na gceanglas cistí dílse mar a shonraítear in Airteagal 92(1), pointe (d) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ceanglais bhreise cistí dílse a chinntear i gcomhréir leis na critéir atá sonraithe sna treoirlínte seo chun aghaidh a thabhairt ar riosca na gearála iomarcaí.

Ciallaíonn ‘iasachtaithe neamhfhálaíthe’ iasachtaithe miondíola agus FBManna gan fálú nádúrtha nó airgeadais atá neamhchosanta ar neamhréir airgeadra idir airgeadra na hiasachta agus an t-airgeadra fálaíthe; folaíonn fála nádúrtha go háirithe cásanna ina bhfaigheann iasachtaithe ioncam in airgeadra eachtrach (e.g. seoltáin/admhálacha easpórtála), agus toimhdíonn fála airgeadais de ghnáth go bhfuil conradh ann le hinstitiúid airgeadais.

Ciallaíonn ‘scór inmharthanachta’ an slonn uimhriúil a dhéanann achoimre ar an measúnú maoirseachta ar ghné SREP agus a léiríonn an riosca d’inmharthanacht na hinstitiúide a eascraíonn as an ngné SREP a ndéantar measúnú air.

Dáta an chuir i bhfeidhm

10. Beidh feidhm leis na treoirlínte seo ar an 1 Eanáir 2027.

Beidh feidhm ag míreanna 102, 103, 239, 462, 463 agus 470(f) ón 01 Eanáir 2027, ach amháin i gcás na rioscaí a bhaineann le neamh-chur i bhfeidhm agus imghabháil smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithé, a mbeidh feidhm acu ar an 10 Iúil 2027, a chur san áireamh.

Beidh feidhm le Teideal 12 ón 11 Eanáir 2027.

Aisghairm

11. Déantar treoirlínte an ÚBE maidir leis na nósanna imeachta agus modheolaíochtaí comhchoiteanna don phróiseas athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta (SREP) agus tástáil struis mhaoirseachta an 18 Nollaig 2022 (ÚBE/GL/2022/03) agus treoirlínte an ÚBE maidir le measúnú riosca TFC faoi SREP (ÚBE/GL/2017/ 05) a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2027. Déanfar na tagairtí do na Treoirlínte arna n-aisghairm a fhorléiriú mar thagairtí do na treoirlínte seo.

Teideal 2. Creat SREP

2.1. Forbhreathnú ar chreat SREP

12. Ba cheart go mbeadh creat cuimsitheach SREP ag údaráis inniúla a chlúdaíonn na comhpháirteanna seo a leanas, ar cheart iad a mheas go rialta, ag féachaint do liosta na ngníomhartha dlí a fhoilsítear ar leithligh ar shuíomh gréasáin an ÚBE, ar cheart comhlíonadh na hinstitiúide a mheas ina aghaidh. Leagtar amach i samhail rannpháirtíochta SREP i Rannóg 2.4 conas is féidir an creat seo a chalabhrú ar fud institiúidí éagsúla agus prionsabal na comhréireachta á chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na ceanglais atá i gceist:

- a. catagóiriú na hinstitiúide mar a shonraítear i Rannóg 2.1.1;
- b. faireachán ar phríomhtháscairí mar a shonraítear i dTeideal 3;
- c. anailís ar shamhail ghnó mar a shonraítear i dTeideal 4;
- d. measúnú ar rialachas inmheánach agus ar rialuithe uile-institiúide mar a shonraítear i dTeideal 5;
- e. measúnú ar rioscaí do chaipiteal mar a shonraítear i dTeideal 6; agus
- f. measúnú ar leordhóthanacht chistí dílse na hinstitiúide mar a shonraítear i dTeideal 7;
- g. measúnú ar rioscaí do leachtacht agus do mhaoiniú agus measúnú leachtachta agus maoinithe SREP mar a shonraítear i dTeideal 8;
- h. measúnú foriomlán SREP (lena n-áirítear bearta maoirseachta a chur i bhfeidhm – agus bearta luath-idirghabhála, i gcás inar gá) agus cumarsáid mar a shonraítear i dTeideal 9 agus i Rannóg 2.1.2 faoi seach.

13. Ba cheart d'údaráis inniúla féachaint ar SREP mar phróiseas leanúnach a chomhtháthaíonn toradh na ngníomhaíochtaí maoirseachta uile agus gach foinse faisnéise atá ar fáil i bhforléargas maoirseachta cuimsitheach ar institiúid. Ba cheart go n-áireofaí in SREP breithniú ar an méid seo a leanas:

- a. toradh measúnuithe SREP a rinneadh roimhe seo, anailís ar an tsamhail ghnó agus maoirseacht leanúnach seachtrach;
- b. tuairisciú airgeadais na hinstitiúide, plean straitéiseach/pleananna straitéiseacha, tuairisciú rialála (tuairisciú comhchoiteann – COREP, tuairisciú airgeadais – FINREP, agus clár creidmheasa, i gcás ina bhfuil siad ar fáil) agus tuairisciú inmheánach (e.g. faisnéis bhainistíochta, tuairisciú caipitil agus leachtachta, tuarascálacha riosca inmheánacha);
- c. ICAAP/ILAAP na hinstitiúide agus socruithe pleanála téarnaimh;
- d. cigireachtaí ar an láthair;
- e. measúnuithe ar shamhlacha inmheánacha;
- f. anailís dhomhain spriocdhírithe;
- g. athbhreithnithe téamacha cothrománacha;

- h. anailís ar thástáil struis;
- i. tuarascálacha tríú páirtí (e.g. tuarascálacha iniúchta, tuarascálacha ó anailísithe cothromais/creidmheasa);
- j. staidéar/suirbhéanna earnála nó maicreacnamaíocha ábhartha eile.

2.1.1. Institiúidí a chatagóiriú

14. Ba cheart d'údaráis inniúla na hinstitiúidí uile atá faoina sainchúram maoirseachta a chatagóiriú i gceithre chatagóir éagsúla bunaithe ar mhéid, ar thábhacht shistéamach, ar chineál, ar scála agus ar chastacht ghníomhaíochtaí na n-institiúidí lena mbaineann agus Airteagal 97(4) de Threoir 2013/36/AE á chur san áireamh. Ba cheart go léireodh an chatagóiriú an measúnú ar an riosca sistéamach a chruthaíonn institiúidí don chóras airgeadais.
15. Laistigh de ghrúpa eintiteas, má chinneann údaráis inniúla go n-athraíonn ábharthacht eintiteas éagsúil laistigh den ghrúpa, bunaithe ar na gnéithe a liostaítear i mír 17, féadfaidh siad catagóiriú a chur i bhfeidhm ar an leibhéal aonair chun na difríochtaí sin a léiriú (e.g. catagóirí éagsúla a shannadh d'fhochuideachtaí grúpa éagsúla agus/nó d'eintiteas comhdhlúite).
16. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar aicmiú a gcuid institiúidí, agus i ndiaidh imeachtaí a d'fhéadfadh cur le rioscúlacht na samhlacha gnó, nó i ndiaidh mór-oibríochtaí corparáideacha amhail dí-infheistíocht mhór, cumasc nó éadail, nó gníomh straitéiseach tábhachtach.
17. Chun íosleibhéal inchomparáideachta a chinntiú, ba cheart d'údaráis inniúla tagairt a dhéanamh do na catagóirí thíos mar phointe tosaigh:
 - Catagóir 1 – Gach institiúid atá sainithe mar 'institiúidí móra' in Airteagal 4(1), pointe 146 de Rialachán (AE) 575/2013. Féadfaidh údaráis inniúla 'institiúidí móra' a aicmiú mar institiúidí de Chatagóir 2 nó de Chatagóir 3 ar chúiseanna comhréireachta, ar an gcoinníoll nach G-SIIIna iad. Ba cheart athaicmiú 'institiúidí móra' nach G-SIIIna iad a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir cháilíochtúla i gCatagóir 2 agus i gCatagóir 3 thíos, i bhfianaise mhéid, thábhacht shistéamach, chineál, scála agus chastacht na hinstitiúide i ndáil leis na gníomhaíochtaí.
 - Catagóir 2 – (i) Institiúidí idir mheánmhéide agus mhóra seachas na hinstitiúidí sin a áirítear i gCatagóir 1 nach 'institiúid bheag agus neamhchasta' iad mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) pointe (145) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a oibríonn i Rannógt línte gnó, lena n-áirítear gníomhaíochtaí neamhbhaincéireachta, nó a bhfuil gníomhaíochtaí suntasacha trasteorann acu, agus a thairgeann táirgí creidmheasa agus airgeadais do chustaiméirí miondíola agus corparáideacha; (ii) institiúidí speisialaithe nach bhfuil tábhacht chórasach ag baint leo a bhfuil sciartha suntasacha den mhargadh acu ina línte gnó nó ina gcórais íocaíochta, nó ina n-ardáin/margaí trádála le haghaidh ionstraimí airgeadais; (iii) institiúidí a mheastar a bheith tábhachtach, mar gheall ar a méid, a ngníomhaíochtaí, nó a samhail gnó (e.g. institiúidí lárnacha IPS, contrapháirtithe lárnacha, taisclanna lárnacha urrús, bainc cheannais chomhoibríocha nó bainc choigiltis lárnacha),

don gheilleagar (e.g. i dtéarmaí sócmhainní iomlána thar olltáirgeacht intíre – TA/OTI) nó don earnáil bhaincéireachta i mBallstát ar leith.

- ▶ Catagóir 3 – (i) Institiúidí idir beag agus meánmhéide seachas na hinstitiúidí sin a áirítear i gCatagóir 1 agus 2, nach ‘institiúid bheag agus neamhchasta’ iad mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) pointe 145 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a oibríonn i líon teoranta línte gnó, nó a bhfuil gníomhaíochtaí neamhsuntasacha trasteorann acu, a thairgeann táirgí creidmheasa go príomha do chustaiméirí miondíola, corparáideacha agus institiúideacha a bhfuil tairiscint teoranta táirgí airgeadais acu; (ii) saininstitiúidí a bhfuil sciartha den mhargadh nach bhfuil chomh suntasach céanna acu ina línte gnó nó ina gcórais íocaíochta, nó ina malartuithe airgeadais.
- ▶ Catagóir 4 – Gach institiúid arna sainiú mar ‘institiúid bheag agus neamhchasta’ in Airteagal 4(1), pointe 145 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus gach institiúid bheag neamhchasta eile nach dtagann faoi chatagóirí 1 go 3 (e.g. a bhfuil raon feidhme teoranta gníomhaíochtaí acu agus sciartha neamhsuntasacha den mhargadh ina línte gnó).

2.1.2. Measúnú leanúnach ar rioscaí, creat géaraithe agus bearta maoirseachta

18. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú leanúnach a dhéanamh ar na rioscaí atá nó a bhféadfadh an institiúid a bheith neamhchosanta orthu, trína ngníomhaíochtaí maoirseachta i gcomhréir le samhail rannpháirtíochta SREP atá leagtha amach i rannóg 2.4.
19. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú go ndéantar torthaí a measúnuithe a dhoiciméadú go soiléir, agus díriú ar bhunchúiseanna na n-easnamh a aithníodh. Ba cheart na torthaí sin a léiriú sna scóir SREP arna sannadh i gcomhréir leis na treoirlínte seo agus ba cheart dóibh bonn eolais a chur faoi bhearta maoirseachta ina dhiaidh sin a fhéadfaidh údaráis inniúla a chur i bhfeidhm mar a shonraítear in Airteagal 102, in Airteagal 104 agus in Airteagal 105 de Threoir 2013/36/AE agus sa dlí náisiúnta, agus, nuair is infheidhme, faoi bhearta luath-idirghabhála mar a shonraítear in Airteagal 27 de Threoir 2013/36/AE, nó faoi aon teaghlaim den mhéid thuas.
20. Mar chuid dá ngníomhaíochtaí maoirseachta leanúnacha, ba cheart d'údaráis inniúla gníomhaíochtaí leantacha cuí agus tráthúla a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil aghaidh tugtha go héifeachtach ag institiúid ar na easnaimh a aithníodh. Maidir leis seo, ba cheart d'údaráis inniúla creat ardleibhéil géaraithe a bhunú do bhearta maoirseachta, a thacódh le roghnú na mbeart is oiriúnaí (cainníochtúil agus cáilíochtúil araon) chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a aithníodh. Is gan dochar do na cumhachtaí maoirseachta a sholáthraítear faoin gcreat dlíthiúil is infheidhme é seo ná do lánrogha na n-údarás inniúil na bearta is oiriúnaí a chinneadh bunaithe ar na cúinsí agus na heasnaimh shonracha.
21. Ba cheart don chreat a dtagraítear dó sa mhír roimhe seo na gníomhartha seo a leanas a chur san áireamh, nach bhfuil ceaptha a bheith go docht i ndiaidh a chéile agus ar féidir iad a ghéarú nó a dhíghéarú de réir mar is cuí:
 - a. dul i mbun idirphlé maoirseachta feabhsaithe leis an institiúid, amhail cruinniú a reáchtáil leis an gcomhlacht bainistíochta nó féinmheasúnú a cheangal ar an institiúid;

- b. gníomhartha ceartaitheacha a bhfuiltear ag súil leo ón institiúid (bearta neamh-cheangailteacha) a chur in iúl, amhail ionchais nó moltaí maoirseachta;
 - c. gníomhaíocht cheartaitheach shonrach/gníomhaíochtaí ceartaitheacha sonracha a éileamh ón institiúid (bearta ceangailteacha), amhail bearta cáilíochtúla a shocrú nach mór don institiúid a chomhlíonadh agus/nó ceanglas Chólún 2 nó ceanglais leachtachta a leagan síos/a mhéadú;
 - d. bearta maoirseachta a fhorfheidhmiú chun na heasnamh a sainaithníodh a leigheas, amhail pionóis riaracháin, bearta feabhais nó fíneálacha.
22. Agus bearta maoirseachta á roghnú acu, ba cheart d'údaráis inniúla an cosán géaraithe iomlán a shainaithint, agus an fhaisnéis atá ar fáil, nádúr, méid agus castacht na hinstitiúide, agus an gá atá le corrlaigh aithnidiúite a leigheas go tráthúil á gcur san áireamh. Ba cheart na breithniúcháin seo a leanas, de réir mar is infheidhme, a bheith mar threoir don roghnú:
- a. an toradh atá beartaithe a bhfuil sé mar aidhm leis na bearta a bhaint amach agus, i gcás inarb indéanta, na hamlínte a bhfuiltear ag súil leo ón institiúid chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh;
 - b. tromchúis na n-easnamh agus an tionchar coimeádach a d'fhéadfadh a bheith ann mura dtabharfaí aghaidh ar an tsaincheist (i.e. an bhfuil gá le beart sonracha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt uirthi) agus cibé an bhfuil aghaidh tugtha cheana féin ar na heasnamh/ar clúdaíodh iad le bearta eile;
 - c. an cumas nó an rún a léirigh an institiúid na heasnamh a leigheas;
 - d. cibé acu an mbainfeadh nó nach mbainfeadh bearta eile an cuspóir céanna amach agus an mbeadh tionchar riaracháin agus airgeadais níos lú acu ar an institiúid;
 - e. an fhéidearthacht go bhféadfadh na rioscaí agus na leochaileachtaí a shainaithnítear a bheith comhghaolmhar nó féintreisthe, nó an dá rud, rud a chiallaíonn gur gá déine na mbearta maoirseachta a mhéadú;
 - f. aon tosca eile a mheasann na húdaráis inniúla a bheith ábhartha.
23. Gan dochar do chumhacht rogha na n-údarás inniúil, ba cheart na bearta cainníochtúla agus cáilíochtúla uile atá ar fáil a úsáid ar bhealach a thugann an deis aghaidh a thabhairt ar an leibhéal riosca agus/nó ar na heasnamh, ar an mbealach is fearr. Ba cheart go gcuirfí san áireamh leis sin cineál an riosca (cainníochtúil agus/nó cáilíochtúil), an próiseas géaraithe, agus gur cheart bearta cainníochtúla a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar easnamh sa rialachas inmheánach, lena n-áirítear socrúithe rialaithe inmheánaigh, agus saincheisteanna eile, i gcás nach raibh bearta maoirseachta eile éifeachtach nó ina meastar nach leor iad chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh a sainaithníodh laistigh de thréimhse ama iomchuí⁷.

⁷ I gcomhréir le hAirteagal 104a(1)(b) de Threoir 2013/36 ón Aontas Eorpach agus ón gComhairle maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (OJL 176 27.6.2013, lch. 338, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/2026-01-11>).

24. Féadfaidh údaráis inniúla bearta maoirseachta a dhéanamh atá nasctha go díreach le torthaí aon ghníomhaíochtaí maoirseachta (e.g. scrúduithe ar an láthair, measúnuithe ar oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus príomhfheidhmeanna, etc.) i gcás inar gá maoirseacht a chur i bhfeidhm láithreach de bharr thorthaí na ngníomhaíochtaí sin chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh ábhartha, gan dochar d'fhorálacha an teidil seo.

2.1.3. Idirphlé le hinstitiúidí

25. Ba cheart d'údaráis inniúla dul i mbun idirphlé le hinstitiúidí de réir mar a dhéanann siad a ngníomhaíochtaí maoirseachta.

26. Ba cheart d'údaráis inniúla torthaí an mheasúnaithe ar SREP a chur in iúl don institiúid i gcomhréir le Teideal 9 agus an institiúid a chur ar an eolas faoi aon ghníomh is gá chun bearta maoirseachta arna gcur i bhfeidhm ar bhonn na dtorthaí sin a chomhlíonadh.


2.2. Scóráil in SREP

27. Ba cheart d'údaráis inniúla córas scórála comhsheasmhach a chur i bhfeidhm chun cuidiú le cumarsáid idir údaráis inniúla agus coláistí maoirseoirí, chun inchomparáideacht agus cothrom na Féinne a chothú ar fud institiúidí, agus chun tús áite a thabhairt d'acmhainní agus do bhearta maoirseachta i measúnú gnéithe SREP. Ba cheart dóibh achoimre a dhéanamh ar thorthaí a measúnuithe trí scóir riosca, scóir ghnéithe SREP agus scór foriomlán SREP a shannadh.

28. Agus scóir riosca, scóir ghnéithe SREP agus scór foriomlán SREP á sannadh acu, ba cheart d'údaráis inniúla tagairt a dhéanamh do na breithniúcháin a leagtar amach sna táblaí ag deireadh gach rannáin agus teidil ábhartha de na treoirlínte seo, in éineacht le cur i bhfeidhm an bhreithiúnais maoirseachta. Cé go bhfeidhmíonn na breithniúcháin seo mar bhonnlíne chun scóir a shannadh, níor cheart iad a léirmhíniú mar sheicliosta meicniúil atá le comhlánú le haghaidh gach gné, ná níor cheart glacadh leis go bhfuil ordlathas tábhachta á bhunú acu i measc na ngnéithe. Ina ionad sin, tá siad beartaithe chun treoir a thabhairt d'údaráis inniúla maidir le scóir a shannadh trí idirghníomhaíocht agus ábharthacht na ngnéithe éagsúla a chur san áireamh laistigh den toise shonrach den institiúid atá á measúnú.

29. Tá sé mar aidhm ag na scóir riosca an dóchúlacht a léiriú go mbeidh tionchar suntasach ag na rioscaí do chaipiteal, do leachtacht agus do mhaoiniú ar an institiúid. Léiríonn scóir ghnéithe SREP agus an scór SREP foriomlán méid na rioscaí d' inmhharthanacht na hinstitiúide; go háirithe, ba cheart don scór SREP foriomlán léiriú a thabhairt ar dhearcadh na maoirseachta maidir le himmhharthanacht fhoriomlán na hinstitiúide mar a shonraítear i dTeideal 9.

Fíor 1. Forbhreathnú ar an gcreat scórála



30. Seo a leanas na scóir: 1 (riosca íseal), 2 (riosca meánach-íseal), 3 (riosca meánach-ard), agus 4 (riosca ard – is ionann é seo agus an measúnú is measa is féidir). Níl scór breise de ‘F’ ar fáil ach amháin le haghaidh scór foriomlán SREP, mar a mhínítear i mír 38. Féadfaidh údaráis inniúla scóráil níos gráinní a thabhairt isteach dá gcuspóirí inmheánacha, amhail pleanáil acmhainní, ar an gcoinníoll go n-urramófar an creat scórála foriomlán a leagtar amach sna treoirlínte seo.

31. Ba cheart d’údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar na scóir nuair a bheidh measúnuithe SREP curtha i gcrích leis an íosmhiniúocht a leagtar amach i samhail rannpháirtíochta SREP i rannán 2.4. Ba cheart na scóir a athbhreithniú freisin gan mhoill mhíchúil ar bhonn fionnachtana nó forbairtí nua suntasacha.

2.2.1. Scóir riosca

32. Sanntar scóir riosca chun achoimre a dhéanamh ar rioscaí do chaipiteal (mar a shonraítear i dTeideal 6). Léiríonn na scóir seo an dóchúlacht go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ag riosca ar an institiúid (e.g. caillteanas ionchasach), tar éis breithniú a dhéanamh ar cháilíocht na rialuithe riosca chun an tionchar sin a mhaolú (i.e. riosca iarmharach), ach sula mbreithneofar cumas na hinstiúide chun an riosca a mhaolú trí acmhainní caipitil nó leachtachta atá ar fáil.

33. Ba cheart d’údaráis inniúla an scór riosca a chinneadh trí mheasúnú a dhéanamh ar bhunleibhéal riosca institiúide, agus leordhóthanacht chreat bainistíochta riosca agus rialuithe na hinstiúide á gcur san áireamh go cuí ag an am céanna. Go háirithe, féadfaidh creat leordhóthanach bainistíochta riosca agus rialuithe tionchar stuamachta a laghdú i gcás riosca sonrach, ach féadfaidh creat lag an tionchar stuamachta a mhéadú. Ba cheart an measúnú ar riosca bunúsach agus ar leordhóthanacht na bainistíochta agus na rialuithe a dhéanamh ag tagairt do na

breithnithe a shonraítear i dtábla 6 maidir le riosca creidmheasa agus contrapháirtí, i dtábla 8 maidir le riosca margaidh, i dtábla 10 maidir le riosca oibriúcháin, i dtábla 12 maidir le riosca ráta úis agus raon difríochta creidmheasa sa leabhar baincéireachta (IRRBB agus CSRBB), i dtábla 17 maidir le leachtacht agus cistiú.

34. Agus rioscaí do chaipiteal á measúnú acu, ba cheart d'údaráis inniúla fochatagóirí ábhartha a mheas freisin (e.g. riosca comhchruinnithe nó riosca tíre mar chuid den mheasúnú riosca creidmheasa agus contrapháirtí, mar atá leagtha amach i dTeideal 6). Ag brath ar a ábhartha is atá aon cheann de na fochatagóirí seo d'institiúid ar leith, féadfaidh na húdaráis inniúla cinneadh a dhéanamh iad a mheas agus a scóráil ina n-aonair.
35. Féadfaidh údaráis inniúla modhanna éagsúla a úsáid chun na scóir riosca a chur i bhfeidhm, d'fhéadfaidís 'riosca' agus 'bainistíocht riosca agus rialuithe' a scóráil mar mhíreanna ar leithligh (a mbeadh scór idirmheánach agus scór deiridh mar thoradh air) nó iad a scóráil le chéile. Féadfaidh údaráis inniúla na rioscaí go léir do chaipiteal a chomhiomlánú ina scór comhiomlán freisin.

2.2.2. Scóir ghné SREP agus scór foriomlán SREP

36. Ag deireadh na measúnaithe foriomláine SREP, ba cheart d'údaráis inniúla forléargas cuimsitheach a dhéanamh ar phróifíl riosca agus ar inmharthanacht na hinstiúide, bunaithe ar na ceithre ghné den SREP:
 - a. samhail agus straitéis ghnó mar a shonraítear i dTeideal 4;
 - b. measúnú ar rialachas inmheánach agus ar rialuithe uile-institiúide mar a shonraítear i dTeideal 5;
 - c. leordhóthanacht caipitil, mar a shonraítear i dTeideal 7;
 - d. leordhóthanacht leachta agus cistiúcháin, mar a shonraítear i Teideal 8.
37. Maidir le leordhóthanacht caipitil agus leordhóthanacht leachtachta agus cistiúcháin, is ionann iad agus an dearcadh maoirseachta ar chumas acmhainní caipitil agus leachtachta na hinstiúide rioscaí aonair don chaipiteal agus don leachtacht agus don chistiú a mhaolú/a chlúdach, mar atá leagtha amach i dTeideal 6 agus 8, agus/nó gnéithe eile ar socraíodh cistí dílse breise ina leith mar atá leagtha amach i dTeideal 7.
38. Is é scór foriomlán SREP an scór deiridh. Cuimsíonn sé seo na ceithre scór de ghnéithe SREP thuas agus breithiúnas maoirseachta. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú go dtugann an scór foriomlán SREP léiriú ar inmharthanacht fhoriomlán na hinstiúide, lena n-áirítear an institiúid í 'atá i mbéal cliseadh nó ar dóigh di cliseadh' de réir bhrí Airteagal 32 de Threoir 2014/59/AE, agus ag féachaint do Threoirlínte an ÚBE maidir le 'cliseadh nó ar dóigh di cliseadh'⁸. Sa chás go dtugann toradh mheasúnú foriomláin SREP le fios gur féidir glacadh leis go bhfuil institiúid 'i mbéal cliseadh nó ar dóigh di cliseadh', ba cheart d'údaráis inniúla an scór 'F' a úsáid agus

⁸ Treoirlínte an ÚBE maidir le léirmhíniú na n-imthosca éagsúla ina mbreithneofar go bhfuil institiúid i mbéal cliseadh nó ar dóigh di cliseadh faoi Airteagal 32(6) de Threoir 2014/59/AE (ÚBE/GL/2015/07)

leanúint leis an bpróiseas a bhaineann le cúrsaí a phlé le húdaráis réitigh mar a shonraítear in Airteagal 32 de Threoir 2014/59/AE.

39. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú i gcás ghnéithe SREP agus an scór SREP foriomlán:

- a. go léiríonn sé an dóchúlacht go bhfuil gá le bearta maoirseachta chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní;
- b. go gcuirtear san áireamh iad i measc na dtrúicear don chinneadh maidir le cibé ar cheart bearta idirghabhála luatha a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Treoirínte an ÚBE maidir le truícir chun bearta idirghabhála luatha a úsáid⁹;
- c. gur bonn eolais iad do rangú tosaíochtaí agus pleanáil acmhainní maoirseachta agus do shocrú tosaíochtaí sa chlár um scrúdú maoirseachta (SEP).

2.3. Socruithe eagraíochtúla

40. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go n-áireofar an méid seo a leanas ar a laghad ina socruithe eagraíochtúla chun SREP a sheoladh:

- a. tuairisc ar róil agus ar fhreagrachtaí a bhfoirne maoirseachta maidir le SREP a reáchtáil, mar aon leis na línte tuairiscithe ábhartha, i ngnáthchúinsí agus i gcúinsí éigeandála araon;
- b. nósanna imeachta chun torthaí agus breithiúnais mhaoirseachta a dhoiciméadú agus a thaifeadadh;
- c. socruithe chun na torthaí agus na scóir a fhormheas, chomh maith le nósanna imeachta géaraithe sa chás go bhfuil tuairimí easaontacha le tabhairt faoi deara laistigh den údarás inniúil, i ngnáthchúinsí agus i gcúinsí éigeandála araon;
- d. socruithe maidir le hidirphlé a eagrú leis an institiúid de réir na samhla rannpháirtíochta íosta mar a shonraítear i Rannóg 2.4 chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe aonair SREP;
- e. socruithe le haghaidh comhairliúcháin le hinstiúid agus torthaí SREP a chur in iúl don institiúid, lena léirítear an idirghníomhaíocht faoi chuimsiú choláistí maoirseoirí do ghrúpaí trasteorann agus a n-eintitis, i gcomhréir le Rialachán Cur i bhfeidhm (AE) Uimh. 710/2014 ón gCoimisiún¹⁰.
- f. seiceálacha agus cothromaíochtaí inmheánacha chun tacú le cinní éifeachtacha, comhsheasmhacht na dtorthaí agus cuntasacht.

41. Agus socruithe le haghaidh idirphlé le hinstiúidí á sainiú acu, ba cheart d'údaráis inniúla na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le scóir a sholáthar do na hinstiúidí i dtéarmaí a

⁹ Treoirínte an ÚBE maidir le truícir chun bearta luath-idirghabhála a úsáid (ÚBE/GL/2015/03)

¹⁰ Rialachán Cur i bhfeidhm (AE) Uimh. 710/2014 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2014 maidir le caighdeáin theicniúla cur i bhfeidhm a leagan síos i leith coinníollacha chur i bhfeidhm an phróisis chinnidh chomhpháirtigh um cheanglais stuamachta a bhaineann go sonrach le hinstiúidí de réir na Treorach 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 188, 27.6.2014, lch. 19, ELI:).http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/710/oj

n-oibleagáidí nochta de bhun cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 596/2014¹¹ agus Treoracha 2014/57/AE¹² agus 2004/109/CE¹³ a mheas.

2.4. Comhréireacht agus rannpháirtíocht mhaoirseachta

42. Ba cheart d'údaráis inniúla raon feidhme, minicíocht, gráinneacht agus déine na rannpháirtíochta maoirseachta le hinstitiúid a choigeartú i gcomhréir lena catagóir agus r príonsabal na comhréireachta á chur san áireamh. Agus gníomhaíochtaí SREP á bpleanáil acu, ba cheart d'údaráis inniúla tagairt a dhéanamh do shamhail rannpháirtíocht íosmhéide SREP a leagtar amach i dtábla 1. Déánann an tsamhail déine na rannpháirtíochta maoirseachta a mhapáil do chatagóir na hinstitiúide. Níor cheart an tsamhail a léirmhíniú mar bhac ar acmhainní a leithdháileadh ar thosaíochtaí maoirseachta sainaitheanta. Féadfaidh údaráis inniúla, dá bhrí sin, beag beann ar aicmiú na hinstitiúide, fócas agus gráinneacht a measúnaithe a shocrú chun próifíl riosca na hinstitiúide, ábharthacht na rioscaí éagsúla, na dtreochtaí agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithníodh trí fhaireachán a dhéanamh ar phríomhtháscairí mar a leagtar amach i dTeideal 3, trí thástáil struis mar a leagtar amach i dTeideal 11 nó toradh measúnuithe SREP a rinneadh roimhe seo a léiriú.

43. Faoin tsamhail seo, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim ar ghnéithe uile SREP (anailís ar an tsamhail ghnó, rialachas/rialuithe inmheánacha, rioscaí don chaipiteal, agus rioscaí don leachtacht agus don chistiú) de réir na minicíochta íosta a leagtar amach i dtábla 1, agus iad fós in ann measúnú bliantúil bríoch agus cuimsitheach a dhéanamh ar inmharthanacht institiúide (achoimre ar an measúnú SREP foriomlán).

44. Ba cheart an dearcadh seo a bheith bunaithe ar fhaisnéis a bailíodh trí raon iomlán na ngníomhaíochtaí maoirseachta atá liostaithe i mír 13. Go háirithe, féadfaidh faisnéis ó blianta roimhe seo feidhmiú freisin mar bhunlíne don mheastóireacht agus don achoimre ar an meastóireacht fhoriomlán SREP, ar an gcoinníoll go bhfuil sé cinntithe ag an údarás inniúil – agus faireachán ráithiúil ar na táscairí á chur san áireamh ag an am céanna – nár tháinig aon athrú ábhartha ar phróifíl riosca an institiúide.

45. Ba cheart d'údaráis inniúla dul i ngleic le comhlacht bainistíochta na n-institiúidí agus leis an ardbhainistíocht¹⁴, bunaithe ar an minicíocht íosta atá leagtha amach i dtábla 1. Beag beann ar

¹¹ Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, Ich. 1).

¹² Treoir 2014/57/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le smachtbhannaí coiriúla ar dhrochúsáid mhargaidh (an treoir maidir le drochúsáid mhargaidh) (IO L 173, 12.6.2014, Ich. 179, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/596/oj>).

¹³ Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a gceadaítear dóibh a gcuid urrús a thrádáil ar mhargadh rialaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, Ich 38, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2004/109/oj>).

¹⁴ Mar a shainmhínítear in Airteagal 3(9) de Threoir 2013/36 ón Aontas Eorpach agus ón gComhairle maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (OJL 176 27.6.2013, Ich. 338, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/2026-01-11>).

chatagóir na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla a rannpháirtíocht a threisiú chun obair leantach a dhéanamh ar thorthaí ó mheasúnuithe SREP a rinneadh roimhe seo, nó chun faireachán a dhéanamh ar institiúidí a bhfuil próifíl riosca níos airde acu nó próifíl atá ag athrú go tapa, nó a bhfuil scór SREP foriomlán lag acu a léiríonn imní dhian maoirseachta.

46.I gcás ina bhfuil institiúidí mar chuid de ghrúpaí trasteorann, ba cheart d'údaráis inniúla plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe acu a measúnú SREP a reáchtáil faoi chuimsiú coláistí maoirseoirí chun ábhair imní a shainaithint go luath agus chun an cur chuige a choigeartú agus a chomhordú i measc na n-údarás mar a shonraítear i dTeideal 10.

Tábla 1 SREP a chur i bhfeidhm ar chatagóirí éagsúla institiúidí

Catagóir	Faireachán ar phríomhtháscairí	Measúnú ar gach gné den SREP (ar a laghad)*	Achoimre measúnú foriomlán ar an SREP	Íosleibhéal rannpháirtíochta/idirphlé le comhlacht bainistíochta na hinstitiúide agus leis an ardbhainistíocht
1	Gach ráithe	Gach bliain	Gach bliain	Leanúnach/leantach
2	Gach ráithe	Gach 2 bhliain	Gach bliain	Leanúnach/leantach
3	Gach ráithe	Gach 3 bliana	Gach bliain	Bunaithe ar riosca, gach 3 bliana ar a laghad
4	Gach ráithe	Gach 3 bliana, is féidir é a shíneadh go 5 bliana**	Gach bliain	Bunaithe ar riosca, gach 3 bliana ar a laghad

*Agus fócas agus gráinneacht an athbhreithnithe curtha in oiriúint chun próifíl riosca na hinstitiúide, ábharthacht na rioscaí éagsúla, agus treochoirí agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithníodh trí ghníomhaíochtaí maoirseachta a léiriú. Is féidir é seo a bhunú ar mheasúnuithe a rinneadh roimhe seo mura bhfuil aon athrú ábhartha de réir na faisnéise atá ar fáil (e.g. faireachán ar tháscairí agus tuairisciú), beag beann ar aicmiú na hinstitiúide.

**Féadfar an mhinicíocht íosta chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe uile SREP a shíneadh ó 3 bliana go 5 bliana i gcás institiúidí chatagóir 4 ar choinníoll: (i) go bhfuil próifíl riosca íseal chobhsaí, meadarachtaí airgeadais chobhsaí agus corrlaigh shláintiúla acu; agus (ii) nach dtarraingíonn faireachán ráithiúil ar na KRInna aon imní anuas.

47.I gcás ina gcinntídh údaráis inniúla go bhfuil próifíl riosca comhchosúla ag institiúidí nó go bhféadfadh siad a bheith neamhchosanta ar rioscaí comhchosúla atá ag teacht chun cinn, féadfaidh siad measúnuithe téamacha SREP a dhéanamh ar institiúidí iolracha mar mheasúnú aonair (e.g. féadfar BMA a dhéanamh ar gach iasachtóir morgáiste beag i bhfianaise gur dócha go sainaithneofar na saincheistanna céanna maidir le himharthanacht gnó do na hinstitiúidí uile seo). Féadfaidh údaráis inniúla modheolaíochtaí sainoiriúnaithe a úsáid freisin chun SREP a chur i bhfeidhm i gcás institiúidí a bhfuil próifíl riosca comhchosúla acu, amhail samhlacha gnó comhchosúla nó suíomh geografach na neamhchosaintí i gcomhréir le hAirteagal 97(4a) de Threoir 2013/36/AE.

48.I gcás institiúidí a chlúdaítear faoin gclár um scrúdú maoirseachta a cheanglaítear le hAirteagal 99 de Threoir 2013/36/AE, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcinntídh an clár sin leibhéal na rannpháirtíochta agus leibhéal chur i bhfeidhm SREP.

49.Agus gníomhaíochtaí maoirseachta á bpleanáil, ba cheart d'údaráis inniúla gníomhaíochtaí a chomhordú go himmheánach chun measúnú comhleanúnach a áirithiú, agus le páirtithe eile a bhfuil baint dhíreach nó indíreach acu leis an measúnú, go háirithe nuair a theastaíonn ionchur uathu.

Teideal 3. Faireachán ar phríomhtháscairí

50. Ba cheart d'údaráis inniúla faireachán rialta a dhéanamh ar phríomhtháscairí airgeadais agus neamhairgeadais chun athruithe ar dhálaí airgeadais agus oibríochtúla, agus ar phróifíl riosca institiúidí, a bhreathnú. I gcás ina nochtar le faireachán athrú ábhartha ar phróifíl riosca institiúide, nó aon aimhrialtacht sna táscairí, ba cheart d'údaráis inniúla imscrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna, agus, i gcás inarb ábhartha, athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú ar an ngné ábhartha SREP, lena n-áirítear an scór riosca de réir mar is ábhartha, chun an fhaisnéis nua a ghabháil. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú rialta a dhéanamh ar a dtáscairí faireacháin agus ar a n-uirlisí faireacháin agus, i gcás inar gá, iad a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go mbeidh siad ábhartha agus éifeachtach i gcónaí.
51. I gcomhréir le samhail rannpháirtíochta SREP i Rannóg 2.4, ba cheart d'údaráis inniúla faireachán a dhéanamh ar phríomhtháscairí airgeadais agus neamhairgeadais go ráithiúil ar a laghad i gcás gach institiúide agus faireachán níos minice a bhunú chun gnéithe sonracha institiúide nó rioscaí agus treochtaí atá ag teacht chun cinn a léiriú, faoi réir infhaighteacht sonraí (e.g. sonraí margaidh).
52. Ba cheart d'údaráis inniúla córais faireacháin a bhunú chun patrúin, athruithe suntasacha agus aimhrialtachtaí in iompar na dtáscairí (nó teaghlaimí táscairí) a aithint, mar shampla trí fhógraí a leagan amach atá bunaithe ar thairseacha ábharthachta. Ba cheart d'údaráis inniúla nósanna imeachta géaraithe a shocrú chun déileáil le haimhrialtachtaí. Ba cheart d'údaráis inniúla athruithe ábhartha nó aimhrialtachtaí i dtáscairí a shainaithint, go háirithe i gcásanna ina bhfuil athruithe ar fheidhmíocht ina n-asluiteach d'fheidhmíocht an phiarghrúpa, a bhreithniú mar nod le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe.
53. Ba cheart d'údaráis inniúla na córais faireacháin, agus na nósanna imeachta géaraithe i gcás aimhrialtachtaí, a chur in oiriúint chun méid, castacht, samhail ghnó agus próifíl riosca na hinstitiúide a léiriú, ag díriú ar na geografaíochtaí, na hearnálacha agus na margaí ina n-oibríonn an institiúid.
54. Ba cheart go mbeadh na córais faireacháin bunaithe, ar a laghad, ar fhaisnéis agus ar shonraí a thuairiscítear do na húdaráis inniúla agus féadfaidh siad painéil nó táscairí an ÚBE a áireamh iontu. Ba cheart go n-áireofaí i gcórais faireacháin ar a laghad na táscairí sonracha institiúideacha seo a leanas:
- táscairí a bhaineann le hanailís ar shamail ghnó na hinstitiúide (féach Teideal 4), le rialachas agus rialuithe inmheánacha (féach Teideal 5), le rioscaí don chaipiteal (féach Teideal 6) agus le rioscaí don leachtacht agus don mhaoiniú (féach Teideal 8); táscairí do riosca na gearála

iomarcaí (féach Teideal 7) agus táscairí a bhaintear de thátal as cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2554;

- b. na cóimheasa go léir a dhíorthaítear ó chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 575/2013 agus ón dlí náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2013/36/AE i bhfeidhm chun na híosccheanglais stuamachta a ríomh (e.g. Gnáthchothromas Leibhéal 1 - CET1, cóimheas clúdaigh leachtachta - LCR, glanchóimheas cistiúcháin chobhsaí - NSFR, cóibheas giarála);
- c. na híosccheanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (ICDI) mar a shonraítear i dTreoir 2014/59/AE;
- d. táscairí ábhartha margadh-bhunaithe (e.g. praghas cothromais, babhtáil mainneachtana creidmheasa - raonta difríochta CDS, raonta difríochta bannaí);
- e. nuair is infheidhme¹⁵, agus go háirithe i gcás imeachtaí idiosincratacha nó sistéamacha, na táscairí téarnaimh a úsáidtear i bpleananna téarnaimh na hinstitiúide féin;
- f. i gcás ina bhfuil siad ar fáil, táscairí atá bunaithe ar fhaisnéis chainníochtúil nó cháilíochtúil ón tuairisciú a chuirtear ar fáil d'údaráis inniúla a d'fhéadfadh riosca ML/TF a léiriú.

55. Ba cheart táscairí maicreacnamaíocha ábhartha, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, sna háiteanna, sna hearnálacha agus sna margaí ina n-oibríonn an institiúid a chur in éineacht le táscairí a bhaineann go sonrach le hinstitiúidí. Ba cheart dóibh taighde agus anailís mhargaidh neamhspleách ábhartha a bhreithniú, freisin, lena n-áirítear tuarascálacha ar an tírdhreach bagairtí, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, mar fhoinse fhaisnéiseach de dhearcthaí malartacha.

¹⁵ Mura dtarscaoiltear é i gcomhthéacs oibleagáidí simplithe arna gcinneadh in airteagal 4 de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/59/oj>).

Teideal 4. Anailís ar shamhail ghnó (BMA)

4.1. Breithnithe ginearálta

56. Sonraítear sa teideal seo critéir chun samhail ghnó agus straitéis na hinstitiúide a mheasúnú. Is é cuspóir an mheasúnaithe seo ag údaráis inniúla tuiscint chuimsitheach a bhaint amach – i bpeirspictíochtaí reatha agus réamhbhreathnaitheacha – ar oibríochtaí na hinstitiúide, leochaileachtaí suntasacha atá ann cheana nó a d’fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, ar leochaileachtaí iad is dóichí a mbeidh tionchar ábhartha acu ar an institiúid, agus fóntacht fhoriomlán a samhla ghnó agus a straitéise ghnó a mheas. I ndiaidh an mheasúnaithe seo, ba cheart d’údaráis inniúla na nithe seo a leanas a chinneadh:

- a. inmhharthanacht shamhail ghnó reatha na hinstitiúide ar bhonn a cumas torthaí inghlactha a ghiniúint thar na 12 mhí ina dhiaidh sin;
- b. inbhuanaitheacht straitéis na hinstitiúide, ar bhonn a cumas torthaí inghlactha a ghiniúint thar thréimhse réamhbhreathnaithe 3 bliana ar a laghad, bunaithe ar a pleananna straitéiseacha agus a réamhaisnéisí airgeadais.

57. Ba cheart d’údaráis inniúla leas a bhaint as toradh an BMA chun tacú leis an measúnú ar gach gné eile SREP. Féadfaidh údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar ghnéithe sonracha den BMA, go háirithe an measúnú cainníochtúil ar an tsamhail ghnó, mar chuid den mheasúnú ar ghnéithe eile SREP (e.g. is féidir an struchtúr cistiúcháin a thuiscint mar chuid de na rioscaí maidir leis an measúnú leachtachta).

58. Ba cheart d’údaráis inniúla rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) a chur san áireamh, agus tosaíocht á tabhairt do rioscaí aistrithe comhshaoil agus fisiceacha, agus an BMA á chur i gcrích acu, d’fhonn measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí straitéiseacha agus stuamachta a bhaineann leis na rioscaí sin do shamhail ghnó na hinstitiúide sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

59. Ba cheart d’údaráis inniúla an BMA a úsáid freisin chun measúnú a dhéanamh ar impleachtaí stuamachta na rioscaí ML/TF, atá nasctha le samhail ghnó na hinstitiúide. I ndáil leis sin, ba cheart go n-úsáidfadh údaráis inniúla an t-ionchur ábhartha a fhaightear ó mhaoirseoirí AML/CFT chun a gcuid torthaí ó mhaoirseacht leanúnach a fhorlónadh agus chun meastóireacht a dhéanamh ar cibé acu an iad nó nach iad is siocair le himní stuamachta a bhaineann le riosca ML/TF. I gcás ina léirítear sa mheasúnú go bhfuil imní stuamachta mar gheall ar shamhail ghnó na hinstitiúide a bhaineann le riosca ML/TF, ba cheart d’údaráis inniúla toradh an mheasúnaithe stuamachta ar an tsamhail ghnó a chomhroinnt leis an maoirseoir AML/CFT¹⁶.

¹⁶ | gcomhréir le Treoirínte Comhair AML/CFT ÚBE (ÚBE/GL/2021/15).

60. Chun BMA a sheoladh, ba cheart d'údaráis inniúla na foinsí faisnéise cainníochtúla agus cáilíochtúla seo a leanas ar a laghad a úsáid:

- a. plean/pleananna straitéiseacha na hinstiúide le réamhaisnéisí don bhliain reatha agus don todhchaí, agus boinn tuisceana eacnamaíocha bunúsacha;
- b. tuairisciú airgeadais (e.g. brabús agus caillteanas - P&L, nochtadh clár comhardaithe);
- c. tuairisciú rialála (COREP, FINREP agus clár creidmheasa, i gcás ina bhfuil siad ar fáil);
- d. tuairisciú inmheánach (faisnéis bhainistíochta, lena n-áirítear – i gcás ina bhfuil sí ar fáil – ranníocaíocht leis an mbrabúsacht de réir línte gnó, pleanáil chaipitil, tuairisciú leachtachta, athléimneacht oibríochtúil, tuarascálacha riosca inmheánacha);
- e. pleananna téarnaimh;
- f. pleananna réitigh, lena n-áirítear obair agus torthaí an mheasúnaithe inréiteachta a chuir an t-údarás réitigh ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2014/59/AE;
- g. plean na hinstiúide chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí ESG, atá le hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 76(2) de Threoir 2013/36/AE;
- h. tuarascálacha tríú páirtí (e.g. tuarascálacha iniúchta, tuarascálacha ó anailísithe cothromais/creidmheasa);
- i. staidéar/suirbhéanna macrastuamachta nó cobhsaíochtaí airgeadais ábhartha eile (m.sh. ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta - CAI, údaráis agus institiúidí macrastuamachta, institiúidí Eorpacha).

4.2. Réimsí fócais an BMA a shainaitheint

Réimsí measúnaithe

61. I gcomhréir leis an tsamhail rannpháirtíochta atá leagtha amach i dTeideal 2, ba cheart d'údaráis inniúla a n-anailís a dhíriú ar na réimsí measúnaithe is ábhartha do shamhail ghnó na hinstiúide. Féadfar raon feidhme agus doimhneacht an BMA a dhifreáil ag brath ar líon agus ar chineál na n-athbhreithnithe maoirseachta a rinneadh roimhe seo ar an institiúid sin. Ba cheart go gcuirfeadh an measúnú seo ar chumas údarás inniúil, i gcás ar bith, teacht ar thuairim ar inmharthanacht agus inbhuanaitheacht shamhail ghnó na hinstiúide foriomláine.

62. Ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le hábharthacht na n-athruithe ar shamhail ghnó na hinstiúide i gcomparáid le hathbhreithniú maoirseachta roimh ré, d'fhonn raon feidhme agus doimhneacht a measúnaithe a chinneadh agus a mhéid is féidir an measúnú maoirseachta roimh ré a úsáid mar bhonnleis leis an measúnú nua. Agus na húdaráis inniúla ag teacht ar thuairim den sórt sin, ba cheart doibh, go háirithe, breithniú a dhéanamh ar cibé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh athruithe ábhartha sna réimsí seo a leanas den institiúid:

- a. an plean straitéiseach a cuireadh in iúl agus a ndearnadh measúnú air roimhe sin;
- b. struchtúr agus comhdhéanamh an chlár chomhardaithe, lena n-áirítear athruithe ar fhoinsí brabúis agus a gcomhchruinniú, fás sócmhainní, athruithe ar struchtúr na ndliteanas, nó

athrú ar na táscairí airgeadais agus riosca ábhartha, agus torthaí an fhaireacháin ar tháscairí a leagtar amach i dTeideal 3 a mheas;

- c. rialachas agus oibríochtaí, lena n-áirítear éadálacha, cumaisc nó dífheistiú eintiteas eile, oscailt nó scor línte gnó nó margaí geografacha chomh maith le hathruithe ar bhonneagar TF.

Na línte gnó is tábhachtaí a shainaithint

63. Ba cheart do d'údaráis inniúla measúnú ábharthachta a dhéanamh ar línte gnó na hinstitiúide chun na príomhréimsí a shainiú ar cheart don BMA díriú orthu. Agus an measúnú seo á dhéanamh, ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh:

- a. ábharthacht na ngnéithe gnó maidir le brabúis/caillteanais a ghiniúint, lena n-áirítear na tíortha geografacha, na fochuideachtaí/craobhacha agus na línte táirgí is ábhartha bunaithe ar a gcuid rannchuidithe leis an ioncam/na costais foriomlána sa chuntas brabúis is caillteanais, riosca (e.g. bunaithe ar TREA nó ar thomhais riosca eile) agus/nó tosaíochtaí eagraíochtúla/reachtúla (e.g. oibleagáidí sonracha ar bhainc earnála poiblí táirgí sonracha a thairiscint);
- b. torthaí maoirseachta roimhe seo, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as cigireachtaí ar an láthair – i gcás inar féidir leis na torthaí sin táscairí a sholáthar ar línte gnó a bhfuil imscrúdú breise ag teastáil ina leith – chomh maith le torthaí agus barúlacha ó thuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha – cibé ar shainaithin an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí saincheisteanna sonracha maidir le hinbhuanaitheacht nó inmhharthanacht línte gnó áirithe;
- c. torthaí na n-athbhreithnithe maoirseachta téamacha – cibé ar nochtadh in anailís ar fud na hearnála saincheisteanna bunúsacha coiteanna a spreagann anailís bhreise a bhaineann go sonrach leis an institiúid;
- d. an tábhacht a bhaineann le pleananna straitéiseacha – cibé acu atá nó nach bhfuil línte gnó ann ar mian leis an institiúid iad a mhéadú, nó a laghdú go suntasach;
- e. piar-chomparáidí – cibé ar fheidhmigh líne ghnó go neamhthipiciúil (an raibh sí lasmuigh den choitiantacht) i gcomparáid le piaraí, i gcás ina bhfuil faisnéis den sórt sin ar fáil d'údaráis inniúla. Chun piaraí ábhartha don BMA a shainaithint, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar na línte táirge/gnó iomaíocha a dhíríonn ar an bhfoinse chéanna brabúis/custaiméirí, ar na córais rialála agus ar na rioscaí geopholaitiúla a bhaineann le suíomh na n-oibríochtaí chomh maith le tosca eile atá oiriúnach don earnáil ina n-oibríonn an institiúid.

4.3. Measúnú ar stóinseacht BMA agus leochaileachtaí a shainaithint

64. Ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh ar ghnéithe cainníochtúla de shamhail ghnó reatha na hinstitiúide chun measúnú a dhéanamh ar a cumas brabúis inghlactha a ghiniúint sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, i bhfianaise fonn riosca na hinstitiúide

agus a struchtúir chistiúcháin agus chaipitil. Ba cheart go n-áireofaí an méid seo a leanas seo i réimsí anailíse arna ndéanamh ag údaráis inniúla:

- a. tiomántóirí brabúsachta, lena n-áirítear treochtaí, trí mheasúnú a dhéanamh ar ghnéithe bunúsacha de chumas tuillimh na hinstitiúide, tar éis míreanna eisceachta agus aonuaire, miondealú ar shruthanna ioncaim, miondealú ar chostais agus ar leithdháileadh costas, forálacha lagaithe agus cóimheasa tábhachtacha (e.g. glanchorrlach úis, costas/ioncam, lagú iasachta, agus costas riosca). Is féidir an measúnú seo a chomhlánú le hanailís ar na méadrachtaí brabúsachta riosca-choigeartaithe ábhartha (e.g. Toradh ar Chaipiteal Leithroinnte – ROAC, nó an Toradh Riosca-choigeartaithe ar Chaipiteal - RAROC), nuair a bhíonn siad seo ar fáil agus nuair a mheastar go bhfuil siad iontaofa;
- b. an clár comhardaithe, lena n-áirítear treochtaí, trí mheasúnú a dhéanamh ar an meascán sócmhainní agus dliteanas, ar an struchtúr cistiúcháin, ar an athrú ar TREA agus ar chistí dílse, agus ar phríomhchóimheasa (e.g. toradh ar chothromas/sócmhainní, Gnáthchothromas Leibhéal 1, bearna mhaoinithe), chomh maith le comhchruinnithe sa chuntas brabúis agus cailltenais agus sa chlár comhardaithe a bhaineann le custaiméirí, earnálacha agus geografaíochtaí;
- c. inghlacthacht riosca agus leibhéil lamháltais, trí mheasúnú a dhéanamh ar na teorainneacha foirmiúla atá curtha i bhfeidhm ag an institiúid de réir chineál an riosca agus ar a gcomhlíonadh, chun tuiscint a fháil ar na rioscaí a bhfuil an institiúid toilteanach iad a ghlacadh chun a feidhmíocht airgeadais a thiomáint agus chun athléimneacht oibríochtúil a chinntiú. Ba cheart go gclúdódh sé seo freisin an lamháltas tionchair do chur isteach ar ICT.

65. Ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh ar ghnéithe cáilíochtúla de shamhail ghnó reatha na hinstitiúide chun a tiomántóirí ratha agus a príomhspleáchais a thuiscint. Ba cheart go n-áireofaí an méid seo a leanas seo i réimsí anailíse arna ndéanamh ag údaráis inniúla:

- a. an timpeallacht ghnó, trí mheasúnú a dhéanamh ar an timpeallacht réamhbhreathnaitheach ina n-oibríonn an institiúid bunaithe ar a príomh-neamhchosaintí geografacha agus gnó nó ar a neamhchosaintí ábhartha geografacha agus gnó. Mar chuid den mheasúnú seo, ba cheart d'údaráis inniúla tuiscint a fhorbairt ar na príomhathrúga maicreacnamaíocha, treochtaí margaidh, an tírdhreach iomaíoch agus forbairtí ábhartha eile (amhail athruithe rialála agus dlíthiúla);
- b. príomh-spleáchais inmheánacha agus seachtracha, trí mheasúnú a dhéanamh ar na príomhfachtóirí eisginiúla agus inghiniúla a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar rath na samhla gnó, agus córais rialachais agus socruithe rialaithe inmheánaigh ghaolmhara á gcur san áireamh;
- c. saincheadúnas agus réimsí buntáiste iomaíoch, trí mheasúnú a dhéanamh ar chlú na hinstitiúide agus ar neart an chaidrimh le custaiméirí, le soláthraithe agus le comhpháirtithe, chomh maith le cibé acu atá nó nach bhfuil réimsí ann ina bhfuil buntáiste iomaíoch ag an institiúid ar a comhghleacaithe;
- d. tacaíocht teicneolaíochta agus faisnéise cumarsáide, trí mheasúnú a dhéanamh ar leibhéal agus ar leordhóthanacht an ailínithe idir an TFC agus an gnó i dtéarmaí straitéise, cuspóirí, gníomhaíochtaí, acmhainní agus feidhmeanna, agus trí bhreithniú a dhéanamh ar cibé acu

an bhféadfadh nó nach bhféadfadh tionchar a bheith ag ábhair inní maidir le TFC ar straitéis agus ar chuspóirí gnó na hinstitiúide.

66. Ba cheart d'údaráis inniúla an anailís a chomhlánú trí anailís réamhbhreathnaitheach a dhéanamh (cainníochtúil agus cáilíochtúil araon) ar réamh-mheastacháin airgeadais agus ar phlean straitéiseach na hinstitiúide chun na boinn tuisceana agus na spleáchais bhunúsacha, an inchreidteacht agus an rioscacht a bhaineann lena straitéis ghnó a thuiscint. Ba cheart go n-áireofaí an méid seo a leanas seo i réimsí anailíse arna ndéanamh ag údaráis inniúla:

- a. straitéis fhoriomlán agus tiomántóirí ratha, trí mheasúnú a dhéanamh ar na príomhchuspóirí bainistíochta cainníochtúla agus cáilíochtúla agus ar an bhearna idir an tsamhail ghnó atá beartaithe – i ndiaidh a cur i gcrích – agus an tsamhail reatha;
- b. feidhmíocht airgeadais réamh-mheasta, trí mheasúnú a dhéanamh ar inchreidteacht agus comhsheasmhacht na dtoimhdí a dhéanann an institiúid a spreagann a straitéis agus a réamhaisnéisí;
- c. cumas forghníomhaithe, trí mheasúnú a dhéanamh ar theist na bainistíochta maidir le straitéisí agus réamhaisnéisí a bhí ann roimhe seo a chur i gcrích, chomh maith le cumas foriomlán na hinstitiúide úsáid a bhaint as buntáistí iomaíocha agus as tiomántóirí ratha agus a gnó á chur i gcrích agus torthaí a ghiniúint ar bhealach éifeachtach. Mar chuid den mheastóireacht seo, ba cheart d'údaráis inniúla na nithe seo a leanas a chur san áireamh:
 - i. leordhóthanacht an chreata leithdháilte costais - i dtaca le leordhóthanacht chun brabúsacht línte/aonad gnó a léiriú;
 - ii. an creat praghsála aistrithe cistí – i dtaca le cinneadh leordhóthanach a dhéanamh ar chomhpháirt an ghlanioncaim do gach líne/aonad gnó, táirge agus custaiméir;
 - iii. an creat praghsála iasachta – i dtaca le rialachas leordhóthanach ar an bpróiseas praghsála iasachta, modheolaíocht praghsála, breithniú iomchuí ar na comhpháirteanna praghsála iasachta go léir, agus faireachán agus tuairisciú brabúsachta ex post ar chinntí praghsála táirgí;
 - iv. an creat comhroinnte ioncaim idir institiúidí atá bunaithe san Aontas agus atá mar chuid de ghrúpaí tríú tír, agus eintitis eile den ghrúpa sin atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus nach bhfuil comhdhlúite ag máthairghnóthais AE – maidir le comhroinnt chothrom P&L idir eintitis nó línte gnó a ghlacann páirt i dtimthriall saoil na n-idirbheart, agus maidir leis an rialachas cuí.

67. San anailís, ba cheart d'údaráis inniúla aon chomharthaí go bhfuil an tsamhail ghnó agus a gníomhaíochtaí mar bhonn le rioscaí méadaithe ML/TF a bhreithniú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí criptea-airgeadra nó glacadh taiscí nó bunú nó úsáid eintitis dhlíthiúla i dtríú tíortha ardriosca, mar a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849. I gcás inarb ann dóibh, ba cheart cur leis na tásca sin trí úsáid a bhaint as anailís chainníochtúil, de réir mar is iomchuí, agus díriú go háirithe ar ábharthacht an ioncaim agus ar an ioncam ó oibríochtaí a reáchtáiltear i dtríú tíortha ardriosca den sórt sin, comhchruinnithe na neamhchosaintí ar chustaiméirí a gcuireann an institiúid dícheall cuí feabhsaithe do chustaiméirí i bhfeidhm i ndáil leo mar atá leagtha amach i gCaibidil II, Rannóg 3 de Threoir 2015/849. Ba

cheart d'údaráis inniúla faisnéis a mhalartú leis an maoirseoir AML/CFT maidir leis na tásca sin mar atá leagtha amach i mír 5963.

4.4. Inmharthanacht agus inbhuanaitheacht na samhla gnó

68. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar athléimneacht shamhail ghnó na hinstitiúide i leith turraingí seachtracha agus ar a hinoiriúnaitheacht d'athruithe struchtúracha ó thaobh a cumais iad a ionsú agus oiriúnú do thosca eisginiúla a d'fhéadfadh cuspóirí gnó agus straitéiseacha a chur i mbaol. Ba cheart go n-áireofaí na réimsí seo a leanas i measc na réimsí a bhféadfadh údaráis inniúla anailís a dhéanamh orthu:

- a. rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus rioscaí comhshaoil eile, trí mheasúnú a dhéanamh ar a dtionchar ar thimpeallacht ghnó agus straitéis ghnó reatha agus todhchaí na hinstitiúide, neamhchosaint na hinstitiúide ar rioscaí ábhartha aistrithe agus fisiceacha, chomh maith le plean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a eascraíonn as fachtóirí ESG agus aghaidh a thabhairt orthu - lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as an bpróiseas aistrithe i dtreo cuspóirí rialála, go háirithe cuspóirí a bhaineann leis an aeráid is infheidhme sa dlínse nó sna dlínsí ina n-oibríonn an institiúid;
- b. digitiú, trí mheasúnú a dhéanamh ar úsáid agus ar leibhéal glactha teicneolaíochtaí nua agus ar an tionchar ar straitéis ghnó agus ar phlean gnó na hinstitiúide, ar chumais fhorghníomhaithe agus ar rialú costais, chomh maith le giniúint ioncaim;
- c. athléimneacht oibríochtúil, trí athbhreithniú a dhéanamh ar chur chuige na hinstitiúide maidir le hathléimneacht oibríochtúil agus ar an gcaoi a ndéanann an comhlacht bainistíochta é a mheas i gcomhthéacs na straitéise gnó;
- d. rioscaí geopholaitiúla, trí mheasúnú a dhéanamh ar fhoinsí na neamhchinnteachtaí geopholaitiúla agus a n-áireamh sa straitéis ghnó, chomh maith lena dtionchar airgeadais ar bhrabúsacht reatha agus todhchaí na hinstitiúide, agus cumas na hinstitiúide neamhchinnteachtaí den sórt sin a sheasamh, mar shampla trí dhí-chomhdhlúthú a dhéanamh ar a phróifíl gheografach agus ghnó a chur san áireamh ag an am céanna;
- e. gníomhaíochtaí criptea-shócmhainní, más infheidhme, trí mheasúnú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí criptea-shócmhainní na hinstitiúide agus ar aon gníomhaíochtaí eile a bhaineann le criptea-shócmhainní.

69. Bunaithe ar an anailís a rinneadh, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar a dtuairim ar na gnéithe seo a leanas nó a dtuairim a nuashonrú:

- a. na príomhleochaileachtaí, ar leochaileachtaí iad a bhfuil samhail agus straitéis ghnó na hinstitiúide neamhchosant orthu nó a bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta orthu, amhail comhchruinnithe iomarcacha nó glacadh riosca, drochstiúradh straitéiseach na gcumas brabúsachta agus forghníomhaithe;
- b. inmharthanacht shamhail ghnó reatha na hinstitiúide, mar a shainmhínítear i mír 56, i bhfianaise a feidhmíochta cainníochtúla, a hinghlacthachta riosca, a struchtúir maoinithe, a príomhthiomántóirí ratha agus a spleáchais agus a timpeallachta gnó;

- c. inbhuanaitheacht straitéis na hinstitiúide, mar a shainmhínítear i mír 56, bunaithe ar inchreidteacht a plean straitéisigh agus a réamhaisnéisí airgeadais, agus i bhfianaise an mheasúnaithe maoirseachta ar fheidhmíocht airgeadais réamh-mheasta, ar an straitéis fhoriomlán, ar leibhéal na hathléimneachta oibríochtúla agus ar na cumais forghníomhaithe. Ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt freisin ar chumas na hinstitiúide a áirithiú go mbeidh sí athléimneach i gcoinne rioscaí comhshaoil sa mheántéarma agus san fhadtéarma trí thréimhsí fadtéarmacha de dheich mbliana ar a laghad a chur san áireamh, lena n-áirítear trí athbhreithniú a dhéanamh ar na hanailísí athléimneachta ar an tsamhail ghnó comhshaoil a rinne an institiúid i gcomhréir le Treoirlínte an ÚBE maidir le hanailís cásanna comhshaoil¹⁷;

4.5. Achoimre ar thorthaí, scóráil agus bearta maoirseachta

70. Bunaithe ar an measúnú ar inmhharthanacht agus inbhuanaitheacht, agus ar aon rioscaí agus leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann don institiúid, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim ar shamhail ghnó na hinstitiúide. Ba cheart an tuairim seo a léiriú in achoimre ar thorthaí, mar aon le scór inmhharthanachta bunaithe ar na breithniúcháin atá sonraithe i dtábla 2.

Tábla 2 Breithniúcháin mhaoirseachta maidir le scór a shannadh do shamhail ghnó

Scór	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin
1	Cruthaíonn an tsamhail ghnó agus an straitéis leibhéal íseal riosca d'inmhharthanacht na hinstitiúide.	<ul style="list-style-type: none"> Tá staid iomaíochta na hinstitiúide láidir ina margaí roghnaithe agus straitéis a thacóidh leis seo Gineann an institiúid torthaí láidre agus cobhsaí atá i gcomhréir leis an riosca a ghlacann sí, i bhfianaise a hinghlacthachta riosca agus a struchtúir maoinithe agus nach bhfuil á dtiomáint ag glacadh riosca iomarcach, nó ag brath ar straitéis neamhréadúil. Níl aon chomhchruinnithe sócmhainní ábhartha ná foinsí neamh-inbhuanaithe comhchruinnithe ioncaim. Tá réamhaisnéisí airgeadais ag an institiúid atá bunaithe ar bhoinn tuisceana inchreidte maidir leis an timpeallacht ghnó a bheidh ann amach anseo. Tugann an institiúid aghaidh ar na himpleachtaí straitéiseacha a bhaineann le rioscaí suntasacha ESG, go háirithe rioscaí an aistrithe chomhshaoil agus rioscaí fisiciúla, dá samhail ghnó sa ghearthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma trí phróiseas stuama pleanála um aistriú. Tá na pleananna straitéiseacha oiriúnach nuair a chuirtear an tsamhail ghnó reatha agus na hacmhainní foghníomhaithe bainistíochta san áireamh.
2	Cruthaíonn an tsamhail ghnó agus an straitéis leibhéal meánach-íseal riosca d'inmhharthanacht na hinstitiúide.	<ul style="list-style-type: none"> Tá brú iomaíoch ar an institiúid ar a chuid táirgí/seirbhísí i bpríomh-mhargadh amháin nó níos mó. Tá amhras áirithe ann maidir leis an straitéis atá bunaithe chun déileáil leis seo. Gineann an institiúid torthaí meánacha i gcomparáid le piraí agus/nó feidhmíocht stairiúil atá inghlactha go ginearálta i bhfianaise a fonn riosca agus a struchtúr maoinithe.

¹⁷ ÚBE/GL/2019/04

Scór	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin
		<ul style="list-style-type: none"> Tá roinnt comhchruinnithe sócmhainní nó foinsí comhchruinnithe ioncaim le cur san áireamh. Tá réamhaisnéisí airgeadais tarraingthe suas ag an institiúid ar bhonn boinn tuisceana dóchasacha faoin timpeallacht ghnó amach anseo. Tugann an institiúid aghaidh go ginearálta ar na himpleachtaí straitéiseacha a bhaineann le rioscaí ábhartha ESG, go háirithe rioscaí an aistrithe chomhshaoil agus rioscaí fisiciúla, dá samhail ghnó trí phróiseas pleanála um aistriú atá réasúnta ar an iomlán ach nach bhfuil lánstuama. Tá na pleananna straitéiseacha réasúnta i bhfianaise na samhla gnó reatha agus na gcumas forghníomhaithe bainistíochta, ach tá riosca i gceist.
3	Cruthaíonn an tsamhail ghnó agus an straitéis leibhéal riosca idir meánach agus ard d'inmharthanacht na hinstitiúide.	<ul style="list-style-type: none"> Tá staid iomaíochta na hinstitiúide lag chomh fada is a bhaineann lena tháirgí/seirbhísí dá margaí roghnaithe, agus b'fhéidir nach bhfuil ionchais mhaithe luaite ach le roinnt beag línte gnó. D'fhéadfadh sciar margaidh na hinstitiúide a bheith ag laghdú go suntasach. Tá amhras ann faoin straitéis atá bunaithe chun déileáil leis seo. Gineann an institiúid torthaí a bhíonn lag nó nach bhfuil cobhsaí go minic nó braitheann sé ar inghlacthacht riosca nó ar struchtúr maoinithe chun torthaí iomchuí a ghiniúint a mbaineann ábhair inní maoirseachta leo. Tá comhchruinnithe sócmhainní suntasacha nó foinsí comhchruinnithe ioncaim ann. Tá réamhaisnéisí airgeadais bunaithe ag an institiúid atá bunaithe ar bhonn tuisceana atá ródhóchasach faoi thimpeallacht ghnó na todhchaí. Ní thugann an institiúid aghaidh ach go páirteach ar na himpleachtaí straitéiseacha a bhaineann le rioscaí suntasacha ESG, go háirithe rioscaí an aistrithe chomhshaoil agus rioscaí fisiceacha, dá samhail ghnó. Léiríonn a phróiseas pleanála um aistriú roinnt laigí agus/nó easnamh. B'fhéidir nach mbeadh pleananna straitéiseacha inchreidte bunaithe ar an tsamhail ghnó reatha agus cumas forghníomhaithe na foirne bainistíochta.
4	Cruthaíonn an tsamhail agus straitéis ghnó riosca ardleibhéil d'inmharthanacht na hinstitiúide.	<ul style="list-style-type: none"> Tá staid iomaíochta na hinstitiúide an-lag maidir lena chuid táirgí/seirbhísí ina margaí roghnaithe agus glacann sí páirt i línte gnó a bhfuil ionchais an-lag luaite. Ní dócha go mbeidh na pleananna straitéiseacha in ann déileáil leis an gceist seo. Gineann an institiúid torthaí atá an-lag agus an-éagobhsaí, nó braitheann sí ar inghlacthacht riosca nó le struchtúr maoinithe nach bhfuil inghlactha chun torthaí oiriúnacha a ghiniúint. Tá comhchruinnithe sócmhainní foircneacha nó foinsí comhchruinnithe neamh-inbhuanaithe ioncaim ag an institiúid. Tá réamhaisnéisí airgeadais bunaithe ag an institiúid atá bunaithe ar bhonn tuisceana neamhréadúla faoin timpeallacht ghnó sa todhchaí. Tá an institiúid neamhchosanta ar rioscaí ábhartha ESG, go háirithe rioscaí aistrithe chomhshaoil agus rioscaí fisiceacha, agus ní thugann sí aghaidh ar impleachtaí straitéiseacha dá samhail ghnó. Tá a phróiseas pleanála um aistriú ar neamhréir leis an straitéis ghnó níos leithne. Léirítear laigí agus/nó easnaimh thromchúiseacha ina phróiseas pleanála um aistriú.

Scór	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin
		<ul style="list-style-type: none"> Níl na pleananna straitéiseacha inchreidte i bhfianaise na samhla gnó reatha agus cumas forghníomhaithe na bainistíochta.

71. Tá liosta neamh-uileghabhálach sa tábla thíos de bhearta maoirseachta is féidir le húdarais inniúla a ghlacadh i gcás ina n-aithnítear easnamh i samhail ghnó na hinstiúide. Ba cheart d'údarais inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le cineál an bhirt mhaoirseachta bunaithe ar a éifeachtacht i leith an easnaimh shainitheanta shonraigh.

72. Féadfaidh údarais inniúla bearta maoirseachta breise (lena n-áirítear bearta cainníochtúla i gcomhréir le hAirteagal 104(1)(a) den Treoir 2013/36/AE) nó teaghlaim díobh a chur i bhfeidhm más é an tuairim atá ann go bhfuil siad níos oiriúnaí chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a aithníodh.

Tábla 3. Liosta féideartha agus neamh-uileghabhálach de bhearta maoirseachta a eascraíonn ón BMA

Bearta maoirseachta féideartha d'údarais inniúla i gcomhréir le hAirteagal 104(1)(b), (d), (e), (f), (m), (n) den Treoir 2013/36/AE – Féadfaidh na húdarais inniúla a cheangal ar an instiúid:
A. an plean airgeadais atá sonraithe sa straitéis a choigeartú, mura bhfuil pleanáil caipitil inmheánach nó toimhdí inchreidte ag tacú leis;
B. a cheangal go ndéanfaí athruithe ar struchtúir eagraíochtúla, go mbeidh feidhmeanna agus socruithe bainistíochta agus rialaithe á dtreisiú chun tacú le cur i bhfeidhm na samhla nó na straitéise gnó;
C. a cheangal go gcuirfí athruithe i bhfeidhm ar agus go dtreiseofar córais TF chun tacú le cur i bhfeidhm na samhla nó na straitéise gnó;
D. athruithe a dhéanamh ar an tsamhail nó ar an straitéis ghnó;
E. an riosca a bhaineann leis na táirgí a fhorbraíonn/a dháileann siad a laghdú, lena n-áirítear athruithe a éileamh ar na rioscaí a bhaineann le tairiscintí táirgí áirithe; agus/nó feabhsuithe a éileamh ar na socruithe rialachais agus rialaithe maidir le forbairt agus cothabháil táirgí;
F. an riosca a bhaineann go dlúth lena chórais a laghdú, lena n-áirítear feabhsuithe ar na córais a éileamh, nó an leibhéal infheistíochta a mhéadú nó dlús a chur le cur i bhfeidhm córas nua; agus/nó feabhsuithe ar na socruithe rialachais agus rialaithe maidir le forbairt agus cothabháil an chórais a éileamh;
G. an riosca a bhaineann go dlúth lena ngníomhaíochtaí a laghdú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachfhoinsithe agus athruithe ar ghníomhaíochtaí áirithe nó laghdú ar ghníomhaíochtaí áirithe a éileamh d'fhonn a riosca bunúsach a laghdú; agus/nó feabhsuithe ar shocruithe rialachais agus rialaithe agus maoirseacht ar ghníomhaíochtaí seachfhoinsithe a éileamh;
H. rioscaí ESG a laghdú, go háirithe rioscaí comhshaoil, trí choigeartuithe ar a straitéis ghnó, a bhféadfaí, ar a shon, treisiú na spriocanna, na mbearta agus na ngníomhartha atá san áireamh i bplean na hinstiúide atá le hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 76(2) den Treoir 2013/36/AE a iarraidh.

Teideal 5. Rialachas inmheánach agus rialuithe uile-institiúide a mheas

5.1. Breithnithe ginearálta

73. Agus an rialachas inmheánach agus na rialuithe ar fud na hinstiúide á measúnú, ba cheart d'údaráis inniúla, i measc nithe eile, measúnú a dhéanamh ar ghníomhartha dlí a fhoilsítear ar leithligh ar shuíomh gréasáin an ÚBE, mar a dtagraítear dó i mír 12, a bheith á gcomhlíonadh ag an institiúid.

74. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht shocruithe rialachais inmheánaigh na hinstiúide, agus nádúr, scála agus chastacht na rioscaí bunúsacha a bhaineann leis an tsamhail ghnó agus le gníomhaíochtaí na hinstiúide á gcur san áireamh. Ba cheart dóibh a mhéid a chomhlíonann an institiúid na ceanglais dlíthiúla agus rialála maidir le socruithe rialachais inmheánaigh fóna a shainaithint, lena n-áirítear iad siúd atá liostaithe sa mhír roimhe seo, agus aon easnamh a shainaithint. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé a gcruthaítear nó nach gcruthaítear rioscaí ábhartha de bharr droch-shocruithe rialachais inmheánaigh agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an bpróifíl riosca, ar athléimneacht oibríochtúil agus ar inbhuanaitheacht na hinstiúide. Chun na críoch seo, ba cheart na réimsí seo a leanas a mheas, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus leis an rannpháirtíocht mhaoirseachta atá leagtha amach i dTeideal 2:

- a. struchtúr eagraíochtúil, comhlacht bainistíochta agus a choistí;
- b. cultúr riosca agus iompar gnó;
- c. beartais agus cleachtais luacha saothair;
- d. feidhmeanna rialaithe inmheánaigh;
- e. creat bainistíochta riosca;
- f. córais TFC, comhiomlánú sonraí riosca agus tuairisciú riosca;
- g. rioscaí ML/TF agus imní stuamachta
- h. rialachas pleanála téarnaimh.

75. Ba cheart d'údaráis inniúla rioscaí ESG a chur san áireamh, agus tús áite á thabhairt d'aistriú comhshaoil agus do rioscaí fisiceacha, agus na réimsí a chlúdaítear le pointe (a) go pointe (f) den mhír roimhe seo á measúnú.

76. Ba cheart go mbeadh an measúnú ar rialachas inmheánach mar bhonn leis an measúnú sonrath ar bhainistíocht riosca agus rialuithe mar atá sonraithe i dTeidil 6 agus 8, chomh maith le measúnú ICAAP agus ILAAP i measúnú caipitil SREP (Teideal 7) agus measúnú leachtachta agus cistiúcháin SREP (Teideal 8). Ar an gcuma chéanna, ba cheart go mbeadh anailís riosca-ar-riosca ar ríomhanna/meastacháin chaipitil ICAAP a athbhreithníodh faoi Theideal 7, agus aon easnamh

a shainiúitear leis sin, mar bhonn leis an measúnú ar chreat foriomlán ICAAP a ndearnadh measúnú air faoin teideal seo.

77. Mar chuid den mheasúnú foriomlán ar rialachas inmheánach agus ar rialuithe ar fud na hinstiúide, ba cheart d'údarás inniúla meastóireacht a dhéanamh ar chumas na hinstiúide na heasnamh a sainaithníodh agus/nó na hábhair imní mhaoirseachta arna gcur in iúl ag údarás inniúla a leigheas go héifeachtach agus go tráthúil. Agus an mheastóireacht seo á déanamh acu, ba cheart d'údarás inniúla a bhreithniú cibé acu an léiríonn nó nach léiríonn cuntas teiste na hinstiúide a cumas agus a rún aghaidh a thabhairt ar ábhair imní mhaoirseachta agus/nó ar easnamh shainaitheanta ar bhealach éifeachtach agus tráthúil, agus cibé acu atá nó nach bhfuil sé sin curtha san áireamh cheana féin sa mheasúnú ar réimsí eile SREP. Chuige sin, ba cheart d'údarás inniúla leas a bhaint as measúnú na ngnéithe seo a leanas:

- a. ról an chomhlachta bainistíochta maidir le (i) measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht shocruithe rialachais na hinstiúide, go háirithe maidir leis na bearta feabhsúcháin, agus (ii) bearta cuí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar imní maoirseachta agus/nó easnamh (freagairt éifeachtach d'inní maoirseachta);
- b. an cultúr riosca laistigh den instiúid;
- c. leordhóthanacht agus tráthúlacht na faisnéise a chuirtear ar fáil agus a mhalartaítear leis an údarás inniúil;
- d. cáilíocht na tuairiscithe inmheánaigh ar ghníomhaíochtaí feabhsúcháin don chomhlacht bainistíochta, don ardbhainistíocht agus d'fheidhmeanna rialaithe inmheánaigh;
- e. ról na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht na ngníomhaíochtaí feabhsúcháin a rinneadh.

78. Nuair a bhíonn an measúnú á dhéanamh ar rialachas inmheánach agus ar rialuithe ar fud an ghnóilachta ag leibhéal foghnóilachta, sa bheis ar na gnéithe a liostaítear sa teideal seo, ba cheart d'údarás inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil beartais agus nósanna imeachta sa ghrúpa trí chéile á gcur chun feidhme go comhsheasmhach ag leibhéal an fhoghnóilachta agus cibé acu atá nó nach bhfuil céimeanna curtha i gcrích ag eintitis ghrúpa d'fhonn a áirithiú go bhfuil gach dlí agus rialachán is infheidhme á gcomhlíonadh ag a gcuid oibríochtaí.

5.2. Struchtúr eagraíochtúil, comhlacht bainistíochta agus a choistí

79. Agus measúnú á dhéanamh ar struchtúr eagraíochtúil, comhlacht bainistíochta agus coistí na hinstiúide, ba cheart d'údarás inniúla measúnú a dhéanamh ar Airteagal 74, Airteagal 88 agus Airteagal 91 de Threoir 2013/36/AE, Treoirlínte an ÚBE maidir le rialachas inmheánach¹⁸ agus Treoirlínte Comhpháirteacha ESMA agus an ÚBE maidir leis an measúnú ar oiriúnacht chomhaltáí an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhmeanna a bheith á gcomhlíonadh ag an instiúid¹⁹. I gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar struchtúr eagraíochtúil

¹⁸ ÚBE/GL/2021/05

¹⁹ ÚBE/GL/2021/06

agus oibríochtúil na hinstitiúide, agus i gcás inarb infheidhme struchtúr eagraíochtúil agus oibríochtúil an ghrúpa, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh, inter alia, ar na nithe seo a leanas:

- a. cibé acu atá nó nach bhfuil sé bunaithe go hiomchuí agus go soiléir, le línte freagrachta deashainithe, trédhearcacha agus comhsheasmhacha, lena n-áirítear don chomhlacht bainistíochta agus dá choistí;
- b. cibé acu atá nó nach bhfuil sé oiriúnach do mhéid agus do chastacht an ghnó agus na n-oibríochtaí;
- c. cibé acu atá nó nach bhfuil sé trédhearcach do pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an fhoireann agus scairshealbhóirí.

80. I gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh, inter alia, ar na nithe seo a leanas:

- a. cibé acu atá nó nach bhfuil struchtúr dlíthiúil, eagraíochtúil agus oibríochtúil na hinstitiúide ('bíodh do struchtúr ar eolas agat') agus na rioscaí a bhaineann léi ar eolas ag an gcomhlacht bainistíochta agus cibé acu an dtuigeann nó nach dtuigeann siad iad, lena n-áirítear maoirseacht iomchuí;
- b. i gcás inarb infheidhme, cibé acu an dtuigeann nó nach dtuigeann comhlacht bainistíochta na hinstitiúide comhdhlúthaithe modh eagraithe an ghrúpa agus ról na n-eintiteas éagsúil, agus na naisc agus na caidrimh eatarthu;
- c. cibé acu atá nó nach bhfuil tuiscint chuí ag an gcomhlacht bainistíochta i dteannta a chéile ar shamhail ghnó agus ar ghníomhaíochtaí na hinstitiúide, agus an mbíonn nó nach mbíonn sé cothrom le dáta maidir le heolas agus scileanna leordhóthanacha i ndáil le rioscaí ábhartha, lena n-áirítear rioscaí TFC, rioscaí ESG agus rioscaí eile atá ag teacht chun cinn, trí oiliúint rialta;
- d. cibé acu atá nó nach bhfuil beartas ag an institiúid chun éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn laistigh den chomhlacht bainistíochta agus cibé an ndéantar nó nach ndéantar measúnú rialta orthu sin, lena n-áirítear cothromaíocht inscne, agus cibé an dtacaíonn nó nach dtacaíonn comhdhéanamh, feidhmiú agus pleanáil chomharbais an bhoird bainistíochta le cinnteoireacht éifeachtach agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn siad cuspóirí éagsúlachta agus ionchuimsithe na hinstitiúide;
- e. cibé an idirghníomhaíonn nó nach n-idirghníomhaíonn comhaltaí an chomhlachta bainistíochta go héifeachtach, lena n-áirítear idir a fheidhmeanna bainistíochta agus maoirseachta;
- f. cibé an ngníomhaíonn nó nach ngníomhaíonn gach comhalta den chomhlacht bainistíochta go neamhspleách, agus an gcoinníonn nó nach gcoinníonn sé/sí gealltanais ama leordhóthanach agus cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear ar an eolas é/í go hiomchuí faoi staid riosca na hinstitiúide;
- g. cibé acu atá nó nach bhfuil coistí riosca, iniúcháireachta, ainmniúcháin agus luach saothair bunaithe agus an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta, i gcás inarb

infheidhme, agus cibé an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann na coistí seo a gcúraimí mar atá forordaithe ag an gcreat dlíthiúil agus rialála is infheidhme.

81. Agus meastóireacht á déanamh ar chomhdhéanamh agus ar fheidhmiú chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide agus a cuid coistí, ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt freisin ar aon torthaí ábhartha ó na measúnuithe oiriúnachta ar chomhaltaí chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide agus ar shealbhóirí príomhfheidhmeanna, a rinne an institiúid, nó, i gcás inarb ábhartha, a rinne na húdaráis inniúla. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar thoradh phróiseas na hinstitiúide chun sealbhóirí príomhfheidhmeanna a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cuntasachta aonair trí na ráitis aonair maidir le ról agus dualgais gach ball den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta, den ardbhainistíocht, agus de na sealbhóirí príomhfheidhmeanna a chur san áireamh, mar aon le mapáil na ndualgas, lena n-áirítear sonraí faoi na línte tuairiscithe, línte freagrachta, agus na daoine atá mar chuid de shocruithe rialachais na hinstitiúide, agus a ndualgais.

5.3. Cultúr riosca agus iompar gnó

82. Agus measúnú á dhéanamh ar chultúr riosca agus iompar gnó na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar Threoirlínte an ÚBE maidir le rialachas inmheánach a bheith á gcomhlíonadh ag an institiúid. Sa chomhthéacs seo, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh, inter alia, ar na nithe seo a leanas:

- a. cibé acu atá nó nach bhfuil luachanna corparáideacha comhsheasmhacha agus cultúr riosca folláin ag an institiúid, a (i) fhaigheann tacaíocht ó bheartais agus ó nósanna imeachta éifeachtacha láidre, ó chumarsáid agus ó oiliúint don fhoireann ar fad, lena n-áirítear cód iompair agus creat oiriúnach chun coinbhleachtaí leasa a bhainistiú agus meicníochtaí tuairiscithe chun iompar freagrach, eiticíúil a chothú agus chun faireachán a dhéanamh ar neamhchosaintí ar pháirtithe gaolmhara agus iad a bhainistiú, agus (ii) a chothaíonn timpeallacht de chumarsáid oscailte agus de dhúshlán éifeachtach;
- b. cibé acu atá nó nach bhfuil an comhlacht bainistíochta, an ardbhainistíocht agus na príomhshealbhóirí feidhme tiomanta do chultúr láidir riosca agus corparáideach agus do chleachtas gnó freagrach a chur chun cinn;
- c. cibé an léirítear nó nach léirítear leibhéal láidir feasachta riosca ar fud na hinstitiúide;
- d. cibé an gcomhtháthaíonn nó nach gcomhtháthaíonn an institiúid feasacht riosca ina próisis chinnteoireachta, lena n-áirítear úinéireacht chuí riosca.

83. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil creat oiriúnach i bhfeidhm ag an institiúid chun idirbhearta páirtithe gaolmhara a aithint, a dhoiciméadú agus a bhainistiú, lena n-áirítear próiseas ceadaithe, teorainneacha neamhchosanta, téarmaí ar chosaint an dá pháirtí, agus sásraí faireacháin agus tuairiscithe. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh freisin ar leibhéal na maoirseachta ón gcomhlacht bainistíochta.

5.4. Beartais agus cleachtais luacha saothair

84. Agus beartais agus cleachtais luacha saothair na hinstitiúide á measúnú acu, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar Airteagail 74, 92, 94 den Treoir 2013/36/AE, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 agus le Treoirlínte an ÚBE maidir le beartais fhreagracha luacha saothair a bheith á gcomhlíonadh ag an institiúid²⁰. Sa chomhthéacs seo, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh, inter alia, ar na nithe seo a leanas:

- a. cibé acu atá nó nach bhfuil beartais agus cleachtais luacha saothair atá iomchuí agus inscne-neodrach curtha i bhfeidhm ag an institiúid maidir le gach ball foirne, formheasta, athbhreithnithe agus maoirsithe go rialta ag an gcomhlacht bainistíochta, agus cibé an gcloíonn nó nach gcloíonn na beartais sin leis na ceanglais dhlíthiúla agus rialála is infheidhme;
- b. cibé acu atá nó nach bhfuil na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh páirteach i ndearadh na mbeartas luacha saothair agus cibé an bhfóráíonn nó nach bhfóráíonn siad go ndéantar athbhreithniú, faireachán agus nuashonrú cuí orthu;
- c. cibé an gcuireann nó nach gcuireann na beartais agus na cleachtais luacha saothair le bainistíocht riosca atá sláintiúil agus éifeachtach, lena n-áirítear trí inghlacthacht riosca na hinstitiúide a chur san áireamh maidir le rioscaí ESG, agus cibé acu atá nó nach bhfuil ag teacht le straitéisí gnó agus riosca na hinstitiúide, lena cultúr riosca agus a luachanna corparáideacha, le leasanna fadtéarmacha na hinstitiúide agus le bearta chun coimhlintí leasa a sheachaint, agus cibé an dtugann nó nach dtugann siad dreasachtaí le haghaidh inghlacthacht riosca iomarcach;
- d. cibé acu atá nó nach bhfuil an institiúid tar éis gach ball dá foireann a shainaitheint a bhfuil tionchar suntasach ag a ngníomhaíochtaí ar a phróifíl riosca i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla agus rialála is infheidhme;
- e. cibé acu atá nó nach bhfuil cóimheas iomchuí ann idir luach saothair athraitheach agus luach saothair seasta, agus cibé an sáraíonn nó nach sáraíonn comhpháirt an luacha saothair athraitheigh 100% den chomhpháirt luacha saothair sheasta (nó 200% le ceadú na scairshealbhóirí) i gcás a foirne sonraithe;
- f. cibé acu atá nó nach bhfuil leithdháileadh cuí déanta ag an institiúid de na comhpháirteanna seasta agus athraitheacha, gan aon úsáid a bhaint as feithiclí ná cleachtais chun dul timpeall ar cheanglais luacha saothair;
- g. cibé acu atá nó nach bhfuil luach saothair athraitheach bunaithe ar fheidhmíocht (agus critéir airgeadais agus neamhairgeadais araon á gcur san áireamh) agus cibé an gcloíonn nó nach gcloíonn an institiúid le ceanglais dhlíthiúla agus rialála ghaolmhara maidir le tréimhsí iarchurtha agus coinneála, íocaíocht in ionstraimí, agus clásail aisghlámtha agus malus.

²⁰ ÚBE/GL/2021/04

5.5. Feidhmeanna rialaithe inmheánaigh

85. Agus measúnú á dhéanamh ar fheidhmeanna rialaithe inmheánaigh na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh Threoirlínte an ÚBE na hinstitiúide maidir le Rialachas Inmheánach agus le forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2022/2554 (DORA)²¹. Sa chomhthéacs seo, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh, inter alia, ar na nithe seo a leanas:

- a. cibé acu atá nó nach bhfuil creat rialaithe inmheánaigh iomchuí ag an institiúid lena gclúdaítear gach réimse, i gcomhréir leis an tsamhail 'trí líne chosanta', lena n-áirítear feidhmeanna bainistíochta riosca atá ag feidhmiú go maith, éifeachtach agus neamhspleách, feidhmeanna comhlíonta agus feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí;
- b. cibé acu atá nó nach bhfuil ceannairí na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh (i) bunaithe ag leibhéal ordlathach cuí a sholáthraíonn an t-údarás agus an stádas cuí dóibh atá de dhíth chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh, (ii) cibé acu atá nó nach bhfuil rochtain dhíreach acu agus ar féidir leo tuairisciú go díreach don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta, agus (iii) cibé acu atá nó nach bhfuil na hacmhainní uile is gá acu chun a gcuid tascanna a chur i gcrích;
- c. cibé acu atá nó nach bhfuil beartais leordhóthanacha scríofa maidir le rialú inmheánach curtha i bhfeidhm go héifeachtach ag an institiúid, mar aon le leithdháileadh soiléir freagrachtaí i leith chur i bhfeidhm an chreata, scaradh dualgas, nósanna imeachta riaracháin agus cuntasáíochta atá sláintiúil, agus socruithe tuairiscithe atá láidir.

86. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh cibé an gclúdaíonn nó nach gclúdaíonn an fheidhm bainistíochta riosca an institiúid iomlán, an bhfuil nó nach bhfuil dearcadh iomlánaíoch aici ar na rioscaí go léir, an bhfuil nó nach bhfuil sí páirteach go gníomhach ag céim luath i bhforbairt straitéis riosca na hinstitiúide agus an ndéanann nó nach ndéanann sí faireachán ar a cur i bhfeidhm éifeachtach. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinneadh freisin cibé an soláthraíonn nó nach soláthraíonn an fheidhm bainistíochta riosca faisnéis iomlán, nuashonraithe agus ábhartha a bhaineann le riosca don chomhlacht bainistíochta chun leibhéal inghlacthacht riosca na hinstitiúide agus teorainneacha riosca gaolmhara a shocrú. Ba cheart d'údaráis inniúla freisin measúnú fheidhm an bhainistíochta riosca ar stóinseacht agus ar inbhuanaitheacht na straitéise agus na hinghlacthachta riosca a chur san áireamh, chomh maith lena rannpháirtíocht i meastóireacht ar thionchar athruithe ábhartha nó idirbhearta eisceachtúla ar riosca iomlán na hinstitiúide agus an ghrúpa (más infheidhme).

87. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas: cibé an ndéanann nó nach ndéanann an fheidhm chomhlíontachta rioscaí comhlíontachta a eascraíonn as neamhchomhlíonadh na gceanglas dlíthiúil agus rialála is infheidhme, na n-oibleagáidí conarthacha nó na rialacha agus na cóid iompair inmheánacha, lena n-áirítear rialacha maidir le

²¹ DORA - Rialachán (AE) Uimh 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, Ich. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2554/oj>).

heitic, a mheasúnú agus a mhaolú go héifeachtach, agus cibé an áirithítear nó nach n-áirithítear go gcuirtear na rioscaí seo san áireamh i ngach cinneadh ábhartha bainistíochta riosca.

88. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé an ndéanann nó nach ndéanann an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí athbhreithniú neamhspleách agus dearbhú oibiachtúil a sholáthar, i gcomhréir leis an bplean iniúcháireachta agus leis an gclár oibre mionsonraithe, maidir le hoiriúnacht agus éifeachtacht bheartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha na hinstitiúide agus maidir le comhlíonadh ghníomhaíochtaí uile na hinstitiúide, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna soláthar ag soláthraithe seirbhíse tríú páirtí, le ceanglais dhlíthiúla agus rialála. I gcás inarb infheidhme, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí ar fud an ghrúpa chun a fháil amach an bhfuil sí neamhspleách, an bhfuil plean iniúcháireachta rioscabhunaithe ar fud an ghrúpa aici, an bhfuil acmhainní agus stádas cuí aici, agus an bhfuil líne thuairiscithe dhíreach aici chuig comhlacht bainistíochta na hinstitiúide comhdhlúite.

5.6. Creat bainistíochta riosca

89. Agus measúnú á dhéanamh ar chreat bainistíochta riosca na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na hinstitiúide le Treoirlínte an ÚBE maidir le Rialachas Inmheánach, le DORA agus le Treoirlínte an ÚBE eile arna n-eisiúint de bhun Airteagal 74(3) de Threoir 2013/36/AE maidir le socruithe, próisis agus sásraí rialachais inmheánaigh. Sa chomhthéacs seo, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh, inter alia, ar na nithe seo a leanas:

- cibé acu atá nó nach bhfuil creat bainistithe riosca agus próisis bainistithe riosca iomchuí bunaithe ag an institiúid, lena gcuimsítear straitéis riosca iomchuí agus curtha i bhfeidhm, inghlacthacht riosca, lena n-áirítear beartas bainistithe riosca tríú páirtí, creataí ICAAP agus ILAAP agus cumais agus torthaí tástála struis;
- i gcás inarb infheidhme, cibé an gclúdaíonn nó an gclúdaíonn an creat bainistíochta riosca ar fud an ghrúpa gach riosca ábhartha, beag beann ar cibé an eascraíonn nó nach n-eascraíonn an riosca ó eintitis nach bhfuil faoi réir comhdhlúthaithe, agus cibé an mbunaíonn nó nach mbunaíonn sé léargas cuimsitheach ar na rioscaí go léir a bhfuil an institiúid neamhchosant orthu nó a bhféadfadh sí a bheith neamhchosanta orthu;
- cibé acu atá nó nach bhfuil an fhreagracht deiridh ar an gcomhlacht bainistíochta as an straitéis riosca, an inghlacthacht riosca agus an creat bainistíochta riosca, agus cibé an soláthraíonn nó nach soláthraíonn sé treoirlíne agus maoirseacht chuí;
- cibé acu atá nó nach bhfuil ag an institiúid, agus más iomchuí ag an institiúid chomhdhlúthaithe, straitéis riosca agus inghlacthacht riosca chuí doiciméadaithe agus curtha i bhfeidhm, a chlúdaíonn rioscaí suntasacha uile na hinstitiúide, a chuimsíonn teorainneacha agus lamháltais riosca, agus a léiríonn acmhainní airgeadais na hinstitiúide;
- cibé an mbunaítear nó nach mbunaítear leis an gcreat bainistíochta riosca nósanna imeachta leordhóthanacha chun riosca a shainiú, a thomhas, a mhaolú agus faireachán a

dhéanamh orthu agus a mhéid atá sé leabaithe i straitéis fhoriomlán na hinstitiúide agus an tionchar atá aici uirthi;

- f. cibé acu atá nó nach bhfuil na próisis chinnteoireachta soiléir, trédhearcach agus doiciméadaithe go leordhóthanach, agus an gcuirtear nó nach gcuirtear san áireamh iontu na breithniúcháin riosca iomchuí, agus cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear beartais agus leasuithe ar bheartais in iúl ar bhealach cuí agus tráthúil;
- g. cibé acu atá nó nach bhfuil naisc iomchuí agus chomhsheasmhacha idir an straitéis ghnó, an straitéis riosca, an straitéis dhigiteach maidir le hathléimneacht oibríochtúil, an creat maidir le hinghlacthacht riosca agus bainistiú riosca, agus na creataí bainistithe caipitil agus leachtachta, chomh maith le plean na hinstitiúide chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí ESG i gcomhréir le hAirteagal 76(2) de Threoir 2013/36/AE.

90. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil próiseas chun táirgí nua a fhaomhadh dea-dhoiciméadaithe i bhfeidhm ag an institiúid, arna fhorghnó ag an gcomhlacht bainistíochta, ina dtugtar aghaidh ar fhorbairt margaí, táirgí agus seirbhísí nua, lena n-áirítear a bpróisis agus a gcórais bhunúsacha, agus athruithe suntasacha ar na cinn atá ann cheana, chomh maith le hidirbhearta eisceachtúla. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas freisin cibé acu atá nó nach bhfuil na feidhmeanna bainistíochta riosca agus comhlíonta páirteach go cuí i measúnú agus i gceadú táirgí nua nó athruithe suntasacha ar tháirgí atá ann cheana, agus na ceaduithe sin nasctha le leordhóthanacht na rialuithe ábhartha.

Creataí ICAAP agus ILAAP

91. Agus measúnú á dhéanamh ar chreataí ICAAP agus ILAAP na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar Threoirlínte an ÚBE maidir le faisnéis ICAAP agus ILAAP a bheith á gcomhlíonadh ag an institiúid²². Ba cheart go gcuimseofaí sa mheasúnú ar chreataí ICAAP agus ILAAP na hinstitiúide athbhreithniú tréimhsiúil ar ICAAP agus ar ILAAP agus ba cheart a chinneadh an bhfuil siad fóna, éifeachtach agus cuimsitheach. Maidir leis seo, ba cheart d'údaráis inniúla:

- a. a measúnú conas a dhéantar ICAAP agus ILAAP a chomhtháthú i gcleachtais fhoriomlána bainistithe riosca agus bainistithe straitéisí na hinstitiúide, lena n-áirítear pleanáil chaipitil agus leachtachta, chomh maith le méid a gcineáil réamhbhreathnaithigh;
- b. breithniú a dhéanamh ar oiriúnacht ICAAP agus an ILAAP chun leibhéal leordhóthanach caipitil inmheánaigh agus leachtachta a mheas agus a chothabháil chun rioscaí na hinstitiúide a chlúdach agus chun cinntí gnó stuama a dhéanamh (e.g. maidir le caipiteal a leithdháileadh faoin bplean gnó), lena n-áirítear faoi dhálaí struis;
- c. measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil ICAAP agus an ILAAP leabaithe sna próisis chinnteoireachta agus bhainistíochta ag gach leibhéal san institiúid (e.g. socrú teorainneacha, tomhas feidhmíochta);
- d. a fhíorú cibé acu atá nó nach bhfuil creataí ICAAP agus ILAAP faoi réir maoirseachta rialta ag an gcomhlacht bainistíochta, lena n-áirítear formheas na gcreataí seo agus a gcuid torthaí;

²² Treoirlínte an ÚBE maidir le faisnéis ICAAP agus ILAAP a bhailítear chun críocha SREP (ÚBE/GL/2016/10)

- e. measúnú a dhéanamh ar cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear ICAAP agus ILAAP i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go comhréireach i ngach líne ghnó agus eintiteas dlíthiúil de chuid na hinstitiúide agus an gclúdaíonn nó nach gclúdaíonn siad na rioscaí ábhartha go léir a bhfuil an institiúid neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh sí a bheith neamhchosanta orthu;
- f. measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas dlí agus rialála gaolmhar agus breithniú a dhéanamh freisin i dtaobh an sainaithníonn ICAAP na hinstitiúide rioscaí atá ag teacht chun cinn agus/nó rioscaí a bhfuil dóchúlacht íseal ag baint leo, rioscaí ardtionchair, lena n-áirítear rioscaí TFC, rioscaí comhshaoil agus neamhchinnteachtaí geopholaitiúla;
- g. measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil aon chlaonadh ó ICAAP nó ILAAP caighdeánach na hinstitiúide, i gcomhair ceann amháin nó níos mó dá heintitis dhlíthiúla nó dá línte gnó, inchosanta.

92. Ba cheart go gcabhródh na measúnuithe sin le cinneadh a dhéanamh maidir le cistí dílse breise agus leis an measúnú ar leordhóthanacht chaipitil atá sonraithe i dTeideal 7, agus leis an meastóireacht ar leordhóthanacht leachtachta agus cistiúcháin atá sonraithe i dTeideal 8.

Measúnú ar thástáil struis na hinstitiúide

93. Agus measúnú á dhéanamh ar thástáil struis na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar Threoirlínte an ÚBE maidir le tástáil struis²³ agus Treoirlínte an ÚBE maidir le hanailís ar chásanna comhshaoil chun rioscaí comhshaoil a chomhtháthú a bheith á gcomhlíonadh ag an institiúid. Cuimsíonn an measúnú seo athbhreithniú ar chlár tástála struis na hinstitiúide, agus méid agus eagrú inmheánach na hinstitiúide, agus nádúr, scála agus castacht a gníomhaíochtaí á gcur san áireamh.

94. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú cáilíochtúil a dhéanamh ar chlár tástála struis, mar aon le measúnú cainníochtúil ar thorthaí tástálacha struis. Ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar thorthaí measúnuithe cáilíochtúla agus cainníochtúla mar aon le torthaí tástálacha struis maoirseachta (féach Teideal 12) chun críocha leordhóthanacht caipitil agus leachtachta a mheasúnú agus chun an fhreagairt mhaoirseachta iomchuí ar na heasnamh a sainaithníodh a chinneadh. Má shainaithnítear san athbhreithniú ar thástáil struis easnamh i rialachas na hinstitiúide agus i rialuithe ar fud na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla iad sin a mheas agus measúnú á dhéanamh acu ar na réimsí sin. Ina theannta sin, is féidir torthaí thástálacha struis institiúide a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar phleanáil chaipitil na hinstitiúide, agus chun riachtanais leachtachta a chainníochtú chun leordhóthanacht leachtachta a mheas.

95. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá tástáil struis leabaithe i gcreat bainistíochta riosca na hinstitiúide, lena n-áirítear an chaoi a ndéantar tástáil struis a mheas sna próisis a bhaineann le hinghlacthacht agus teorainneacha riosca na hinstitiúide a bhunú. Ina theannta sin, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar rannpháirtíocht ardbhainistíocht agus chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide sa chlár tástála struis, lena n-

²³ Treoirlínte an ÚBE maidir le tástáil struis na hinstitiúidí (ÚBE/GL/2018/04)

áirítear an tuairisciú inmheánach gaolmhar, agus an méid a comhtháthaítear an tástáil struis agus a torthaí sna próisis chinnteoireachta.

96. Agus cláir um thástáil struis, torthaí na dtástálacha struis agus na ngníomhaíochtaí bainistíochta atá beartaithe á measúnú acu, ba cheart d'údaráis inniúla breathnú ar pheirspictíochtaí neamhghnácha agus ar pheirspictíochtaí ar fud an chórais araon. Ba cheart d'údaráis inniúla indéantacht na ngníomhaíochtaí bainistíochta i gcásanna struis a mheas, lena n-áirítear cibé acu atá nó nach bhfuil na hamlínte chun na gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm réalaíoch agus cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear san áireamh leo iompar neamhghnách na hinstiúide. Maidir le hathbhreithniú ar chlár tástála struis do ghrúpaí trasteorann, ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt ar bhaic fhéideartha ar aistritheacht caipitil agus leachtachta laistigh de ghrúpaí agus ar fheidhmiú aon socruithe tacaíochta airgeadais laistigh de ghrúpaí, a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndálaí struis.
97. Ba cheart d'údaráis inniúla torthaí tástálacha struis a mheasúnú ²⁴ agus cibé acu atá nó nach bhfuil an cumas ag an institiúid an TSCR is infheidhme a choinneáil, i gcónaí, i gcás díobhálach agus an bhfuil nó nach bhfuil sraith gníomhaíochtaí bainistíochta sainaitheanta aici chun aghaidh a thabhairt ar aon sárú féideartha ar TSCR. Ba cheart d'údaráis inniúla tionchar na dtástálacha struis ar chóimheas gearála na hinstiúide a chur san áireamh freisin, mar aon lena dliteanais incháilithe atá á sealbhú chun críocha na gceanglas íosta maidir le dliteanais incháilithe (MREL) dá dtagraítear i dTreoir 2014/59/AE.
98. Agus torthaí na dtástálacha struis á measúnú, ba cheart d'údaráis inniúla gach athrú rialála todhchaí atá ar eolas a dhéanann difear d'institiúidí laistigh de raon feidhme agus de thréimhse ama an chleachtaidh tástála struis a chur san áireamh, freisin.

5.7. córais TFC, comhiomlánú sonraí riosca agus tuairisciú riosca

99. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil córais TFC na hinstiúide iontaofa, athléimneach agus leordhóthanach chun méid, comhdhéanamh agus cáilíocht na neamhchosaintí ar fud chineálacha riosca, táirgí agus contrapháirtithe uile na hinstiúide a thomhas, a mheasúnú agus a thuairisciú agus chun tacú go hiomlán le cumais chomhiomlánaithe sonraí riosca ag gnáthuaireanta agus ag amanna struis.
100. Ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú cibé an ndéanann nó nach ndéanann an institiúid comhiomlánú iomchuí sonraí riosca agus cumais tuairiscithe riosca a fhorbairt agus a chothabháil i gcomhréir lena próifíl riosca agus lena tábhacht shistéamach. Agus cumais comhiomlánaithe sonraí riosca agus tuairiscithe riosca na hinstiúide á n-athbhreithniú acu, ba cheart d'údaráis inniúla prionsabail BCBS 239 maidir le comhiomlánú éifeachtach sonraí riosca agus tuairisciú riosca²⁵ a chur san áireamh d'institiúidí faoi mhaoirseacht a thiteann faoi raon feidhme na bprionsabal sin. Go háirithe, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar

²⁴ Chun críocha na míre seo, ní shíneann tástálacha struis chun tástálacha struis a fhreaschur.

²⁵ Prionsabail an Choiste Basel um Maoirseacht Baincéireachta maidir le comhiomlánú éifeachtach sonraí riosca agus tuairisciú riosca (BCBS 239).

cibé acu atá nó nach bhfuil an institiúid in ann sonraí agus tuairisciú riosca atá cruinn, comhsheasmhach, iomlán agus iontaofa a ghiniúint don institiúid iomlán, a chuimsíonn na rioscaí ábhartha go léir, agus a léiríonn go cuí próifíl riosca na hinstitiúide agus a riachtanais chaipitil agus leachtachta, agus an féidir iad seo a chomhdhlúthú agus a chur ar fáil go tráthúil agus go solúbtha don chomhlacht bainistíochta agus don ardbhainistíocht. cibé acu atá nó nach bhfuil córas éifeachtach bainistíochta faisnéise agus tuairiscithe bunaithe ag an institiúid is infheidhme maidir le gach aonad gnó agus eintiteas dlíthiúil, agus an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil do chomhlacht bainistíochta mháthairghnóthas na hinstitiúide ar bhonn tráthúil;

101. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinneadh an gceadaíonn nó nach gceadaíonn comhlacht bainistíochta na hinstitiúide creat comhiomlánaithe sonraí riosca agus tuairiscithe riosca na hinstitiúide agus an ndéanann nó nach ndéanann sé maoirseacht ar a chur i bhfeidhm éifeachtach, lena n-áirítear acmhainní leordhóthanacha a sholáthar chun tacú leis na hiarrachtaí seo. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh freisin ar cibé an ndéantar nó nach ndéantar fíorú neamhspleách ar chumais comhiomlánaithe sonraí riosca agus ar chleachtais tuairiscithe riosca na hinstitiúide i gcomhréir le creat rialaithe inmheánaigh na hinstitiúide.

5.8. rioscaí ML/TF agus imní stuamachta

102. Agus anailís á déanamh acu ar an gcreat rialachais inmheánaigh agus ar rialuithe ar fud na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla na measúnuithe a fuarthas ó mhaoirseoirí AML/CFT a chur san áireamh freisin, agus meastóireacht a dhéanamh cibé an gcruthaíonn nó nach gcruthaíonn siad seo údar imní stuamachta iad. Os a choinne sin, i gcás ina léirítear i measúnú an údaráis inniúil go gcruthaíonn na heasnamh i rialuithe inmheánacha agus i gcreat rialachais na hinstitiúide agus i rialuithe ar fud na hinstitiúide cúis imní stuamachta a bhaineann le riosca ML/TF, ba cheart d'údaráis inniúla toradh an mheasúnaithe sin a chomhroinnt le maoirseoirí AML/CFT.
103. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé an n-áirítear nó nach n-áirítear i gcreat foriomlán rialachais inmheánaigh agus bainistíochta riosca na hinstitiúide freisin bainistiú na rioscaí ML/TF agus rioscaí neamhchur i bhfeidhm agus seachaint smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe.
104. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ó pheirspictíocht stuamachta maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil ról agus freagrachtaí an chomhlachta bainistíochta maidir le rioscaí AML/CFT á gcomhlíonadh. Ba cheart d'údaráis inniúla aon fhaisnéis fhorlíontach a fhaightear ó mhaoirseoirí AML/CFT i ndiaidh an measúnú a dhéanamh de réir Threoirlínte an ÚBE maidir le beartais agus nósanna imeachta i ndáil le bainistiú comhlíonta agus ról agus freagrachtaí an Oifigigh Chomhlíonta AML/CFT, a chur san áireamh²⁶.

²⁶ ÚBE/GL/2022/05

5.9. Rialachas pleanála téarnaimh

105. Chun rialachas inmheánach agus rialuithe uile-institiúide a mheasúnú, ba cheart d'údaráis inniúla aon torthaí agus easnaimh a shainaithnítear sa mheasúnú ar rialachas pleanála téarnaimh arna sheoladh i gcomhréir le hAirteagal 6 agus le hAirteagal 8 de Threoir 2014/59/AE a bhreithniú.
106. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go mbeadh torthaí ón measúnú ar ghnéithe SREP, lena n-áirítear rialachas inmheánach agus socruithe rialaithe ar fud na hinstitiúide, mar bhonn leis an measúnú ar phleananna téarnaimh na hinstitiúide.

5.10. Achoimre ar thorthaí, scóráil agus bearta maoirseachta

107. Tar éis an mheasúnaithe thuas, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le leordhóthanacht shocruithe rialachais inmheánaigh agus rialuithe uile-institiúide na hinstitiúide. Ba cheart an tuairim seo a léiriú in achoimre ar thorthaí, mar aon le scór inmhharthanachta bunaithe ar na breithniúcháin a shonraítear i dtábla 4.

Tábla 4. Breithniúcháin mhaoirseachta maidir le scór a shannadh do rialachas inmheánach agus rialuithe ar fud na hinstitiúide

Scór	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin
1	Cruthaíonn easnaimh sa rialachas inmheánach agus socruithe rialaithe ar fud na hinstitiúide leibhéal íseal riosca d'inmhharthanacht na hinstitiúide.	<ul style="list-style-type: none"> Tá struchtúr eagraíochtúil láidir trédhearcach ag an institiúid mar aon le freagrachtaí soiléire agus tá glacadh riosca á scaradh ó fheidhmeanna bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá comhdhéanamh agus feidhmiú an chomhlachta bainistíochta oiriúnach. Tá gealltanais ama chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta oiriúnach agus cloíonn siad leis an teorainn ar líon na stiúrthóireachtaí, nuair is iomchuí. Tá cultúr riosca agus iompair ghnó slán, lena n-áirítear bainistíocht coinbhleachtaí leasa agus próisis sceithireachta, bunaithe. Tá beartas éagsúlachta glactha ag an institiúid a chothaíonn comhdhéanamh comhlacht bainistíochta ilghnéitheach, agus a chomhlíonann na spriocanna atá leagtha síos. Tá an beartas luacha saothair i gcomhréir le straitéis riosca agus leasanna fadtéarmacha na hinstitiúide. Tá an creat bainistíochta riosca agus próisis bhainistíochta riosca, lena n-áirítear ICAAP, ILAAP, NPAP, creat tástála struis, pleanáil chaipitil agus pleanáil leachtachta oiriúnach. Tá an creat rialaithe inmheánaigh agus na rialuithe inmheánacha oiriúnach. Tá na feidhmeanna bainistíochta riosca, comhlíonta agus iniúchta inmheánaigh

Scór	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin
		<p>neamhspleách agus tá acmhainní leordhóthanacha acu, agus feidhmíonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh go héifeachtach de réir caighdeán agus ceanglais idirnáisiúnta bhunaithe.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tá córais TFC, comhthiomsú sonraí riosca agus tuairisciú riosca oiriúnach. • Tá comhtháthú rioscaí ESG sa chreat rialachais inmheánaigh agus bainistíochta riosca oiriúnach. • Tá an creat rialachais pleanála téarnaimh oiriúnach. • Tugann an institiúid aghaidh ar easnaimh agus/nó ábhair imní shainaitheanta arna gcur in iúl ag údaráis inniúla go tapa agus cuireann sí feabhas éifeachtach orthu laistigh de thréimhse ghearr ama a sholáthraíonn torthaí sásúla. Ina theannta sin, tuairiscíonn agus cuireann an institiúid na húdaráis inniúla ar an eolas go réamhghníomhach le linn an phróisis seo.
2	Cruthaíonn easnaimh sa rialachas inmheánach agus i socruithe rialaithe ar fud na hinstitiúide leibhéal meánach-íseal riosca d'inmharthanacht na hinstitiúide.	<ul style="list-style-type: none"> • Tá struchtúr eagraíochtúil atá láidir agus trédhearcach den chuid is mó ag an institiúid a bhfuil freagrachtaí soiléire uirthi agus idirdhealú idir an glacadh riosca agus feidhmeanna bainistíochta agus rialaithe riosca. • Tá comhdhéanamh agus feidhmiú an chomhlachta bainistíochta oiriúnach den chuid is mó. • Tá tiomantas ama chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta oiriúnach den chuid is mó, agus, nuair is iomchuí, comhlíonann siad an teorainn ar líon na stiúrthóireachtaí. • Tá an cultúr riosca agus iompair ghnó fóna den chuid is mó, lena n-áirítear bainistíocht ar choinbhleachtaí leasa agus próisis sceithireachta. • Tá beartas éagsúlachta glactha ag an institiúid a chothaíonn comhdhéanamh comhlacht bainistíochta ilghnéitheach, agus a chomhlíonann na spriocanna atá leagtha, den chuid is mó, nó tá bearta iomchuí curtha i bhfeidhm aige chun na spriocanna atá sainithe sa bheartas a bhaint amach. • Tá an beartas luacha saothair ag teacht a bheag nó a mhór le straitéis riosca na hinstitiúide agus le leasanna fadtéarmacha. • Tá an creat bainistíochta riosca agus na próisis bhainistíochta riosca, lena n-áirítear an ICAAP, ILAAP, NPAP, creat tástála struis,

Scór	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin
		<p>pleanáil chaipitil agus pleanáil leachtachta, oiriúnach den chuid is mó.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tá an creat rialaithe inmheánaigh agus na rialuithe inmheánacha oiriúnach tríd is tríd. • Tá na feidhmeanna bainistíochta riosca, comhlíonta agus iniúchta inmheánaigh neamhspleách agus tá a gcuid oibríochtaí éifeachtach den chuid is mó. • Tá córais TFC, comhiomlánú sonraí riosca agus tuairisciú riosca oiriúnach den chuid is mó. • Tá comhtháthú rioscaí ESG sa chreat rialachais inmheánaigh agus bainistithe riosca oiriúnach den chuid is mó. • Tá an creat rialachais pleánála téarnaimh oiriúnach den chuid is mó. • Tá an institiúid in ann aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar fhormhór na n-easnamh a sainaithníodh agus/nó na n-ábhar inní a chuir údarais inniúla in iúl, laistigh de thréimhse ama inghlactha agus – más infheidhme – comhlíonann sí na ceanglais tuairiscithe arna leagan síos ag na húdarais inniúla i ndáil leis na heasnamh sin.
3	Cruthaíonn easnaimh sa rialachas inmheánach agus i socruithe rialaithe ar fud na hinstitiúide leibhéal meán-ard riosca d'inmharthanacht na hinstitiúide.	<ul style="list-style-type: none"> • Níl struchtúr eagraíochtúil agus freagrachtaí na hinstitiúide go hiomlán trédhearcach agus níl an glacadh riosca deighilte go hiomlán ó fheidhmeanna bainistíochta agus rialaithe riosca. • Tá amhras ann maidir le hoiriúnacht chomhdhéanamh agus fheidhmiú an chomhlachta bainistíochta. • Tá amhras ann faoi thiomantas ama iomchuí chomhaltaí an chomhlachta bhainistíochta agus nuair is ábhartha ní chloíonn siad leis an teorainn ar líon na stiúrthóireachtaí. • Tá amhras ann maidir le hoiriúnacht an chultúir riosca agus iompair ghnó, lena n-áirítear bainistíocht coinbhleachtaí leasa agus/nó próisis sceithireachta. • Níor ghlac an institiúid beartas éagsúlacht agus níor chuir sí bearta i bhfeidhm chun leibhéal cuí éagsúlachta a bhaint amach laistigh den chomhlacht bainistíochta. • Tá inní ann go bhféadfadh an beartas luacha saothair a bheith ar neamhréir le straitéis riosca agus leasanna fadtéarmacha na hinstitiúide. • Tá amhras ann maidir le hoiriúnacht an chreata bainistíochta riosca agus na bpróiseas bainistíochta riosca, lena n-áirítear an ICAAP, ILAAP, NPAP, creat tástála struis,

Scór	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin
		<p>pleanáil chaipitil agus/nó pleanáil leachtachta.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tá amhras ann maidir le hoiriúnacht an chreata rialaithe inmheánaigh agus na rialuithe inmheánacha. • Tá amhras ann maidir le neamhspleáchas agus oibriú éifeachtach na bhfeidhmeanna bainistíochta riosca, comhlíonta agus iniúchta inmheánaigh. • Tá amhras ann maidir le hiriúnacht na gcóras TFC, comhiomlánú sonraí riosca agus tuairisciú riosca. • Tá amhras ann maidir le hoiriúnacht chomhtháthú rioscaí ESG sa chreat rialachais inmheánaigh agus bainistíochta riosca. • Measúnaíodh go bhféadfadh easnaimh ábhartha a bheith sa chreat rialachais pleanála téarnaimh agus/nó go mbeadh baic ábhartha ar a chur i bhfeidhm agus níor tugadh aghaidh go hiomlán ar inní maoirseachta. • Tá dúshlán shuntasacha roimh an institiúid nó léiríonn sí rún teoranta aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar na heasnaimh a sainaitníodh agus/nó ar na hábhair inní a chuir údarais inniúla in iúl, maidir le cáilíocht na ngníomhartha feabhsúcháin agus/nó an creat ama lena gcur i bhfeidhm, rud a d'fhéadfadh a léiriú go bhfuil gá le géarú. Tá dúshlán ag an institiúid freisin maidir le tuairisciú ar a stádas feabhsúcháin d'údarais inniúla.
4	Cruthaíonn easnaimh sa rialachas inmheánach agus sna socruithe rialaithe ar fud na hinstitiúide ardleibhéal riosca d'inmharthanacht na hinstitiúide.	<ul style="list-style-type: none"> • Níl struchtúr eagraíochtúil agus freagrachtaí na hinstitiúide trédhearcach agus ní dhéantar an glacadh riosca a dheighilt ó fheidhmeanna bainistithe agus rialaithe riosca. • Níl comhdhéanamh agus feidhmiú an chomhlachta bainistíochta oiriúnach. • Ní leor gealltanais ama chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta, agus, nuair is ábhartha, ní chomhlíonann siad an teorainn ar líon na stiúrthóireachtaí. • Níl an cultúr riosca agus iompair ghnó, lena n-áirítear bainistiú coinbhleachtaí leasa agus/nó próisis sceithireachta, oiriúnach. • Níl beartas éagsúlachta glactha ag an institiúid, níl an comhlacht bainistíochta ilghnéitheach agus níl bearta curtha i bhfeidhm ag an institiúid chun díriú ar leibhéal iomchuí éagsúlachta.

Scór	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin
		<ul style="list-style-type: none"> Níl an beartas luacha saothair i gcomhréir le straitéis riosca agus leasanna fadtéarmacha na hinstitiúide. Tá an creat bainistíochta riosca agus na próisis bhainistíochta riosca, lena n-áirítear an ICAAP, ILAAP, NPAP, creat tástála struis, pleanáil chaipitil agus/nó pleanáil leachtachta, neamhoiriúnach. Níl an fheidhm bainistíochta riosca, comhlíonta agus/nó iniúchta inmheánaigh neamhspleách agus/nó níl na feidhmeanna iniúchta inmheánaigh ag feidhmiú de réir caighdeáin agus ceanglais idirnáisiúnta atá bunaithe. Níl an creat rialaithe inmheánaigh agus na rialuithe inmheánacha oiriúnach. Tá na córais TFC, comhiomlánú sonraí riosca agus tuairisciú riosca neamhoiriúnach. Tá comhtháthú rioscaí ESG sa chreat rialachais inmheánaigh agus bainistithe riosca neamhoiriúnach. Measúnaíodh go raibh easnaimh ábhartha sa chreat rialachais pleanála téarnaimh agus/nó go raibh baic ábhartha ar a chur i bhfeidhm agus níor tugadh aghaidh go hiomlán ar imní maoirseachta. Níl an institiúid in ann nó níl sé beartaithe aici aghaidh leordhóthanach a thabhairt ar na heasnaimh a aithníodh agus/nó ar na hábhair imní a léirigh na húdaráis inniúla, ná níl an cumas aici iad a leigheas laistigh de thréimhse ama inghlactha, tar éis a ngéarú ag daráis inniúla. Tá dúshlán mhóra roimh an institiúid freisin maidir le tuairisciú ar a stádas feabhsúcháin d'údaráis inniúla.

108. Cuirtear liosta neamh-uileghabhálach de bhearta maoirseachta, a fhéadfaidh údaráis inniúla a ghlacadh i gcás easnamh a aithníodh i rialachas inmheánach na hinstitiúide agus i rialuithe ar fud na hinstitiúide, i láthair sa tábla thíos. Ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le cineál an bhirt mhaoirseachta, bunaithe ar a éifeachtacht i leith an easnaimh shonraithe a aithníodh. Féadfaidh na húdaráis inniúla bearta maoirseachta breise a chur i bhfeidhm, nó teaglaím díobh seo leis na bearta atá liostaithe sa tábla thíos, más é an tuairim atá ann gur oiriúnaí iad chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a aithníodh. I gcás sáruithe ar DORA, ba cheart d'údaráis inniúla na bearta ceartaitheacha agus feabhsúcháin is infheidhme a sholáthraítear in Airteagal 50 de DORA a bhreithniú.

Tábla 5. Liosta féideartha agus neamh-uileghabhálach de bhearta maoirseachta ag eascairt as measúnú ar rialachas inmheánach na hinstitiúide agus ar rialuithe ar fud na hinstitiúide

Bearta maoirseachta féideartha d'údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 104(1) pointí (b), (d), (e), (f), (g), (j), (l), (m), agus (n) de Threoir 2013/36/AE agus Airteagal 50 de Rialachán (AE) 2022/2554 – Féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar an institiúid an méid seo a leanas a dhéanamh:	
A.	an comhlacht bainistíochta nó a choistí a fheabhsú agus a rannpháirtíocht gníomhach a chothú;
B.	pleananna gníomhaíochta ceartaitheacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh;
C.	rialuithe inmheánacha a neartú;
D.	an creat rialachais inmheánaigh a fheabhsú;
E.	feabhas a chur ar shásraí tuairiscithe agus ar mhaoirseacht;
F.	teorainn a chur le luach saothair athraitheach;
G.	córais bainistíochta comhlíonta a chur i bhfeidhm;
H.	ceanglais tuairiscithe bhreise nó níos minice a bheith acu;
I.	socruithe, próisis, sásraí agus straitéisí sonracha a threisiú;
J.	tástálacha struis a dhéanamh agus toimhdí modhnaithe á n-úsáid;
K.	feabhas a chur ar shocruithe rialachais agus bainistíochta riosca a chuirtear i bhfeidhm ar rioscaí ESG, go háirithe rioscaí comhshaoil.


Teideal 6. Rioscaí do chaipiteal a mheas

6.1. Breithniúcháin ghinearálta

109. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú agus scóráil a dhéanamh ar na riosca don chaipiteal atá sainaitheanta mar ábhar ábhartha don institiúid.
110. Is é cuspóir an teidil seo modheolaíochtaí comhchoiteanna a chur ar fáil atá le breithniú chun rioscaí aonair agus bainistíocht riosca agus rialuithe a mheas. Níl sé beartaithe go mbeadh sé uileghabhálach agus tugann sé deis d'údaráis inniúla critéir bhreise eile a d'fhéadfaí a mheas a bheith ábhartha bunaithe ar a dtaithí agus ar ghnéithe sonracha na hinstitiúide a chur san áireamh.
111. Soláthraíonn an teideal seo treoirlínte d'údaráis inniúla chun na rioscaí seo a leanas do chaipiteal a mheasúnú agus a scóráil:
- a. riosca creidmheasa agus contrapháirtí;
 - b. riosca margaidh;
 - c. riosca oibríochtúil;
 - d. riosca ráta úis ó ghníomhaíochtaí neamhthrádála (IRRBB).
112. Sainithnítear sa teideal freisin sraith fochatagóirí laistigh de gach catagóir riosca thuas, ar gá iad a chur san áireamh nuair a dhéantar rioscaí do chaipiteal a mheasúnú. Ag brath ar ábharthacht na bhfochatagóirí seo d'institiúid ar leith, is féidir iad a mheasúnú agus a scóráil ina n-aonar. Cuirtear liostaí neamh-uileghabhálacha d'fhochatagóirí do riosca creidmheasa, riosca margaidh, riosca oibríochtúil agus IRRBB i láthair in Aguisíní I-IV, liostaí ar cheart d'údaráis inniúla a bhreithniú, nuair is iomchuí.
113. Braitheann an cinneadh maidir le hábharthacht ar an mbreithiúnas maoirseachta. Mar sin féin, i gcás riosca iasachtaithe FX, i bhfianaise Mholadh BERS maidir le hiasachtú in airgeadraí eachtracha²⁷, ba cheart ábharthacht a chinneadh agus an tairseach seo a leanas á cur san áireamh: is ionann iasachtaí atá ainmnithe in airgeadra eachtrach d'iasachtaithe neamhfháilte agus 10 % ar a laghad de leabhar iasachta iomlán institiúide (iasachtaí iomlána do chorparáidí neamhairgeadais agus do theaghlaigh), i gcás inarb ionann leabhar iasachta iomlán den sórt sin agus 25 % ar a laghad de shócmhainní iomlána na hinstitiúide.

²⁷ Moladh ó Bhord Eorpach na Rioscaí Córasacha an 21 Meán Fómhair 2011 maidir le hiasachtú in airgeadraí iasachta (BERS/2011/1) (IO C 342, 22.11.2011, lch. 1).

114. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh freisin ar rioscaí eile a shainaitheann mar rioscaí ábhartha d'institiúid shonrach ach nach bhfuil liostaithe thuas (e.g. riosca pinsin, riosca clú, riosca straitéiseach agus gnó, riosca céim-isteach, comhchruinniú laistigh agus idir-riosca). D'fhéadfadh an méid seo a leanas cabhrú leis an bpróiseas aitheantais:
- a. tiomántóirí TREA;
 - b. rioscaí a shainaitheann in ICAAP na hinstiúide;
 - c. riosca a eascraíonn as samhail ghnó na hinstiúide (lena n-áirítear iad siúd a shainaitheann institiúidí eile a bhfuil samhail gnó chomhchosúil acu);
 - d. faisnéis a eascraíonn as faireachán ar phríomhtháscairí;
 - e. torthaí agus barúlacha ó thuarascálacha iniúchta inmheánaigh nó sheachtraigh;
 - f. moltaí agus treoirínte arna n-eisiúint ag an ÚBE, mar aon le rabhaidh agus moltaí arna n-eisiúint ag údaráis macrastuamachta nó BERS.
115. Ba cheart d'údaráis inniúla na gnéithe thuas a chur san áireamh freisin nuair a bhíonn déine a ngníomhaíochta maoirseachta á pleanáil acu maidir le measúnú ar riosca sonrach.
116. I gcás riosca creidmheasa, riosca margaidh agus riosca oibríochtúil, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh, inter alia, ar ghníomhartha dlíthiúla atá foilsithe ar leithligh ar shuíomh gréasáin ÚBE, mar a dtagraítear dóibh i mír 12, a bheith á gcomhlíonadh ag an institiúid. Mar sin féin, leathnaíonn na treoirínte seo raon feidhme an mheasúnaithe lastall de na ceanglais íosta sin chun ligean d'údaráis inniúla teacht ar thuairim chuimsitheach ar rioscaí don chaipiteal.
117. Agus rioscaí don chaipiteal á meas, ba cheart d'údaráis inniúla an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag riosca costais mhaoinithe a mheas de réir na modheolaíochta atá ar áireamh i dTeideal 8 agus féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngá atá le bearta chun an riosca sin a mhaolú.
118. Agus na modheolaíochtaí a shonraítear sa teideal seo á gcur i bhfeidhm acu, ba cheart d'údaráis inniúla táscairí cainníochtúla ábhartha agus méadrachtaí eile a shainaitheann, a d'fhéadfaí a úsáid freisin chun faireachán a dhéanamh ar phríomhtháscairí, mar a shonraítear i dTeideal 3 agus ba cheart dóibh beartas riosca inmheánacha institiúidí a bhreithniú, leis, nuair is iomchuí.
119. I gcás gach riosca ábhartha, ba cheart go ndéanfaidh údaráis inniúla na nithe seo a leanas a mheasúnú agus a léiriú sa scór riosca:
- a. riosca bunúsach (neamhchosaintí riosca);
 - b. cáilíocht agus éifeachtacht na bainistíochta agus na rialuithe riosca.
120. Léirítear an sreabhadh measúnaithe seo i bhfíor 2 thíos.



121. Agus a gcuid measúnuithe á ndéanamh acu, ba cheart d'údaráis inniúla úsáid a bhaint as gach foinse faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear tuairisciú rialála, méadracht agus tuarascálacha inmheánacha na hinstiúide (e.g. tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí, tuarascálacha bainistíochta riosca, faisnéis ón ICAAP), tuarascálacha cigireachta láithreán agus tuarascálacha seachtracha (e.g. cumarsáid na hinstiúide le hinfheisteoirí, gníomhaireachtaí rátála). Ba cheart d'údaráis inniúla dul i muinín tuairisciú ad hoc sa chás go bhfuil sé fíor-riachtanach agus comhréireach a gcúraimí maoirseachta a chur i gcrích, agus sa chás nach bhfuil an fhaisnéis dúblach nó ar fáil ar shlí eile, i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 104(2) den CRD. Cé go bhfuil sé beartaithe go mbeidh an measúnú sonrach d'institiúidí, ba cheart comparáid a dhéanamh le piaraí a mheas chun neamhchosaint ionchasach ar rioscaí ar chaipiteal a shainaithint. Chun críocha den sórt sin, ba cheart piaraí a shainiú ar bhonn an riosca agus ní gá go mbeidís ag teacht leis an méid atá sainaitheanta le haghaidh BMA nó anailísí eile.
122. Agus rioscaí don chaipiteal á meas, ba cheart d'údaráis inniúla meastóireacht a dhéanamh freisin ar chruinneas agus ar stuamacht ríomh na n-íoscheanglas cistí dílse chun cásanna a shainaithint ina bhféadfadh ríomhanna cistí dílse íosta an leibhéal riosca iarbhír a mheas faoina luach. Chuirfeadh an measúnú seo bonn ar fáil faoi chinneadh an P2R mar a fhoráiltear i Rannóg 7.2.3.
123. Ba cheart toradh an mheasúnaithe ar gach riosca ábhartha a léiriú in achoimre ar thorthaí a thugann míniú ar na príomhchúiseanna riosca, agus scór riosca, mar a shonraítear sna ranna seo a leanas.

6.2. Measúnú ar riosca creidmheasa agus contrapháirtí

6.2.1. Breithniúcháin ghinearálta

124. Agus an creat bainistíochta riosca creidmheasa á mheasúnú acu, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar na gníomhartha dlí a fhoilsítear ar leithligh ar shuíomh gréasáin an ÚBE, mar a dtagraítear dó i mír 12, a bheith á gcomhlíonadh ag an institiúid.
125. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar riosca creidmheasa a eascraíonn as neamhchosaintí uile an leabhair bhaincéireachta (lena n-áirítear ítimí lasmuigh den chlár

comhardaithe). Ba cheart dóibh measúnú a dhéanamh freisin ar an riosca creidmheasa contrapháirtí agus ar an riosca socraíochta a d'fhéadfadh teacht faoi leabhair bhaincéireachta agus trádála araon. D'fhonn measúnú den sórt sin a dhéanamh, ba cheart d'údaráis inniúla na comhpháirteanna go léir a chinneann caillteanais chreidmheasa ionchasacha a bhreithniú, agus go háirithe:

- a. an dóchúlacht go dtarlóidh eachtra chreidmheasa (i.e. mainneachtain), nó eachtraí creidmheasa comhghaolmhara, a bhaineann go príomha leis na hiasachtaithe agus lena gcumas oibleagáidí ábhartha a aisíoc;
- b. méid na neamhchosaintí atá faoi réir riosca creidmheasa;
- c. ráta aisghabhála na neamhchosaintí creidmheasa i gcás ina mainníonn iasachtaithe.

126. Ba cheart go gcuirfeadh údaráis inniúla san áireamh an fhéidearthacht go bhféadfadh na comhpháirteanna sin dul in olcas le himeacht ama agus dul in olcas i gcomparáid leis na torthaí a mbeifí ag súil leo.

127. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag rioscaí ESG ar an riosca creidmheasa dúchasach, chomh maith le leordhóthanacht na rialuithe riosca creidmheasa a bhaineann le rioscaí ESG, agus tús áite a thabhairt do rioscaí comhshaoil. Go háirithe, ba cheart d'údaráis inniúla rioscaí aistrithe comhshaoil agus rioscaí fisiceacha a mheas agus measúnú á dhéanamh acu ar riosca comhchruinnithe creidmheasa agus ar riosca eastáit réadaigh, agus nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh acu ar riosca creidmheasa i bpunanna sonracha nó in aicmí neamhchosanta a mheastar a bheith neamhchosanta go hábhartha ar rioscaí comhshaoil.

128. Ina theannta sin, ba cheart d'údaráis inniúla inniúla aird a thabhairt freisin ar an mbreithniú a thugtar do rioscaí ML/TF laistigh de chomhthéacs an phróisis deonaithe creidmheasa, lena n-áirítear an bhfuil córais agus rialuithe i bhfeidhm ag an institiúid chun a áirithiú gur ó fhoinsí dlísteanaacha atá na cistí a úsáidtear chun iasachtaí a aisíoc.

6.2.2. Measúnú ar riosca creidmheasa bunúsach

Foinsí ábhartha riosca creidmheasa a shainaithint

129. Ba cheart d'údaráis inniúla an anailís ar riosca creidmheasa a mheasúnú ó pheirspictíocht reatha agus ó pheirspictíocht réamhbhreathnaitheach araon, agus an anailís ar riosca creidmheasa na punainne reatha a chomhcheangal leis an measúnú ar straitéis riosca creidmheasa na hinstitiúide, inghlacthacht riosca agus teorainneacha riosca (a d'fhéadfadh a bheith mar chuid den mheasúnú straitéise níos leithne a rinneadh mar chuid den BMA). Ba cheart d'údaráis inniúla an difear a d'fhéadfadh na forbairtí maicreacnamaíocha a bhfuiltear ag súil leos, chomh maithe leis na forbairtí maicreacnamaíocha faoi strus, do na gnéithe sin.

130. Chun measúnú a dhéanamh ar riosca creidmheasa bunúsach institiúide, ba cheart d'údaráis inniúla a neamhchosaint ar riosca creidmheasa a shainaithint ar dtús. Chun é sin a bhaint amach agus chun a áirithiú go sainaithneofar go comhsheasmhach na foinsí riosca creidmheasa

a bhfuil an institiúid neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh an institiúid a bheith neamhchosanta orthu, ba cheart dóibh na foinsí faisnéise seo a leanas a mheas:

- a. teimpléid tuairiscithe rialála, amhail COREP agus FINREP, agus na haicmí ábhartha risíochta rialála á gcur san áireamh bunaithe ar chur chuige na hinstitiúide maidir le ceanglais cistí dílse (i.e. caighdeánaithe nó IRB);
- b. léargais a fuarthas ó mheasúnú ar ghnéithe eile den SREP (amhail an BMA) agus ó ghníomhaíochtaí maoirseachta a rinneadh roimhe sin;
- c. comparáidí idir seasamh na hinstitiúide lena piaraí, i gcás ina bhfuil a leithéid ar fáil. Go háirithe, i gcás institiúidí a úsáideann an cur chuige bunaithe ar rátálacha inmheánacha, ba cheart d'údaráis inniúla toradh an chleachtaidh tagarmharcála maoirseachta a rinneadh a mheas i gcomhréir le hAirteagal 78 de Threoir 2013/36/AE.

131. Ba cheart d'údaráis inniúla a measúnú a dhíriú go príomha ar na foinsí riosca creidmheasa is suntasaí a aithníodh, agus a dtábhacht don institiúid a mheas ó pheirspictíocht stuamachta. Chun an measúnú sin a sheoladh, ba cheart dóibh na gnéithe seo a leanas a bhreithniú:

- a. an straitéis agus an inghlacthacht riosca creidmheasa agus teorainneacha ábhartha;
- b. méid an luacha neamhchosanta i gcás na punainne i dtrácht, i gcomparáid le luach neamhchosanta iomlán na neamhchosaintí creidmheasa, agus a fás le himeacht ama san áireamh;
- c. méid an cheanglais cistí dílse le haghaidh riosca creidmheasa i gcás na punainn i dtrácht i gcomparáid leis an gceanglas iomlán cistí dílse, agus a fás le himeacht ama san áireamh;
- d. nuair is ábhartha, an caipiteal inmheánach a leithdháil an institiúid le haghaidh riosca creidmheasa don phunann i dtrácht, i gcomparáid leis an gcaipiteal inmheánach iomlán;
- e. comhdhéanamh agus cáilíocht ítimí creidmheasa laistigh agus lasmuigh de chlár comhardaithe na hinstitiúide sa phunann thuillmheach (lena n-áirítear neamhchostaint staonta) agus sa phunann neamhthuillmheach, lena n-áirítear leibhéal agus athrú le himeacht ama laguithe agus díscríobh agus rátaí mainneachtana na punainne creidmheasa.

132. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar ábharthacht an riosca i ndáil leis an bpunann reatha, agus le peirspictíocht stairiúil agus réamhbhreathnaitheach (athrú roimhe seo ar na figiúirí agus ar na réamhaisnéisí seo, nuair atá siad ar fáil).

133. Mar fhoinsé bhreise faisnéise maidir leis an measúnú ábharthachta, ba cheart d'údaráis inniúla – i gcás ina bhfuil siad ar fáil agus ina bhfuil sé iomchuí – na paraiméadair riosca creidmheasa inmheánacha a úsáideann an institiúid a chur san áireamh. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar a leordhóthanacht maidir le neamhchosaintí ar riosca creidmheasa a chainníochtú go cruinn thar phunanna éagsúla, agus aird ar leith á tabhairt ar fhianaise ón tuarascáil bhliantúil arna táirgeadh ag feidhm bhailíochtaithe na hinstitiúide, agus go sonrach ar thorthaí cultástála – is é sin, comparáid a dhéanamh idir paraiméadair bhunaithe agus torthaí breathnaithe arna ndéanamh ag an institiúid. Ba cheart d'údaráis inniúla béim a chur ar phunanna ina bhfuil na paraiméadair mheasta tar éis na torthaí breathnóireachta a mheas faoina luach.

134. Ba cheart d'údaráis inniúla torthaí tástálacha struis a chur san áireamh, leis, tástálacha a rinne an institiúid chun aon fhoinsí riosca creidmheasa nár aithníodh roimhe seo a shainaithe, amhail na cinn sin a d'eascair as athruithe ar cháilíocht chreidmheasa, comhchruinnithe creidmheasa, luach comhthaobhachta agus neamhchosaint ar chreidmheas le linn tréimhse struis.

135. Bunaithe ar an measúnú ábharthachta a rinneadh sna míreanna roimhe seo, chomh maith le méid agus castacht riosca creidmheasa agus phunann creidmheasa na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla an leibhéal cuí mionsonraí maidir leis an measúnú a roghnú.

Cineál, méid agus comhdhéanamh phunann creidmheasa na hinstitiúide (míreanna a bhaineann le creidmheas laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe)

136. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chineál na neamhchosaintí creidmheasa (i.e. na cineálacha iasachtaithe agus neamhchosaintí) anailís a dhéanamh ar chomhdhéanamh phunann creidmheasa na hinstitiúide. Agus an measúnú seo á dhéanamh, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas, leis, an difear a d'fhéadfadh cineál na neamhchosanta ar riosca creidmheasa a dhéanamh do mhéid na neamhchosainta (e.g. línte creidmheasa/gealltanais neamhtharraingthe arna dtarraingt anuas ag iasachtaithe, ainmníocht airgeadra eachtraigh, etc.), agus acmhainneacht dhlíthiúil na hinstitiúide chun méideanna neamhtharraingthe saoráidí creidmheasa tiomanta a chealú go haontaobhach á cur san áireamh.

137. Chun cineál an riosca creidmheasa a mheasúnú, ba cheart d'údaráis inniúla na fochatagóirí riosca creidmheasa seo a leanas ar a laghad a mheas trí mheasúnú níos mionsonraithe a dhéanamh ar na fochatagóirí sin a mheastar is ábhartha don institiúid²⁸:

- a. riosca comhchruinnithe creidmheasa;
- b. riosca creidmheasa contrapháirtí agus riosca socraíochta agus seachadta;
- c. riosca tíre;
- d. riosca creidmheasa ó urrúsuithe;
- e. riosca iasachta FX;
- f. riosca eastáit réadaigh;
- g. riosca cothromais sa leabhar baincéireachta;
- h. riosca caolúcháin;
- i. riosca eiseamláireach do shamhlacha ceadaithe rialála.

138. I gcás ina meastar neamhchosaintí speisialaithe iasachtaithe a bheith ábhartha, ba cheart d'údaráis inniúla neamhchosaintí den sórt sin a mheasúnú ar leithligh ó ghníomhaíochtaí iasachtaithe eile ós rud é go luíonn riosca na neamhchosaintí sin i mbrabúsacht na sócmhainne nó an tionscadail arna maoiniú (e.g. eastát réadach tráchtála, gléasra fuinnimh, loingeas,

²⁸Féach larscríbhinn I le haghaidh miondealú neamh-uileghabhálach ar fhochatagóirí riosca creidmheasa agus tuilleadh sonraí maidir lena measúnú.

tráchtearra) seachas san iasachtaí (ar feithicil sainchuspóireach é de ghnáth). Agus an measúnú seo á dhéanamh acu, ba cheart d'údaráis inniúla na nithe seo a leanas a bhreithniú:

- a. brabúsacht na dtionscadal agus coimeádacht na dtoimhdí is bun leis na pleananna gnó (lena n-áirítear riosca creidmheasa na bpríomhchustaiméirí);
- b. tionchar na n-athruithe ar rialáil, go háirithe i gcás earnálacha fóirdheonaithe, ar shreafaí airgid amach anseo;
- c. tionchar éileamh athraitheach an mhargaidh, i gcás inarb ábhartha, agus margadh a bheith ann chun an réad a mhaoinítear a dhíol amach anseo;
- d. siondacáit nó iasachtóirí eile a roinneann an riosca creidmheasa a bheith ann;
- e. aon chineál ráthaíochta atá curtha i ngeall ag na hurraitheoirí;
- f. an méadú féideartha ar an riosca comhchruinnithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na gníomhaíochtaí seo.

Cáilíocht chreidmheasa punainne

139. Agus cáilíocht chreidmheasa punainne á measúnú, ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar leordhóthanacht aicmiú na neamhchosaintí creidmheasa agus measúnú a dhéanamh ar thionchar an mhí-aicmithe ionchasaigh, agus an mhoill ina dhiaidh sin ar sholáthar agus ar aithint na gcaillteanas ag an institiúid.
140. Ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh chun idirdhealú a dhéanamh idir catagóirí tuillmheacha, neamhthuillmheacha agus neamhchosanta staonta, agus líon na n-oibleagáideoirí agus na méideanna ábhartha á gcur san áireamh. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an gcáilíocht chreidmheasa fhoriomlán ar leibhéal na punainne agus ar na gráid cháilíochta éagsúla laistigh de gach ceann de na catagóirí thuas chun riosca creidmheasa foriomlán na hinstitiúide a chinneadh. Mar chuid den mheasúnú seo ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh ar riosca mainneachtana agus imirce de réir aicmí na neamhchosanta, agus treochtaí sa cháilíocht chreidmheasa le himeacht ama á gcur san áireamh, agus ba cheart dóibh a mheas an bhfuil an cháilíocht chreidmheasa iarbhir comhsheasmhach leis an inghlacthacht riosca sonraithe, agus cúiseanna a bhunú le haon chlaonadh uaithe.
141. Ba cheart go mbeadh measúnú foriomlán ar thimthriall creidmheasa na hinstitiúide ó cheann go ceann mar thoradh air sin, ó thionscnamh trí fhaireachán agus bainistiú a dhéanamh ar gach catagóir neamhchosanta. Agus an anailís sin á déanamh, ba cheart d'údaráis inniúla piarchomparáidí agus punanna tagarmharcála a úsáid (i.e. punanna iasachtaithe is coiteann do ghrúpaí institiúidí) i gcás inarb iomchuí agus inar féidir. Ba cheart an anailís seo a dhéanamh agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh:
 - a. táscairí cáilíochta sócmhainní, treochtaí stairiúla agus rátaí fáis de réir cineálacha iasachtaithe, earnálacha agus táirgí, dáileadh grád creidmheasa na n-iasachtaithe, rátaí aistrithe stairiúla trasna na ngrád creidmheasa, rátaí iasachtaí atá thar téarma agus rátaí mainneachtana do thréimsí éagsúla ama;

b. na rátaí agus an clúdach neamhthuillmheach in aghaidh na punainne, na hearnála, na tíreolaíochta agus na n-athruithe le himeacht ama, agus na hinsreafaí/na heis-sreafaí ábhartha ó gach punann ábhartha á gcur san áireamh freisin, dáileadh na neamhchosaintí thar aicmí neamhchosaintí neamhthuillmheacha (i.e. thar téarma, amhrasach), leibhéal agus athrú laguithe agus díscríobh le himeacht ama do gach tiomántóir ábhartha, rátaí téarnaimh stairiúla agus fad an phróisis aisghabhála, sócmhainní foriata agus athruithe le himeacht ama, chomh maith leis an am ó aicmíodh neamhchosaintí mar neamhchosaintí neamhthuillmheacha.

142. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas an bhfuil leibhéal na bhforálacha caillteanais iasachta agus na gcoigeartuithe luachála creidmheasa iomchuí maidir le cáilíocht na neamhchosaintí agus, i gcás inarb ábhartha, maidir le leibhéal na comhthaobhachta, go háirithe measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil leibhéal na bhforálacha caillteanais iasachta comhsheasmhach le leibhéal an riosca i bpunanna éagsúla, le himeacht ama agus i gcomparáid le píaraí ábhartha na hinstiúide chomh maith le forbairtí maicreacnamaíocha ábhartha agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn na coigeartuithe luachála creidmheasa ar luachanna margaidh díorthach acmhainneacht creidmheasa na gcontrapháirtithe ábhartha. I gcás ina meastar gur gá, ba cheart d'údaráis inniúla úsáid a bhaint as cigireachtaí ar an láthair nó as gníomhaíochtaí maoirseachta iomchuí eile chun a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil leibhéal an tsoláthair do chaillteanais iasachtaí agus clúdach riosca leordhóthanach, trí shampla iasachtaí a mheasúnú, mar shampla. Agus a leithéid de mheasúnú á dhéanamh acu, ba cheart d'údaráis inniúla aon torthaí a tharraing na iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha anuas a bhreithniú, leis, má tá siad ar fáil.

143. Agus riosca creidmheasa bunúsach instiúide á meas, ba cheart d'údaráis inniúla torthaí na dtástálacha struis a rinne an instiúid chun aon fhoinsí riosca creidmheasa nár aithníodh roimhe seo a shainaithint a chur san áireamh, amhail na cinn sin a d'eascair as athruithe ar cháilíocht chreidmheasa, comhchruinnithe creidmheasa, luach comhthaobhachta agus neamhchosaint ar chreidmheas le linn tréimhse struis.

Leibhéal agus caighdeán an chreata mhaolaithe riosca creidmheasa

144. Ba cheart d'údaráis inniúla leibhéal agus cáilíocht na ráthaíochtaí (lena n-áirítear díorthaigh chreidmheasa) agus na comhthaobhachta atá ar fáil a mhaolódh caillteanais chreidmheasa i gcás ina dtarlaíonn teagmhais chreidmheasa a bhreithniú, lena n-áirítear iad sin nach nglactar leo mar theicnící maolaithe riosca creidmheasa incháilithe le haghaidh ríomh cistí dílse. Agus measúnú den sórt sin á dhéanamh acu, ba cheart d'údaráis inniúla na nithe seo a leanas a bhreithniú:

- a. an clúdach a chuirtear ar fáil trí chomhthaobhacht agus ráthaíochtaí de réir punainne, cineál iasachtaí, rátáil, earnála agus gnéithe ábhartha eile;
- b. luachanna comhthaobhachta, le haghaidh neamhchosaintí tuillmheacha agus neamhthuillmheacha;

c. cóimheasa aisghabhála stairiúla de réir cineáil agus méid na comhthaobhachta agus na ráthaíochtaí;

145. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh freisin ar ábharthacht an riosca iarmhairtigh (mar a dtagraítear dó in Airteagal 80 de Threoir 2013/36/AE) agus go háirithe ar leordhóthanacht agus infheidhmitheacht comhaontuithe comhthaobhachta agus ráthaíochtaí, ar an amú agus ar an gcumas comhthaobhacht a réadú agus ráthaíochtaí a fhorghníomhú faoin gcreat dlíthiúil náisiúnta, ar leachtacht agus luaineacht luachanna sócmhainní mar chomhthaobhacht agus ar luach inaisghabhála na comhthaobhachta faoi aon ghníomhaíochtaí forfheidhmithe creidmheasa. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh freisin ar chomhchruinniú na ráthóirí agus na comhthaobhachta, mar aon leis an gcomhghaol le hacmhainneacht creidmheasa na n-iasachtaithe (i.e. riosca mícheart) agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh éifeachtacht na cosanta de.

Fachtóirí ESG

146. Agus measúnú á dhéanamh acu ar thionchar rioscaí ESG agus rioscaí comhshaoil, go háirithe ar an riosca creidmheasa bunúsach, ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag údaráis inniúla saintréithe sonracha na rioscaí sin a chur san áireamh amhail a gcineál réamhbhreathnaitheach agus tionchair ar leith thar thréimhsí éagsúla, agus na héiginnteachtaí a bhaineann le réamh-mheastacháin fhadtéarmacha á n-áithint ag an am céanna agus a gcumas á fhorbairt chun na saintréithe sin a chur san áireamh ina measúnú.

6.2.3. Measúnú ar chreat bainistithe riosca creidmheasa agus rialaithe

147. Chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar phróifíl riosca creidmheasa na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar chreat bainistíochta agus rialaithe riosca creidmheasa na hinstitiúide agus ar a leordhóthanacht maidir leis na neamhchosaintí ar riosca creidmheasa bunúsach. Maidir leis an measúnú seo, ba cheart d'údaráis inniúla brath freisin ar an toradh a thagann ón measúnú ar ghnéithe eile den SREP (amhail an BMA agus réimsí rialachais). I gcás na n-institiúidí atá faoi réir chur i bhfeidhm straitéisí NPE (laghdú) agus na teorach gaolmhaire rialachais agus oibríochtúla, ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú freisin an gcomhlíonann institiúidí ceanglais shonracha a leagtar amach sna treoirlínte ÚBE ábhartha maidir le straitéisí den sórt sin agus a n-oibriú, lena n-áirítear maidir le hoibleagáidí cosanta tomhaltóirí a chomhlíonadh.

Straitéis agus inghlacthacht riosca creidmheasa

148. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú an bhfuil inghlacthacht, straitéis agus teorainneacha riosca creidmheasa, atá leagtha amach agus doiciméadaithe go soiléir agus atá ceadaithe ag an gcomhlacht bainistíochta, ag an institiúid. Maidir leis an measúnú seo, i measc fachtóirí eile, ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt ar ról an chomhlachta bainistíochta maidir le straitéis agus inghlacthacht riosca creidmheasa a leagan síos, a cheadú agus a athbhreithniú, ar chur i bhfeidhm cuí na straitéise seo ag an ardbhainistíocht, chomh maith lena hoiriúnacht

don institiúid i bhfianaise a samhla gnó, a hinghlacthacht riosca fhoriomlán, an timpeallacht mhargaidh reatha agus ionchasach, agus a riocht airgeadais.

Creat rialaithe eagraíochtúil agus inmheánach

149. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh cibé acu atá nó nach bhfuil creat eagraíochtúil iomchuí agus socruithe rialachais iomchuí ag an institiúid le gur féidir riosca creidmheasa a ghlacadh go héifeachtach, a bhainistiú, a thomhas agus a rialú, agus a bhfuil nó nach bhfuil dóthain acmhainní daonna agus teicniúla (idir cháilíochtúil agus chainníochtúil) aici chun na tascanna is gá a chur i gcrích. Ba cheart dóibh go háirithe measúnú a dhéanamh ar cibé an dtuigeann nó nach dtuigeann comhlacht bainistíochta na hinstitiúide agus an ardbhainistíocht na boinn tuisceana atá mar bhonn leis an gcóras tomhais creidmheasa. Maidir leis an measúnú seo, ba cheart d'údaráis inniúla leordhóthanacht na línte freagrachta, chomh maith le scileanna agus taithí na foirne chun a gcuid cúraimí a chomhlíonadh, maidir le riosca creidmheasa a ghlacadh, a thomhas, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú a chur san áireamh, lena n-áirítear bainistiú NPEanna, agus go háirithe oibriú amach NPEanna, agus ar deireadh, an bhfuil scaradh soiléir ann idir glacadóirí riosca agus bainisteoirí riosca.
150. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil beartais agus nósanna imeachta cuí ag an institiúid chun riosca creidmheasa a dheonú, a aithint, a thomhas, a thuairisciú agus a rialú, agus an bhfuil siad seo ag teacht le straitéis riosca creidmheasa na hinstitiúide agus an gclúdaíonn siad na príomhghnóthaí agus na príomhphróisis go léir. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil na beartais sin curtha ar bhonn foirmiúil agus curtha in iúl go soiléir agus curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na hinstitiúide agus ar fud an ghrúpa baincíreachta lena mbaineann siad. Maidir leis an measúnú seo, ba cheart d'údaráis inniúla cibé an bhfaomhaíonn nó nach bhfaomhaíonn an comhlacht bainistíochta na beartais seo a chur san áireamh agus cibé an bpléann agus an ndéanann sé athbhreithniú orthu go rialta, i gcomhréir le straitéisí riosca, chomh maith le cibé acu atá nó nach bhfuil an ardbhainistíocht freagrach as na beartais agus na nósanna imeachta a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm, mar a shainmhíníonn an comhlacht bainistíochta iad.
151. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil creat oiriúnach ag an institiúid chun riosca creidmheasa a aithint, a thuiscint, a thomhas, faireachán a dhéanamh air agus é a thuairisciú, i gcomhréir le méid agus castacht na hinstitiúide. Maidir leis seo, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil bonneagar sonraí leordhóthanach ag an institiúid agus an bhfuil nó nach bhfuil teicnící anailíseacha oiriúnach chun cur ar chumas na hinstitiúide a riosca creidmheasa a bhainistiú go leordhóthanach, chun ceanglais tuairiscithe maoirseachta a chomhlíonadh, agus chun an riosca creidmheasa bunúsach i ngach gníomhaíocht ar an gclár comhardaithe agus lasmuigh de a bhrath, a thomhas agus faireachán rialta a dhéanamh orthu (i gcás inarbh ábhartha ar leibhéal an ghrúpa).
152. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé an dtuigeann nó nach dtuigeann comhlacht bainistíochta na hinstitiúide agus lucht na hard bhainistíochta na toimhdí is bun leis

an gcóras tomhais creidmheasa agus cibé an eol nó nach eol dóibh méid an riosca ábhartha sa tsamhail. Ba cheart dóibh measúnú a dhéanamh ar cibé an ndearna nó nach ndearna an institiúid tástáil struis chun tionchar na n-imeachtaí díobhálacha ar a neamhchosaintí ar riosca creidmheasa agus ar leordhóthanacht a soláthairtí do riosca creidmheasa a thuiscint, trí bhreithniú a dhéanamh ar mhinicíocht na tástála struis, ar na fachtóirí riosca ábhartha a aithníodh, ar na toimhdí atá mar bhunús leis an gcás struis; agus ar an úsáid inmheánach a bhaintear as torthaí na tástála struis le haghaidh pleanáil caipitil agus straitéisí riosca creidmheasa.

153. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil faireachán leanúnach agus éifeachtach ar neamhchosaintí ar riosca creidmheasa (lena n-áirítear comhchruinniú creidmheasa) sainithe agus curtha i bhfeidhm ag an institiúid ar fud na hinstitiúide, i measc nithe eile, trí bhithin táscairí sonracha agus trucear ábhartha chun foláirimh éifeachtacha luathrabhaidh a sholáthar. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil tuairisciú rialta ar neamhchosaintí ar riosca creidmheasa curtha i bhfeidhm ag an institiúid, lena n-áirítear toradh na tástála struis, chuig an gcomhlacht bainistíochta, chuig an ardbhainistíocht agus chuig na bainisteoirí ábhartha riosca creidmheasa.
154. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil creat rialaithe láidir cuimsitheach ag an institiúid agus cosaintí fóna chun a riosca margaidh a mhaolú i gcomhréir lena straitéis bainistithe riosca margaidh agus lena inghlacthacht riosca. Maidir leis an measúnú seo, ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar an raon feidhme leordhóthanach a chlúdaíonn feidhmeanna rialaithe na hinstitiúide (lena n-áirítear gach eintiteas comhdhlúite, suíomhanna geografacha agus gníomhaíochtaí creidmheasa), ar theorainneacha oibriúcháin agus cleachtais eile a bheith ann atá dírithe ar neamhchosaintí ar riosca creidmheasa a choinneáil laistigh de leibhéil atá inghlactha ag an institiúid i gcomhréir lena hinghlacthacht riosca agus lena teorainneacha. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar cibé acu atá nó nach bhfuil rialuithe agus cleachtais inmheánacha chuí ag an institiúid chun a chinntiú go dtuairiscítear sáruithe ar (nó eisceachtaí ó) bheartais, nósanna imeachta agus teorainneacha go tráthúil don leibhéal cuí bainistíochta le haghaidh gníomhaíochta, lena n-áirítear seiceálacha chun rioscaí ML/TF a bhfuil an institiúid neamhchosanta orthu de bharr na ngníomhaíochtaí deonaithe creidmheasa a aithint, a mheas agus a bhainistiú.
155. Agus an measúnú seo á dhéanamh acu, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil an córas teorann leordhóthanach do chastacht na hinstitiúide agus dá cumas riosca creidmheasa a thomhas agus a bhainistiú. Áirítear leis seo measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na teorainneacha atá leagtha síos absalóideach nó an bhféadfar iad a shárú. Sa chás deiridh sin, ba cheart go ndéanfaí cur síos soiléir i mbeartais na hinstitiúide ar an tréimhse ama ar lena linn agus ar na himthosca sonracha faoinar féidir sáruithe teorainneacha den sórt sin a dhéanamh. Ina theannta sin, ba cheart d'údaráis inniúla leordhóthanacht na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun bainisteoirí creidmheasa a choinneáil ar an eolas faoina dteorainneacha a mheasúnú, chomh maith le cibé acu atá nó nach bhfuil teorainneacha den

sórt sin faoi réir athbhreithniú agus nuashonruithe rialta (e.g. a bheith ailínithe le hathruithe sa straitéis).

156. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh freisin ar fheidhmiúlacht na feidhme iniúcháireachta inmheánaí maidir le leordhóthanacht, raon feidhme agus minicíocht na n-iniúchtaí inmheánacha ar an gcreat bainistíochta riosca creidmheasa. Ba cheart go gclúdódh na hiniúchtaí seo athbhreithniú ar phríomhghnéithe an chreata bainistíochta riosca creidmheasa, tomhais agus rialuithe ar fud na hinstiúide, agus ar cibé an gcloítear nó nach gcloítear le rialacháin sheachtracha ábhartha i leith na mbeartas agus na nósanna imeachta inmheánacha, agus aon chlaonadh uathu.
157. Maidir le hinstiúidí a ghlacann cur chuige bunaithe ar rátáil inmheánach chun íoscheanglais cistí dílse a chinneadh maidir le riosca creidmheasa, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas freisin cibé acu atá nó nach bhfuil an próiseas bailíochtaithe inmheánach fóna agus éifeachtach maidir le dúshlán a chur faoi thiomhdí samhla agus aon easnamh féideartha ar an gcóras bainistíochta riosca creidmheasa a shainaithint. Ba cheart go mbeadh an measúnú sin bunaithe – sa chás go bhfuil sí ar fáil – ar an bhfaisnéis a eascraíonn as gníomhaíochtaí maoirseachta a rinneadh cheana féin ar shamhlacha inmheánacha (amhail cigireachtaí ar an láthair) agus na cleachtais mhaoirseachta a shonraítear i lámhleabhar Maoirseachta an ÚBE maidir le bailíochtú córas inmheánach bunaithe ar rátálacha á gcur san áireamh²⁹.

6.2.4. Achoimre ar thorthaí, scóráil agus bearta maoirseachta

158. Tar éis an mheasúnaithe thuas, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le riosca creidmheasa agus contrapháirtí na hinstiúide. Ba cheart go mbeadh eolas maidir leis an tuairim seo le fáil in achoimre ar thorthaí, mar aon le scór riosca bunaithe ar na breithniúcháin atá sonraithe i dTábla 6. Más rud é, bunaithe ar ábharthacht fochatagóirí riosca áirithe, go gcinntfidh an t-údarás inniúil iad a mheasúnú agus a scóráil ina n-aonar, ba cheart an treoir a sholáthraítear sa tábla seo a chur i bhfeidhm, a mhéid is féidir, de réir analaí.

Tábla 6 Breithniúcháin mhaoirseachta maidir le scór a shannadh do riosca creidmheasa agus contrapháirtí

Scór riosca	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach	Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha
1	Tá riosca íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an instiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	<ul style="list-style-type: none"> Tugann nádúr agus comhdhéanamh na neamhchosanta ar riosca creidmheasa riosca neamhábhhartha/riosca an-íseal le tuiscint. Tá an neamhchosaint ar tháirgí agus idirbhearta casta neamhábhhartha/an-íseal. Tá leibhéal an riosca comhchruinnithe creidmheasa neamhábhhartha/an-íseal. 	<ul style="list-style-type: none"> Tá bainistiú riosca agus rialuithe riosca leordhóthanach i ndáil leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoirínte ábhartha an ÚBE. Tá comhsheasmhacht idir beartas agus straitéis riosca creidmheasa na hinstiúide agus a straitéis iomlán agus a hinghlacthacht riosca. Tá an creat eagraíochtúil don riosca margaidh láidir agus tá

²⁹ ÚBE/REP/2023/29.

Scór riosca	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach	Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha
		<ul style="list-style-type: none"> Tá leibhéal na neamhchosaintí staonta agus neamhthuillmheacha neamhábharta/an-íseal. Tá an riosca creidmheasa a bhaineann le neamhchosaintí tuillmheacha neamhábharta/an-íseal. Tá tionchar rioscaí ESG, go háirithe rioscaí an aistrithe chomhshaoil agus rioscaí fisiciúla, ar an riosca creidmheasa neamhábharta/an-íseal. Tá leibhéal clúdaigh na bhforálacha agus na gcoigeartuithe luachála creidmheasa leordhóthanach agus iontaofa go leibhéal an-ard cinnteachta. Tá leibhéal clúdaigh agus cáilíocht na ráthaíochtaí agus na comhthaobhachta an-ard. 	<p>freagrachtaí soiléire ann agus deighilt shoiléir déanta idir na glacadóirí riosca agus na feidhmeanna bainistíochta agus rialaithe.</p> <ul style="list-style-type: none"> Tá córais tomhas riosca creidmheasa, faireacháin agus tuairiscithe oiriúnach. Tá teorainneacha inmheánacha agus an creat rialaithe le haghaidh riosca creidmheasa fóna. Tá teorainneacha lena gceadaítear an riosca creidmheasa a mhaolú nó a theorannú i gcomhréir le straitéis bainistíochta riosca creidmheasa agus inghlactacht riosca na hinstitiúide. Tá rioscaí ESG, go háirithe rioscaí an aistrithe chomhshaoil agus rioscaí fisiceacha, comhtháite i gceart i mbainistíocht agus i rialuithe an riosca chreidmheasa.
2	Tá riosca meánach-íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	<ul style="list-style-type: none"> Tugann cineál agus comhdhéanamh na neamhchosanta ar riosca creidmheasa riosca idir meánach agus ard le tuiscint. Tá an neamhchosaint ar tháirgí agus idirbhearta casta idir íseal agus meánach. Tá leibhéal an riosca comhchruinnithe creidmheasa idir íseal agus meánach. Tá leibhéal na neamhchosaintí staonta agus neamhthuillmheacha idir íseal agus meánach. Tá an riosca creidmheasa a bhaineann le neamhchosaintí tuillmheacha idir íseal agus meánach. Tá an tionchar atá ag rioscaí ESG, go háirithe rioscaí an aistrithe chomhshaoil agus rioscaí fisiciúla, ar an riosca creidmheasa íseal go meánach. Tá leibhéal clúdaigh na bhforálacha agus na gcoigeartuithe luachála creidmheasa leordhóthanach 	

Scór riosca	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach	Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha
		<p>agus iontaofa go hardleibhéal cinnteachta.</p> <ul style="list-style-type: none"> Tá leibhéal clúdaigh agus cáilíocht na ráthaíochtaí agus na comhthaobhachta ard. 	
3	Tá riosca idir meánach agus ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	<ul style="list-style-type: none"> Tugann cineál agus comhdhéanamh na neamhchosanta ar riosca creidmheasa riosca idir meánach agus ard le tuiscint. Tá an neamhchosaint ar tháirgí agus idirbhearta casta idir meánach agus ard. Tá leibhéal an riosca comhchruinnithe creidmheasa idir meánach agus ard. Tá leibhéal na neamhchosaintí staonta agus neamhthuillmheacha idir meánach agus ard. Tá an riosca creidmheasa a chruthaítear le neamhchosaintí tuillmheacha idir meánach agus ard agus faoi réir tuilleadh meathlaithe faoi choinníollacha struis. Tá an tionchar atá ag rioscaí ESG, go háirithe rioscaí an aistrithe chomhshaoil agus rioscaí fisiciúla, ar an riosca creidmheasa meánach go hard. Tá leibhéal clúdaigh na bhforálacha agus na gcoigeartuithe luachála creidmheasa meánach. Tá leibhéal clúdaigh agus cáilíocht na ráthaíochtaí agus na comhthaobhachta meánach. 	<ul style="list-style-type: none"> Níl an bhainistíocht riosca agus na rialuithe comhlíontach i leith na gceanglas atá leagtha amach i dTreoirínte ábhartha ÚBE. Tá easpa comhsheasmhachta idir beartas agus straitéis riosca creidmheasa na hinstitiúide agus a straitéis foriomlán agus a inghlachtacht riosca. Níl an creat eagraíochtúil do riosca creidmheasa sách stuama; níl aon deighilt shoiléir déanta idir cúraimí glacadóirí riosca agus feidhmeanna bainistíochta agus rialaithe. Níl na córais tomhais riosca creidmheasa, faireacháin agus tuairiscithe oiriúnach. Níl teorainneacha inmheánacha agus an creat rialaithe le haghaidh riosca creidmheasa sách fóna. Níl teorainneacha lena gceadaítear an riosca creidmheasa a mhaolú nó a theorannú i gcomhréir le straitéis bainistíochta riosca creidmheasa agus inghlachtacht riosca na hinstitiúide.
4	Tá riosca ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	<ul style="list-style-type: none"> Tugann cineál agus comhdhéanamh na neamhchosanta ar riosca creidmheasa riosca ard le tuiscint. Tá an neamhchosaint ar tháirgí agus idirbhearta casta ard. Tá leibhéal an riosca comhchruinnithe creidmheasa ard. 	<ul style="list-style-type: none"> Níl rioscaí ESG, go háirithe rioscaí an aistrithe chomhshaoil agus na rioscaí fisiciúla, comhtháite a ndóthain i mbainistíocht agus i rialuithe an riosca creidmheasa.

Scór riosca	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach	Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha
		<ul style="list-style-type: none"> Tá leibhéal na neamhchosaintí saonta agus neamhthuillmheacha ard. Tá an riosca creidmheasa a chruthaítear le neamhchosaintí tuillmheacha ard. Tá an tionchar a bhíonn ag rioscaí ESG, go háirithe rioscaí an aistrithe chomhshaoil agus rioscaí fisiciúla, ar an riosca creidmheasa ard. Tá leibhéal clúdaigh forálacha agus coigeartuithe luachála creidmheasa íseal. Tá leibhéal clúdaigh agus cáilíocht na ráthaíochtaí agus na comhthaobhachta íseal. 	

159. Cuirtear liosta neamh-uileghabhálach de bhearta maoirseachta, a fhéadfaidh údaráis inniúla a chur i bhfeidhm i gcás easnamh a aithníodh i gcreat bainistíochta riosca creidmheasa agus riosca comhpháirtí na hinstitiúide, i láthair sa tábla thíos. Ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le cineál an bhirt bunaithe ar a éifeachtacht i leith an easnaimh shonraigh aitheanta. Féadfaidh údaráis inniúla bearta maoirseachta breise (lena n-áirítear bearta cainníochtúla i gcomhréir le hAirteagal 104(1)(a) den Treoir 2013/36/AE) nó teaglaím díobh a chur i bhfeidhm más é an tuairim atá ann go bhfuil siad níos oiriúnaí chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh a aithníodh.

Tábla 7. Bearta maoirseachta féideartha neamh-uileghabhálacha maidir le riosca creidmheasa agus riosca contrapháirtí

Bearta maoirseachta féideartha d'údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 104(1)(b), (d), (e), (f), (j), (l), (m), (n) den Treoir 2013/36/AE – Féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar an institiúid:
A. rannpháirtíocht níos gníomhaí a bheith ag an gcomhlacht bainistíochta nó a choistí i gcinntí creidmheasa ábhartha;
B. córais tomhais riosca creidmheasa a fheabhsú;
C. rialuithe ar phróisis chreidmheasa a fheabhsú, lena n-áirítear deonú creidmheasa, faireachán agus téarnamh;
D. feabhas a chur ar bhainistíocht, ar mheasúnú agus ar faireachán comhthaobhachta;
E. feabhas a chur ar cháilíocht agus ar mhiniúocht an tuairiscithe ar riosca creidmheasa don chomhlacht bainistíochta agus don ardbhainistíocht;
F. beartas sonrach soláthair a chur i bhfeidhm, agus – i gcás ina gceadaítear sin le rialacha agus rialacháin chuntasaíochta – a cheangal air forálacha a mhéadú;
G. paraiméadair riosca inmheánaigh agus/nó ualaí riosca a úsáidtear chun méideanna na neamhchosanta ar riosca a ríomh do tháirgí, earnálacha nó cineálacha oibleagáideoirí sonracha a choigeartú;
H. caolchorrúlaigh níos airde a chur i bhfeidhm ar luach na comhthaobhachta;
I. neamhchosaintí móra nó foinsí eile riosca comhchruinnithe creidmheasa a laghdú;
J. critéir dheonaithe creidmheasa a dhéanamh níos doichte le haghaidh gach catagóir táirge nó oibleagáideora nó le haghaidh roinnt catagóirí táirge nó oibleagáideora;
K. a neamhchosaint ar chineálacha sonracha saoráidí a laghdú nó cosaint a fháil dóibh (e.g. morgáistí, airgeadas onnmhairiúcháin, eastát réadach tráchtála, urrúis, etc.), catagóirí oibleagáideoirí, earnálacha, tíortha, etc.;

Bearta maoirseachta féideartha d'údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 104(1)(b), (d), (e), (f), (j), (l), (m), (n) den Treoir 2013/36/AE – Féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar an institiúid:

L. straitéis iomchuí a chur i bhfeidhm chun méid nó sciar na neamhchosanta neamhthuillmhí a laghdú.

M. cur le bainistíocht riosca creidmheasa a bhaineann le rioscaí ESG, go háirithe rioscaí comhshaoil, bunaithe go féideartha ar ghníomh amháin nó níos mó de na cinn atá liostaithe thuas.

6.3. Measúnú ar riosca margaidh

6.3.1. Breithniúcháin ghinearálta

160. Agus an creat bainistíochta riosca margaidh á mheas, ba cheart d'údaráis inniúla, i measc nithe eile, measúnú a dhéanamh ar ghníomhartha dlí a fhoilsítear ar leithligh ar shuíomh gréasáin an ÚBE, mar a dtagraítear dó i mír 12, a bheith á gcomhlíonadh ag an institiúid.
161. Sna treoirilínte seo, cuimseofar sna tagairtí do 'riosca margaidh' na rioscaí seo a leanas go léir, ar cheart d'údaráis inniúla iad a mheasúnú:
- a. an riosca margaidh a eascraíonn as gach suíomh laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe atá faoi réir caillteanas a eascraíonn as gluaiseachtaí i bpraghsanna margaidh, i.e. rioscaí i suíomhanna leabhair trádála chomh maith leis an riosca malairte eachtraí agus tráchtarraí sa leabhar neamhthrádála;
 - b. an riosca caillteanas a eascraíonn as athruithe ar mhéideanna CVA mar fhreagra ar athruithe ar raonta creidmheasa contrapháirtí agus/nó ar phraghsanna an mhargaidh, a théann i bhfeidhm ar chothromluach idirbheart díorthach agus, más infheidhme, idirbheart maoinithe urrúis (SFTanna);
 - c. an riosca a bhaineann le luacháil ionstraimí ar luach cóir de réir bhrí Airteagal 105 de Rialachán (AE) 575/2013.
162. Féadfaidh údaráis inniúla anailís nach bhfuil chomh gráinneach sin a dhéanamh ar institiúidí a chomhlíonann coinníollacha an mhionleabhair trádála mar a leagtar amach in Airteagal 94 de Rialachán (AE) 575/2013 iad. I gcás institiúidí a bhfuil neamhchosaintí neamhábhartha acu, ba cheart an measúnú a dhíriú ar leordhóthanacht an struchtúir bainistíochta riosca agus rialachais agus ar cháilíocht agus éifeachtacht na gcóras agus na rialuithe.
163. Ba cheart d'údaráis inniúla tionchar na rioscaí ESG ar an riosca bunúach margaidh a chur san áireamh, chomh maith le leordhóthanacht an chreata bainistíochta riosca margaidh agus na rialuithe a bhaineann le rioscaí ESG, agus tús áite á thabhairt do rioscaí comhshaoil.

6.3.2. Measúnú ar riosca bunúsach margaidh

164. Trí mheasúnú a dhéanamh ar riosca bunúsach margaidh, ba cheart d'údaráis inniúla na príomhthiomántóirí le neamhchosaint na hinstitiúide ar riosca margaidh a chinneadh agus meastóireacht a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid. Chun tuiscint den sórt sin a fhorbairt, ba cheart d'údaráis inniúla na rioscaí margaidh a bhfuil an institiúid neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh an institiúid a bheith

neamhchosanta orthu a shainaithint ar dtús agus a n-aird a dhíriú ar na fochatagóirí agus ar na tiomántóirí a mheastar a bheith ar na tiomántóirí is ábhartha don institiúid.

165. Chun tacú leis an anailís seo, ba cheart d'údaráis inniúla táirgí, gníomhaíochtaí agus línte gnó na hinstitiúide a mheas ar a laghad. Ba cheart dóibh na ceanglais maidir le cistí dílse don riosca margaidh agus CVA, agus an coigeartú luachála breise a dhéantar a asbhaint ó chistí dílse na hinstitiúide, a chur i gcomparáid le ceanglais iomlána na gcistí dílse. I gcás inarb ábhartha, ba cheart dóibh an caipiteal inmheánach arna leithdháileadh ag an institiúid ar na rioscaí sin a chur i gcomparáid leis an gcaipiteal inmheánach iomlán. Féadfaidh siad freisin aird a thabhairt ar mheáchan coibhneasta na seasamh riosca margaidh i dtéarmaí na sócmhainní iomlána, ar mheáchan coibhneasta na nglanbhrabús ar sheasaimh riosca margaidh i gcomparáid leis an ioncam oibriúcháin iomlán, agus ar na hathruithe stairiúla sna figiúirí agus sna réamhaisnéisí seo. Chomh maith leis sin, ba cheart straitéis na hinstitiúide maidir le gníomhaíochtaí margaidh agus an inghlacthacht riosca a bhaineann leis a chur san áireamh. Agus gníomhaíochtaí margaidh á mbreithniú acu, ba cheart d'údaráis inniúla tagairt a dhéanamh do na rioscaí a luaitear i mír 161, a fhéadfaidh an leabhar trádála agus an leabhar neamhthrádála a chuimsiú.

Cineál agus comhdhéanamh gníomhaíochtaí riosca na hinstitiúide

166. Is é an chéad chéim chun measúnú a dhéanamh ar chineál riosca margaidh bunúsaigh institiúide ná a neamhchosaintí ar riosca margaidh a shainaithint go comhsheasmhach agus go cuimsitheach. Ba cheart d'údaráis inniúla úsáid a bhaint as na teimpléid tuairiscithe rialála atá ar fáil, amhail COREP agus FINREP, as tuairisciú inmheánach, as léargais a fhaightear ó mheasúnú ar ghnéithe eile SREP (amhail an BMA) nó as gníomhaíochtaí maoirseachta a rinneadh roimhe seo, agus as comparáidí le piaraí na hinstitiúide, sa chás go bhfuil siad ar fáil.
167. Ba cheart d'údaráis inniúla a measúnú a bhunú go príomha ar na foinsí riosca is suntasaí a aithníodh, agus a dtábhacht don institiúid a mheas ó pheirspictíocht stuamachta. Chun cineál an riosca mhargaidh a mheas, ba cheart d'údaráis inniúla na bhfochatagóirí seo a leanas ar a laghad a mheas³⁰:
- a. riosca ráta úis (leabhar trádála);
 - b. raon creidmheasa don neamh-urrúsú, raon creidmheasa don urrúsú (leabhar trádála);
 - c. riosca cothromais (leabhar trádála);
 - d. riosca imirce (do ghnó atá faoi réir muirir riosca mainneachtana)³¹;
 - e. riosca mainneachtana (do ghnó atá faoi réir muirir riosca mainneachtana);
 - f. riosca malairte eachtraí, lena n-áirítear riosca aistriúcháin (sa leabhar trádála agus sa leabhar baincéireachta araon);
 - g. riosca tráchtearraí (leabhar trádála agus leabhar baincéireachta);
 - h. riosca CVA (leabhar trádála agus leabhar baincéireachta);
 - i. riosca luachála (ionstraimí ar luach cóir sna leabhair trádála agus neamhthrádála).

³⁰ Féach ar Iarscríbhinn II le haghaidh miondealú neamh-uileghabhálach ar fhochatagóirí riosca margaidh.

³¹ Caitear le riosca imirce mar chuid den riosca raoin creidmheasa faoin Athbheithniú Bunúsach ar an Leabhar Trádála.

168. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas freisin:

- a. castacht na dtáirgí airgeadais (e.g. táirgí a luacháiltear le teicnící marcála de réir samhla, táirgí a bhfuil rioscaí neamh-dheilte agus rioscaí boinn ag baint leo). Féadfaidh an t-údarás inniúil measúnú a dhéanamh air seo trí úsáid a bhaint mar tháscaire as an mbreiseán a eascraíonn as rioscaí iarmharacha de réir Airteagal 325u de Rialachán 575/2013/AE;
- b. leachtacht neamhchosaint na hinstitiúide. Is féidir leis an údarás inniúil é sin a dhéanamh trí mheasúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil an institiúid neamhchosanta ar fhochatagóirí a bhfuil tréimhsí leachtachta arda ag baint leo i gcomhréir le tábla 2 d'Airteagal 325bd de Rialachán 575/2013/AE;
- c. comhchruinniú an riosca mhargaidh i dtreo ainmneacha, earnálacha, geilleagair, agus aicmí riosca sonracha;
- d. oibríochtaí margaidh sonracha a úsáid, a bhféadfadh sé nach mbeadh an riosca a ghabhann leo léirithe go hiomlán ag ceanglais chistí dílse riosca an mhargaidh (e.g. trádáil ardmhinicíochta).

169. Nuair is iomchuí, ba cheart d'údaráis inniúla bearta riosca inmheánacha na n-institiúidí a mheas freisin. D'fhéadfadh go n-áireofaí orthu sin an VaR inmheánach nó an t-easnamh ionchasach nach n-úsáidtear chun ceanglais cistí dílse a ríomh nó íogaireachtaí an riosca mhargaidh maidir le fachtóirí riosca éagsúla agus caillteanais fhéideartha.

170. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh freisin ar chumas na hinstitiúide léargas cuimsitheach a fháil ar mhéid an riosca chomhchruinnithe margaidh a bhfuil sí neamhchosanta air, ó neamhchosaintí ar fhachtóir riosca amháin nó ó neamhchosaintí ar fhachtóirí riosca iolracha a bhfuil comhchoibhneas eatarthu, agus ar an gcaoi sin aird ar leith a thabhairt ar chomhchruinnithe i dtáirgí casta agus neamhleachtacha. Ba cheart dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnú an ghnólachta féin ar chomhchruinnithe agus ar shuíomhanna neamhleachtacha. Ba cheart d'údaráis inniúla a cheangal ar institiúidí neamhchosaint ar CPL ar leith a laghdú i gcás riosca comhchruinnithe iomarcach, nó neamhchosaintí a athailíniú trasna a gcuntais imréitigh i gcomhréir le hAirteagal 7(a) de Rialachán 648/2012.

171. Agus cinneadh á dhéanamh ar cheart P2R a fhorchur maidir leis an riosca margaidh a bhfuil an institiúid neamhchosanta air, i gcomhréir le mír 300, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil an riosca san áireamh go leordhóthanach i modheolaíocht Cholún 1, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

- a. ceanglaítear ar institiúidí a úsáideann an cur chuige caighdeánaithe malartach faoi Cholún 1 forlíontán (forlíontán riosca iarmharaigh) a ríomh le haghaidh na rioscaí a bhaineann go dlúth le táirgí airgeadais casta nach ngabhtar go leordhóthanach sa mhodh bunaithe ar íogaireacht agus sa mhuirear riosca mainneachtana;
- b. ceanglaítear ar institiúidí a úsáideann cur chuige na samhla inmheánaí nó cur chuige na samhla inmheánaí malartaí gach riosca ábhartha sna samhlacha inmheánacha sin a ghabháil;

- c. na meáchain riosca a sholáthraítear sa chur chuige caighdeánaithe malartach, na tomhais easnaimh ionchasaigh a dtagraítear dóibh in Airteagal 325bb de Rialachán 575/2013/AE agus na tomhais riosca cás struis a dtagraítear dóibh in Airteagal 325bk de Rialachán 575/2013/EU i gcur chuige na samhla inmheán atá deartha chun freastal ar leachtacht na seasamh i gcomhréir leis an tréimhse leachtachta a dtagraítear di i dtábla 2 d'Airteagal 325bd de Rialachán 575/2013/AE.

172. Ba cheart d'údaráis inniúla aithint agus anailís a dhéanamh, maidir le seasaimh riosca margaidh agus na socruithe rialachais comhfhreagracha, ar aon socruithe praghsála aistrithe idir institiúidí atá bunaithe san Aontas atá mar chuid de ghrúpa tríú tír agus eintitis eile den ghrúpa sin atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus nach bhfuil comhdhlúite ag an máthairghnóthais AE. Ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh san anailís:

- a. comhpháirt chainníochtúil chun ábharthacht na socruithe praghsála aistrithe a shainaithint i gcoibhneas le hiomlán P&L an leabhair trádála agus cistí dílse na hinstitiúide;
- b. comhpháirt cháilíochtúil chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil éifeacht na socruithe seo trédhearcach do bhord bainistíochta na hinstitiúide agus an léirítear i gceart í i rialachas na bainistíochta riosca;
- c. comhpháirt cháilíochtúil chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann an socrú praghsála aistrithe difear do chinntí gnó na hinstitiúide, lena n-áirítear conas a d'fhéadfadh dinimic an tsocraithe praghsála aistrithe difear a dhéanamh do chinntí na ndeasc oifige tosaigh, agus do na coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a socrú a chruthú.

173. Ba cheart d'údaráis inniúla ábharthacht na praghsála aistrithe a aithint i gcomhthéacs míreanna an leabhair trádála trí dhíriú ar na socruithe praghsála aistrithe a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

- a. baineann siad le heintiteas amháin ar a laghad den ghrúpa atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil an leibhéal is airde comhdhlúthaithe aige lasmuigh den Aontas;
- b. tá siad bunaithe ar mhodh brabúis idirbhirt (TPM) – nó aon chleachtas comhchosúil a bheadh coibhéiseach ó thaobh an gheilleagair de – lena mbaineann athdháileadh na mbrabús agus na gcaillteanas a bhaineann le suíomhanna atá faoi úinéireacht ag roinnt eintiteas ar fud na n-eintiteas sin ar bhonn mhéid na ranníocaíochta imeallaí 'm' a dhéanann gach eintiteas i leith na bpríomh-mhéadrachtaí atá leagtha amach sa socrú praghsála.

174. Maidir le hinstitiúidí faoi mhír 1733, pointe (a), i gcás ina bhfuil na brabúis agus na cailteanais, arna n-ath-leithdháileadh mar thoradh ar shocruithe praghsála aistrithe bunaithe ar mhodhanna brabúis idirbhirt, ábhartha (e.g. is ionann iad agus níos mó ná 5% den P&L arna ghiniúint ag an institiúid) agus nach gclúdaítear nó nach gclúdaítear an riosca sin go hiomlán le P1R, ba cheart d'údaráis inniúla:

- a. an riosca sin a mheas chun P2R a chinneadh;
- b. breithniú a dhéanamh ar thorthaí na gcomhpháirteanna atá liostaithe i mír 1722, amhail ábharthacht na socruithe praghsála aistrithe, i ndáil le ceanglais chaipitil riosca margaidh

na punainne a n-úsáidtear a mbrabúis agus a gcaillteanais chun an méid atá le haistriú chuig an institiúid a chinneadh chomh maith le laigí féideartha sna socruithe rialachais gaolmhara;

- c. P2R a chinneadh lena gclúdaítear go leordhóthanach na rioscaí margaidh nach ngabhtar faoi P1R a ghintear faoin socrú praghsála aistrithe. Chuige sin, féadfaidh na húdaráis inniúla an modh ríofa atá leagtha amach in Iarscríbhinn V a úsáid, nó modheolaíocht mhalartach a sholáthraíonn tomhas cruinn den riosca nach bhfuil clúdaithe in P1R agus a shainaithnítear an P2R dá bharr, agus an mhodheolaíocht in Iarscríbhinn V á cur san áireamh mar thagairt.

Anailís bhrabúsachta agus tástála struis

- 175. Ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh ar bhrabúsacht stairiúil, lena n-áirítear luaineacht brabús, gníomhaíochtaí margaidh chun tuiscint níos fearr a fháil ar phróifíl riosca margaidh na hinstitiúide. D'fhéadfaí an anailís seo a dhéanamh ar leibhéal punainne chomh maith lena mhiondealú de réir líne gnó, aicme sócmhainní nó deisce ag brath ar ábharthacht agus ar chastacht neamhchosaint na hinstitiúide (mar a thagann chun solais ón BMA nó ó léargas maoirseachta eile).
- 176. Ba cheart d'údaráis inniúla idirdhealú a dhéanamh idir ioncam trádála agus ioncam neamhthrádála (amhail coimisiúin, táillí cliant, etc.) ar thaobh amháin agus brabús/caillteanais réadaithe agus neamhréadaithe ar an taobh eile.
- 177. I gcás na n-aicmí sócmhainní agus/nó na neamhchosantaí sin a ghineann brabús nó caillteanais suntasacha, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar bhrabúsacht i gcomparáid leis an leibhéal riosca arna ghlacadh ag an institiúid (e.g. VaR/glanghnóthachain ar shócmhainní airgeadais agus dliteanais arna sealbhú le haghaidh trádála) chun neamhréireachtaí féideartha a shainaithint agus a anailísiú. I gcás inar féidir, ba cheart d'údaráis inniúla figiúirí na hinstitiúide a chur i gcomparáid lena feidhmíocht stairiúil agus lena piaraí.
- 178. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil tástálacha struis leordhóthanacha curtha i bhfeidhm ag institiúid a chomhlánaíonn a córas tomhais riosca. Chun na críche seo ba cheart dóibh na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh:
 - a. minicíocht tástála struis;
 - b. cibé an sainaithnítear cúiseanna ábhartha riosca (e.g. neamhleachtacht/bearnaí praghsanna, suíomhanna comhchruinnithe, margaí aontreo);
 - c. boinn tuisceana is bun leis an gcás struis;
 - d. úsáid inmheánach thorthaí tástála struis le haghaidh pleanála caipitil agus straitéisí riosca creidmheasa.

6.3.3. Measúnú ar an gcreat bainistithe riosca margaidh agus rialaithe

- 179. Chun tuiscint leordhóthanach a bhaint amach ar bhainistíocht riosca margaidh, ar bhealach atá comhréireach le próifíl riosca na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar chreat bainistíochta agus rialaithe riosca na hinstitiúide agus ar a

leordhóthanacht maidir le neamhchosaint ar rioscaí bunúsacha. Maidir leis an measúnú seo, ba cheart don údarás inniúil na míreanna atá leagtha amach sa roinn seo a úsáid, agus leas a bhaint freisin as:

- a. toradh an mheasúnaithe ar ghnéithe eile SREP (amhail an BMA agus na réimsí rialachais);
- b. toradh an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 325c de Rialachán 575/2013/AE d'institiúidí a úsáideann an cur chuige caighdeánaithe malartach, agus toradh an mheasúnaithe arna dhéanamh i gcomhréir le Rialachán Tarmlichthe (AE) 2024/1085, go háirithe i ndáil leis na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 104b, 325bi, agus 325bj de Rialachán 575/2013/AE.

180. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh freisin ar na beartais agus na nósanna imeachta atá ag institiúidí chun na suíomhanna a leithdháileadh ar an leabhar trádála agus ar an leabhar baincéireachta, mar a thuairiscítear i dTeideal 1 de Chaibidil 3 de Rialachán 575/2013/AE.

Straitéis riosca margaidh agus inghlacthacht riosca;

181. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil inghlacthacht, straitéis agus teorainneacha riosca creidmheasa, atá leagtha amach agus doiciméadaithe go soiléir agus atá ceadaithe ag an gcomhlacht bainistíochta, ag an institiúid. Maidir leis an measúnú seo, i measc fachtóirí eile, ba cheart d'údaráis inniúla ról an chomhlachta bainistíochta a chur san áireamh maidir leis an straitéis riosca agus an inghlacthacht riosca a shocrú, a fhormheas agus a athbhreithniú, cur i bhfeidhm cuí na straitéise seo ag an gcomhlacht bainistíochta chomh maith lena hoiriúnacht don institiúid mar gheall ar a samhail ghnó, a hinghlacthacht riosca foriomlán, a timpeallacht mhargaidh reatha agus ionchasach agus a riocht airgeadais.

Creat rialaithe eagraíochtúil agus inmheánach

182. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh cibé acu atá nó nach bhfuil creat eagraíochtúil cuí ag an institiúid chun riosca margaidh a aithint, a thuiscint, a thomhas, faireachán a dhéanamh air agus é a rialú, agus acmhainní daonna agus teicniúla leordhóthanacha (cainníochtúla agus cáilíochtúla araon) aici chun na tascanna riachtanacha a chur i gcrích. Maidir leis an measúnú seo, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht na línte freagrachta maidir le riosca an mhargaidh a ghlacadh, faireachán a dhéanamh air, é a thuairisciú agus a rialú, ar an gclúdach a thugann siad don institiúid iomlán, ar dheighilt shoiléir a bheith ann idir an oifig thosaigh agus an oifig chúil agus idir na feidhmeanna glactha riosca agus rialaithe, agus ar scileanna agus saineolas na foirne lena mbaineann.

183. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil beartais agus nósanna imeachta soiléire sainithe ag an institiúid chun riosca margaidh a aithint, a bhainistiú, a thomhas agus a rialú, agus an cibé acu atá nó nach bhfuil siad seo slán agus comhsheasmhach le straitéis riosca na hinstiúide agus an gclúdaíonn siad na príomhghnóthaí agus na príomhphróisis go léir. Áirítear leis seo measúnú ar an cibé acu atá nó nach bhfuil na beartais

agus na nósanna imeachta seo leagtha amach agus curtha in iúl go soiléir agus cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar fud na hinstitiúide.

184. Go háirithe, ba cheart go gclúdófaí sa mheasúnú na seasaimh atá le cuimsiú/le heisiamh ón leabhar trádála chun críocha rialála, na beartais maidir le fáluithe inmheánacha agus na nósanna imeachta do ghníomhaíochtaí agus/nó do tháirgí nua sa mhargadh.
185. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil creat iomchuí ag an institiúid chun riosca margaidh a shainaithint, a thuiscint agus a thomhas, i gcomhréir le méid agus castacht na hinstitiúide, agus cibé acu atá nó nach bhfuil an creat sin ag comhlíonadh na n-íoscheanglais ábhartha i gcomhréir leis an great infheidhme dlí agus rialála.
186. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil creat faireacháin agus tuairiscithe leordhóthanach i bhfeidhm ag institiúidí le haghaidh riosca margaidh lena n-áirítear go ndéanfar beart pras ar leibhéal iomchuí d'ardbhainistíocht nó de chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide i gcás inar gá sin. Ba cheart go n-áireofaí sa chóras faireacháin táscairí sonracha agus truícir ábhartha chun foláirimh luathrabhaidh éifeachtacha a sholáthar, agus ba cheart dó eolas a thabhairt don chomhlacht bainistíochta agus don ardbhainistíocht faoi neamhchosaintí agus bearta reatha i gcomparáid le teorainneacha beartais.
187. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil creat rialaithe láidir cuimsitheach ag an institiúid agus cosaintí fóna chun a riosca margaidh a mhaolú i gcomhréir lena straitéis bainistithe riosca margaidh agus lena inghlacthacht riosca. Maidir leis an mheastóireacht seo, ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar an raon feidhme leordhóthanach a chlúdaíonn feidhmeanna rialaithe na hinstitiúide (lena n-áirítear gach eintiteas comhdhlúite, suíomhanna geografacha agus gníomhaíocht mhargaidh), ar theorainneacha oibriúcháin ann (lena n-áirítear teorainneacha aonair ar leibhéal deisce nó aonad gnó ar cheart faireachán a dhéanamh orthu go laethúil) a bheith ann agus ar chleachtais eile atá dírithe ar neamhchosaint ar riosca margaidh a choinneáil laistigh de leibhéil atá inghlactha ag an institiúid i gcomhréir lena hinghlacthacht agus lena teorainneacha riosca.
188. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh freisin ar cibé acu atá nó nach bhfuil an próiseas bailíochtaithe inmheánach slán agus éifeachtach chun dúshlán a chur faoi thiomhdí na samhla agus chun aon lochtanna féideartha maidir leis an gcóras bainistíochta riosca margaidh a aithint. I gcás institiúidí a ghlacann cur chuige inmheánach chun íoscheanglais cistí dílse maidir le riosca margaidh a chinneadh, ba cheart an measúnú sin a bheith bunaithe – i gcás ina bhfuil sé ar fáil – ar an bhfaisnéis a eascraíonn as gníomhaíochtaí maoirseachta a rinneadh cheana féin ar shamhlacha inmheánacha (amhail cigireachtaí ar an láthair).
189. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh freisin ar fheidhmiúlacht na feidhme iniúcháireachta inmheánaí maidir le leordhóthanacht, raon feidhme agus minicíocht na n-iniúchtaí inmheánacha ar an gcreat bainistíochta riosca margaidh. Ba cheart go n-áireofaí leis seo athbhreithniú ar phríomhghnéithe an chreata bainistíochta riosca, tomhais agus rialuithe

ar fud na hinstitiúide, agus an cloí le rialacháin sheachtracha ábhartha na mbeartas agus na nósanna imeachta inmheánach agus aon chlaonadh uathu.

6.3.4. Achoimre ar thorthaí, scóráil agus bearta maoirseachta

190. Tar éis an mheasúnaithe thuas, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le riosca margaidh na hinstitiúide. Ba cheart go mbeadh eolas maidir leis an tuairim seo le fáil in achoimre ar thorthaí, mar aon le scór riosca bunaithe ar na breithniúcháin atá sonraithe i dTábla 8. Más rud é, bunaithe ar ábharthacht fochatagóirí riosca áirithe, go gcinntidh an t-údarás inniúil iad a mheasúnú agus a scóráil ina n-aonar, ba cheart an treo a sholáthraítear sa tábla seo a chur i bhfeidhm, a mhéid is féidir, de réir analaí.

Tábla 8. Breithniúcháin mhaoirseachta maidir le scór riosca margaidh a shannadh

Scór riosca	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach	Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha
1	Tá riosca íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsach agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	<ul style="list-style-type: none"> Tugann cineál agus comhdhéanamh na neamhchosaintí ar riosca margaidh le tuiscint go bhfuil an riosca neamhábhartha/an-íseal. Tá neamhchosaintí na hinstitiúide ar riosca margaidh neamhchasta. Tá an leibhéal comhchruinnithe riosca margaidh neamhábhartha/an-íseal. Gineann neamhchosaintí na hinstitiúide ar riosca margaidh torthaí neamhluaineacha. 	<ul style="list-style-type: none"> Tá comhsheasmhacht ann idir beartas agus straitéis riosca margaidh na hinstitiúide agus a straitéis agus a inghlacthacht riosca fhoriomlán. Tá an creat eagraíochtúil maidir le riosca margaidh láidir, agus tá freagrachtaí soiléire ann agus deighilt shoiléir idir na glacadóirí riosca agus feidhmeanna bainistíochta agus rialaithe. Tá na córais tomhais, faireacháin agus tuairiscithe riosca margaidh oiriúnach. Tá teorainneacha inmheánacha agus an creat rialaithe le haghaidh riosca margaidh fóna agus i gcomhréir le straitéis bainistíochta riosca agus inghlacthacht riosca na hinstitiúide.
2	Tá riosca meánach-íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsach agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	<ul style="list-style-type: none"> Tugann cineál agus comhdhéanamh na neamhchosaintí ar riosca margaidh le fios go bhfuil riosca idir íseal agus meánach ann. Tá castacht neamhchosaintí na hinstitiúide ar riosca margaidh idir íseal agus meánach. Tá an leibhéal comhchruinnithe riosca margaidh idir íseal agus meánach. Gineann neamhchosaintí na hinstitiúide ar riosca margaidh torthaí a bhfuil 	

Scór riosca	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach	Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha
		luaineacht idir íseal agus meánach acu.	
3	Tá riosca idir meánach agus ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsach agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	<ul style="list-style-type: none"> Tugann cineál agus comhdhéanamh na neamhchosaintí ar riosca margaidh le fios go bhfuil riosca idir meánach agus ard ann. Tá castacht neamhchosanta na hinstitiúide ar riosca margaidh idir meánach agus ard. Tá leibhéal comhchruinnithe an riosca margaidh idir meánach agus ard. Gineann neamhchosaintí na hinstitiúide ar riosca margaidh torthaí a bhfuil luaineacht meánleibhéal go hardleibhéal acu. 	<ul style="list-style-type: none"> Níl comhsheasmhacht iomlán idir beartas agus straitéis riosca margaidh na hinstitiúide agus a straitéis agus a phróifíl riosca fhoriomlán. Ní dhéanann an creat eagraíochtúil maidir le riosca margaidh freagrachtaí agus cúraimí idir glacadóirí riosca agus feidhmeanna bainistíochta agus rialaithe a scaradh ar shlí leordhóthanach. Ní thugtar faoi chórais tomhais riosca margaidh, faireacháin agus tuairiscithe le cruinneas agus minicíocht leordhóthanach. Níl teorainneacha inmheánacha agus an creat rialaithe le haghaidh riosca margaidh i gcomhréir le straitéis bainistithe riosca nó inghlacthacht riosca na hinstitiúide.
4	Tá riosca ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsach agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	<ul style="list-style-type: none"> Tugann cineál agus comhdhéanamh na neamhchosaintí ar riosca margaidh le fios go bhfuil riosca ard ann. Tá castacht neamhchosanta na hinstitiúide ar riosca margaidh ard. Tá leibhéal comhchruinnithe an riosca margaidh ard. Gineann neamhchosaintí na hinstitiúide ar riosca margaidh torthaí a bhfuil luaineacht ardleibhéal acu. 	

191. Léirítear sa tábla thíos liosta neamh-uileghabhálach de bhearta maoirseachta a fhéadfaidh údarais inniúla a dhéanamh i gcás easnaimh shainaitheanta i gcreat bainistíochta riosca margaidh na hinstitiúide. Ba cheart d'údarais inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le cineál an bhirt bunaithe ar a éifeachtacht i leith an easnaimh shonraigh aitheanta. Féadfaidh údarais inniúla bearta maoirseachta breise (lena n-áirítear bearta cainníochtúla i gcomhréir le hAirteagal 104(1)(a) den Treoir 2013/36/AE) nó teaghlaim díobh a chur i bhfeidhm más é an tuairim atá ann go bhfuil siad níos oiriúnaí chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a aithníodh.

Tábla 9. Bearta maoirseachta féideartha agus neamh-uileghabhálacha le haghaidh haghaidh riosca margaidh

Bearta maoirseachta féideartha d'údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 104(1)(b), (d), (e), (f), (j), (l), (m), (n) den Treoir 2013/36/AE – Féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar an institiúid:
A. feabhas a chur ar cháilíocht agus ar mhiniúocht an tuairiscithe ar riosca margaidh chuig comhlacht bainistíochta na hinstitiúide agus chuig an ardbhainistíocht;
B. feabhas a chur ar fheidhmíocht chur chuige inmheánach na hinstitiúide, nó ar a cumas cúltástála nó tástála struis;
C. iniúchtaí inmheánacha níos minice agus níos doimhne ar ghníomhaíocht mhargaidh a sheoladh;
D. srian a chur ar infheistíocht i dtáirgí áirithe nuair nach n-áiríthíonn beartais agus nósanna imeachta na hinstitiúide go ndéanfar an riosca ó na táirgí sin a chlúdach agus a rialú go leordhóthanach;
E. táirgí airgeadais a dhífheistiú nuair nach dtáirgeann próisis luachála na hinstitiúide luachálacha coimeádacha a chomhlíonann caighdeáin Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
F. leibhéal an riosca mhargaidh bhunúsach a laghdú (e.g. trí shócmhainní a fhálú nó a dhíol nó méadú ar dhíorthaigh arna socrú trí chontrapháirtithe lárnacha (CPLanna)) nuair a aimsítear easnaimh shuntasacha i gcórais tomhais nó rialaithe na hinstitiúide;
G. plan a chur i láthair chun a neamhchosaintí ar shócmhainní anásta agus/nó ar shuimh neamhleachtacha a laghdú de réir a chéile;

6.4. Measúnú ar riosca oibriúcháin

6.4.1. Breithniúcháin ghinearálta

192. Agus an creat bainistíochta riosca oibríochtúil á mheas, ba cheart d'údaráis inniúla, i measc nithe eile, measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na hinstitiúide leis na gníomhartha dlí a fhoilsítear ar leithligh ar shuíomh gréasáin an ÚBE, mar a dtagraítear dó i mír 12.
193. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar riosca oibriúcháin ar fud línte gnó agus oibríochtaí uile na hinstitiúide, agus torthaí ón measúnú ar shocruithe rialachais inmheánaigh agus rialuithe uile-institiúide mar a shonraítear i dTeideal 5 á gcur san áireamh. Agus an measúnú seo á dhéanamh acu, ba cheart d'údaráis inniúla conas a d'fhéadfadh riosca oibríochtúil teacht chun cinn a chinneadh, agus tacar sonraí caillteanais na hinstitiúide agus na tionchair fhéideartha ó rioscaí gaolmhara eile (e.g. riosca oibríochtúil a bhaineann le creidmheas teorann agus riosca oibríochtúil a bhaineann leis an margadh) á gcur san áireamh freisin.
194. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar ábharthacht an riosca oibriúcháin a eascraíonn ó sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí, lena n-áirítear an comhchruinniú (ag an eintiteas agus, más ábhartha, ag leibhéal an ghrúpa) ar sheirbhís amháin nó níos mó a sholáthraíonn soláthraí seirbhíse tríú páirtí aonair (go díreach nó go hindíreach trí shlabhraí fochonraitheoireachta) nó líon teoranta de sholáthraithe tríú páirtí a thacaíonn le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha na hinstitiúide, agus cibé an bhféadfadh nó nach bhféadfadh siad seo cur isteach ar athléimneacht oibríochtúil, ar fheidhmíocht agus ar bhainistíocht riosca na hinstitiúide. Agus an measúnú seo á dhéanamh acu, ba cheart d'údaráis inniúla a mhéid a bhíonn institiúidí eile ag brath ar na soláthraithe seirbhíse tríú páirtí céanna a chur san áireamh, sa chás go bhfuil faisnéis den sórt sin ar fáil dóibh.

195. Agus measúnú á dhéanamh ar riosca oibriúcháin, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar riosca TFC, de bhun DORA, agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha na hinstitiúide, lena n-áirítear aon tionchar airgeadais, clú, rialála agus straitéiseach a d'fhéadfadh a bheith ann don institiúid.
196. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil cur chuige leordhóthanach athléimneachta oibríochtúla ag an institiúid chun bheith in ann suaitheadh a sheasamh, oiriúnú dó agus teacht chucu féin nuair a thagann siad chun cinn agus cibé acu atá nó nach bhfuil sé sin ailínithe go leordhóthanach agus go comhsheasmhach leis an gcreat bainistíochta riosca, leis na pleananna leanúnachais gnó agus leis an mbainistíocht tríú páirtí atá ann cheana.
197. Agus measúnú á dhéanamh ar riosca oibriúcháin, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas, más infheidhme, cibé an ndéanann nó nach ndéanann beartais agus nósanna imeachta na hinstitiúide na rioscaí oibriúcháin a eascraíonn as gníomhaíochtaí cripteashócmhainní agus as a dteicneolaíocht tacaíochta a shainithint, a mheas agus a bhainistiú go hiomchuí.
198. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar riosca do chlú i gcomhpháirt le riosca oibriúcháin toisc go bhfuil sé nasctha go bunúsach le teagmhais riosca oibriúcháin. Mar sin féin, níor cheart toradh an mheasúnaithe ar riosca do chlú a léiriú i scóráil an riosca oibriúcháin ach, i gcás inarbh ábhartha, ba cheart é a chur san áireamh mar chuid den BMA agus/nó den mheasúnú riosca leachtachta, toisc gur féidir lena phríomhiarmhairtí cur isteach ar an muinín atá ag infheisteoirí, taisceoirí nó rannpháirtithe margadh idirbhainc san institiúid.
199. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar thionchar rioscaí ESG ar na rioscaí bunúsacha oibriúcháin agus ar na rioscaí do chlú chomh maith le leordhóthanacht an riosca oibriúcháin agus na rialuithe riosca do chlú a bhaineann le rioscaí ESG, agus tosaíocht á tabhairt do rioscaí fisiceacha agus aistrithe comhshaoil. Go háirithe, ba cheart d'údaráis inniúla rioscaí comhshaoil agus rioscaí glas-snasaithe a mheas agus measúnú á dhéanamh acu ar riosca dlíthiúil agus ar riosca do chlú.

6.4.2. Measúnú ar riosca bunúsach oibriúcháin

200. Ba cheart d'údaráis inniúla tuiscint chuimsitheach a fhorbairt ar neamhchosaintí bunúsacha riosca oibriúcháin na hinstitiúide agus measúnú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le tionchar stuamachta an riosca seo don institiúid, chomh maith leis an tionchar ar a cumas feidhmeanna ríthábhachtacha nó tábhachtacha a sholáthar le linn cur isteach.
201. Chun tacú leis an measúnú seo, ba cheart d'údaráis inniúla an ceanglas maidir le cistí dílse don riosca oibriúcháin a mheas i gcomparáid leis an riachtanas iomlán maidir le cistí dílse, agus i gcás inarbh ábhartha, an caipiteal inmheánach a leithdháil an institiúid don riosca oibriúcháin i gcomparáid le méid iomlán an chaipitil inmheánaigh. Ina theannta sin, ba cheart d'údaráis inniúla leas a bhaint as an eolas a fhaightear ó mheasúnú ar ghnéithe eile SREP (go háirithe ó Theideal 4 agus Theideal 5), ón gcomparáid le píaraí, ó aon ghníomhaíochtaí maoirseachta eile lena n-áirítear ionchur ó mhaoirseoirí AML/CFT agus ó údaráis faireachais margaidh, agus ó fhoinsí faisnéise ábhartha eile.

202. Ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar phríomhfachtóirí riosca oibriúcháin ar a laghad, ar chásanna cur isteach a d'fhéadfadh a bheith ann, agus nuair is ábhartha, anailís a dhéanamh orthu de réir líne ghnó, eintitis dhlíthiúil, tíreolaíochta, agus catagóir de chineál teagmhais (faoi réir infhaighteacht sonraí) agus seasamh na hinstitiúide i gcomparáid lena piaraí a thagarmharcáil. Ba cheart go gclúdódh na fachtóirí sin, ar a laghad, príomhshraitéis na hinstitiúide maidir le riosca oibriúcháin agus inghlacthacht riosca oibriúcháin, timpeallacht ghnó (lena n-áirítear láithreachtaí gheografacha, oibríochtaí TFC, agus bealaí dáileacháin), imeachtaí corparáideacha suntasacha le déanaí (amhail cumaisc, éadálacha, diúscairtí agus athstruchtúrú), córais TFC agus gnéithe eile a bhaineann le TFC de réir Rannóg 6.4.2.3, athruithe próisis, socruithe tríú páirtí, saincheisteanna comhlíonta rialála, uaillmhianta gnó agus scéimeanna dreasachta agus príomhchúiseanna riosca oibriúcháin eile.

Cineál agus tábhacht na neamhchosaintí ar riosca oibriúcháin

203. Ba cheart d'údaráis inniúla cineál na neamhchosaintí ar riosca oibriúcháin a chinneadh trí anailís a dhéanamh ar neamhchosaintí ar phríomhfhoinsí agus phríomhthiomántóirí riosca oibriúcháin chun teacht ar dhearcadh réamhbhreathnaitheach ar an riosca oibriúcháin ionchasach. Maidir leis an anailís seo, féadfaidh údaráis inniúla na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- a. an tsamhail oibriúcháin, na línte gnó, na táirgí, na próisis agus na tírdhreacha geografacha a bhaineann leis an institiúid, measúnú ar spleáchais agus ar neamhchosaintí ar riosca oibriúcháin do phríomhchúiseanna riosca (e.g. próisis, daoine, córais agus fachtóirí seachtracha) agus idirghníomhaíochtaí na dtiománaithe riosca, leas a bhaint as féinmheasúnú riosca na hinstitiúide, piaranailís, sonraí agus bunachair shonraí phoiblí agus/nó chuibhreannais, más infheidhme agus más ábhartha;
- b. minicíocht agus tábhacht na dteagmhais dá bhfuil neamhchosaint ag an institiúid orthu agus idirdhealú a dhéanamh idir iad siúd is cúis le caillteanais ard-déine agus iad siúd a tharlaíonn le minicíocht ard. Bunaithe ar an idirdhealú sin, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar threochtaí na gcaillteanas riosca oibriúcháin agus ar a gcomhchruinniú;
- c. anailísí cáis a ghairáil agus oibríochtaí pleanáilte gnó agus anailísí ionchasacha ar riosca oibriúcháin arna ndéanamh ag an institiúid á mbreithniú, sa chás go bhfuil siad ar fáil, agus aon bhearta ceartaitheacha agus gníomhaíochtaí maolaithe a cuireadh i bhfeidhm cheana féin agus atá éifeachtach á gcur san áireamh.

204. Tar éis na bpríomhfhoinsí agus na príomhspreagthóirí riosca oibríochtúil a aithint agus a anailísiú, ba cheart d'údaráis inniúla díriú orthu siúd a bhféadfadh an tionchar is suntasaí a bheith acu ar an institiúid.

205. Is príomhfhoinsé faisnéise í tacar sonraí caillteanais agus eachtraí na hinstitiúide ar cheart d'údaráis inniúla a mheas mar is féidir leis léargais luachmhara a sholáthar ar éabhlóid phróifíl riosca oibriúcháin na hinstitiúide. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh go tréimhsiúil ar chuimsitheacht, ar chruinneas agus ar cháilíocht na sonraí caillteanais. Foinse faisnéise eile a ba cheart a bheith ann taifid na hinstitiúide ar gach teagmhas a bhaineann le

TFC agus ar chibearbhagairtí suntasacha (de réir Airteagal 17(2) de DORA) agus na foinsí sainaitheanta riosca TFC (de réir Airteagal 8(2) de DORA).

Measúnú ar fhochatagóirí riosca oibriúcháin

206. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú na bhfochatagóirí riosca oibriúcháin a dhíriú ar na cinn a mheastar a bheith suntasach don institiúid. Ba cheart d'údaráis inniúla a sainbhreithiúnas a chur i bhfeidhm freisin chun fochatagóirí suntasacha a shainaithint, bunaithe ar na foinsí faisnéise inmheánacha agus seachtracha go léir atá ar fáil. Agus an measúnú á dhéanamh acu, ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt i gcónaí ar na gnéithe seo a leanas de riosca oibriúcháin³²:

- a. riosca dlíthiúil;
- b. riosca na samhla;
- c. riosca TFC;

6.4.2.1. Riosca dlíthiúil

207. Ba cheart d'údaráis inniúla na nithe seo a leanas a bhreithniú agus ábharthacht agus tábhacht neamhchosaintí na hinstitiúide ar riosca dlíthiúil á measúnú acu:

- a. mídhíol táirgí nó seirbhísí;
- b. coinbhleachtaí leasa le linn gnó a bheith á sheoladh;
- c. cúbláil rátaí úis tagarmhairc, rátaí malairte eachtraí nó aon ionstraimí airgeadais nó innéacsanna eile chun brabúis na hinstitiúide a fheabhsú;
- d. bacainní ar tháirgí airgeadais a athrú le linn a saolré agus/nó ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais a athrú;
- e. athnuachan uathoibríoch ar tháirgí nó pionóis scoir; agus/nó
- f. próiseáil gearán ó chustaiméirí;
- g. sárú ar rialacha agus rialacháin náisiúnta agus idirnáisiúnta (rialacha cánach, calaois inmheánach nó goid inmheánach, rialacha maidir le frithsciúradh airgid, rialacha maidir le frithsceimhlitheoireacht agus smachtbhannaí eacnamaíocha);
- h. Neamhchosaintí dlíthíochta a bhaineann le ESG, go háirithe a bhaineann leis an gcomhshaol agus a bhaineann le glas-snasú.

208. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé an bhféadfadh nó nach bhféadfadh an institiúid aon chostais, fíneálacha, pionóis nó damáistí pionósacha a thabhu ó imeachtaí dlíthiúla, agus líon agus ábhar na ngearán. Ba cheart torthaí mheasúnú Theideal 4 a ghairil freisin, mar aon le grinnscrúdú a dhéanamh ar na beartais dreasachta, chun léargais ardleibhéil a fháil ar fhoinsí mí-iompair a d'fhéadfadh a bheith ann. Sa chomhthéacs seo, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas freisin cibé acu atá nó nach bhfuil córais agus próisis leordhóthanacha agus éifeachtacha i bhfeidhm ag an institiúid chun bearta sriantacha (e.g. smachtbhannaí) a chur i

³² Féach larscríbhinn III le haghaidh miondealú neamh-uileghabhálach ar fhochatagóirí riosca oibriúcháin.

bhfeidhm agus a chomhlíonadh, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar Threoirlínte ÚBE maidir le beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha a bheith á gcomhlíonadh ag an institiúid³³.

209. Ba cheart don údarás inniúil, áfach, cur chuige réamhbhreathnaitheach a chur i bhfeidhm, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag forbairtí rialála agus ag gníomhaíocht na n-údarás ábhartha maidir le cosaint tomhaltóirí agus soláthar seirbhísí airgeadais i gcoitinne á bhreithniú freisin.

6.4.2.2. Riosca na samhla

210. Faoi riosca oibríochtúil, ba cheart d'údarás inniúla riosca na samhla a mheas, ag féachaint go háirithe do shamhlacha inmheánacha neamhrialála (e.g. samhlacha IS, praghsáil táirgí, socrú agus faireachán ar theorainneacha riosca, samhlacha ICAAP/ILAAP, roghanna téarnaimh).

211. Chun measúnú a dhéanamh ar riosca na samhla, ba cheart d'údarás inniúla na nithe seo a leanas a bhreithniú:

- a. a mhéid agus na críocha a n-úsáideann an institiúid samhlacha chun cinntí a dhéanamh agus an tábhacht a bhaineann le cinntí den sórt sin ó thaobh gnó de. Ba cheart d'údarás inniúla a chinneadh cén gnó/gníomhaíocht a mbaineann an institiúid úsáid shuntasach as samhlacha ina leith agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag riosca samhla trí anailísí fogaireachta agus cás-staidéir nó tástáil struis, i measc nithe eile; agus
- b. fíorú na meicníochtaí rialaithe (i dtéarmaí modhanna, minicíochta, obair leantach, srl.), lena n-áirítear próiseas formheasa samhlacha, athbhreithnithe rialta a dhéantar agus leibhéal feasachta na hinstitiúide maidir le heasnamh i samhlacha nó forbairtí sa mhargadh agus i ngnó.

212. Nuair a úsáidtear samhlacha chun críocha cinnteoireachta (e.g. praghsáil táirgí, samhlacha IS, meastóireacht ar ionstraimí airgeadais, próifiliú cliant), ba cheart d'údarás inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil próiseas bailíochtaithe inmheánaigh cuí agus/nó próiseas athbhreithnithe samhlacha ann chun riosca samhla (seachas samhlacha rialála) a aithint agus a mhaolú.

213. Agus an measúnú riosca samhla á dhéanamh, ba cheart d'údarás inniúla measúnú a dhéanamh ar rioscaí eile do chaipiteal agus ar rioscaí do leachtacht agus do chistiú, go háirithe maidir le leordhóthanacht na modheolaíochtaí a úsáidtear chun riosca a thomhas, praghsáil agus meastóireacht a dhéanamh ar shócmhainní agus/nó dliteanais. Ba cheart go mbeadh torthaí measúnaithe den sórt sin mar threoir do thorthaí an riosca oibriúcháin.

³³ Treoirlínte ÚBE maidir le beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha chun cur i bhfeidhm bhearta sriantacha an Aontais agus bhearta sriantacha náisiúnta a áirithiú (ÚBE/GL/2024/14)

6.4.2.3. Riosca TFC - Measúnú ar riosca bunúsach TFC

Aithint rioscaí ábhartha TFC

214. I gcomhréir le DORA, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar shainaithint, aicmiú agus doiciméadú na hinstiúide maidir leis na feidhmeanna gnó, na róil agus na freagrachtaí uile a fhaigheann tacaíocht ó TFC, na sócmhainní faisnéise³⁴ agus na sócmhainní TFC³⁵ a thacaíonn leis na feidhmeanna sin, agus a róil agus a spleáchais i ndáil le riosca TFC. Ba cheart go gcabhródh an t-athbhreithniú seo le húdaráis inniúla tuiscint chríochnúil a fhorbairt ar neamhchosaintí bunúsacha riosca TFC na hinstiúide (próifíl riosca TFC), a riosca bunúsach TFC ábhartha a shainaithint agus tuairim a thabhairt ar a thionchar stuamachta. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt ar a laghad ar na nithe seo a leanas, i gcás inarbh ábhartha agus inarb infheidhme iad:

- a. tuarascáil ar an athbhreithniú ar chreat bainistíochta riosca TFC (de réir Airteagal 6(5) de DORA);
- b. foinsí riosca TFC, go háirithe an neamhchosaint ar riosca d'eintitis airgeadais eile agus uathu, arna sainaithint ag an instiúid faoi Airteagal 8(2) de DORA;
- c. mórtheagmhais a bhaineann le TFC a tuairiscíodh (de réir Airteagal 19(1) de DORA), lena n-áirítear treocht na gcostas bliantúil comhiomlán agus na gcaillteanas de bharr mórtheagmhais a bhaineann le TFC (de réir Airteagal 11(10) de DORA);
- d. torthaí na dtástálacha atá beartaithe sa chlár tástála um athléimneacht oibríochtúil digiteach (de réir Airteagal 24 de DORA), lena n-áirítear achoimre ar thorthaí na tástála treáite atá bunaithe ar bhagairtí (TLPT) agus na pleananna feabhsúcháin gaolmhara (de réir Airteagal 26(6) de DORA);
- e. clár faisnéise (de réir Airteagal 28(3) de DORA), lena n-áirítear an leibhéal comhchruinnithe ar sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí ICT, lena n-áirítear soláthraithe idirghrúpa ICT, de réir chineál na seirbhísí ICT agus/nó na gcóras ICT;
- f. moltaí agus tuairimí ó na Príomh-Mhaoirseoirí (de réir Airteagal 40(3) agus Airteagal 42(7) de DORA) agus freagraí, tuarascálacha agus faisnéis ghaolmhar ó sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí rithabhachtacha ICT (de réir Airteagal 35(1)(c), Airteagal 42(1) agus Airteagal 48(2) de DORA);
- g. leibhéal castachta na gcóras TFC agus torthaí na measúnaíochta riosca TFC ar chórais TFC oidhreachta (de réir Airteagal 8(7) de DORA);
- h. measúnú riosca ar athruithe móra (de réir Airteagal 8(3) de DORA);
- i. leibhéal glactha agus comhtháthaithe na réiteach nuálach TFC;
- j. suíomhanna, eadhon réigiúin nó tíortha, lárionad sonraí agus limistéar ainmnithe íogair, lena n-áirítear i gcás ina soláthraíonn soláthraithe seirbhíse tríú páirtí TFC seirbhísí conarthacha TFC, lena gclúdaítear suíomh próiseála agus stórála sonraí freisin;
- k. aon easnaimh nó laigí ábhartha a aithníodh faoi Theideal 5;

³⁴ Airteagal 3(6) de Rialachán (AE) 2022/2554

³⁵ Airteagal 3(7) de Rialachán (AE) 2022/2554

- l. riosca TFC agus féinmheasúnuithe (má sholáthraítear iad i bhfaisnéis ICAAP) a rialú;
- m. faisnéis bhainistíochta a bhaineann le rioscaí TFC a cuireadh faoi bhráid chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide;
- n. torthaí iniúchóireachta inmheánaí agus sheachtraigh a bhaineann le TFC;
- o. timpeallacht bhagartha sheachtrach, lena n-áirítear faisnéis faoi bhagairtí agus faoi leochaileachtaí.

Athbhreithniú ar chórais TFC agus ar sheirbhísí TFC

215. Ba cheart d'údaráis inniúla doiciméadacht, modheolaíocht agus próisis ábhartha na hinstitiúide a athbhreithniú, agus tuairim a thabhairt maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil na córais TFC agus na seirbhísí TFC a thacaíonn le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha sainaitheanta go cuí ag an institiúid. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla na nithe seo a leanasa a mheas:

- a. córais TFC a thacaíonn le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, chomh maith leis na sócmhainní faisnéise criticiúla agus na sócmhainní TFC a d'ainmnigh an institiúid (de réir Airteagal 8 de DORA);
- b. príomhphróisis atá ag brath ar sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí TFC, lena n-áirítear idirnaisc le soláthraithe seirbhíse tríú páirtí TFC a thacaíonn le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, arna sainaitheant ag an institiúid (de réir Airteagal 8.5 de DORA).

Aitheantas agus mapáil rioscaí ábhartha TFC a bhaineann le córais agus seirbhísí TFC a thacaíonn le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha

216. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar spleáchas na hinstitiúide ar shócmhainní faisnéise agus ar shócmhainní TFC, próifíl riosca TFC, córais TFC agus seirbhísí TFC, ba cheart d'údaráis inniúla tuairim a thabhairt ar na rioscaí suntasacha TFC a bhféadfadh tionchar suntasach stuamachta a bheith acu ar chórais agus ar sheirbhísí TFC na hinstitiúide a thacaíonn le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, agus tionchar suntasach ar a cumas oibriú faoi chur isteach. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla na nithe seo a leanasa a mheas:

- a. caillteanas airgeadais, lena n-áirítear cúiteamh ionchasach do chustaiméirí, costais dhlíthiúla agus leigheasaithe, damáistí conarthacha, costais agus ioncam caillte;
- b. an fhéidearthacht go gcuirfí isteach ar ghnó, agus rithábacht na seirbhísí a ndéantar difear dóibh, lena n-áirítear idirbhearta agus oibríochtaí na hinstitiúide (lena n-áirítear spleáchais tríú páirtí), líon na gcliant agus/nó na gcontrapháirtithe airgeadais agus/nó na mbrainsí agus na fostaithe a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh á mbreithniú (ach gan a bheith teoranta dó);
- c. caillteanais sonraí a d'fhéadfadh a bheith ann;
- d. tionchar féideartha ar chlú;
- e. tionchar rialála féideartha, lena n-áirítear féidearthacht cáineadh poiblí, fíneálacha nó fiú athrú ar cheadanna;
- f. tionchar straitéiseach féideartha ar an institiúid;

g. leathadh geografach féideartha.

217. Ba cheart d'údaráis inniúla ansin an riosca ábhartha TFC a aithníodh a mhapáil ar na catagóirí riosca TFC atá leagtha amach in larscríbhinn III. Táthar ag súil go gcoinneoidh institiúidí a gcatagóirí féin ar bun seachas úsáid a bhaint as an gcatagóirí a leagtar amach san larscríbhinn.

6.4.3. Measúnú ar chreat oibríochtúil bainistíochta riosca agus rialaithe

218. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an gcreat agus ar na socruithe atá i bhfeidhm ag an institiúid chun riosca oibriúcháin a bhainistiú agus a rialú, agus toradh na hanailíse ar an gcreat foriomlán bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh a phléitear i dTeideal 5 á chur san áireamh, mar go mbeidh tionchar aige seo ar neamhchosaint na hinstiúide ar riosca oibríochtúil. Maidir le riosca ML/TF, ba cheart don údarás inniúil an measúnú arna sholáthar ag an maoirseoir AML/CFT a chur san áireamh.

Straitéis um bainistiú riosca oibriúcháin agus inghlacthacht riosca

219. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil straitéis riosca oibriúcháin agus leibhéal inghlacthachta atá fóna, leagtha amach go soiléir agus doiciméadaithe go soiléir ag an institiúid arna formheas ag an gcomhlacht bainistíochta, ina leagtar amach nádúr, cineálacha agus leibhéil an riosca oibriúcháin a bhfuil an institiúid toilteanach glacadh leis. I gcás an mheasúnaithe seo, ba cheart d'údaráis inniúla, i measc fachtóirí eile, ról an chomhlachta bainistíochta maidir le straitéis agus inghlacthacht riosca oibriúcháin a shocrú, a cheadú, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú a chur san áireamh (lena n-áirítear inghlacthacht riosca TFC agus straitéis athléimneachta oibríochtúla digiteach), chomh maith le clúdach agus oiriúnacht leordhóthanach na straitéise i bhfianaise nádúr agus suntasacht phróifíl riosca oibríochtúil na hinstiúide.

Creat rialaithe eagraíochtúil agus inmheánach

220. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh- Airteagal 323 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 na hinstiúide. Sa mheasúnú seo, ba cheart d'údaráis inniúla meastóireacht a dhéanamh ar fhóntacht agus ar éifeachtacht an chreata eagrúcháin agus na socruithe rialachais chun bainistiú, tomhas agus rialú éifeachtach riosca oibriúcháin a chumasú, le hacmhainní daonna agus teicniúla leordhóthanacha chun na cúraimí riachtanacha a chur i gcrích. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh cibé acu atá nó nach bhfuil línte soiléire freagrachta i bhfeidhm chun riosca oibriúcháin a shainaithint, a mheas, a mhaolú, faireachán a dhéanamh air agus é a thuairisciú chomh maith le cloí le samhail na dtrí líne chosanta.

221. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil creat rialaithe láidir agus cosaintí fóna ag an institiúid chun a riosca oibriúcháin a mhaolú, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta iomchuí, lena gclúdaítear riosca iarmharach freisin, agus an bhfuil siad sin comhsheasmhach le hinghlacthacht agus straitéis bainistíochta riosca oibriúcháin na

hinstitiúide agus an gclúdaítear na príomhoibríochtaí agus na príomhphróisis uile. Áirítear leis seo, i measc nithe eile, measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil na beartais agus na nósanna imeachta seo leagtha amach go soiléir, curtha in iúl go soiléir agus curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na hinstitiúide.

222. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh freisin ar fheidhmiúlacht na feidhme iniúcháireachta inmheánaí maidir le leordhóthanacht, raon feidhme agus minicíocht na n-iniúchtaí inmheánacha ar an gcreat bainistíochta riosca oibriúcháin.

Leanúnachas gnó, freagairt agus téarnamh

223. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar (i) Threoirlínte an ÚBE ar Rialachas Inmheánach i ndáil leis an mbainistíocht fhoriomlán ar leanúnachas gnó agus (ii) DORA i ndáil leis an mbeartas leanúnachais gnó TFC agus leis na pleananna freagartha agus téarnaimh TFC a bheith á gcomhlíonadh ag an institiúid. Maidir leis seo, ba cheart d'údaráis inniúla a chinneadh an bhfuil beartas leanúnachais gnó TFC agus pleananna freagartha agus téarnaimh TFC mar chuid d'ilis de bheartas leanúnachais gnó foriomlán agus de phlean freagartha agus téarnaimh na hinstitiúide.
224. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil bainistíocht leanúnachais gnó éifeachtach bunaithe ag an institiúid, le pleananna leanúnachais gnó, freagartha agus téarnaimh atá tástáilte agus a chlúdaíonn a feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha ar a laghad, lena n-áirítear iad siúd atá ar conradh le soláthraithe tríú páirtí, agus an mbreithnítear réimse cásanna tromchúiseacha ach inchreidte a bhféadfadh an institiúid a bheith leochaileach ina leith. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh freisin ar cibé acu an gcumasaíonn nó nach gcumasaíonn beartas leanúnachta gnó na hinstitiúide bearta cuí freagartha agus téarnaimh i leith aon chineál teagmhais.
225. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinneadh cibé acu atá nó nach bhfuil na nithe seo a leanas san áireamh i mbainistíocht leanúnachais gnó na hinstitiúide:
- Anailís Tionchair Gnó (ATG);
 - straitéisí téarnaimh iomchuí lena n-áirítear spleáchais inmheánacha agus sheachtracha agus tosaíochtaí téarnaimh atá sainithe go soiléir;
 - pleananna cuimsitheacha agus solúbtha chun déileáil le cásanna cur isteach sochreidte, atá bunaithe ar an BIA agus i gcomhar le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha;
 - pleananna lena mbunaítear straitéisí teagmhais agus nósanna imeachta freagartha agus téarnaimh;
 - tástáil éifeachtach ar dhearadh agus ar éifeachtacht oibriúcháin na bpleananna;
 - cláir feasachta agus oiliúna BCM;
 - pleananna cumarsáide chun an bhainistíocht agus na páirtithe leasmhara ábhartha go léir a chur ar an eolas, agus doiciméadacht bainistíochta géarchéime, bearta agus feidhm bainistíochta géarchéime i gcás inarb infheidhme (de réir Airteagal 11(7) de DORA).

226. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil na nithe seo a leanas san áireamh i bpleananna leanúnachais gnó, freagartha agus téarnaimh na hinstitiúide:

- a. ról agus freagrachtaí a bhunú, lena n-áirítear treoir shoiléir maidir le comharbas a d'fhéadfadh a bheith ann, agus an próiseas cinnteoireachta inmheánach a leagan amach mar aon le sainmhíniú ar thruicir ghníomhachtaíthe;
- b. athbhreithniú chun a áirithiú go mbeidh straitéisí teagmhasacha comhsheasmhach i gcónaí leis na hoibríochtaí, na rioscaí agus na bagairtí atá ann faoi láthair, leis na leibhéil athléimneachta agus leis na cuspóirí agus na tosaíochtaí téarnaimh;
- c. tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí leanúnachais gnó trí chur chuige rioscabhunaithe a úsáid;
- d. tástáil rialta chun a áirithiú gur féidir cuspóirí agus tréimhsí ama téarnaimh a bhaint amach; agus
- e. tástáil na seirbhísí a sholáthraíonn soláthraithe seirbhíse tríú páirtí, i gcás inarb infheidhme;

227. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas freisin cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar torthaí tástála a dhoiciméadú agus a thuairisciú don chomhlacht bainistíochta.

Measúnú ar an gcreat bainistíochta riosca TFC

228. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar DORA agus Treoirlínte an ÚBE maidir le Rialachas Inmheánach i ndáil le rialachas inmheánach agus eagrú bhainistíocht riosca TFC a bheith á gcomhlíonadh ag an institiúid. Ba cheart d'údaráis inniúla tuairim a thabhairt maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil comhlacht bainistíochta na hinstitiúide freagrach go ginearálta as riosca TFC a bhainistiú agus cibé acu an ndéanann nó nach ndéanann sé cur i bhfeidhm na socruithe uile a bhaineann le TFC a shainiú, a cheadú agus a mhaoirsiú. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil dóthain eolais agus scileanna ag comhaltaí an chomhlachta bainistíochta chun riosca TFC agus a thionchar ar oibríochtaí na hinstitiúide a thuiscint agus a mheasúnú.

229. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil na ról agus na freagrachtaí do gach feidhm a bhaineann le TFC agus na socruithe rialachais atá bunaithe leabaithe agus comhtháite i gcreat rialaithe inmheánaigh agus rialachais na hinstitiúide chun riosca TFC a bhainistiú. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla a bhreithniú cibé acu atá nó nach bhfuil an fhreagracht as riosca TFC a bhainistiú agus a mhaoirsiú sannta go héifeachtach ag an institiúid d' fheidhm rialaithe neamhspleách a bhfuil rochtain dhíreach aici agus ar féidir léi tuairisciú go díreach don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta, agus measúnú a dhéanamh ar cibé acu an léiríonn nó nach léiríonn an institiúid:

- a. cumarsáid shoiléir, leithdháileadh agus comhtháthú ról agus freagrachtaí i ngach feidhm a bhaineann le TFC, lena n-áirítear feidhmeanna agus próisis gnó a fhaigheann tacaíocht ó TFC;

- b. buiséad leordhóthanach agus iomchuí chun athléimneacht dhigiteach oibríochtúil a chomhlíonadh i dtéarmaí gach cineál acmhainní, lena n-áirítear cláir feasachta, oiliúint agus scileanna TFC ábhartha don fhoireann uile (de réir Airteagal 5(2)(g) de DORA);
- c. obair leantach agus freagairt leordhóthanach ón gcomhlacht bainistíochta maidir le torthaí criticiúla iniúchóireachta TFC agus torthaí a thuairiscítear faoi Airteagal 13(5) de DORA.

230. Ba cheart d'údaráis inniúla tuiscint chuimsitheach a fhorbairt ar chreat bainistíochta riosca TFC na hinstiúide agus measúnú a dhéanamh cibé acu atá nó nach bhfuil straitéisí, beartais, nósanna imeachta, prótacail agus uirlisí TFC, lena n-áirítear leibhéil lamháltais, atá leordhóthanach agus oiriúnach, i bhfeidhm ag an instiúid chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach, go héifeachtúil agus go cuimsitheach ar an riosca ábhartha TFC i gcomhréir le DORA. Chun na críche seo, ba cheart d'údaráis inniúla na nithe seo a leanas a bhreithniú, i gcás inarb infheidhme:

- a. oiriúnacht agus éifeachtúlacht bheartais na hinstiúide um bainistiú riosca TFC³⁶, próisis agus nósanna imeachta, lena n-áirítear i measc rudaí eile bainistíocht tríú páirtí TFC, aimsiú agus freagairt ar eachtraí a bhaineann le TFC, bainistíocht measúnaithe TFC, criptiú agus cripteagrafaíocht, slándáil oibríochtaí TFC, slándáil líonra, rialú rochtana, agus an cibé acu atá nó nach bhfuil siad seo formheasta ag an gcomhlacht bainistíochta agus curtha in iúl do na páirtithe leasmhara ábhartha go léir (de réir Airteagal 14 de DORA);
- b. oiriúnacht leibhéil lamháltais riosca na hinstiúide maidir le riosca TFC agus an lamháltas tionchair le haghaidh cur isteach ar TFC (de réir Airteagal 6(8)(b) de DORA);
- c. oiriúnacht agus cur i bhfeidhm straitéis athléimneachta oibríochtúla dhigitigh na hinstiúide, lena n-áirítear a ailíniú leis an straitéis ghnó;
- d. comhsheasmhacht na straitéise maidir le riosca tríú páirtí ICT, lena n-áirítear an straitéis ildhíoltóra ICT, nuair a bhíonn sé ar fáil, leis an straitéis ghnó fhoriomlán agus le creat bainistíochta riosca ICT;
- e. riosca iarmharach ó rioscaí sainaitheanta na hinstiúide maidir le socruithe conarthacha i ndáil le húsáid seirbhísí TFC a thacaíonn le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha;
- f. riosca iarmharach ó rioscaí aitheanta na hinstiúide ar thionscadail TFC a dhéanann difear d'fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, a thuairiscítear don chomhlacht bainistíochta, agus freisin ar éadálacha, ar fhorbairt agus ar chothabháil córas TFC agus ar athruithe TFC;
- g. sláine agus cuimsitheacht an chláir tástála do sheasmhacht oibríochtúil dhigiteach;
- h. treocht agus méid na bpríomh-eachtraí agus na dtorthaí a bhaineann le hICT a thuairiscítear don chomhlacht bainistíochta de bhun Airteagal 17(3)(e) agus Airteagal 13(5) de DORA;
- i. rialuithe riosca TFC a bhaineann go sonrach leis an riosca ábhartha TFC sainaitheanta;

³⁶ De réir DORA, ba cheart go n-áireofaí iontu seo ar a laghad an beartas slándála faisnéise, beartais chúlaca, beartas bainistíochta sócmhainní TFC, beartas rialaithe criptiúcháin agus cripteagrafacha, beartas bainistíochta eochracha cripteagrafacha, beartas bainistíochta tionscadal TFC, beartas éadála, forbartha agus cothabhála córas TFC, beartas acmhainní daonna, beartas slándála fisiciúla agus comhshaoil, beartas bainistíochta eachtraí a bhaineann le TFC, agus beartas maidir le húsáid seirbhísí TFC a thacaíonn le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a sholáthraíonn soláthraithe seirbhíse tríú páirtí TFC.

- j. tuairisciú tráthúil ghnéithe de bhainistíocht riosca TFC don chomhlacht bainistíochta agus don ardbhainistíocht;
- k. clúdach agus torthaí an iniúchta inmheánaigh.

231. Agus riosca bainistíochta ICT á measúnú, ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar bhainistiú riosca tríú páirtí ICT, lena n-áirítear leibhéal comhchruinnithe na hinstitiúide i leith soláthraithe seirbhíse tríú páirtí ICT. Chun na críche sin, ba cheart d'údaráis inniúla dlúthchomhar a áirithiú le Príomh-Mhaoirseoirí soláthraithe criticiúla tríú páirtí TFC (CTPPanna), i gcomhréir le Treoirlínte Comhpháirteacha na ÚMEnna³⁷, i gcás go bhfaigheann an institiúid atá á measúnú seirbhísí TFC ó CTPP. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh freisin ar éifeachtacht an ról thiomnaithe arna bhunú ag an institiúid, nó ag an gcomhalta ainmnithe den ardbhainistíocht, maidir le faireachán a dhéanamh ar shocruithe tríú páirtí TFC.

232. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí éifeachtach agus an bhfuil dóthain eolais, scileanna agus saineolais aici chun creat bainistíochta riosca TFC na hinstitiúide a iniúchadh, trí athbhreithniú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil na nithe seo a leanas á gcur i bhfeidhm:

- a. déantar iniúchadh ar an gcreat bainistíochta riosca TFC leis an gcáilíocht, an fócas agus an mhinicíocht riachtanach, agus tá sé comhréireach le próifíl riosca TFC na hinstitiúide;
- b. áirítear sa phlean iniúchóireachta iniúchtaí ar na rioscaí ábhartha TFC arna sainaitheint ag an institiúid, lena n-áirítear athbhreithnithe neamhspleácha ar phleananna freagartha agus téarnaimh TFC;
- c. torthaí criticiúla iniúchóireachta TFC a fhíorú agus a leigheas go tráthúil, lena n-áirítear tuairisciú don chomhlacht bainistíochta;
- d. déantar obair leantach fhoirmiúil ar thorthaí iniúchta TFC, lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhaontaithe, agus déanann an ardbhainistíocht agus/nó an coiste iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar thuarascálacha dul chun cinn.

6.4.4. Riosca do chlú a bhainistiú

233. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an riosca do chlú a bhfuil an institiúid neamhchosanta air trí leas a bhaint as an tuiscint a fuarthas ó Theideal 4 go Teideal 6.2. Ba cheart go ndíreodh measúnú den sórt sin freisin ar an gcreat foriomlán riosca do chlú, lena n-áirítear cumas na hinstitiúide chun aon imeachtaí clú a bhainistiú. I gcomhair an mheasúnaithe seo, ba cheart d'údaráis inniúla gan gnéithe a breithníodh cheana sa mheasúnú ar riosca dlíthiúil (alt 6.4.2.1) a chomhaireamh faoi dhó.

³⁷ Treoirlínte Comhpháirteacha ÚMEnna maidir leis an gcomhar maoirseachta agus malartú faisnéise idir na ÚMEnna agus na húdaráis inniúla faoi Rialachán (AE) 2022/2554 (JC/2024/36).

234. Agus ábharthacht an riosca do chlú á measúnú, ba cheart d'údaráis inniúla méid na hinstitiúide chomh maith le cineál, scála agus castacht a seirbhísí, a gníomhaíochtaí agus a hoibríochtaí a mheas (mar shampla, cothromais nó fiacha liostaithe nó rannpháirtíocht i margaí idirbhainc).
235. Ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar thosca nó imeachtaí inmheánacha agus seachtracha araon a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hábhair imní maidir le clú, seachas imeachtaí a mbíonn imeachtaí dlí mar thoradh orthu. I gcás institiúidí de Chatagóir 1 agus de Chatagóir 2, ba cheart d'údaráis inniúla na táscairí seo a leanas go léir a chur san áireamh ina measúnú:
- a. clúdach diúltach sna meáin/meáin shóisialta agus tionscnaimh de chuid comhlachais tomhaltóirí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do dhearcadh an phobail agus do chlú na hinstitiúide;
 - b. líon na ngearán ó chustaiméirí agus na hathruithe a tháinig orthu nó cailteanas tobann custaiméirí nó infheisteoirí;
 - c. eachtraí diúltacha a bhaineann le piaraí na hinstitiúide ar féidir leis an bpobal iad a shamhlú leis an earnáil airgeadais iomlán nó le grúpa institiúidí;
 - d. dea-cháil daoine aonair a bhfuil baint acu le bainistiú na hinstitiúide nó a bhfuil scairsealbhú cáilitheacha acu;
 - e. rannpháirtíocht nó oibriú in earnálacha nó i ndlínsí atá an-neamhchosanta ar ML/TF nó le daoine aonair a bhfuil riosca ard ag baint leo ó thaobh ML/TF de;
 - f. baint nó oibriú in earnálacha nó i ndlínsí agus/nó le páirtithe comhfhreagracha atá an-neamhchosanta ar shaincheisteanna ábhartha nó ar chonspóidí poiblí a bhaineann le tosca ESG, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do thosca comhshaoil;
 - g. an tionchar ar chlú i gcás teagmhas a bhaineann le TFC, mar a thaifeadann an institiúid iad i gcomhréir le Rialachán Tarmilgthe an Choimisiúin (AE) 2024/1772³⁸;
 - h. táscairí 'margaidh' eile, má tá siad ar fáil (e.g. íosghrádú rátála nó athruithe ar phraghas na scaireanna i rith na bliana).
236. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar shuntasacht neamhchosaint na hinstitiúide ar riosca do chlú agus a idirnascacht leis na rioscaí eile, trí leas a bhaint as na measúnuithe riosca ábhartha (lena n-áirítear measúnuithe ó údaráis mhaoirseachta eile) chun aon iarmhairtí tánaisteacha féideartha i gceachtar treo a aithint.
237. I gcomhthéacs na hanailíse ar riosca oibriúcháin, ba cheart d'údaráis inniúla ábharthacht agus suntasacht neamhchosaintí na hinstitiúide ar riosca ML/TF a chur san áireamh ó thaobh stuamachta faoi raon feidhme an riosca oibriúcháin. I ndáil leis sin, ba cheart go n-úsáidfeadh údaráis inniúla an t-ionchur ábhartha a fhaightear ó mhaoirseoirí AML/CFT chun a gcuid torthaí

³⁸Rialachán Tarmilgthe (AE) 2024/1772 ón gCoimisiún an 13 Márta 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeán theicniúla rialála lena sonraítear na critéir maidir le haicmiú teagmhas a bhaineann le TFC agus cibearbhagairtí, lena leagtar amach tairseacha ábharthachta agus lena sonraítear sonraí tuairiscithe mórtheagmhas C/2024/1519 (IOL, 2024/1772, 25.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1772/oj).

ó mhaoirseacht leanúnach a fhorlíonadh agus chun meastóireacht a dhéanamh ar cibé acu an eascraíonn siad nó nach n-eascraíonn imní stuamachta a bhaineann le riosca ML/TF astu.

238. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheabhrú gur féidir le haon institiúid a bheith neamhchosanta ar riosca ML/TF beag beann ar mhéid nó ar fhóntas airgeadais na hinstitiúide. Dá bhrí sin, ba cheart aird leordhóthanach a thabhairt freisin ar institiúidí a bhraitear a bheith fónta ó thaobh airgeadais de agus a bhféadfadh dea-cháil a bheith orthu ós rud é go bhféadfaí díriú ar na hinstitiúidí sin go sonrach chun críocha ML/TF. Ba cheart aird a dhíriú freisin ar institiúidí a n-éiríonn go han-mhaith leo custaiméirí nua a mhealladh / sciar den mhargadh a mhéadú - go háirithe trí bhealaí dáileacháin neamhthraidisiúnta a úsáid - ós rud é go bhféadfadh baint a bheith aige seo le rialuithe laga díchill chuig do chustaiméirí ag an gcéim bordála.
239. Ba cheart d'údaráis inniúla faisnéis ábhartha maidir le saincheistanna riosca oibriúcháin a shainaithnítear a d'fhéadfadh rioscaí ML/TF a bheith mar thoradh orthu agus ábhair imní amhail easnamh i gcóras TFC nó i gcreat rialaithe inmheánaigh na n-institiúidí a chomhroinnt le maoirseoirí AML/CFT.
240. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil socruithe, straitéisí, próisis agus sásraí leordhóthanacha curtha i bhfeidhm ag an institiúid chun riosca do chlú a bhainistiú. Go háirithe, ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh:
- cibé acu atá nó nach bhfuil beartais agus próisis fhoirmiúla i bhfeidhm ag an institiúid chun an riosca seo a shainaithint, a bhainistiú agus chun faireachán a dhéanamh air, agus cibé acu atá nó nach bhfuil na beartais agus na próisis sin comhréireach lena méid agus lena ábharthacht sa chóras;
 - cibé an dtugann nó nach dtugann an institiúid aghaidh ar an riosca seo ar bhealach réamhchúramach, lena n-áirítear meadarachtaí agus uirlisí faireacháin cuí a chur i bhfeidhm, clúdach ar shaincheistanna creidiúnachta a d'fhéadfadh teacht chun cinn i bpleananna teagmhais, seisiúin ábhartha oiliúna agus feasachta a reáchtáil agus leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh;
 - cibé an ndéanann nó nach ndéanann an institiúid tástáil struis nó anailís cásanna chun measúnú a dhéanamh ar aon éifeachtaí tánaisteacha a bhaineann le riosca do chlú (e.g. leachtacht, costais mhaoiniúcháin, rochtain ar sheirbhís bhaincéireachta chomhfhreagraí, etc.);
 - cibé an ngníomhaíonn nó nach ngníomhaíonn an institiúid chun a branda a chosaint trí uirlisí chun faireachán a dhéanamh ar na meáin/meáin shóisialta, trí phrótacail chun aghaidh a thabhairt ar mhífhaisnéis agus ar dhroch-phoiblíocht, chomh maith le feachtais chumarsáide thráthúla;
 - cibé an mbreithníonn nó nach mbreithníonn an institiúid an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a straitéis agus ag a pleananna gnó, agus ag a iompar i gcoitinne, ar a chlú.

6.4.5. Athléimneacht oibríochtúil

241. Ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim iomlánaíoch ar chumas na hinstitiúide feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a sheachadadh le linn cur isteach (leibhéal na hathléimneachta oibríochtúla), toradh a bhaineann tairbhe as bainistíocht éifeachtach riosca oibríochtúil, agus méid na hinstitiúide, a samhail ghnó agus a phróifíl riosca fhoriomlán á gcur san áireamh. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla leas a bhaint as na measúnuithe atá acu cheana ar bhainistíocht riosca oibriúcháin, leanúnachas gnó, cumais bainistithe athruithe, seirbhísí tríú páirtí agus an TFC a mbíonn an institiúid ag brath air chun measúnú iomlánaíoch a dhéanamh ar cibé an dtacaíonn nó nach dtacaíonn na gnéithe seo i dteannta a chéile le hathléimneacht oibríochtúil na hinstitiúide. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas freisin cibé an gcuireann nó nach gcuireann an institiúid a creat bainistíochta riosca, pleananna leanúnachais gnó, bainistíocht tríú páirtithe (a measúnaíodh cheana i gcomhthéacs DORA agus Threoirlínte an ÚBE arna n-eisiúint de bhun Airteagal 74(3) den Treoir 2013/36/AE maidir le socruithe, próisis agus meicníochtaí rialachais inmheánaigh) agus creataí téarnaimh agus réitigh i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach agus comhordaithe. Thairis sin, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil na hidirnaisc agus na hidirspleáchais inmheánacha agus seachtracha is gá chun a feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a sheachadadh mapáilte go leordhóthanach ag an institiúid.

242. Ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar an aird a thugann an comhlacht bainistíochta agus an ard bhainistíocht do chumas na hinstitiúide freagairt do chur isteach agus teacht chucu féin astu, ar an toimhde go dtarlódh clistí. Chun na críche seo, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- a. cibé an nglacann nó nach nglacann an comhlacht bainistíochta ról gníomhach maidir le tuiscint leathan a bhunú ar chur chuige na hathléimneachta oibríochtúla ar fud na hinstitiúide agus maidir le faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht chur chuige na hinstitiúide maidir le hathléimneacht oibríochtúil;
- b. cibé an soláthraítear nó nach soláthraítear tuairisciú tráthúil ar athléimneacht oibríochtúil leanúnach na hinstitiúide chun tacú le maoirseacht an chomhlachta bainistíochta, go háirithe nuair a d'fhéadfadh móreasnaimh shainitheanta difear a dhéanamh do sheachadadh fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha na hinstitiúide.

6.4.6. Achoimre ar thorthaí, scóráil agus bearta maoirseachta

243. Tar éis an mheasúnaithe thuas, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le riosca oibriúcháin na hinstitiúide. Ba cheart go mbeadh eolas maidir leis an tuairim seo le fáil in achoimre ar thorthaí, mar aon le scór riosca bunaithe ar na breithniúcháin atá sonraithe i dTábla 10. Más rud é, bunaithe ar ábharthacht fochatagóirí riosca áirithe, go gcinneann an t-údarás inniúil iad a mheasúnú agus a scóráil ina n-aonar, ba cheart an treoir a thugtar sa tábla seo a chur i bhfeidhm, a mhéid is féidir, de réir analaí.

Tábla 10. Breithnithe maoirseachta maidir le scór riosca oibriúcháin a shannadh

Scór riosca	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach	Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha
1	Tá riosca íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	<ul style="list-style-type: none"> Tá neamhchosaintí na hinstitiúide ar riosca oibriúcháin teoranta do roinnt catagóirí tionchair ardmhinicíochta/ísealdéine. Tá tábhacht neamhchosaint na hinstitiúide ar riosca oibriúcháin neamh-ábhartha/an-íseal, mar a léirítear le hanailís cásanna agus i gcomparáid le caillteanais piaraí. Tá leibhéal na gcaillteanas comhlán (roimh aisghabhálacha agus lena n-áirítear caillteanais ar phunann creidmheasa de bharr riosca oibriúcháin) a d'fhulaing an institiúid le blianta beaga anuas neamh-ábhartha/an-íseal nó tá laghdú tagtha air ó leibhéal níos airde. Gan aon neamhchosaint suntasach ar rioscaí TFC, ailtireacht TFC shimplí/athléimneach/sholúbth a agus rioscaí TFC a bheith neamhábhartha/an-íseal. Tá leibhéal an riosca comhchruinnithe i leith soláthraithe seirbhíse tríú páirtí íseal, le slabhraí simplí fochonraitheoireachta. Tá an déine bagartha a bhféadfadh cur isteach mór oibríochtúil (lena n-áirítear teagmhais a bhaineann le TFC) ar fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a bheith mar thoradh air íseal. 	<ul style="list-style-type: none"> Tá comhsheasmhacht idir beartas agus straitéis riosca oibriúcháin na hinstitiúide agus a straitéis agus a hinghlachthacht riosca fhoriomlán. Tá an creat eagraíochtúil le haghaidh riosca oibriúcháin láidir agus tá freagrachtaí soiléire ann agus deighilt shoiléir idir glacadóirí riosca agus na feidhmeanna bainistíochta agus rialaithe. Áirítear gach riosca ábhartha sa chreat riosca oibriúcháin. Tá córais tomhais riosca oibriúcháin, faireacháin agus tuairiscithe oiriúnach. Tá an creat rialaithe le haghaidh riosca oibriúcháin fóna. Tá bainistiú riosca agus rialuithe TFC leordhóthanach i ndáil leis na ceanglais atá leagtha amach in DORA. Tá creat bainistíochta riosca tríú páirtí fóna agus éifeachtach, mar aon le socruithe conarthacha oiriúnacha. Bainistiú éifeachtach agus fóna leanúnachais gnó, lena n-áirítear pleananna leanúnachais gnó, freagartha agus téarnaimh a ndearnadh tástáil orthu.
2	Tá riosca meánach-íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don	<ul style="list-style-type: none"> Tá neamhchosaintí na hinstitiúide ar riosca oibriúcháin i gcatagóirí tionchair ardmhinicíochta/íseal-déine den chuid is mó. Tá suntasacht na neamhchosanta ar riosca oibriúcháin idir íseal agus meánach, mar a léirítear trí anailís cásanna agus i gcomparáid le caillteanais piaraí. 	

Scór riosca	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach	Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha
	bhainistíocht agus do na rialuithe.	<ul style="list-style-type: none"> Bhí leibhéal na gcaillteanas comhlán a d'fhulaing an institiúid le blianta beaga anuas íseal go meánach, nó meastar go n-ardóidh sé ó leibhéal stairiúil níos ísle nó go laghdóidh sé ó leibhéal stairiúil níos airde. Neamhchosaint íseal ar rioscaí TFC, ailtireacht TFC atá measartha casta/srianta go páirteach agus rioscaí TFC íseal/meánach. Tá leibhéal an riosca comhchruinnithe i leith soláthraithe seirbhíse tríú páirtí meánach, le slabhraí fochonraitheoireachta measartha. Tá an déine bagartha a bhféadfadh cur isteach mór oibríochtúil (lena n-áirítear teagmhais a bhaineann le TFC) ar fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a bheith mar thoradh air meánach. 	
3	Tá riosca idir meánach agus ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsach agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	<ul style="list-style-type: none"> Cuimsítear i neamhchosaintí na hinstitiúide ar riosca oibriúcháin roinnt catagóirí tionchair ísealmhinicíochta/ard-déine. Tá suntasacht neamhchosaint na hinstitiúide ar riosca oibriúcháin, mar a léirítear le hanailís cásanna agus i gcomparáid le caillteanais piaraí, idir meánach agus ard. Tá leibhéal na gcaillteanas comhlán a d'fhulaing an institiúid le blianta beaga anuas meánach go hard, nó meastar go n-ardóidh sé ó leibhéal stairiúil níos ísle nó go laghdóidh sé ó leibhéal stairiúil níos airde. Tásca maidir le neamhchosaintí suntasacha ar riosca TFC, ailtireacht chasta/dhocht/ilroinnte TFC agus rioscaí TFC meánacha/arda. 	<ul style="list-style-type: none"> Níl an chomhsheasmhacht idir beartas agus straitéis riosca oibriúcháin na hinstitiúide agus a straitéis fhoriomlán agus a hinghlacthacht riosca forbartha a dhóthain nó fiú dóthanach. Níl an creat eagraíochtúil le haghaidh riosca oibriúcháin sách láidir. Ní chuimsíonn an creat riosca oibriúcháin gach riosca ábhartha. Tá córais tomhais riosca oibriúcháin, faireacháin agus tuairiscithe neamhoiriúnach. Tá an creat rialaithe do riosca oibriúcháin tanaí. Níl bainistíocht riosca agus rialuithe TFC i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach in DORA. Tá an creat bainistíochta riosca tríú páirtí neamhiomlán/lag,

Scór riosca	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach	Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha
		<ul style="list-style-type: none"> Tá leibhéal an riosca comhchruinnithe i leith soláthraithe seirbhíse tríú páirtí ard, le slabhraí fochonraitheoireachta idir measartha agus fada/casta. Tá an déine bagartha a bhféadfadh cur isteach mór oibríochtúil (lena n-áirítear teagmhais a bhaineann le TFC) ar fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a bheith mar thoradh air ard. 	<p>mar aon le socruithe conarthacha neamhleordhóthanacha.</p> <ul style="list-style-type: none"> Bainistíocht neamhdhóthanach ar leanúnachas gnó, lena n-áirítear pleananna neamhiontaofa/neamhéifeachtacha/neamhiomlána le haghaidh leanúnachais gnó, freagartha agus téarnaimh.
4	Tá riosca ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	<ul style="list-style-type: none"> Cuimsíonn neamhchosaintí ar riosca oibriúcháin na príomhchatagóirí go léir. Tá suntasacht neamhchosaint na hinstitiúide ar riosca oibriúcháin ard agus ag méadú, mar a léirítear le hanailís cásanna agus i gcomparáid le caillteanais piaraí. Tá leibhéal na gcaillteanas comhlán a d'fhulaing an institiúid le cúpla bliain anuas ard, nó tá méadú suntasach tagtha ar an riosca. Tásca iomadúla maidir le neamhchosaintí suntasacha ar riosca TFC, ailtireacht TFC an-chasta/leochaileach agus rioscaí arda TFC. Tá leibhéal an riosca comhchruinnithe i leith soláthraithe seirbhíse tríú páirtí an-ard/dian, le slabhraí fochonraitheoireachta fada/casta. Tá déine na bagartha a bhféadfadh cur isteach mór oibríochtúil (lena n-áirítear teagmhais a bhaineann le TFC) ar fheidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a bheith mar thoradh air an-ard/an-dian. 	

244. Cuirtear liosta neamh-uileghabhálach de bhearta maoirseachta is féidir le húdaráis inniúla a dhéanamh i gcás ina n-aithnítear easnaimh i gcreat bainistíochta riosca oibriúcháin agus in athléimneacht oibríochtúil na hinstitiúide (agus an dlúthnasc idir an athléimneacht oibríochtúil agus bainistíocht riosca oibriúcháin) i láthair sa tábla thíos. Ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh

a dhéanamh maidir le cineál an bhirt bunaithe ar a éifeachtacht i leith an easnaimh shonraigh aitheanta. Féadfaidh údaráis inniúla bearta maoirseachta breise (lena n-áirítear bearta cainníochtúla i gcomhréir le hAirteagal 104(1)(a) de Threoir 2013/36/AE) nó teaglam díobh sin a chur i bhfeidhm leis na cinn atá liostaithe sa tábla thíos, má mheastar iad a bheith níos iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh. I gcás sárúithe ar DORA, ba cheart d'údaráis inniúla na bearta ceartaitheacha agus leigheasacha is infheidhme a sholáthraítear in Airteagal 50 de DORA a chur san áireamh.

Tábla 11. Liosta féideartha neamh-uileghabhálach de bhearta maoirseachta a eascraíonn as measúnú ar riosca oibriúcháin agus ar athléimneacht oibríochtúil

Bearta maoirseachta a d'fhéadfadh a bheith ann d'údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 104(1), pointí (b), (d), (e), (f), (j), (l), (m), agus (n) de Threoir 2013/36/AE agus Airteagal 50 de Rialachán (AE) 2022/2554 – Féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar an institiúid an méid seo a leanas a dhéanamh:
A. rannpháirtíocht níos gníomhaí a bheith ag an gcomhlacht bainistíochta nó a choistí i gcinntí creidmheasa ábhartha;
B. córais chun rioscaí oibriúcháin a thomhas a fheabhsú;
C. rialuithe ar phróisis oibríochtúla a neartú, lena n-áirítear sainaithint, faireachán, freagairt agus téarnamh;
D. feabhas a chur ar an gcreat rialachais oibríochtúil;
E. tuairisciú riosca oibriúcháin don chomhlacht bainistíochta agus don ardbhainistíocht a fheabhsú;
F. pleananna gníomhaíochta ceartaitheacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh;
G. teorainn a chur le socruithe áirithe tríú páirtí, go háirithe i gcás feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha;
H. feabhas a chur ar thástáil struis agus ar anailís ar chásanna riosca oibriúcháin;
I. bearta oibríochtúla níos láidre a chur i bhfeidhm;
J. pleananna leanúnachais gnó, freagartha agus téarnaimh a fheabhsú;
K. feabhas a chur ar bhainistiú riosca oibríochtúil a bhaineann le rioscaí ESG, go háirithe rioscaí comhshaoil, a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí atá liostaithe thuas.

6.5. Measúnú ar riosca ráta úis agus ar riosca raon difríochta creidmheasa a eascraíonn as gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála

6.5.1. Breithniúcháin ghinearálta

245. Agus riosca ráta úis bunúsach a eascraíonn as suíomhanna íogaire ó thaobh ráta úis de i ngníomhaíochtaí neamhtrádála ar agus lasmuigh den chlár comhardaithe (ar a dtugtar riosca ráta úis sa leabhar neamhtrádála, nó IRRBB) agus riosca raoin difríochta creidmheasa a eascraíonn as suíomhanna sa leabhar neamhtrádála (ar a dtugtar CSRBB) agus leordhóthanacht an chreata rialaithe inmheánaigh á measúnú, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh, i measc nithe eile, ar na gníomhartha dlí a fhoilsítear ar leithligh ar shuíomh gréasáin an ÚBE, mar a dtagraítear dóibh i mír 12, a bheith á gcomhlíonadh.
246. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar IRRBB, lena n-áirítear fáiltais do na seasaimh seo, beag beann ar a n-aitheantas agus a dtomhas, agus beag beann ar aitheantas agus tomhas caillteanas agus gnóthachan, chun críocha cuntasáíochta.

247. Ba cheart d'údaráis inniúla ábharthacht agus tábhacht na bhfochatagóirí³⁹ seo ar a laghad a bhreithniú agus IRRBB á measúnú acu: riosca bearna, riosca boinn agus riosca rogha.
248. Ba cheart measúnú ar IRRBB a idirdhealú ó mheasúnú ar CSRBB, ar cheart d'údaráis inniúla é a dhéanamh freisin i gcomhréir le mír 6.5.3. Go háirithe, ba cheart d'údaráis inniúla cibé an ndéanann nó nach ndéanann córais inmheánacha na n-institiúidí measúnú agus faireachán leordhóthanach ar an riosca ó CSRBB ó thaobh luach eacnamaíoch agus glanioncam úis (lena n-áirítear athruithe ar luach an mhargaidh) agus an sainíonn siad CSRBB go hiomchuí agus an gcinneann siad a raon feidhme⁴⁰ a chur san áireamh.
249. Bunaithe ar an measúnú foriomlán ar riosca bunúsach IRRBB agus ar an mbainistiú riosca agus ar na rialuithe riosca le haghaidh IRRBB agus CSRBB, ba cheart d'údaráis inniúla tuairim a thabhairt ar IRRBB agus ar CSRBB a mbeadh comhscór mar thoradh air agus úsáid á baint as na critéir a leagtar amach i dtábla 12. Ba cheart go léireofaí toradh an mheasúnaithe ar gach riosca aonair in achoimre ar na torthaí agus i míniú ar na príomhchúiseanna riosca.

6.5.2. IRRBB

6.5.2.1. Measúnú ar an IRRBB bunúsach

250. Trí mheasúnú a dhéanamh ar leibhéal dúchasach IRRBB, ba cheart d'údaráis inniúla na príomhchúiseanna le risíocht IRRBB na hinstiúide a chinneadh agus tionchar stuamachta ionchasach an riosca sin ar an institiúid a mheas.

Réamh-mheasúnú

251. D'fhonn raon feidhme an mheasúnaithe ar IRRBB a chinneadh, ba cheart d'údaráis inniúla na foinsí IRRBB a bhfuil nó a bhféadfadh an institiúid a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint ar dtús. Chun é sin a dhéanamh, ba cheart d'údaráis inniúla leas a bhaint as an eolas a fuarthas ó fhaisnéis ICAAP agus ILAAP a bailíodh chun críocha SREP, ó thuairisciú arna bhunú ar IRRBB, ó mheasúnú ar ghnéithe eile SREP, ó sheasamh na hinstiúide a chur i gcomparáid le seasamh a piaraí agus ó aon gníomhaíochtaí maoirseachta eile. Mar chuid de seo, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar rialachas na hinstiúide maidir le riosca ráta úis, lena n-áirítear a príomhstraitéis IRRBB agus a hinghlacthacht riosca i ndáil le IRRBB, agus an leibhéal caipitil inmheánaigh atá leithroinnte ag an institiúid do IRRBB.

Cineál agus comhdhéanamh phróifíl riosca ráta úis na hinstiúide

252. Ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim shoiléir ar conas is féidir le hathruithe ar rátaí úis drochthionchar a bheith acu ar ghlanioncam úis institiúide (agus, i gcás inarb ábhartha, ar a tuilleamh) agus ar a luach eacnamaíoch (luach láithreach na sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leo) chun radharc gearrthéarmach agus fadtéarmach a fháil ar an mbagairt a d'fhéadfadh a bheith ann do leordhóthanacht caipitil.

³⁹ Féach larscríbhinn IV le haghaidh miondealú neamh-uileghabhálach ar fhochatagóirí IRRBB.

⁴⁰ Agus breithniú á dhéanamh freisin ar an treoir in ÚBE/2022/14.

253. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh ar struchtúr agus ar shaintréithe sócmhainní, dliteanas agus neamhchosaint lasmuigh de chlár comhardaithe na hinstitiúide, agus tuairim shoiléir a fháil ina leith, lena n-áirítear a n-íogaireacht d'athruithe ar rátaí úis, ar théarmaí agus ar dhátaí athphraghsála, agus an cion de tháirgí agus de shuíomhanna a bhfuil a dtéarmaí éiginnte (e.g. le roghanna ionsuite nó le gnéithe réamhíocaíochta) agus aon toimhdí iompraíochta gaolmhara.
254. Ina theannta sin, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis fálaithe na hinstitiúide agus ar a mhéid a d'fhéadfaí fálú nádúrtha a chur i bhfeidhm (agus stóinseacht samhaltú aibíochtaí athphraghsála le haghaidh míreanna a bhfuil aibíocht neamhshainithe acu á gcur san áireamh freisin), méid na ndíorthach a úsáidtear chun críocha fálaithe agus an bhféadfaidh na díorthaigh íogaireacht in EVE, NII nó méadrachtaí eile a úsáideann an institiúid go himmheánach a mhaolú.
255. Ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt freisin ar aon chomhchruinnithe (e.g. sna punanna iasachtaí nó bannaí) maidir le hathphraghsáil aibíochta, nó i dtáirgí le roghnaíocht uathoibríoch nó iompraíoch, neamhchosaintí neamhthuillmheacha, agus ar nádúr IRRBB atá leabaithe in uirlisí cothromais, lena n-áirítear uirlisí ar leachtacht níos lú amhail sócmhainní agus dliteanais leibhéal 3.
256. Agus anailís á déanamh ar an tionchar ar thuilleamh institiúide, ba cheart go mbeadh a fhios ag údaráis inniúla cén méid de thorthaí na hinstitiúide a bhraitheann ar shuíomhanna atá íogair do rátaí úis, agus ba cheart dóibh a chinneadh cén tionchar a bheadh ag athruithe éagsúla ar rátaí úis ar ghlaníoncam úis na hinstitiúide, chomh maith le héifeachtaí na n-athruithe ar mhargadhluach ionstraimí a chinneadh – cibé a dtaispeántar nó nach dtaispeántar iad sa chuntas brabúis agus caillteanais (P&L) nó go díreach i gcothromas (e.g. trí ioncam cuimsitheach eile).
257. Agus anailís á déanamh acu ar an tionchar ar luach eacnamaíoch agus tuilleamh na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla torthaí na dtástálacha maoirseachta asluiteacha a shonraítear in Airteagal 98(5) de Threoir 2013/36/AE agus a shonraítear tuilleadh sa rialachán tarmligthe a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 98(5) de Threoir 2013/36/AE. 98(5a) den Treoir sin a bhreithniú ar dtús, chun, tagarmharc tosaigh a fháil chun comparáid a dhéanamh idir é agus an tionchar a bheadh ag athruithe ar rátaí úis ar an institiúid. Agus an measúnú seo á dhéanamh acu, ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar íogaireacht na sreafaí airgid i leith athphraghsála, i dtéarmaí a dtráthúlacht agus a méid, agus i leith athruithe ar na príomhthoimhdí bunúsacha (go háirithe i gcás cuntais chustaiméirí gan dátaí athphraghsála sonracha, cuntais chustaiméirí ina bhfuil roghnaíocht an chustaiméara leabaithe iontu agus/nó caipiteal cothromais).
258. Nuair a shainaithnítear an institiúid mar eisceacht sa tástáil mhaoirseachta ar eisceachtaí maidir le hioncam glan úis, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar ghnéithe breise a anailísiú chun cur leis an measúnú, nuair a mheastar go bhfuil sé sin oiriúnach (e.g. i bhfianaise shamhail ghnó na hinstitiúide). D'fhéadfadh athruithe ar luach margaidh na n-

ionstraimí luacha chothroma, meastóireacht ar na réamh-mheastacháin NII is measa i gcomparáid leis an NII atá réadaithe faoi láthair agus i gcomparáid le costais riaracháin/foriolchostais agus glanchoimisiúin/glantáillí chun caillteanais/gnóthachain leabaithe a ghabháil de bharr athruithe atá feicthe sna rátaí úis agus i ndálaí an mhargaidh a bheith ar ghnéithe eile arbh fhiú iad a bhreithniú.

259. Ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt ar íogaireacht sreafaí airgid thirim d'athruithe ar luacháil ionstraimí luacha chóir sa leabhar neamhthrádála, lena n-áirítear díorthaigh ráta úis a úsáidtear chun ionstraimí leabhair neamhthrádála a fhálú (e.g. tionchar athruithe marcála ón margadh ar ionstraimí luacha chóir ar P&L, éifeachtacht cuntas fálaíthe).
260. Chomh maith leis an triail asluiteach maoirseachta a shonraítear in Airteagal 98(5) de Threoir 2013/36/AE agus a shonraítear tuilleadh i Rialachán Tarmligthe Airteagal 2024/856, féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar institiúidí cásanna turrainge ráta úis eile a chur san áireamh.
261. Ina measúnú cainníochtúil, ba cheart d'údaráis inniúla freisin torthaí mhodheolaíochtaí inmheánacha nó caighdeánaithe na hinstitiúide chun IRRBB a thomhas a chur san áireamh, agus ina measc sin, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh freisin, i gcás na n-institiúidí sin a oibríonn in airgeadraí éagsúla, ar an tionchar ar na tomhais luacha eacnamaíoch agus tuillimh a thagann ó airgeadraí éagsúla agus, i gcás ina gcuirtear modheolaíocht inmheánach i bhfeidhm, ar na cur chuige a úsáideann na hinstitiúidí chun na hairgeadraí seo a chomhiomlánú. Trí anailís a dhéanamh ar na modheolaíochtaí sin, ba cheart go bhfaigheadh údaráis inniúla tuiscint níos doimhne ar na príomhfhachtóirí riosca is bonn do phróifíl IRRBB na hinstitiúide.
262. Agus anailís á déanamh acu ar thorthaí thionchar na dtástálacha maoirseachta asluiteacha agus ar mhodheolaíochtaí inmheánacha nó chaighdeánaithe na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla figiúirí an 'tráth ama' chomh maith le treochtaí stairiúla a bhreithniú. Ba cheart na rátaí sin a chur i gcomparáid le piaraí agus iad a bhreithniú i gcomhthéacs staid an mhargaidh dhomhanda.

Cásanna turrainge agus tástáil struis

263. Ba cheart go ndéanfaidh na húdaráis inniúla measúnú agus aird a thabhairt ar thorthaí na gcásanna turrainge ráta úis agus na dtástálacha struis a rinne an institiúid mar chuid dá próiseas bainistíochta inmheánach leanúnach. Sa chomhthéacs seo, ba cheart d'údaráis inniúla a bheith ar an eolas faoi na príomhfhoinsí de IRRBB na hinstitiúide agus go háirithe faoin éifeacht a bhíonn ag athruithe ar thuairimí iompraíochta, mar shampla maidir le NMD.
264. Más rud é, nuair a dhéantar athbhreithniú ar thorthaí chásanna turrainge na hinstitiúide agus ar thástálacha struis, go nochtar nó go bhfuil amhras ann faoi carnadh ar leith athluachála/aibíochta ag pointí éagsúla den chuar, is féidir go mbeidh ar na húdaráis inniúla anailísí breise a dhéanamh.

6.5.2.2 Measúnú ar chreat bainistíochta agus rialaithe IRRBB

265. Chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar phróifíl riosca ráta úis na hinstitiúide sa leabhar neamhthrádála, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an rialachas agus ar an gcreat is bun lena neamhchosaintí ar rátaí úis.

Straitéis agus inghlacthacht IRRBB

266. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil straitéis IRRBB atá slán, foirmithe agus doiciméadaithe go soiléir, arna formheas ag an gcomhlacht bainistíochta, ag an institiúid. I gcomhair an mheasúnaithe seo, ba cheart d'údaráis inniúla, i measc fachtóirí eile, ról an chomhlachta bainistíochta maidir le straitéis agus inghlacthacht IRRBB a leagan síos, a cheadú agus a athbhreithniú, cur i bhfeidhm cuí na straitéise seo ag an ardbhainistíocht, chomh maith lena hoiriúnacht don institiúid i bhfianaise a samhla gnó, a timpeallacht mhargaidh agus a ról sa chóras airgeadais, agus leordhóthanacht caipitil a chur san áireamh.

Creat rialaithe eagraíochtúil agus inmheánach

267. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil creat eagraíochtúil iomchuí ag an institiúid agus cibé an bhfuil freagrachtaí sannta go soiléir maidir le feidhmeanna bainistíochta, tomhais, faireacháin agus rialaithe IRRBB le hacmhainní leordhóthanacha daonna agus teicniúla. Maidir leis an measúnú seo, ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt ar leordhóthanacht na línte freagrachta maidir le bainistíocht fhoriomlán IRRBB, agus maidir le IRRBB a ghlacadh, faireachán a dhéanamh air, é a rialú agus a thuairisciú, lena n-áirítear neamhspleáchas limistéar rialaithe IRRBB.

268. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil beartais agus nósanna imeachta atá sainmhínithe go soiléir agus atá comhsheasmhach lena straitéis agus lena hinghlacthacht IRRBB ag an institiúid chun IRRBB a bhainistiú. Ba cheart na beartais a chur ar bhonn foirmiúil go soiléir agus a chur in iúl agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na hinstitiúide, agus ar fud na ngrúpaí baincéireachta freisin. Ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go sainmhínítear i mbeartais na nósanna imeachta maidir le forbairt táirgí nua, mórfhálú nó tionscnaimh bainistíochta riosca, lena n-áirítear go bhfuil siad seo faoi réir nósanna imeachta agus rialuithe leordhóthanacha sula ndéantar iad agus go bhfuil anailís déanta ag an institiúid ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar a próifíl riosca fhoriomlán.

269. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil creat iomchuí ag an institiúid chun IRRBB a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhaolú, i gcomhréir le leibhéal, castacht agus riosca na suíomhanna neamhthrádála agus méid agus castacht na hinstitiúide. Ba cheart go gcuimseofaí sa mheasúnú samhlacha inmheánacha, amhail samhlacha a bhaineann le hiompar custaiméirí (e.g. samhlacha cobhsaíochta taiscí agus luath-aisíoc iasachtaí). Sa mheasúnú seo, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé acu an dtuigeann nó nach dtuigeann bainisteoirí riosca agus ardbhainistíocht na hinstitiúide na toimhdí atá mar bhunús leis na córais tomhais, agus an bhfuil siad ar an eolas faoin leibhéal riosca samhla atá i gceist i dteicnící tomhais riosca na hinstitiúide.

270. Ina theannta sin, ba cheart dóibh a bhreithniú cibé an gcumasaíonn nó nach gcumasaíonn na córais faisnéise agus na teicnící tomhais don bhainistíocht an IRRBB dúchasach a thomhas i ngach ceann dá neamhchosaintí ábhartha uile ar an gclár comhardaithe agus lasmuigh de (i gcás inarb ábhartha ar leibhéal an ghrúpa), lena n-áirítear fálta inmheánacha, i gcomhchruinnithe in aibíochtaí agus contrapháirtithe, sa phunann leabhar neamhthrádála. Ba cheart go ndéanfaí athbhreithnithe agus meastóireachtaí rialta ar chreat an IRRBB maidir le héifeachtacht an chreata. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithnithe agus meastóireachtaí inmheánacha a chur i gcomparáid le faisnéis ó COREP.
271. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chur chuige na hinstitiúide maidir le hiompraíocht taiscí neamhaibíochta (NMDanna) a shamhaltú, lena n-áirítear cibé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear san áireamh leis sin fachtóirí riosca ábhartha a mbíonn tionchar acu ar iompar athphraghsála NMD. Ba cheart d'údaráis inniúla uirlisí anailíseacha cuí a úsáid maidir leis an measúnú seo, agus aird á tabhairt ar shamhail ghnó na hinstitiúide. I measc na gcur chuige a d'fhéadfadh a bheith ábhartha, tá measúnú ar an gcaoi a ndéanann an institiúid miondealú ar NMDanna trí úsáid a bhaint as fachtóirí riosca a bhaineann le próifíl an chustaiméara, na hinstitiúide nó an mhargaidh, agus tagarmharcáil le píaraí a bhfuil próifíl riosca den sórt céanna acu. Ina theannta sin, ba cheart d'údaráis inniúla an tslí a ndéanann an institiúid sonraí stairiúla a chothromú le cineálacha cur chuige réamhbhreathnaitheacha agus le breithiúnas saineolaithe a bhreithniú, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an tionchar ar NII agus EVE dá ndéanfaí toimhdí iompraíochta a choigeartú.
272. Ba cheart d'údaráis inniúla a bhreithniú cibé acu an an gcuireann nó nach gcuireann córais tomhais riosca na hinstitiúide gach cineál riosca ráta úis ábhartha a bhfuil an institiúid neamhchosanta air (e.g. riosca bearna, riosca boinn agus riosca rogha) san áireamh. Ba cheart an IMS a chalabhrú i gceart, a bhailíochtú go neamhspleách, a chúl-tástáil agus a athbhreithniú go tráthrialta. Ba cheart d'údaráis inniúla cibé acu atá nó nach bhfuil doiciméadacht ag tacú le IMS san áireamh, i bhfianaise chineál, scála agus chastacht IRRBB atá ina chuid dhílis den tsamhail ghnó agus de ghníomhaíochtaí na hinstitiúide.
273. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil creat faireacháin agus tuairiscithe inmheánaigh iomchuí ag an institiúid le haghaidh IRRBB lena n-áirítear go ngníomhaítear go pras ar leibhéal iomchuí ardbhainistíochta nó chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide, i gcás inar gá sin. Ba cheart táscairí sonracha agus truicir ábhartha a áireamh sa chóras faireacháin chun foláirimh luathrabhaidh éifeachtacha a sholáthar (e.g. i gcás sáruithe ar theorainneacha IRRBB). Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh cibé acu an dtuairiscíonn nó nach dtuairiscíonn an limistéar bainistíochta agus rialaithe torthaí an fhaireacháin go rialta don chomhlacht bainistíochta agus don ardbhainistíocht, le minicíocht iomchuí ag brath ar scála, ar chastacht agus ar leibhéal neamhchosaintí IRRBB.
274. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil creat rialaithe láidir cuimsitheach ag an institiúid agus cosaintí fóna chun a neamhchosaintí ar IRRBB a mhaolú i gcomhréir lena straitéis bainistithe riosca agus lena hinghlacthacht riosca, lena n-áirítear córas cuí teorainneacha ar an dá bheart IRRBB. Ba cheart go n-áireofaí san fheidhm rialaithe

inmheánaí gach eintiteas comhdhlúite, gach suíomh geografach agus gach gníomhaíocht airgeadais. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar fheidhmiúlacht na feidhme iniúchóireachta inmheánaí, lena n-áirítear cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar a chuid athbhreithniú minic go leor agus an gclúdaíonn nó nach gclúdaíonn siad príomhghnéithe chreat an IRRBB.

6.5.3. CSRBB

6.5.3.1. Measúnú ar CSRBB bunúsach

275. Trí mheasúnú a dhéanamh ar leibhéal bunúsach IRRBB, ba cheart go dtuigfeadh údaráis inniúla na príomhchúiseanna le neamhchosaint na hinstitiúide ar CSRBB agus tionchar stuamachta ionchasach an riosca sin ar an institiúid a mheas.
276. D'fhonn raon feidhme an mheasúnaithe ar CSRBB a chinneadh, ba cheart d'údaráis inniúla, ar dtús, na foinsí CSRBB a bhfuil nó a bhféadfadh an institiúid a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint agus cibé acu atá nó nach bhfuil athruithe suntasacha ann. Mar chuid de sin, ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt ar rialachas na hinstitiúide maidir le riosca raoin difríochta creidmheasa, lena n-áirítear a straitéis CSRBB agus a hinghlacthacht riosca i ndáil le CSRBB, agus láimhseáil CSRBB laistigh de chomhthéacs ICAAP.
277. Ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim shoiléir ar conas is féidir le hathruithe ar raoin difríochta creidmheasa drochthionchar a bheith acu ar ghlanioncam úis institiúide (agus, i gcás inarb ábhartha, ar a tuilleamh) agus ar a luach eacnamaíoch chun radharc gearrthéarmach agus fadtéarmach a fháil ar an mbagairt a d'fhéadfadh a bheith ann do leordhóthanacht caipitil. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla an cur chuige a chuir an institiúid i bhfeidhm a mheas chun léargas soiléir a fháil ar struchtúr agus ar shaintréithe shócmhainní, dhliteanais agus neamhchosaintí na hinstitiúide lasmuigh den chlár comhardaithe, agus ar an gcaoi a stiúrann siad seo leibhéal agus treo CSRBB.
278. Agus anailís á déanamh acu ar an tionchar ar thuilleamh na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar thionchar na suíomhanna atá íogair ó thaobh raon difríochta creidmheasa ar thoradh na hinstitiúide, ar thionchar na n-athruithe i raonta difríochta creidmheasa ar ghlanioncam úis na hinstitiúide, agus ar éifeachtaí athruithe ar mhargadhluach ionstraimí – ag brath ar chóireáil cuntais – léirithe sa chuntas brabúis agus cailleanais (P&L) nó go díreach i gcothromas (e.g. trí ioncam cuimsitheach eile).
279. Ba cheart d'údaráis inniúla torthaí mhodheolaíochtaí na hinstitiúide chun CSRBB a thomhas a chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí. Trí anailís a dhéanamh ar na modheolaíochtaí sin, ba cheart go bhfaigheadh údaráis inniúla tuiscint níos doimhne ar na príomhfhachtóirí riosca is bonn do phróifíl CSRBB na hinstitiúide.

6.5.3.2. Measúnú ar chreat bainistíochta agus rialaithe CSRBB

280. Chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar phróifíl riosca ráta úis na hinstitiúide sa leabhar neamhthrádála, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an rialachas agus ar an gcreat is bun lena neamhchosaintí ar rátaí úis.

281. Ba cheart go n-áireofaí na nithe seo a leanas in athbhreithniú ar rialachas na hinstitiúide maidir le CSRBB:

- a. straitéis riosca CSRBB agus inghlacthachta na hinstitiúide;
- b. creat eagraíochtúil na hinstitiúide agus leithdháileadh na bhfreagrachtaí maidir le feidhmeanna bainistíochta, tomhais, faireacháin agus rialaithe CSRBB;
- c. beartais agus nósanna imeachta na hinstitiúide maidir le bainistiú CSRBB.

282. Maidir le measúnú na réimsí seo, ba cheart d'údaráis inniúla féachaint ar rannán 6.5.2.2 maidir le measúnú chreat bainistíochta agus rialaithe an IRRBB, agus na prionsabail atá ann a bheith infheidhme freisin maidir le measúnú bhainistíocht an CSRBB.

283. Agus an imlíne de shócmhainní agus de dliteanais a chlúdaítear le measúnú an CSRBB á hanailísiú, mar a mheastar freisin laistigh de mhodheolaíochtaí na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar aon eisiúint fhéideartha d'ionstraimí ón imlíne ábhartha i bhfianaise easpa íogaireachta i leith riosca raoin difríochta creidmheasa amháin agus an bhfuil sí doiciméadaithe agus údaraithe go cuí, mar a cheanglaítear i mír 124 de Threoirlínte an ÚBE maidir le IRRBB agus CSRBB⁴¹. I measc na bhfachtóirí atá le cur san áireamh, tá:

- a. cibé acu a áiríonn nó nach n-áiríonn an institiúid na sócmhainní agus na dliteanais go léir a chuirtear san áireamh ag luach cóir;
- b. cibé acu an áirítear nó nach n-áirítear san institiúid na sócmhainní agus na dliteanais uile ar féidir a riosca raoin difríochta creidmheasa a dhíorthú ó phraghas margaidh díreach/indíreach nó fiú ó phraghas margaidh samhalta, beag beann ar an gcaoi a gcaitear leo ó thaobh na cuntasáíochta de;
- c. an ábharthacht fhéideartha a bhaineann le raoin difríochta creidmheasa i gcás chleachtas praghsála na hinstitiúide i gcás sócmhainní/dliteanas éagsúil (mar shampla trí thagairtí sainráite do phraghsanna margaidh a breathnaíodh nó trí ábharthacht níos indírí);
- d. difríochtaí, más ann dóibh, a chuireann an institiúid i bhfeidhm idir an imlíne do EVE agus NII i dtomhais CSRBB (e.g. de bharr thréimhse ama NII nó ar chúiseanna eile).

284. Chun anailís a dhéanamh ar mheasúnú na hinstitiúide ar an CSRBB, ba cheart d'údaráis inniúla, i gcás inarbh fhiú, breithniú a dhéanamh ar na cásanna turrainge atá á mbreithniú ag an

⁴¹Treoirlínte arna n-eisiúint ar bhonn Airteagal 84 (6) den Treoir 2013/36/AE a shonraíonn critéir chun na rioscaí a eascraíonn as athruithe féideartha ar rátaí úis a aithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhaolú, agus chun riosca raoin difríochta creidmheasa a mheas agus faireachán a dhéanamh air, i gcás ghníomhaíochtaí leabhar neamhtrádála na n-institiúidí (ÚBE/GL/2022/14).

institiúid, agus ar an gcaoi agus an fáth a bhféadfadh na turraingí a bheith difriúil idir míreanna den chlár comhardaithe.

285. Ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go ndéantar díolúine ar an scaipeadh idiosincrannach i dtomhais CSRBB na hinstitiúide, nó go gcuirtear san áireamh é, ar chúiseanna comhréireachta amháin agus beag beann ar aicmiú SREP na hinstitiúide, fad is a chinntítear go dtáirgfidh na bearta torthaí níos coimeádaí.
286. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil creat iomchuí ag an institiúid chun CSRBB a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhaolú, i gcomhréir le leibhéal, castacht agus riosca na suíomhanna neamhthrádála agus méid agus castacht na hinstitiúide. Ina theannta sin, ba cheart dóibh a bhreithniú cibé an gcumasaíonn nó nach gcumasaíonn na córais faisnéise agus na teicnící tomhais don bhainistíocht an CSRBB dúchasach a thomhas i ngach ceann dá neamhchosaintí ábhartha ar an gclár comhardaithe agus lasmuigh de (i gcás inarb ábhartha ar leibhéal an ghrúpa), sa phunann leabhar neamhthrádála. Ba cheart go ndéanfaí athbhreithnithe agus meastóireachtaí rialta ar éifeachtacht chreat an CSRBB. Sa chomhthéacs seo, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar athbhreithniú ar thiomhdí suntasacha tomhais ar a laghad go bliantúil agus níos minice le linn coinníollacha margaidh atá ag athrú go tapa.
287. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear san áireamh i gcórais tomhais inmheánacha (IMS) na hinstitiúide gach foinse CSRBB atá ábhartha do shamhail ghnó na hinstitiúide. Ba cheart an IMS a chalabrá i gceart, a bhailíochtú go neamhspleách, a chúl-tástáil agus a athbhreithniú go tráthrialta. Ba cheart d'údaráis inniúla cibé acu atá nó nach bhfuil doiciméadacht ag tacú le IMS san áireamh, i bhfianaise chineál, scála agus chastacht IRRBB atá ina chuid dhílis den tsamhail ghnó agus de ghníomhaíochtaí na hinstitiúide.
288. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil creat faireacháin agus tuairiscithe inmheánaigh iomchuí ag an institiúid le haghaidh IRRBB lena n-áirítear go ngníomhaítear go pras ar leibhéal iomchuí ardbhainistíochta nó chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide, i gcás inar gá sin. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh cibé acu an dtuairiscíonn nó nach dtuairiscíonn an limistéar bainistíochta agus rialaithe torthaí an fhaireacháin go rialta don chomhlacht bainistíochta agus don ardbhainistíocht, le minicíocht iomchuí ag brath ar scála, ar chastacht agus ar leibhéal neamhchosaintí ar CSRBB.
289. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú an bhfuil creat rialaithe láidir cuimsitheach ag an institiúid agus cosaintí fóna chun a neamhchosaintí ar CSRBB a mhaolú i gcomhréir lena straitéis bainistithe riosca agus lena hinghlacthacht riosca. Ba cheart go n-áireofaí san fheidhm rialaithe inmheánaí gach eintiteas comhdhlúite, gach suíomh geografach agus gach gníomhaíocht airgeadais. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar fheidhmiúlacht na feidhme iniúcháireachta inmheánaí, lena n-áirítear cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar a chuid athbhreithniú minic go leor agus an gclúdaíonn nó nach gclúdaíonn siad príomhghnéithe chreat an IRRBB.

6.5.4. Achoimre ar thorthaí, scóráil agus bearta maoirseachta

290. Tar éis na measúnuithe thuas, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim maidir le IRRBB agus CSRB na hinstitiúide. Ba cheart go mbeadh eolas maidir leis an tuairim seo le fáil in achoimre ar thorthaí, mar aon le scór riosca bunaithe ar na breithniúcháin atá sonraithe i dTábla 12. Más rud é, bunaithe ar ábharthacht fochatagóirí riosca áirithe, go gcinneann an t-údarás inniúil iad a mheasúnú agus a scóráil ina n-aonar, ba cheart an treoir a thugtar sa tábla seo a chur i bhfeidhm, a mhéid is féidir, de réir analaí.

Tábla 12. Breithnithe maoirseachta maidir le scór IRRBB agus CSRB a shannadh

Scór riosca	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach	Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha
1	Tá riosca íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsach agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	Maidir le IRRBB: <ul style="list-style-type: none"> Tá íogaireacht an luacha eacnamaíoch i leith athruithe ar rátaí úis neamhábhartha/an-íseal. Tá íogaireacht an tuillimh i leith athruithe ar rátaí úis neamhábhartha/an-íseal. Tá íogaireacht an luacha eacnamaíoch agus an tuillimh i leith athruithe ar na toimhdí bunúsacha (e.g. i gcás táirgí a bhfuil roghnaíocht an chustaiméara leabaithe acu) neamhábhartha/an-íseal. 	Maidir le IRRBB agus CSRB: <ul style="list-style-type: none"> Tá comhsheasmhacht idir beartas agus straitéis riosca na hinstitiúide maidir le riosca ráta úis agus riosca raoin difríochta creidmheasa, agus a straitéis agus a hinghlacthacht riosca fhoriomlán. Tá an creat eagraíochtúil maidir le riosca rátaí úis agus rioscaí raoin difríochta creidmheasa láidir agus tá freagrachtaí soiléire ann agus deighilt shoiléir idir cúraimí glacadóirí riosca agus feidhmeanna bainistíochta agus rialaithe. Tá córais oiriúnacha ann chun an riosca ráta úis agus an riosca raoin difríochta creidmheasa a thomhas, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú. Tá teorainneacha beartais inmheánacha atá sainithe go soiléir mar aon leis na bearta maolaithe riosca a bhaineann leo, agus an creat rialaithe le haghaidh riosca ráta úis agus riosca raoin difríochta creidmheasa (más ábhartha) atá fóna agus atá i gcomhréir le straitéis riosca agus inghlacthacht riosca na hinstitiúide.
2	Tá riosca meánach-íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsach agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	Maidir le IRRBB: <ul style="list-style-type: none"> Tá íogaireacht an luacha eacnamaíoch d'athruithe ar rátaí úis íseal go meánach. Tá íogaireacht tuillimh i leith athruithe ar rátaí úis íseal go meánach. Tá íogaireacht an luacha eacnamaíoch agus an tuillimh i leith athruithe ar na toimhdí bunúsacha (e.g. i gcás táirgí a bhfuil roghnaíocht an chustaiméara leabaithe iontu) íseal go meánach. . 	<ul style="list-style-type: none"> Tá neamhréireacht ann idir beartas riosca agus straitéis na hinstitiúide maidir le riosca ráta úis agus riosca raoin difríochta creidmheasa, agus a straitéis agus a hinghlacthacht riosca fhoriomlán. Ní scarann an creat eagraíochtúil le haghaidh riosca ráta úis agus
3	Tá riosca idir meánach agus ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do	Maidir le IRRBB: <ul style="list-style-type: none"> Tá íogaireacht an luach eacnamaíoch i leith athruithe ar rátaí úis meánach go hard. Tá íogaireacht an tuillimh i leith athruithe ar rátaí úis meánach go hard. Tá íogaireacht an luacha eacnamaíoch agus an tuillimh i 	

Scór riosca	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach	Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha
	leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	leith athruithe ar na toimhdí bunúsacha (e.g. i gcás táirgí a bhfuil roghnaíocht an chustaiméara leabaithe iontu) meánach go hard.	riosca raoin difríochta creidmheasa freagrachtaí agus tascanna go leordhóthanach idir glacadóirí riosca agus feidhmeanna bainistíochta agus rialaithe. <ul style="list-style-type: none"> Ní thugtar faoi chórais tomhais riosca ráta úis agus riosca raoin difríochta creidmheasa, faireacháin agus tuairisciú le cruinneas agus minicíocht leordhóthanach. Níl teorainneacha beartais inmheánacha, bearta maolaithe riosca agus/nó an creat rialaithe maidir le riosca an ráta úis agus an riosca raoin difríochta creidmheasa (más ábhartha) ailínithe eatarthu féin nó níl siad i gcomhréir le straitéis riosca agus inghlacthacht riosca na hinstitiúide.
4	Tá riosca ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	Maidir le IRRBB: <ul style="list-style-type: none"> Tá íogaireacht an luacha eacnamaíoch i leith athruithe ar rátaí úis ard. Tá íogaireacht tuillimh i leith athruithe ar rátaí úis ard. Tá íogaireacht an luach eacnamaíoch agus tuillimh i leith athruithe ar na boinn tuisceana bunúsacha (e.g. i gcás táirgí a bhfuil roghnaíocht custaiméirí leabaithe iontu) ard. 	

291. Léirítear sa tábla thíos liosta neamh-uileghabhálach de bhearta maoirseachta a fhéadfaidh údaráis inniúla a dhéanamh i gcás easnaimh shainaitheanta i gcreat bainistíochta IRRBB agus CSRBB na hinstitiúide. Ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le cineál an bhirt bunaithe ar a éifeachtacht i leith an easnaimh shonraigh aitheanta. Féadfaidh údaráis inniúla bearta maoirseachta breise (lena n-áirítear bearta cainníochtúla i gcomhréir le hAirteagal 104(1)(a) den Treoir 2013/36/AE) nó teaglaim díobh a chur i bhfeidhm más é an tuairim atá ann go bhfuil siad níos oiriúnaí chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a aithníodh.

Tábla 13. Bearta maoirseachta féideartha agus neamh-uileghabhálacha le haghaidh IRRBB agus CSRBB

Bearta maoirseachta a d'fhéadfadh a bheith ann d'údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 104(1), pointí (b), (d), (e), (f), (j), agus (l) agus Airteagal 84(3) de Threoir 2013/36/AE – Féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar an institiúid:
A. feabhas a chur ar a gcumas tástála struis;
B. feabhas a chur ar thuairisciú faisnéise bainistíochta an IRRBB do chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide agus don ardbhainistíocht.
C. athruithe a chur i bhfeidhm ar theorainneacha inmheánacha chun an riosca atá bainteach le gníomhaíochtaí, le táirgí agus le córais a laghdú;
D. tuairisciú breise nó níos minice a sholáthar ar sheasaimh IRRBB na n-institiúidí;
E. an mhodheolaíocht chaighdeánaithe don IRRBB a úsáid;
F. toimhdí samhaltaithe agus paraiméadracha a shonrú, seachas iad siúd atá sainaitheanta ag an ÚBE RTS (i gcomhréir leis an mír dheireanach d'Airteagal 98(5) de Threoir 2013/36/AE).

Teideal 7. Measúnú caipitil SREP

7.1. Breithniúcháin ghinearálta

292. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinneadh trí mheasúnú caipitil SREP cibé acu an soláthraíonn nó nach soláthraíonn na cistí dílse atá i seilbh na hinstitiúide clúdach fóna ar rioscaí don chaipiteal a bhfuil nó a bhféadfadh an institiúid a bheith neamhchosanta orthu, má mheastar riosca den sórt sin a bheith ábhartha don institiúid.
293. Ba cheart d'údaráis inniúla é sin a dhéanamh trí chainníocht (méid) agus cáilíocht (comhdhéanamh) na gcistí dílse breise a cheanglaítear ar an institiúid a shealbhú a chinneadh agus a shocrú chun rioscaí a bhaineann go sonrach le hinstitiúidí agus gnéithe de rioscaí nach gclúdaítear nó nach gclúdaítear go leordhóthanach le P1R a chlúdach, agus, i gcás inar gá, ceanglais cistí dílse chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh i samhlacha, rialuithe, rialachas nó easnaimh eile, chomh maith le riosca a eascraíonn as samhail ghnó na hinstitiúide (P2R le haghaidh rioscaí seachas riosca na gearála iomarcaí agus P2R-LR maidir le riosca na gearála iomarcaí).
294. Nuair atáthar ag súil le tionchar ábhartha ar phróifíl chaipitil na hinstitiúide nó nuair a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis mar gheall ar athruithe ábhartha ar an gcreat rialála chun P1R a chinneadh (e.g. méadú nó laghdú ar TREA) nó ar a chur i bhfeidhm don institiúid shonrach (amhail an t-íosráta aschuir), ba cheart d'údaráis inniúla an tionchar sin a mheas i dtéarmaí a hidirghníomhaíochta leis an P2R. D'fhéadfadh measúnú den sórt sin a bheith mar bhonn le hathchinneadh (aníos nó anuas) ar leibhéal nó ar chomhdhéanamh an P2R chun a áitithiú go bhfuil ceanglais cistí dílse foriomlána na hinstitiúide i gcomhréir le hAirteagal 104a(1) de Threoir 2013/36/AE, go háirithe go gclúdaíonn P2R rioscaí nó gnéithe de rioscaí nach bhfuil clúdaithe nó nach bhfuil clúdaithe go leordhóthanach ag an P1R. Chun a leithéid de mheasúnú a dhéanamh, féadfaidh údaráis inniúla minicíocht mheasúnú SREP a mhéadú, mar a leagtar amach i samhail rannpháirtíochta SREP i rannán 2.4 nó minicíocht gnéithe sonracha de.
295. Chun aghaidh a thabhairt ar neamhdhóthanacht chaipitil a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear i ndálaí struis, ba cheart d'údaráis inniúla bearta maoirseachta iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, P2G agus P2G-LR a bhunú agus a chur in iúl arb ionann iad agus cainníocht (méid) agus cáilíocht (comhdhéanamh) na gcistí dílse a bhfuiltear ag súil go sealbhóidh an institiúid iad sa bhreis ar a OCR nó ar a OLRR.
296. Agus an P2R agus, más iomchuí, an P2G, á socrú, ba cheart d'údaráis inniúla an méid seo a leanas a dhéanamh:
- a. aon bearta maoirseachta atá curtha i bhfeidhm acu nó atá beartaithe acu a chur i bhfeidhm ar institiúid a chur san áireamh;

- b. údar soiléir a thabhairt do gach gné de cheanglais bhreise cistí dílse le haghaidh P2R agus P2R-LR chomh maith le P2G agus P2G-LR;
- c. P2R agus P2R-LR chomh maith le P2G agus P2G-LR a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach chun comhsheasmhacht leathan torthaí stuamachta ar fud institiúidí a chinntiú.

297. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht chistí dílse na hinstitiúide agus ar thionchar an struis eacnamaíoch orthu, mar aon leis na rioscaí a bhaineann le gearáil iomarcach, mar phríomhchinntitheach d'inmharthanacht na hinstitiúide. Ba cheart an cinneadh seo a achoimriú i scór ina gcuirtear san áireamh na cúinsí a shonraítear ag deireadh an Teidil seo.

7.2. Ceanglas Cholún 2 a chinneadh maidir le rioscaí seachas an riosca na gearála iomarcaí (P2R)

298. Ba cheart d'údaráis inniúla ceanglais bhreise cistí dílse a chinneadh maidir le rioscaí seachas an riosca na gearála iomarcaí, i gcás ina sainaithníonn siad aon cheann de na cásanna a liostaítear in Airteagal 104a(1) de Threoir 2013/36/AE maidir le hinstitiúid, lena n-áirítear go háirithe:

- a. riosca na gcaillteanas gan choinne, agus na gcaillteanas ionchasach nach bhfuil clúdaithe go leordhóthanach faoi fhorálacha, thar thréimhse 12 mhí (ach amháin i gcás ina sonraítear ceanglais cistí dílse thar thréimhse dhifriúil i Rialachán (AE) Uimh 575/2013), a bhfuil institiúidí aonair i ngleic leo i ngeall ar a ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear iad sin a léiríonn an tionchar atá ag forbairtí áirithe eacnamaíocha agus margaidh;
- b. easnaimh na samhla do chur chuige inmheánach i leith ceanglais cistí dílse a ríomh ('easnaimh na samhla rialála') mar a mheasúnaítear iad i gcomhthéacs Airteagal 101 de Threoir 2013/36/AE, seachas na cásanna sin a chlúdaítear cheana féin toisc go bhfuil institiúid tagtha chun bheith faoi réir an íosráta aschuir i gcomhréir le hAirteagal 92 de Rialachán 575/2013;
- c. easnaimh i rialachas inmheánach, lena n-áirítear socruithe rialaithe inmheánaigh agus easnaimh eile, chomh maith le riosca a eascraíonn as samhail ghnó na hinstitiúide, arna sainaithint tar éis an mheasúnaithe riosca a leagtar amach i dTeideal 4 go Teideal 6, i gcás nach raibh bearta maoirseachta eile éifeachtach nó ina meastar nach leor iad chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh.

7.2.1. Cistí dílse breise a chinneadh chun cailteanais gan choinne a chlúdach

299. Agus P2R á leagan síos maidir le riosca na gcaillteanas gan choinne de bhun phointe (a) den mhír seo a leanas, ba cheart d'údaráis inniúla gach cineál riosca a d'fhéadfadh suíomh caipitil na hinstitiúide a chur i mbaol a chur san áireamh. Ba cheart d'údaráis inniúla P2R a shocrú chun riosca na gcaillteanas gan choinne a chlúdach tríd an gcaipiteal a mheastar a bheith leordhóthanach a chinneadh chun an cineál riosca a chlúdach agus an chuid ábhartha de P1R a asbhaint.

300. Ba cheart d'údaráis inniúla na méideanna caipitil a mheastar a bheith leordhóthanach a chinneadh de réir an riosca, trí na rioscaí a bhfuil an institiúid neamhchosanta orthu a shainaithint, a mheasúnú agus a chainníochtú, agus a próifíl riosca iomlán á cur san áireamh. Ba cheart go n-áireofaí an méid seo a leanas le cinneadh na méideanna caipitil a mheastar a bheith leordhóthanach:
- rioscaí a bhaineann go sonrach le hinstitiúid nó gnéithe de rioscaí nach bhfuil clúdaithe ag an P1R;
 - rioscaí a bhaineann go sonrach le hinstitiúid nó gnéithe de rioscaí den sórt sin nach gclúdaítear go leordhóthanach leis an P1R.
301. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú nach bhfuil an méid caipitil a mheastar a bheith leordhóthanach chun gach riosca a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 79 go hAirteagal 85 agus Airteagal 87a de Threoir 2013/36/AE a chlúdach níos ísle ná an chuid ábhartha den P1R is infheidhme lena gclúdaítear an riosca sin. I gcásanna eisceachtúla ina bhfuil ualach rómhór ag baint leis, go háirithe d'institiúidí beaga, an méid caipitil a mheastar a bheith leordhóthanach de réir an riosca a dhínascadh go fóinteach, ba cheart d'údaráis inniúla an chéad abairt den mhír seo a chomhlíonadh ar bhonn na hiarrachta is fearr, trí ríomhanna ICAAP, breithiúnas maoirseachta agus foinsí eile faisnéise a úsáid.
302. Agus rioscaí a bhfuil an institiúid neamhchosanta orthu á sainaithint, á measúnú agus á gcainníochtú, ba cheart d'údaráis inniúla brath ar na foinsí faisnéise seo a leanas:
- an ICAAP agus torthaí a mheasúnaithe déanta ag an údarás inniúil, lena n-áirítear na ríomhanna ICAAP i gcás ina meastar go bhfuil siad iontaofa nó iontaofa go páirteach i gcomhréir le míreanna 306 go 308;
 - tuairisciú maoirseachta;
 - toradh na measúnaíochta maoirseachta, lena n-áirítear aon ghníomhaíochtaí maoirseachta ábhartha a rinneadh roimhe seo, agus tagarmharcáil, chomh maith le hionchuir ábhartha eile, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as idirghníomhaíocht agus idirphlé leis an institiúid.
303. Ba cheart d'údaráis inniúla an ICAAP agus torthaí a mheasúnaithe a chur san áireamh mar cheann de na príomh-ionchuir chun riosca atá ábhartha don institiúid a shainaithint agus a mheasúnú. Agus an méid caipitil a mheastar a bheith leordhóthanach agus P2R de réir riosca á gcinneadh, ba cheart go gcuirfí san áireamh na ríomhanna ICAAP má mheastar iad a bheith iontaofa nó iontaofa go páirteach, mar aon le torthaí na tagarmharcála maoirseachta agus ionchuir ábhartha eile de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear an breithiúnas maoirseachta.
304. Chun críocha Airteagal 98(1), pointe (f) de Threoir 2013/36/AE agus chun P2R a chinneadh, ba cheart d'údaráis inniúla éifeachtaí éagsúlaithe a eascraíonn as tiománaithe geografacha, earnála nó aon tiománaithe ábhartha eile laistigh de gach catagóir ábhartha riosca (éagsúla laistigh den riosca) a mheasúnú agus a bhreithniú. I gcás gach ceann de na rioscaí do chaipiteal a chlúdaítear leis an Rialachán (AE) 575/2013, níor cheart go laghdódh éifeachtaí éagsúlaithe

den sórt sin na híoscheanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

305. Mar sin féin, níor cheart éagsúlú idir rioscaí i gcatagóirí éagsúla, lena n-áirítear iad siúd a chlúdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (éagsúlú idir-riosca) a mheas mar chuid de chinneadh P2R.

Ríomhanna ICAAP

306. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar iontaofacht ríomhanna an ICAAP trí mheasúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil siad:

- a. gráinneach: ba cheart go gceadódh na ríomhanna/modheolaíochtaí na ríomhanna a mhiondealú de réir cineáil riosca, seachas ríomh amháin (caipiteal eacnamaíoch) a chur i láthair lena gclúdaítear na rioscaí go léir;
- b. inchreidte: ba cheart go gclúdódh na ríomhanna/modheolaíochtaí a úsáidtear an riosca a bhfuil siad ag iarraidh aghaidh a thabhairt air (e.g. ba cheart go n-úsáidfadh an ríomh riosca comhchruinnithe creidmheasa miondealuithe earnála iomchuí a léiríonn comhghaolta iarbhir agus comhdhéanamh punainne) agus ba cheart go mbeadh sé láidir, cobhsaí, íogair ó thaobh riosca agus coimeádach a dhóthain d'fhonn na cailteanais a bhaineann leis na rioscaí a chainníochtú go leordhóthanach. Ba cheart go mbeadh ríomhanna/modheolaíochtaí den sórt sin comhsheasmhach le próisis straitéiseacha na n-institiúidí, lena n-áirítear inghlacthacht riosca na n-institiúidí;
- c. sothuigthe: ba cheart go mbeadh tionscnóirí foluiteacha na ríomhanna/modheolaíochtaí sonraithe go soiléir. Níor cheart go nglacfaí le ríomh 'bosca dubh'. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go soláthróidh an institiúid míniú ar na príomhbhoinn tuisceana a úsáidtear, lena n-áirítear ar a laghad tréimhse ama, leibhéil muiníne, toimhdí comhghaoil, príomhpharaiméadair, na réimsí is inearráide de na samhlacha a úsáidtear, agus conas a dhéantar iad sin a chuntas agus a cheartú sa ríomh deiridh ICAAP;
- d. inchomparáide: ba cheart go luafaí go soiléir sna ríomhanna/modheolaíochtaí na príomhthoimhdí i dtéarmaí leibhéil foriomlán an choimeádachais, na dtréimhsí sealbhaíochta/tréimhsí riosca agus leibhéil muiníne (nó tomhas coibhéiseach) chun an coigeartú a d'fhéadfadh na húdaráis inniúla a iarraidh nó a achtú a cheadú d'fhonn inchomparáideacht le piaraí agus tagarmharcáil mhaoirseachta a éascú.

307. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú breise a dhéanamh ar iontaofacht ríomhanna an ICAAP trí iad a chur i gcomparáid le toradh na dtagarmharcanna maoirseachta do na rioscaí céanna, agus le hionchuir ábhartha eile.

308. Ba cheart a bhreithniú go bhfuil ríomh ICAAP iontaofa i bpáirt, sa chás, ainneoin nach bhfuil critéir iomlána mhír 306 á gcomhlíonadh, go ndealraíonn sé go bhfuil an ríomh fós inchreidte, cé gur cheart é sin a dhéanamh ar bhonn eisceachtúil agus go mbeadh céimeanna ag gabháil leis chun na heasnamh a shainaithnítear sa ríomh ICAAP a fheabhsú.

Tagarmharcanna maoirseachta agus ionchuir ábhartha eile

309. Ba cheart d'údaráis inniúla tagarmharcanna maoirseachta a bhaineann go sonrach le riosca a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar mhodh chun dúshlán a thabhairt do ríomhanna ICAAP do na rioscaí ábhartha sin, nó de ghnéithe de rioscaí den sórt sin, nach bhfuil cumhdaithe nó nach bhfuil cumhdaithe go leordhóthanach le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nó chun tacú tuilleadh le cinneadh an P2R de réir riosca, go háirithe i gcás ina meastar ríomhanna ICAAP do na rioscaí ábhartha sin, nó gnéithe de rioscaí den sórt sin, a bheith neamhiontaofa nó nach bhfuil siad ar fáil.
310. Ba cheart na tagarmharcanna maoirseachta a fhorbairt chun beart atá stuama, comhsheasmhach (i.e., de réir mar is infheidhme, arna chalabhrú go dtí tréimhsí sealbhaíochta coibhéiseacha/tréimhsí riosca agus leibhéil muiníne mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013) trédhearcach agus inchomparáide a sholáthar leis an gcaipiteal a mheastar a bheith leordhóthanach do chineál áirithe riosca a ríomh agus a chur i gcomparáid thar institiúidí.
311. Agus tagarmharcanna maoirseachta á gcur i bhfeidhm, ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt ar shamhail ghnó na n-institiúidí agus, a mhéid is cuí, iad a chomhlánú trí bhreithiúnas maoirseachta a chur i bhfeidhm chun cuntas a thabhairt ar chúrsaí a bhaineann go sonrach le samhail ghnó agus le h-institiúid.
312. Ba cheart d'údaráis inniúla ionchuir ábhartha eile a úsáid chun tacú le P2R de réir riosca a chinneadh. Féadfar a áireamh ar ionchuir ábhartha eile torthaí na measúnuithe riosca (de réir na gcritéar a shonraítear i dTeideal 6), comparáidí piarghrúpa, lena n-áirítear tuarascáil/tuarascálacha agus tagarmharcanna arna n-eisiúint ag an ÚBE.
313. Ba cheart go spreagfadh ionchuir ábhartha eile údaráis inniúla chun athmheasúnú a dhéanamh ar oiriúnacht/iontaofacht ríomh ICAAP/tagarmhairc maoirseachta le haghaidh riosca sonrach, agus/nó coigeartuithe a chur i bhfeidhm ar an toradh, sa chás go bhfuil siad mar bhonn le hamhras maidir le cruinneas an toraidh.
314. Chun comhsheasmhacht a áirithiú agus P2R á chinneadh, ba cheart d'údaráis inniúla úsáid a bhaint as na piarghrúpaí céanna arna mbunú chun anailís a dhéanamh ar rioscaí don chaipiteal mar a shonraítear i dTeideal 6.
315. Nuair a chuireann údaráis inniúla táscairí maoirseachta chomh maith le hionchuir ábhartha eile san áireamh chun P2R a chinneadh, mar chuid den idirphlé leis an institiúid, ba cheart dóibh an réasúnaíocht agus na prionsabail ghinearálta bhunúsacha atá taobh thiar de na hionchuir a úsáideadh a mhíniú.

7.2.2. Cistí dílse nó bearta eile a chinneadh chun easnaimh sa tsamhail rialála a chlúdach nuair nach bhfuil siad á gclúdach ag íosráta aschuir a cheanglaítear ar an institiúid

316. Más rud é, le linn an athbhreithnithe leanúnaigh ar chur chuige inmheánach chun ceanglais cistí dílse a ríomh, go n-aithníonn údaráis inniúla easnaimh mhúnla a bhféadfadh gannmheastachán ar an P1R a bheith mar thoradh orthu, níor cheart dóibh P2R a shocrú ach amháin sa chás go gcinntear go bhfuil sé seo níos oiriúnaí ná bearta maoirseachta eile. Níor cheart d'údaráis inniúla P2R a shocrú ach amháin chun na heasnaimh sin a chlúdach:

- a. áit nach féidir aghaidh a thabhairt orthu faoi P1R trí bhearta maoirseachta eile, amhail a cheangal ar institiúidí a samhlacha a choigeartú nó corrlach cuí coimeádachais a chur i bhfeidhm ar a meastacháin;
- b. trí cibé acu atá nó nach bhfuil an institiúid faoi cheangal ag an íosráta aschuir i gcomhréir le hAirteagal 92 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chur san áireamh agus, más amhlaidh an cás, leanúint ar aghaidh mar a mhínítear sa chéad mhír eile.

Níor cheart ceanglas dá leithéid maidir le cistí dílse a shonrú ach mar bheart eatramhach fad is atáthar ag déileáil leis na heasnaimh.

317. Nuair a thiocfaidh institiúid chun bheith faoi cheangal ag an íosráta aschuir mar atá leagtha amach in Airteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ba cheart d'údaráis inniúla:

- a. a áirithiú nach méadófar go huathoibríoch an méid ainmniúil de P2R de thoradh na hinstitiúide a bheith faoi cheangal ag an íosráta aschuir ('uasteorainn shealadach'), i gcomhréir le hAirteagal 104a(6) pointe (a) den Treoir 2013/36/AE. Chuige sin, cuirfear an céatadán is infheidhme de P2R a chuir an t-údarás inniúil in iúl don institiúid roimhe sin tar éis an timthrialla SREP deiridh i bhfeidhm maidir le TREA (U-TREA) gan íosráta na hinstitiúide, mar a leagtar amach in Airteagal 92(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Fanfaidh an cur chuige seo i bhfeidhm go dtí go gcuirfear i gcrích an t-athbhreithniú a thuairiscítear i bpointe b;
- b. gan mhoill, agus tráth nach déanaí ná dáta deiridh an chéad SREP eile, athbhreithniú a dhéanamh ar an P2R a gearradh ar an institiúid i gcomhréir le hAirteagal 104(1), pointe (a) den Treoir 2013/36/AE. Mar chuid den athbhreithniú seo, ba cheart d'údaráis inniúla:
 - i. aon chuid den P2R a d'fhéadfadh a bheith ag clúdach easnaimh sa tsamhail rialála maidir le ceanglais cistí dílse atá cumhdaithe cheana féin ag an íosráta aschuir a ríomh a bhaint, d'fhonn deireadh a chur le haon éifeachtaí féideartha comhaireamh dúbailte;
 - ii. breithniú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil éifeachtaí uimhríochta ann (i.e. áit nach mbaineann an méadú ar an méid ainmniúil P2R le méadú ar an riosca ach gur toradh é ar an P2R a bheith sainráite mar chéatadán den TREA) ar mhéid ainmniúil an P2R a eascraíonn as an méadú uathoibríoch ar an TREA toisc go bhfuil an institiúid faoi cheangal anois ag an íosráta aschuir, agus iad a bhaint de más iomchuí;
- c. na ceanglais cistí dílse is infheidhme tar éis an athbhreithnithe i bpointe (b) a chur in iúl do na hinstitiúidí, agus béim á leagan, go háirithe, ar aon torthaí a bhaineann le gnéithe comhairimh dúbailte. Féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar institiúidí freisin, mar chuid dá dtuairisciú Cholún 3, tionchar na teorann sealadaí nó an athbhreithnithe ar

chomhaireamh dúbailte – cibé acu is infheidhme ar an dáta tagartha – a nochtadh ar an P2R tuairiscithe.

318. Chun críocha na míre roimhe seo, ba cheart d'údaráis inniúla institiúidí a spreagadh chun iad a chur ar an eolas ag céim luath nuair a thuarann siad (bunaithe ar mheastacháin) go bhféadfadh siad a bheith faoi réir an íosráta aschuir. Is é is aidhm leis seo athbhreithniú a éascú, a mhéid is féidir, ar na gnéithe maidir le comhaireamh dúbailte a ndearnadh cur síos orthu sa mhír roimhe seo.
319. Ba cheart d'údaráis inniúla an t-athbhreithniú a chuirtear síos air i mír 317 a dhéanamh ag an am a dtagann institiúid faoi réir an íosráta aschuir den chéad uair. Tar éis an t-athbhreithniú sin a thabhairt chun críche, níl feidhm ag an teorainn shealadach ar P2R, agus tá feidhm ag an P2R a chuir na húdaráis inniúla in iúl maidir le TREA le híosráta. Ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt ar an bhfíric, fad is atá institiúid faoi cheangal ag an íosráta aschuir, nach gcuirfeadh aon cheanglais bhreise maidir le cistí dílse uirthi a dhéanadh na rioscaí a chlúdach faoi dhó, rioscaí atá lánchlúdaithe cheana féin ag an bhfíric go bhfuil an institiúid faoi cheangal ag an íosráta aschuir, i gcomhréir le hAirteagal 104a(8) de Threoir 2013/36/AE, agus i gcomhréir le mír 294.

7.2.3. Cinneadh a dhéanamh maidir le cistí dílse nó bearta eile chun easnaimh eile a chlúdach

320. Ba cheart d'údaráis inniúla P2R a leagan síos chun easnaimh a chlúdach – easnaimh arna sainaithint tar éis an mheasúnaithe riosca a leagtar amach i dTeideal 4 go Teideal 6 – i gcás nach raibh bearta maoirseachta eile éifeachtach nó ina meastar nach leor iad chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh. Níor cheart d'údaráis inniúla P2R den sórt sin a leagan síos ach mar bheart eatramhach fad is atáthar ag déileáil leis na heasnaimh.
321. Níor cheart d'údaráis inniúla P2R a leagan síos chun riosca maoinithe a chlúdach – arna sainaithint tar éis an mheasúnaithe riosca a leagtar amach i dTeideal 8 – ach i gcás ina gcinntear go bhfuil sé sin níos iomchuí ná bearta maoirseachta eile.
322. Sa chás go dteipeann ar institiúid arís agus arís eile leibhéal leordhóthanach cistí dílse a bhunú nó a chothabháil chun an P2G a chlúdach, ba cheart d'údaráis inniúla P2R a leagan síos chun an riosca breise sin a chlúdach tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis sárú na treorach. Féadfaidh údaráis inniúla an cinneadh sin a chur siar i gcás ina gceadaíonn siad d'institiúidí oibriú faoi bhun leibhéal na treorach i ngeall ar dhálaí eacnamaíocha nó margaidh nó imthosca a bhaineann go sonrach le h'institiúidí, i gcomhréir le míreanna 452 agus 453.

7.2.4. Comhdhéanamh cheanglais Cholún 2 a chinneadh

323. I gcás inar gá, agus ag féachaint d'imthosca sonracha na h'institiúide, féadfaidh údaráis inniúla a chinneadh go gceanglófar ar an institiúid P2R a chlúdach le cáilíocht chaipitil níos airde ná an

caighdeán dá dtagraítear in Airteagal 104a(4) de Threoir 2013/36/AE⁴². Ba cheart údar soiléir a bheith leis an gcinneadh sin, agus béim á leagan ar na himthosca sonracha ba chúis leis. Ina bhfírinniú ba cheart d'údaráis inniúla tagairt a dhéanamh do ghnéithe amhail:

- a. nádúr sonracha na hinstiúide, a struchtúr scairshealbhaithe agus, i gcás inarb ábhartha, struchtúr an ghrúpa, a d'fhéadfadh cur isteach ar an bhféidearthacht caipiteal a chruinniú;
- b. nádúr sonracha an riosca atá le sárú ag an institiúid aonair, rud a d'fhéadfadh ídiú an-ghasta ar chaipiteal CET1 a bheith mar thoradh air.

7.3. Ceanglais Cholún 2 maidir le riosca na gearála iomarcaí (P2R-LR)

324. I gcás ina gcinneann na húdaráis inniúla P2R-LR chun aghaidh a thabhairt ar an riosca seo, mar thoradh ar an measúnú ar riosca na gearála iomarcaí, i gcomhréir le hAirteagal 104a (3) agus (4) de Threoir 2013/36/AE, ba cheart dóibh an ceanglas seo a chur leis an gceanglas maidir le cistí dílse atá bunaithe ar an gcóimheas gearála mar a leagtar amach in Airteagal 92(1), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus ní leis an P1R atá bunaithe ar an TREA mar a leagtar amach in Airteagal 92(1), pointí (a) go (c). Ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar cheanglas an chóimheasa gearála agus ar an P2R-LR mar chruach ar leithligh ó cheanglais bunaithe ar TREA agus P2R le haghaidh gach cineál riosca eile (i.e. is féidir cistí dílse atá ar fáil a úsáid ag an am céanna chun ceanglais a chomhlíonadh sa chruach TREA-bhunaithe agus sa chruach de cheanglais cistí dílse bunaithe ar chóimheas gearála).

7.3.1. Measúnú ar riosca na gearála iomarcaí

325. I gcomhréir le coincheap an chóimheasa ghiarála (agus a chruach ceanglas) mar chúlstóp do na ceanglais cistí dílse atá bunaithe ar TREA, sa mheasúnú ar riosca na gearála iomarcaí, ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar leochaileachtaí ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ann nach bhfuil clúdaithe nó nach bhfuil clúdaithe go leordhóthanach ag na ceanglais cistí dílse mar a leagtar amach in Airteagal 92(1) pointe (d) de Rialachán (AE) 575/2013 a bhféadfadh bearta ceartaitheacha maidir le gníomhaíochtaí gnó na hinstiúide, a bheith ag teastáil, bearta nár beartaíodh ina plean gnó.

326. Agus riosca na gearála iomarcaí á measúnú, ba cheart d'údaráis inniúla na gnéithe seo a leanas go léir a mheas agus ba cheart dóibh doimhneacht an mheasúnaithe ar gach gné a oiriúnú ag brath ar a ábharthacht don institiúid:

- a. gnéithe de riosca na gearála iomarcaí a mheastar nach bhfuil clúdaithe nó nach bhfuil clúdaithe go leordhóthanach ag an gceanglas cistí dílse maidir le cóimheas gearála a leagtar amach in Airteagal 92(1) pointe (d) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, mar thoradh ar na nithe seo a leanas, go háirithe:
 - i. arbatráiste rialála / barrfheabhsú an chóimheasa ghiarála trí neamhchosaintí a chomhairtear sa chóimheas gearála a mhalartú ar neamhchosaintí atá comhchosúil ó

⁴² 56.25 % ar a laghad CET1 agus 75 % ar a laghad Leibhéal 1.

thaobh an gheilleagair de a d'fhéadfaí a áireamh níos lú i ríomh neamhchosaint an chóimheasa ghíarála;

- ii. arbatráiste rialála / barrfheabhsú trí neamhchosaint ar an gcóimheas gíarála a íoslaghdú i bhfoirm laghdaithe sealadacha ar mhéid na n-idirbheart sna príomh-mhargáí airgeadais (go háirithe sa mhargadh airgid, ar ghníomhaíochtaí áirithe amhail SFTanna, ach sa mhargadh díorthach freisin) thart ar na dátaí tagartha a bheith mar bhonn le tuairisciú agus nochtadh poiblí na gcóimheasa ardaithe gíarála ('gníomhaíochtaí gléasta fuinneoige');
- iii. gnéithe sonracha den tsamhail ghnó, de ghníomhaíochtaí gnó nó de shaintréithe eile na mbanc a mhéadaíonn nó a laghdaíonn a mhéid atá an institiúid neamhchosanta ar riosca na gíarála iomarcaí ach nach bhfuil clúdaithe nó nach bhfuil clúdaithe go leordhóthanach le linn an chóimheas gíarála a bheith á ríomh. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas, i gcás inarb infheidhme, neamhchosaintí arda ar roghanna scríofa ar chothromas nó ar shuíomhanna gearra trí dhíorthaigh chreidmheasa a bhféadfadh neamhchosaint ardaithe a bheith acu ar bhuaic-chailteanas, ós rud é nach bhfuil na suíomhanna sin gafa go hiomlán sa neamhchosaint ar an gcóimheas gíarála (i gcodarsnacht, mar shampla, le díorthaigh chreidmheasa scríofa), agus comohchruinniú in ítimí áirithe lasmuigh den chlár comhardaithe i gcás ina bhféadfadh luaineacht mhéadaithe in íostarraingtí a bheith mar thoradh ar na sainghnéithe is gné dhílis de ghníomhaíochtaí gnó na hinstitiúide.
- b. na gnéithe de riosca na gíarála iomarcaí a eisiatar go sainráite ón gceanglas cistí dílse maidir le cóimheas gíarála nó nach dtugtar aghaidh go sainráite orthu, lena n-áirítear i ngeall ar na heisiaimh atá liostaithe in Airteagal 429a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, go háirithe i gcás ina bhfuil imní ann maidir le measúnú ar chomhlíonadh leanúnach na gcoinníollacha maidir leis na heisiaimh sin agus i gcás ina bhfuil an spleáchas ar eisiaimh aonair thar a bheith suntasach don institiúid agus go bhfuil an méid a eisiatar ró-luaineach;
- c. na hathruithe ar chóimheas gíarála na hinstitiúide agus ar a chomhpháirteanna, lena n-áirítear an tionchar intuartha a bheidh ag caillteanais ionchasacha reatha agus sa todhchaí ar an gcóimheas gíarála, agus samhail ghnó na hinstitiúide á cur san áireamh.

7.3.2. Cinneadh an P2R-LR

327. Ba cheart d'údaráis inniúla an P2R-LR a chinneadh mar an difríocht idir an caipiteal a mheastar a bheith leordhóthanach chun riosca na gíarála iomarcaí a chlúdach agus na ceanglais maidir le cistí dílse don chóimheas gíarála, mar a leagtar amach in Airteagal 92(1), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ní féidir leis an méid seo a bheith diúltach.

328. Agus P2R-LR á leagan síos, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh go háirithe ar na nithe seo a leanas:

- a) gnéithe de riosca na gíarála iomarcaí a mheastar nach bhfuil clúdaithe nó nach bhfuil clúdaithe go leordhóthanach faoin gceanglas cistí dílse maidir le cóimheas gíarála a leagtar amach in Airteagal 92(1), pointe (d) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, go háirithe i gcás ina léiríonn measúnú ar na gnéithe a gcuirtear síos orthu sna míreanna 325 nó 326

leochaileacht ard nuair a chuirtear i gcomparáid le neamhchosaint an chóimheasa gearála í;

- b) gnéithe de riosca na gearála iomarcaí riosca atá eisiata go sainráite ón gceanglas cistí dílse maidir le cóimheas gearála nó nach dtugtar aghaidh go sainráite orthu, lena n-áirítear i ngeall ar na heisiaimh atá liostaithe in Airteagal 429a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mheasúnaítear i gcomhréir le mír 326, pointe b. Níor cheart d'údaráis inniúla P2R-LR a leagan síos ach amháin sna cásanna sin, nuair is é an toradh a bhíonn ar úsáid an-leathan eisiaimh áirithe ná leibhéal cóimheasa gearála nach léiríonn go hiomchuí an riosca ar gá don institiúid déileáil leis.

329. Ba cheart d'údaráis inniúla riosca na gearála iomarcaí a shainaithint, a mheasúnú agus a chainníochtú de réir na bhfoinsí faisnéise agus na modhanna a leagtar amach i míreanna 302 agus 303, trí úsáid a bhaint as na foinsí faisnéise atá ar fáil a mhéid is atá siad ábhartha don riosca seo.

7.3.3. Comhdhéanamh an P2R-LR

330. Ba cheart d'údaráis inniúla an P2R-LR a chur le ceanglas íosta cóimheas gearála Leibhéal 1, Chun an ceanglas breise sin a chomhlíonadh, ba cheart go mbeadh institiúidí in ann aon chaipiteal Leibhéal 1 a úsáid freisin.

331. Nuair is gá, agus ag féachaint d'imthosca sonracha na n-institiúidí, féadfaidh údaráis inniúla a chinneadh a cheangal ar institiúidí P2R-LR a chlúdach le cáilíocht chaipitil níos airde ná an caighdeán a shonraítear sa mhír roimhe seo. Ba cheart go mbeadh údar maith leis an gcinneadh, agus go ndíreofaí aird ar na tosca sonracha a bhí mar bhonn leis, agus staid riosca aonair na h-institiúide á cur san áireamh agus cásanna á mbreithniú ina bhféadfadh cáilíocht níos airde caipitil a bheith de dhíth chun caillteanais ionchasacha a chlúdach dá dtiocfadh riosca na gearála iomarcaí i gcrích.

7.4. Réiteach leis an gcaipiteal maolánach agus aon cheanglais macrastuamachta

332. Agus ceanglais Cholún 2 (nó bearta caipitil eile) á gcinneadh, ba cheart d'údaráis inniúla ceanglais Cholún 2 a réiteach le haon cheanglais chaipitil mhaolánaigh atá ann cheana trí aghaidh a thabhairt ar na rioscaí céanna nó ar na gnéithe céanna de na rioscaí sin. Níor cheart d'údaráis inniúla ceanglais bhreise Cholún 2 nó bearta caipitil eile (lena n-áirítear P2G) a shocrú i gcás ina bhfuil an riosca céanna clúdaithe cheana féin ag ceanglais shonracha caipiteal maolánach. Ba cheart go mbeadh aon cheanglais bhreise Cholún 2 nó aon bhearta caipitil eile atá sonrach maidir leis an institiúid agus níor cheart go gclúdódh siad rioscaí macrastuamachta nó sistéamacha.

7.5. TSCR, TSLRR, OCR agus OLRR a chinneadh

333. Ba cheart d'údaráis inniúla an TSCR a chinneadh agus a chur in iúl i dtéarmaí Chaipiteal CET1, Chaipiteal Leibhéal 1 agus Cistí Dílse Iomlána i gcomhréir le tábla 14 thíos:

Tábla 14. TSCR a chinneadh i dtéarmaí CET1, T1 agus cistí dílse iomlána

	TSCR = (a) + (b)	
	Comhpháirt (a)	Comhpháirt (b)
I dtéarmaí Chaipiteal CET1	Ceanglas cistí dílse faoi Airteagal 92(1)(a) den Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Ceanglaítear ar P2R a bheith coinneáilte i gcaipiteal CET1 i gcomhréir le hAlt 7.2.
I dtéarmaí Chaipiteal Leibhéal 1	Ceanglas cistí dílse faoi Airteagal 92(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	Ceanglaítear ar P2R a bheith coinneáilte i gcaipiteal Leibhéal 1 i gcomhréir le hAlt 7.2.
I dtéarmaí Cistí Dílse Iomlána	Ceanglas cistí dílse faoi Airteagal 92(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	An t-iomlán P2R socraithe de bhun Alt 7.2

334. Ba cheart d'údaráis inniúla an TSLRR (i dtéarmaí chaipiteal Leibhéal 1) a chinneadh mar shuim:

- an ceanglas cistí dílse maidir le cóimheas gearála de bhun Airteagal 92(1), pointe (d) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
- na cistí dílse breise a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar riosca na gearála iomarcaí (arna chinneadh i gcomhréir leis na critéir atá sonraithe i Rannóg 7.3).

335. I gcás ina gceanglaíonn údaráis inniúla ar institiúidí P2R-LR a chlúdach le cáilíocht chaipitil níos airde i gcomhréir le mír 331, ba cheart dóibh an TSLRR (i dtéarmaí CET1) a chinneadh mar chuid de na cistí dílse breise dá dtagraítear i bpointe b den mhír roimhe seo, a gceanglaíonn an t-údarás inniúil é a shealbhú i bhfoirm chaipiteal CET1.

336. I gcás ina bhfuil breithniú á dhéanamh ar an bhféidearthacht go n-éileofar cáilíocht níos airde caipitil, ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag na húdaráis inniúla forluí le ceanglais eile atá ann cheana a sheachaint laistigh den chruach ceanglas ábhartha atá bunaithe ar TREA nó bunaithe ar chóimheas gearála agus leis an MREL.

337. Ba cheart d'údaráis inniúla an OCR a chinneadh mar shuim de:

- TSCR;
- ceanglais chomhcheangailte um chaipiteal maolánach.

338. Ba cheart d'údaráis inniúla an OLRR a chinneadh mar shuim de:

- TSLRR;
- ceanglas maolánach cóimheas gearála G-SII i gcomhréir le hAirteagal 92(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

339. Níor cheart d'údaráis inniúla ítimí agus ionstraimí seachas na cinn atá incháilithe chun cistí dílse a chinneadh (mar a shainmhínítear i gCuid a Dó de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013) a mheas agus an TSCR, an TSLRR, an OCR nó an OLRR á measúnú/ríomh.

7.6. Ceanglais a chomhlíonadh i ndálaí struis – Úsáid P2G agus P2G-LR chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí cainníochtúla na tástála struis

340. Ba cheart d'údaráis inniúla leordhóthanacht chistí dílse na hinstitiúide (cainníocht agus comhdhéanamh) i ndálaí struis a chinneadh trí thástáil struis agus cibé acu atá nó nach bhfuil gá le bearta maoirseachta, lena n-áirítear P2G, P2G-LR, pleanáil caipitil athbhreithnithe agus bearta eile chun aghaidh a thabhairt ar neamhdhóthanachtaí féideartha. Chun leordhóthanacht caipitil a mheasúnú i ndálaí struis, ba cheart d'údaráis inniúla an méid seo a leanas a bhreithniú:

- a. úsáid na dtorthaí cáilíochtúla (e.g. easnaimh a shainaithnítear i mbainistíocht agus rialú riosca) ar thástálacha struis agus ar thástáil struis maoirseachta institiúidí;
- b. torthaí cainníochtúla thástálacha struis institiúidí a úsáid, má mheastar go bhfuil an ICAAP iontaofa, agus torthaí cainníochtúla na dtástálacha struis maoirseachta, de bhun Airteagal 100 de Threoir 2013/36/AE mar a shonraítear i dTeideal 11, agus lena n-áirítear, mar shampla:
 - i. cásanna/toimhdí sonracha 'ancaire' a fhorordú atá le cur i bhfeidhm ag institiúidí;
 - ii. tástálacha struis a dhéanamh ar fud an chórais trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí comhsheasmhacha agus cásanna comhsheasmhacha arna réachtáil ag institiúidí nó ag maoirseoirí.

341. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh mar is iomchuí ar thorthaí cainníochtúla na dtástálacha struis maidir le leordhóthanacht agus cáilíocht chistí dílse na hinstitiúide agus a chinneadh cibé acu an leor nó nach leor cainníocht agus cáilíocht na gcistí dílse chun na ceanglais chaipitil is infheidhme a chlúdach, agus go háirithe:

- a. OCR lena n-áirítear a cheanglais chaipitil mhaolánaigh chomhcheangailte faoin gcás bunlíne thar thréimhse ama réamhbhreathnaithe 2 bhliain ar a laghad;
- b. TSCR faoi na cásanna díobhálacha thar thréimhse ama réamhbhreathnaitheach 2 bhliain ar a laghad.

342. Ba cheart d'údaráis inniúla P2G agus P2G-LR a chinneadh agus, i gcás ina dtagann luach dearfach as an gcinneadh, ba cheart dóibh P2G nó P2G-LR a shocrú chun aghaidh a thabhairt ar imní maoirseachta faoi íogaireacht na hinstitiúide do na cásanna díobhálacha a úsáidtear sna tástálacha struis maoirseachta. Níor cheart P2G a úsáid chun rioscaí nó gnéithe de rioscaí atá clúdaithe cheana féin ag an P2R i gcomhréir le Rannóg 7.2 a chlúdach. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart P2G-LR a úsáid chun na gnéithe sin de riosca na giarála iomarcaí atá clúdaithe cheana féin ag P2R-LR i gcomhréir le Rannóg 7.3 a chlúdach.

343. Ba cheart do leibhéal P2G cosaint a thabhairt i gcoinne sáruihte féideartha ar an TSCR i gcás díobhálach. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do leibhéal P2G-LR cosaint a thabhairt i gcoinne sárú ar TSLRR i gcás díobhálach. I gcás ina dtagann torthaí cainníochtúla na dtástálacha struis maoirseachta le fios nach bhfuiltear ag súil go sáróidh an institiúid a TSCR faoin gcás díobhálach

tástála struis, féadfaidh údaráis inniúla a chinneadh gan P2G a shocrú. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh údaráis inniúla a chinneadh gan P2G-LR a shocrú i gcás nach bhfuiltear ag súil go sárófar TSLRR faoin gcás díobhálach tástála struis.

344. Ba cheart d'údaráis inniúla P2G agus P2G-LR a chinneadh agus a shocrú bunaithe ar thorthaí chás díobhálach na dtástálacha struis maoirseachta ábhartha, lena n-áirítear na tástálacha struis uile-AE arna ndéanamh ag an ÚBE nó aon tástálacha struis maoirseachta ábhartha eile arna ndéanamh ar fud an chórais trí úsáid a bhaint as anailís ilfhachtóiríúil ar chásanna thar thréimhse ama réamhbhreathnaitheach 2 bhliain ar a laghad.
345. Ar bhonn cur chuige comhréireach a bhunú le haghaidh institiúidí neamhchatagóir 1 agus fochuideachtaí de ghrúpaí trasteorann, chun P2G agus P2G-LR a shocrú agus a thabhairt cothrom le dáta féadfaidh údaráis inniúla torthaí foirmeacha simplithe tástálacha struis maoirseachta a mheas (e.g. trí úsáid a bhaint as. cásanna 'ancaire' forordaithe maoirseachta, anailís íogaireachta, tástálacha struis ó bharr anuas arna seoladh ag údaráis ainmnithe, tionchair ar leibhéal na punainne ó thástálacha struis comhdhlúite), tástálacha struis maoirseachta san am atá thart nó tástálacha struis institiúidí i gcomhréir le mír 340. Féadfar foirmeacha simplithe na dtástálacha struis maoirseachta a dhéanamh ar bhonn aonair seachas mar chuid de chleachtadh ar fud an chórais.
346. Ba cheart d'údaráis inniúla P2G agus P2G-LR a chinneadh agus a shocrú i gcomhréir leis an tsamhail rannpháirtíochta íosta atá sonraithe i Rannóg 2.2.4. Go háirithe, ba cheart gurb í an íosmhinicíocht lena gcinntear agus lena socrófar P2G agus P2G-LR minicíocht an mheasúnaithe ar leordhóthanacht caipitil faoi shamhail íos-rannpháirtíochta SREP.
347. D'ainneoin na míre roimhe seo, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:
- a. ba cheart dóibh measúnú a dhéanamh cibé acu atá nó nach bhfuil an leibhéal P2G agus P2G-LR atá ann cheana iomchuí fós aon uair a bheidh torthaí tástálacha struis maoirseachta nua ar fáil, agus iad a athbhreithniú más gá;
 - b. ní fhéadfaidh siad P2G agus P2G-LR a chinneadh ach amháin gach dara bliain seachas go bliantúil, lena n-áirítear d'institiúidí Chatagóir 1. Mar sin féin, sa bhliain i ndiaidh na bliana ina ndéantar P2G a chinneadh, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil P2G agus P2G-LR fós ábhartha nó an gá iad a nuashonrú, ar bhonn na faisnéise ábhartha go léir, lena n-áirítear torthaí na dtástálacha struis maoirseachta a rinneadh cheana, mar aon le hanailís bhreise íogaireachta (i.e. foirmeacha simplithe de thástáil struis mhaoirseachta).
348. Agus méid P2G á chinneadh, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go socrófar é ar leibhéal is iomchuí chun an t-uastionchar struis a mheastar ar a laghad a chlúdach, ar leibhéal ba cheart a ríomh bunaithe ar na hathruithe ar an gcóimheas CET1 (i.e. an dá ghluaiseacht i gcaipiteal CET1 agus TREA á mbreithniú) sa bhliain is measa struis, agus leibhéal na gceanglas caipitil is infheidhme á gcur san áireamh. Ba cheart an t-uastionchar struis chun P2G a shocrú a thuiscint mar an difríocht idir an cóimheas CET1 is ísle sa chás díobhálach thar thréimhse na tástála struis agus an cóimheas CET1 iarbhir ag an túsphointe.

349. Maidir leis an P2G-LR a chalabhrú, ba cheart an t-uastionchar struis a ríomh bunaithe ar na hathruithe ar chaipiteal Leibhéal 1 sa bhliain is measa struis agus na ceanglais chaipitil maidir leis an gcóimheas gearála is infheidhme á gcur san áireamh. Ba cheart an tionchar uasta struis chun críche P2G-LR a shocrú a thuiscint mar an difríocht idir an cóimheas gearála is ísle sa chás díobhálach thar thréimhse na tástála struis agus an cóimheas gearála iarbhrí ag an bpointe tosaigh.
350. Ba cheart d'údaráis inniúla pointe tosaigh sonrach P2G a fháil do gach institiúid trí gnéithe a chlúdaíonn rioscaí a léirítear san uastionchar struis cheana féin a fhritháireamh. Ba cheart d'údaráis inniúla, go háirithe, na bearta ábhartha a fhritháireamh, go háirithe maolán caomhnaithe caipitil, mar a shonraítear i mír 354. Ina theannta sin, agus pointí tosaigh P2G agus P2G-LR á socrú acu, féadfaidh údaráis inniúla breithniú a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha, ar choigeartuithe eile ar an uastionchar struis a bhaineann le toimhde an chlár chomhardaithe statach nó leis an tréimhse ama dhifriúil idir an cleachtadh tástála struis agus am an phointe tosaigh.
351. Maidir le socrú an P2G agus an P2G-LR, ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú go bhfuil nasc leordhóthanach idir a bpointí tosaigh faoi seach chomh maith lena luachanna deiridh. Chun na críche sin, féadfaidh siad a chinneadh cur chuige buicéadaithe a úsáid chun institiúidí a aicmiú de réir phointí tosaigh P2G agus P2G-LR, bunaithe ar na tástálacha struis maoirseachta ábhartha a leagtar amach i mír 344 nó bunaithe ar chur chuige eile atá leagtha amach i mír 345. Dá bhrí sin, féadfaidh údaráis inniúla raon seasta de leibhéil P2G nó P2G-LR faoi seach a shannadh do gach buicéad agus an P2G deiridh agus an P2G-LR a shocrú laistigh de raon an bhuicéid sannta nó, go heisceachtúil, lasmuigh de raon an bhuicéid ábhartha, bunaithe ar na cúinsí a bhaineann go sonrach leis an institiúid. Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag údaráis inniúla éifeachtaí aillte idir buicéid a sheachaint, mar shampla trí fhorluí páirteach a cheadú idir na leibhéil P2G nó P2G-LR do bhuicéid chongaracha, agus ba cheart dóibh a áirithiú go mbeidh an P2G deiridh agus an P2G-LR sainiúil don institiúid.
352. Agus an P2G agus an P2G-LR deiridh á gcinneadh, ba cheart d'údaráis inniúla na fachtóirí seo a leanas a mheas, i gcás inarb ábhartha agus i gcás ina bhfuil siad ar fáil:
- an bhliain a dtarlaíonn an t-uastionchar struis i ndáil le túsphointe agus tréimhse ama na gcásanna a úsáidtear sna tástálacha struis;
 - toradh tástála struis iontaofa institiúide, agus sainmhínithe agus toimhdí cásanna sonracha á gcur san áireamh, go háirithe i gcás ina meastar go bhfuil siad níos ábhartha do shamhail ghnó agus do phróifíl riosca na h-institiúide nó i gcás ina bhfuil na cásanna inmheánacha níos déine ná na cásanna maoirseachta;
 - athruithe a tharlaíonn tar éis dháta scoite an chleachtaidh tástála struis a mbeadh tionchar ábhartha acu ar phróifíl riosca nó ar shuíomh caipitil na n-institiúidí (e.g. iasachtaí neamhthuillmheacha a dhíol). Féadfar a áireamh sna hathruithe sin athruithe eatramhacha ar an bpróifíl riosca lena n-áirítear athruithe struchtúracha ar ghníomhaíocht nó ar chlár comhardaithe na n-institiúidí;

- d. gníomhaíochtaí maolaitheacha bainistíochta ábhartha na hinstitiúide a mheastar a bheith inchreidte agus thar a bheith cinnte tar éis a measúnú maoirseachta;
- e. faisnéis agus tuairimí maoirseachta maidir le hábharthacht na tástála struis maoirseachta do straitéis, do phleananna airgeadais agus do shamhail ghnó na hinstitiúide;
- f. cinnteacht laghdaithe maidir le híogaireacht iarbhir na hinstitiúide do chásanna díobhálacha;
- g. aon fhorluí féideartha leis an P2R nó P2R-LR;
- h. cumas aisghabhála foriomlán na hinstitiúide mar a shonraítear i dTreoirlínte an ÚBE maidir le cumas téarnaimh foriomlán i bpleanáil téarnaimh⁴³;
- i. cáilíocht (comhdhéanamh) chistí dílse na hinstitiúide atá ar fáil, lena n-áirítear an bhliain is measa den strus;
- j. cibé acu atá nó nach bhfuil an institiúid faoi athstruchtúrú nó faoi réiteach.

353. Chun críocha P2G a chinneadh, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas freisin a mhéid a chlúdaíonn cásanna struis na rioscaí ábhartha uile a rannchuidíonn leis na ceanglais cistí dílse breise in TSCR. Ba cheart d'údaráis inniúla féachaint go háirithe don bhfíric go bhféadfadh sé nach gclúdófaí i gcásanna macraeacnamaíochta meathlaithe rioscaí áirithe, mar shampla riosca pinsin nó gnéithe áirithe de riosca comhchruinnithe creidmheasa (e.g. comhchruinniú ainm aonair) – a d'fhéadfadh caillteanais ionchasacha a mhéadú faoi na cásanna díobhálacha a ndearnadh tástáil orthu.

354. Ina theannta sin, ba cheart d'údaráis inniúla a bhreithniú a mhéid a chlúdaíonn na ceanglais chomhcheangailte maolánacha atá ann cheana agus bearta eile is infheidhme cheana rioscaí a nochtar trí thástáil struis. Maidir leis seo, i gcás údaráis inniúla:

- a. ba cheart P2G a fhritháireamh i gcoinne an mhaoláin chaomhnaithe caipitil (CCB), toisc go bhfuil forluí idir P2G agus CCB de réir nádúir;
- b. ba cheart, i gcásanna eisceachtúla, P2G a fhritháireamh ar bhonn cáis i gcoinne an mhaoláin chaipitil fhrith-thimthriallaigh (CCyB) – cé nach bhfuiltear ag súil le haon fhorluí eatarthu i bprionsabal – bunaithe ar bhreithniú na mbunrioscaí a chlúdaítear leis an maolán agus a bheith curtha san áireamh i ndearadh na gcásanna a úsáidtear do na tástálacha struis, tar éis idirchaidreamh a dhéanamh leis an údarás macrastuamachta;
- c. níor cheart P2G a fhritháireamh in aghaidh na maolán um riosca sistéamach (Maoláin G-SII/O-SII agus an maolán maidir le riosca sistéamach), ós rud é go bhfuil siad ceaptha chun na rioscaí a chruthaíonn institiúid don chóras airgeadais a chlúdach;
- d. níor cheart P2G-LR a fhritháireamh i gcoinne cheanglas maolánach cóimheas gearála G-SII a shonraítear in Airteagal 92(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.
- e. féadfaidh siad athbhreithniú a dhéanamh ar an P2G a cuireadh in iúl don institiúid sin chun a áirithiú go leanfaidh a calabhrú de bheith iomchuí i gcás ina dtiocfaidh institiúid faoi cheangal ag an íosráta aschuir, i gcomhréir le hAirteagal 104b(4a) de Threoir 2013/36/AE.

⁴³ Treoirlínte an ÚBE maidir le hacmhainneacht téarnaimh fhoriomlán i bpleanáil téarnaimh (ÚBE/GL/2023/06) – Rannóg II. Measúnú ar ORC – 'ORC coigeartaithe'

355. I gcás ina gcinntídh údaráis inniúla P2G, ba cheart dóibh an treoir seo a chur leis an OCR. I gcás ina gcinntídh údaráis inniúla P2G-LR, ba cheart dóibh an treoir seo a chur leis an OLRR. Ba cheart d'údaráis inniúla OCR agus OLRR a mheas mar dhá chruach riachtanas ar leith. Dá bhrí sin, is féidir na cistí dílse atá ar fáil a úsáid go comhuaineach chun P2G agus P2G-LR a chomhlíonadh.

7.7. Achoimre ar thorthaí, scóráil agus bearta maoirseachta

356. Tar éis an mheasúnaithe thuas, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim ar cibé an soláthraíonn nó nach soláthraíonn acmhainní cistí dílse atá ann cheana clúdach fóna ar na rioscaí a bhfuil nó a bhféadfadh an institiúid a bheith neamhchosanta orthu. Ba cheart an tuairim seo a léiriú in achoimre ar thorthaí, mar aon le scór inmhharthanachta bunaithe ar na breithniúcháin a shonraítear i dtábla 15.

357. Agus an scór á shocrú le haghaidh leordhóthanacht caipitil, ba cheart d'údaráis inniúla scór na hacmhainne téarnaimh foriomláine a mheas maidir le caipiteal (lag, leordhóthanach le feabhas féideartha, nó sásúil) mar a shonraítear i míreanna 41 go 43 de Threoirlínte an ÚBE ar Acmhainn Téarnaimh Foriomlán i bPleanáil Téarnaimh⁴⁴. Tá sé thar a bheith ábhartha aird a thabhairt ar an scór foriomlán acmhainneachta téarnaimh i gcomhthéacs leordhóthanachta caipitil, go háirithe i gcás scór 'lag' maidir le hacmhainneacht foriomlán téarnaimh do chaipiteal.

Tábla 15. Breithniúcháin mhaoirseachta chun scór a shannadh do leorgacht leachtachta

Scór	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin
1	Cruthaíonn cainníocht agus comhdhéanamh na gcistí dílse atá á sealbhú leibhéal íseal riosca d'inmhharthanacht na hinstitiúide.	<ul style="list-style-type: none"> Tá an institiúid in ann a P2G agus P2G LR a chomhlíonadh go compordach. Tá leibhéal cistí dílse ag an institiúid atá go compordach os cionn a OCR agus OLRR, agus táthar ag súil go ndéanfaidh sé amhlaidh amach anseo. Ní nochtar le tástáil struis aon riosca inaitheanta maidir leis an tionchar a bheadh ag cor chun donais eacnamaíoch dian ach sochreidte ar chistí dílse nó ar ghíaráil. Ní chuirtear bac ar shaorshreabhadh caipitil idir eintitis sa ghrúpa, i gcás inarb ábhartha, nó déantar na heintitis go léir a chaipitliú go maith os cionn na gceanglas maoirseachta. Tá plean caipitil inchreidte ag an bhforas a d'fhéadfadh a bheith éifeachtach más gá. Tá cumas téarnaimh foriomlán na hinstitiúide maidir le caipiteal, a eascraíonn as an measúnú maoirseachta, 'sásúil'. Tá riosca na gíarálaí iomarcaí neamh-ábhartha/an-íseal.
2	Cruthaíonn cainníocht agus comhdhéanamh na gcistí dílse atá á	<ul style="list-style-type: none"> Bíonn deacracht ag an institiúid a P2G nó P2G LR a bhaint amach. Meastar mar ghníomhaíochtaí

⁴⁴ ÚBE/GL/2023/06

Scór	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin
	sealbhú leibhéal meánach-íseal riosca d'inmharthanacht na hinstitiúide.	<p>inchreidte na gníomhartha maolaithe bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt air seo.</p> <ul style="list-style-type: none"> Tá an institiúid gar do chuid dá maoláin chaipitil a shárú ach is léir go bhfuil sé fós os cionn a TSCR agus TSLRR. Léiríonn tástáil struis leibhéal íseal riosca maidir leis an tionchar a bheadh ag cor chun donais eacnamaíoch dian ach sochreidte ar chistí dílse nó ar ghíaráil, ach is cosúil go bhfuil gníomhaíochtaí bainistíochta chun dul i ngleic leis seo inchreidte. Tá bac beag nó d'fhéadfaí bac beag a chur ar shaorshreabhadh caipitil idir eintitis sa ghrúpa, i gcás inarb ábhartha. Tá plean caipitil sochreidte agus inchreidte ag an institiúid a d'fhéadfadh a bheith éifeachtach más gá, cé nach bhfuil sé gan riosca. Tá cumas téarnaimh foriomlán na hinstitiúide maidir le caipiteal, a eascraíonn as an measúnú maoirseachta, 'sásúil' nó 'leordhóthanach ach d'fhéadfaí feabhas a chur air'. Tá riosca na gíarála iomarcaí ar leibhéal íseal.
3	Cruthaíonn cainníocht agus comhdhéanamh na gcistí dílse atá á sealbhú leibhéal meán-ard riosca d'inmharthanacht na hinstitiúide.	<ul style="list-style-type: none"> Ní chomhlíonann an institiúid a P2G nó P2G LR. Tá imní ann faoi chreidiúnacht na ngníomhartha maolaithe bainistíochta chun aghaidh a thabhairt air seo. Tá cuid dá maoláin chaipitil á n-úsáid ag an institiúid. D'fhéadfadh an institiúid a TSCR nó TSLRR a shárú má théann an scéal in olcas. Léiríonn tástáil struis leibhéal meánach riosca maidir leis an tionchar a bheadh ag cor chun donais eacnamaíoch atá dian ach sochreidte ar chistí dílse nó ar ghíaráil. Seans nach dtabharfaidh gníomhartha bainistíochta aghaidh ar seo go hinchreidte. Cuirtear bac ar shaorshreabhadh caipitil idir eintitis sa ghrúpa, i gcás inarb ábhartha. Tá plean caipitil ag an bhforas nach dócha go mbeidh sé éifeachtach. Tá cumas téarnaimh foriomlán na hinstitiúide maidir le caipiteal, a eascraíonn as an measúnú maoirseachta, 'leordhóthanach ach d'fhéadfaí feabhas a chur air' nó 'lag'. Tá riosca na gíarála iomarcaí ar leibhéal meánach.
4	Cruthaíonn cainníocht agus comhdhéanamh na gcistí dílse atá á sealbhú leibhéal ard riosca d'inmharthanacht na hinstitiúide.	<ul style="list-style-type: none"> Ní chomhlíonann an institiúid a P2G nó P2G LR (nó níor bhunaigh sí P2G d'aon ghnó) agus ní bheidh sí in ann é sin a dhéanamh go ceann i bhfad. Ní mheastar gníomhaíochtaí maolaitheacha bainistíochta ábhartha na hinstitiúide a bheith inchreidte chun aghaidh a thabhairt air seo. Tá an institiúid ar tí a TSCR nó TSLRR a shárú.

Scór	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin
		<ul style="list-style-type: none"> Léiríonn tástáil struis go sárófaí TSCR nó TSLRR gar do thús cor chun donais geilleagrach a bheadh géar ach sochreidte. Ní thabharfaidh gníomhaíochtaí bainistíochta aghaidh ar seo go hinchreidte. Cuirtear bac ar shaorshreabhadh caipitil idir eintitis sa ghrúpa, i gcás inarb ábhartha. Níl aon phlean caipitil ag an institiúid, nó is léir gur plean neamh-leormhaith é. Tá cumas téarnaimh iomlán na hinstitiúide maidir le caipiteal, mar thoradh ar an measúnú maoirseachta, 'lag'. Tá ardleibhéal riosca gearála iomarcaí ann.

358. Soláthraítear sa tábla thíos liosta neamh-uileghabhálach de bhearta maoirseachta a d'fhéadfadh údaráis inniúla a dhéanamh i gcás easnaimh shainaitheanta i leordhóthanacht caipitil na hinstitiúide, lena n-áirítear faoi choinníollacha struis. Ba cheart d'údaráis inniúla cinneadh a dhéanamh maidir le cineál an bhirt mhaoirseachta, bunaithe ar a n-éifeachtacht i leith an easnaimh shonraithe a sainaithníodh. Féadfaidh údaráis inniúla bearta maoirseachta breise nó teaghlaim díobh a chur i bhfeidhm má mheastar go bhfuil siad sin níos iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh.

Tábla 16. Bearta maoirseachta a d'fhéadfadh a bheith ann agus nach bhfuil uileghabhálach maidir le leordhóthanacht caipitil

Bearta maoirseachta féideartha d'údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 104(1), pointí (a), (c), (h), (i), agus (j) de Threoir 2013/36/AE – Féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar an institiúid:
A. ceanglais bhreise maidir le cistí dílse a shealbhú trí TSCR a leagan síos agus P2G a chinneadh, i gcás inarb iomchuí
B. plean caipitil inchreidte a chur isteach lena dtugtar aghaidh ar an riosca nach gcomhlíonfaidh sí a ceanglais chaipitil is infheidhme, i gcás ina léiríonn torthaí cainníochtúla na dtástálacha struis, faoi na cásanna struis ar leith, nach mbeidh institiúid in ann na ceanglais a chomhlíonadh, agus spriocdháta a shocrú chun é a chur i bhfeidhm;
C. athruithe a dhéanamh ar phleananna caipitil de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear ar na gníomhaíochtaí bainistíochta atá beartaithe, nó gníomhaíochtaí maolaitheacha breise a dhéanamh a thiocfadh chun bheith ábhartha i bhfianaise na gcásanna agus na gcoinníollacha maicreacnamaíocha atá ann faoi láthair;
D. teorainn a chur le luach saothair inathraithe mar chéatadán de ghlanioncaim i gcás ina bhfuil sé neamhréireach le bonn fóna caipitil a choinneáil;
E. a ghnó nó a oibríochtaí a shrianadh nó a theorannú nó gníomhaíochtaí lena ngabhann rioscaí iomarcacha d'fhóntacht an ghnó nó na n-oibríochtaí a dhífheistiú;
F. an riosca bunúsach le gníomhaíochtaí, táirgí agus córais áirithe institiúidí a laghdú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna soláthar ag tríú páirtithe;
G. glanbhrabúis a úsáid chun cistí dílse a neartú;
H. dáiltí nó íocaíochtaí úis le scairshealbhóirí, le comhaltaí nó le sealbhóirí ionstraimí breise Leibhéal 1 a shrianadh nó a thoirmeasc i gcás nach ionann toirmeasc den sórt sin agus teagmhas mainneachtana;
I. ceanglais maidir le tuairisciú breise nó tuairisciú níos minice a fhorchur, lena n-áirítear tuairisciú ar chistí dílse, ar leachtacht agus ar ghíaráil;

359. Nuair a dhéanann na húdaráis inniúla measúnú ar chreidiúnacht an phlean caipitil nó an phlean caipitil leasaithe, i gcomhréir le pointí B. agus C. de thábla 16, ba cheart dóibh na critéir seo a leanas a bhreithniú:

- clúdaíonn sé an tréimhse ama iomlán a nglactar leis do thástáil struis;
- Cuireann sé sraith de bhearta maolaithe agus bainistíochta inchreidte chun cinn, amhail srianadh ar íocaíochtaí díbhinne, srl.;
- cibé acu atá nó nach bhfuil an institiúid toilteanach agus in ann gníomhaíochtaí den sórt sin a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar na ceanglais chaipitil is infheidhme sna tástálacha struis uile-chórais;
- cibé acu atá nó nach bhfuil na gníomhaíochtaí maolaithe agus bainistíochta sin faoi réir aon srianta dlí nó clú, mar shampla mar gheall ar fhógraí poiblí a bhí contrártha nó i gcoimhlínt (e.g. maidir le beartais díbhinne, pleananna gnó agus inghlacthacht riosca);
- an dóchúlacht go gcuirfeadh gníomhaíocht maolaithe agus bainistíochta ar chumas na hinstitiúide a ceanglais chaipitil is infheidhme a chomhlíonadh go hiomlán laistigh de fhráma ama iomchuí; agus
- cibé acu atá nó nach bhfuil na gníomhaíochtaí atá beartaithe i gcomhréir go ginearálta le breithnithe maicreacnamaíocha agus le hathruithe rialála amach anseo is eol a dhéanann difear d'institiúid laistigh de raon feidhme agus d'amlíne na gcásanna díobhálacha toimhdithe;
- raon na roghanna téarnaimh agus a n-anailís mar atá leagtha amach i bplean téarnaimh na hinstitiúide.

360. Ba cheart d'údaráis inniúla a bheith ag súil go gcuirfidh institiúidí an plean caipitil athbhreithnithe i bhfeidhm, agis tuilleadh athruithe arna ndéanamh bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe mhaoirseachta ar an institiúid agus an idirphlé leis an institiúid á gcur san áireamh.

Teideal 8. Rioscaí do leachtacht agus do mhaoiniú agus do mheasúnú leachtachta agus maoinithe SREP a mheasúnú

8.1. Breithniúcháin ghinearálta

361. Ba cheart d'údaráis inniúla rioscaí suntasacha leachtachta agus maoinithe na hinstitiúide a mheas, agus cibé acu an soláthraíonn nó nach soláthraíonn leachtacht agus maoiniú na hinstitiúide clúdach cuí ar na rioscaí a measadh. Is é cuspóir an teidil seo modheolaíochtaí a chur ar fáil a bheidh le breithniú agus measúnú á dhéanamh ar rioscaí aonair agus ar bhainistíocht riosca agus rialuithe. Níl sé beartaithe a bheith uileghabhálach agus tugann sé deis d'údaráis inniúla critéir bhreise eile a d'fhéadfaí a mheas a bheith ábhartha bunaithe ar a dtaithe agus ar ghnéithe sonracha na hinstitiúide a chur san áireamh.


362. Agus measúnú á dhéanamh ar an riosca bunúsach leachtachta agus maoinithe, agus ar leordhóthanacht an chreata rialaithe inmheánaigh riosca leachtachta agus maoinithe, ba cheart d'údaráis inniúla meastóireacht a dhéanamh inter alia ar na gníomhartha dlí a fhoilsítear ar leithligh ar shuíomh gréasáin an ÚBE dá dtagraítear i mír 12 a bheith á gcomhlíonadh tríd is tríd.

363. Sé phríomhchuid atá sa mhodheolaíocht:

- a. measúnú ar an riosca bunúsach leachtachta (Rannóg 8.2);
- b. measúnú ar an riosca bunúsach cistiúcháin (Rannóg 8.3);
- c. measúnú ar an gcreat bainistíochta agus rialaithe riosca leachtachta agus maoinithe (alt 8.4);
- d. achoimre ar thorthaí agus ar scóráil maidir le leordhóthanacht leachtachta agus maoinithe (alt 8.5);
- e. bearta féideartha maidir le leachtacht agus riosca cistiúcháin SREP a chinneadh (Rannóg 8.6);
- f. tagarmharcáil agus socrú ceanglas maidir le leachtacht chainníochtúil agus cistiú (Rannóg 8.7).

364. Léirítear an sreabhadh measúnaithe seo go grafach i bhFigiúir 3.

Fíor 3. Gnéithe den mheasúnú ar rioscaí do leachtacht agus maoiniú



365. Agus rioscaí do leachtacht agus cistiú á measúnú, ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go bhfuil an institiúid ag comhlíonadh íoscheanglais rialála AE, an cóimheas cumhdaigh leachtachta (LCR), mar a shonraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún⁴⁴ agus an glanchóimheas cistiúcháin cobhsaí (CCC), mar a bhunaítear i dTeideal IV de Chuid a Sé de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ba cheart dóibh moltaí, treoirlínte agus treoir atá ar áireamh i dtuarascálacha cur i bhfeidhm LCR agus NSFR arna n-eisiúint ag an ÚBE, mar aon le rabhaidh agus moltaí arna n-eisiúint ag údaráis macrastuamachta nó BERS. a bhreithniú freisin. Mar sin féin, leathnaíonn na treoirlínte seo raon feidhme an mheasúnaithe thar na híoscheanglais sin, d'fhonn ligean d'údaráis inniúla léargas cuimsitheach a fháil ar na rioscaí.
366. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go dtugtar aird sa mheasúnú ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag samhail ghnó na hinstitiúide ar a próifíl riosca leachtachta agus maoinithe, agus toradh na hanailíse ar an tsamhail ghnó a rinneadh faoi Theideal 4 á chur san áireamh. Agus é seo á dhéanamh, ba cheart dóibh aird a thabhairt ar an gcaoi ar athraigh samhail ghnó na hinstitiúide le himeacht ama agus cibé acu atá nó nach bhfuil aon rioscaí méadaithe mar thoradh air sin. Ba cheart d'údaráis inniúla faireachán a dhéanamh ar phríomhtháscairí cainníochtúla chun treochtaí a aithint agus chun an anailís seo a threorú.
367. Chun cuidiú le measúnú cainníochtúil ar rioscaí agus ar leordhóthanacht leachtachta agus maoinithe na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla tagairt a dhéanamh don treoir bhreise atá ar fáil i rannóg 8.7 maidir le tagarmharcáil agus le socrú ceanglas cainníochtúil leachtachta agus maoinithe.
368. Déanfaidh na húdaráis inniúla meastóireacht freisin ar aon fhaisnéis a bhféadfadh tionchar a bheith aici ar an leachtacht agus ar an seasamh maoinithe (e.g. ó údaráis inniúla AML/CFT).
369. Agus cáilíocht shocruithe eagraíochtúla agus bainistíochta riosca na hinstitiúide chun leachtacht agus riosca maoinithe a bhainistiú á n-athbhreithniú, ba cheart d'údaráis inniúla a

chinntiú go gclúdaíonn na socruithe sin gach ceann dá heintitis dhlíthiúla ábhartha, dá brainsí agus dá fochuideachtaí.

370. Ba cheart d'údaráis inniúla tionchar rioscaí ESG ar na rioscaí leachtachta agus cistiúcháin bunúsacha a chur san áireamh chomh maith le leordhóthanacht an chreata bainistithe agus rialaithe riosca leachtachta agus maoinithe a bhaineann le rioscaí ESG, agus tosaíocht á tabhairt do rioscaí comhshaoil.

371. Ba cheart toradh an mheasúnaithe ar gach riosca aonair a léiriú in achoimre ar thorthaí a thugann míniú ar na príomhchúiseanna le riosca agus scór, mar a mhínítear sna hailt seo a leanas.

8.2. Measúnú ar an riosca leachtachta bunúsach

372. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar riosca leachtachta gearrthéarmach agus meántéarmach na hinstitiúide thar thacar iomchuí tréimhsí ama, lena n-áirítear tréimhsí idirlae, chun a áirithiú go gcoimeádann an institiúid leibhéil leordhóthanacha maoláin leachtachta, faoi ghnáthdhálaí agus faoi dhálaí struis araon. Áirítear leis an measúnú seo na gnéithe seo a leanas:

- a. meastóireacht ar riachtanais leachtachta sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma;
- b. meastóireacht ar riosca leachtachta ionlae;
- c. Meastóireacht ar acmhainn maolánach leachtachta agus frithchothromaithe;
- d. tástáil struis leachtachta maoirseachta.

373. Chun riachtanais leachtachta, maoláin agus cumas frithchothromaithe a mheasúnú faoi ghnáthchoinníollacha, ba cheart d'údaráis inniúla tacú leis an anailís le fianaise ó na teimpléid tuairiscithe maidir le méadracht faireacháin bhreise mar a shonraítear san ITS maidir le tuairisciú maoirseachta. Agus riachtanais leachtachta á measúnú i gcúinsí struis, ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt freisin ar na bearta a d'fhéadfadh na hinstitiúidí a dhéanamh chun a gcáil/a saincheadúnas a chaomhnú. Ba cheart go mbreithneofaí leis sin éifeachtaí clú ar chontrapháirtithe móra mórdhíola agus miondhíola lena n-áirítear na contrapháirtithe sin a d'fhéadfadh a bheith spreagtha trí bhealaí sóisialta nó bealaí eile. Féadfaidh údaráis inniúla meastóireacht a dhéanamh ar riosca leachtachta ionlae nach bhfuil chomh gráinneach céanna agus tástáil struis leachtachta, i gcás ina mbeidh údar maith leis sin mar gheall ar ábharthacht níos ísle na bhfoinsí riosca sin, go háirithe i gcás institiúidí Chatagóir 3 agus Chatagóir 4, agus torthaí an ILAAP á gcur san áireamh.

Meastóireacht ar riachtanais leachtachta sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma

374. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar riachtanais leachtachta na hinstitiúide sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma faoi ghnáthchoinníollacha agus faoi dhálaí struis. Ba cheart dóibh an tionchar ar riachtanais leachtachta faoi strus na hinstitiúide roimh 30 lá, idir, mar shampla, 30 lá agus trí mhí agus ina dhiaidh sin, a chur san áireamh, mar shampla, idir trí agus dhá mhí dhéag de strusanna géara ach inchreidte a chlúdaíonn turraingí neamhghnácha,

turraingí ar fud an mhargaidh agus turraingí comhcheangailte. Ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh freisin ar mhéid, ar shuíomh agus ar airgeadas na gceanglas leachtachta agus ar na tionchair ar leith a bhaineann le turraingí ina n-airgeadraí ábhartha éagsúla chun riosca in-aistritheachta airgeadra agus an riosca go mbeadh cur isteach ar an rochtain ar mhargaí malairte eachtraigh (lena n-áirítear turraingí neamhghnácha a léiríú amhail, mar shampla, cailleadh na rochtana ar chuntas baincéireachta comhfhreagraí atá ainmnithe in airgeadra eachtrach).

375. Ba cheart d'údaráis inniúla tacú le measúnú a dhéanamh ar riosca leachtachta gearrthéarmach trí anailís a dhéanamh ar an LCR, mar a shonraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, lena n-áirítear cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar an LCR a thomhas agus a thuairisciú i gceart agus an sainaithníonn sé go leordhóthanach clúdach na hinstitiúide maidir le riachtanais leachtachta. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas freisin cibé acu atá nó nach bhfuil tástáil thréimhsiúil á déanamh ag institiúidí ar a gcumas an LCR a thuairisciú ar bhonn laethúil chun a áirithiú go mbeidh institiúidí in ann sonraí iontaofa a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 414 de Rialachán (AE) 575/2013 nuair is gá.
376. Agus an tionchar a bhíonn ag turraingí ar riachtanais leachtachta na hinstitiúide á meas, ba cheart d'údaráis inniúla gach foinse ábhartha riosca leachtachta don institiúid a chur san áireamh, go háirithe:
 - a. an fhéidearthacht nach n-aithneodh aon cheanglas rialála de chuid AE is infheidhme go leordhóthanach riachtanais leachtachta na hinstitiúide i gcás an chineáil cáis struis a úsáidtear don cheanglas, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil aibíochtaí níos giorra ná 30 lá;
 - b. rioscaí a thagann chun cinn i ndáil le contrapháirtithe mórdhíola maidir le míreanna laistigh den chlár comhardaithe agus comhchruinnithe maoinithe. Ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt ar luaineacht an mhaoinithe a sholáthraíonn contrapháirtithe ar ball é gach ceann acu de na hearnálacha is suntasaí a fhreastalaítear orthu, agus ar rioscaí ionfhabhtaithe féideartha. I ndáil leis sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar mhaoiniú a bhailítear trí línte gnó agus bealaí dáileacháin nua, agus ó chliaint atá i mbun gníomhaíochtaí a bhfuil leibhéal méadaithe riosca ag baint leo (eistitheoirí cripteashócmhainní agus soláthraithe seirbhísí);
 - c. rioscaí a eascraíonn maidir le sreafaí airgid teagmhasacha/míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe (mar shampla, línte creidmheasa, glaonna éarlaise) agus gníomhaíochtaí (mar shampla, tacaíocht leachtachta d'fheithiclí sainchuspóra neamhchomhdhlúite lastall d'oibleagáidí conarthacha;
 - d. insreafaí agus eis-sreafaí ar bhonn comhlán chomh maith le glanbhonn: i gcás ina bhfuil insreafaí agus eis-sreafaí an-ard ann, ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar an riosca don institiúid nuair nach bhfaightear insreafaí nuair a bhítear ag súil leo, fiú nuair atá an riosca glan-eis-sreafa teoranta;
 - e. rioscaí a thagann chun cinn i ndáil le contrapháirtithe miondíola lena n-áirítear comhchruinnithe maoinithe. Chun na críche sin, ba cheart d'údaráis inniúla úsáid a bhaint

as an modheolaíocht maidir le haicmiú taiscí miondíola i mbuicéid riosca éagsúla, de bhun Airteagal 24 agus Airteagal 25 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún;

- f. an riosca go ndéanfaidh rioscaí iomarcacha sa phróifíl chistiúcháin meántéarmach agus fadtéarmach dochar d'iompar na gcontrapháirtithe atá ábhartha don suíomh leachtachta gearrthéarmach;
- g. riosca a eascraíonn i gcomhthéacs taiscí muiníneacha⁴⁵.

377. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go mbreithnítear ina measúnú ar riachtanais leachtachta ghearrthéarmacha na hinstitiúide an tionchar a bhíonn ag an digitiú (lena n-áirítear, mar shampla, íocaíochtaí láithreacha) agus ar an acmhainneacht go scaipfear faisnéis ar na meáin shóisialta chun luas na n-aistarraingtí a mhéadú i gcás struis.

Meastóireacht ar riosca leachtachta ionlae

378. Ba cheart d'údaráis inniúla neamhchosaint na hinstitiúide ar riosca leachtachta ionlae a mheas le haghaidh tréimhse ionchasach roghnaithe. Ba cheart go n-áireofaí sa mheasúnú sin, ar a laghad, meastóireacht ar leachtacht ionlae atá ar fáil nó inrochtana faoi ghnáthchoinníollacha agus faoi strus airgeadais nó oibriúcháin freisin (e.g. clistí TF, srianta dlíthiúla ar aistriú cistí, rochtain ar sheirbhísí baincéireachta comhfhereagraí a chur ar fionraí/a fhoirceannadh agus/nó ar sheirbhísí imreítigh airgeadraí, tráchtearraí nó ionstraimí atá suntasach don institiúid). Ba cheart go gcuirfí san áireamh leis sin go háirithe conas, in amanna struis, a d'fhéadfadh riachtanais mhéadaithe comhthaobhachta ionlae institiúide teorainn a chur lena cumas maolán leachtachta a úsáid chun eis-sreafaí struis a chlúdach nuair is gá.

379. I gcás na ndlínsí sin nach bhfuil tuairisciú ar riosca ionlae ar fáil go fóill iontu, ba cheart d'údaráis inniúla brath ar anailís na hinstitiúide féin ar an riosca leachtachta ionlae.

Meastóireacht ar acmhainn maolánach leachtachta agus frithchothromaithe

380. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht mhaolán leachtachta agus acmhainn fhrithchothromaithe na hinstitiúide chun freastal ar a riachtanais leachtachta laistigh de mhí agus thar thréimhsí ama éagsúla, b'fhéidir suas le bliain amháin, lena n-áirítear thar oíche. Ba cheart go n-áireofaí sa mheasúnú breithniú ar aicmiú agus cáilíocht sócmhainní leachtachta (mar a shonraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún), ar chomhlíonadh ceanglais ghinearálta agus oibríochtúla maidir le sócmhainní leachtachta ardcháilíochta, agus cibé an atá nó nach bhfuil an maolán leachtachta agus an acmhainn frithchothromaithe i gcomhréir le hinghlacthacht riosca na hinstitiúide.

381. Ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar fhachtóirí a d'fhéadfadh cur isteach ar chumas na hinstitiúide a cuid sócmhainní leachtachta a airgeadú go tráthúil le linn tréimhse struis, lena n-áirítear an méid seo a leanas: comhchruinniú ard le contrapháirtithe aonair nó le cineálacha áirithe sócmhainní; sócmhainní sa mhaolán atá faoi ualach nó ar iasacht; agus

⁴⁵ Tá na dea-chleachtais ar fáil i dtuarascáil an ÚBE: Faireachán ar chur i bhfeidhm an chóimheasa um chlúdach leachtachta san AE – Dara tuarascáil (ÚBE/REP/2021/07).

ainmniú na sócmhainní leachtacha in airgeadra atá difriúil ó riachtanais leachtachta na hinstitiúide. Ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh freisin ar luach dóchúil na saoráidí leachtachta tiomanta a d'fhéadfaí a áireamh san acmhainn frithchothromaithe.

382. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh (más infheidhme) ar oiriúnacht na toimhdí atá ag an institiúid maidir lena cumas rochtain a fháil ar mhargaí athcheannaigh agus ar mhaoiniú ó bhanc ceannais i dtréimhse struis, lena n-áirítear maidir le hoiriúnacht agus infhaighteacht sócmhainní le feidhmiú mar chomhthaobhacht. Ba cheart dóibh a chur san áireamh cibé an ndéanann nó nach ndéanann an institiúid tástáil ar a rochtain ar an margadh trí dhíolachán nó trí athcheannach a dhéanamh ar bhonn tréimhsiúil; Ar an gcaoi chéanna, ba cheart dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar thuairimí na n-institiúidí maidir leis an am go leachtacht faoi bhrú.

Tástáil struis leachtachta maoirseachta

383. Ba cheart d'údaráis inniúla a gcuid tástálacha struis leachtachta féin a reáchtáil chun rioscaí leachtachta gearrthéarmacha agus meántéarmacha a mheas go neamhspleách. Ba cheart cásanna struis a bheith ar ancaire le toimhdí struis 30 lá LCR, ach féadfaidh údaráis inniúla raon feidhme a measúnaithe a leathnú trí rioscaí a fhiosrú laistigh de 30 lá agus thar 30 lá, agus na toimhdí LCR a athrú chun rioscaí nach bhfuil clúdaithe go leormhaith sa LCR a léiriú; Ba cheart go n-áireofaí leis sin tástáil struis mhaoirseachta lena gcomhcheanglaítear strus atá sainiúil don institiúid agus strus ar fud an mhargaidh.

8.3. Measúnú ar an riosca maoinithe bunúsach

384. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar riosca cistiúcháin na hinstitiúide agus ar cibé acu atá nó nach bhfuil na sócmhainní meántéarmacha agus fadtéarmacha agus na hítimí lasmuigh den chlár comhardaithe á meaitseáil go leordhóthanach le raon ionstraimí cobhsaí cistiúcháin faoi ghnáthchoinníollacha agus faoi choinníollacha struis araon. Áirítear leis an measúnú seo na gnéithe seo a leanas:

- meastóireacht ar phróifíl chistiúcháin na hinstitiúide;
- meastóireacht ar rioscaí do chobhsaíocht na próifíle cistiúcháin;
- meastóireacht ar rochtain iarbhrí ar an margadh;
- meastóireacht ar an athrú a bhfuiltear ag súil leis ar rioscaí cistiúcháin bunaithe ar phlean cistiúcháin na hinstitiúide.

Meastóireacht ar phróifíl chistiúcháin na hinstitiúide

385. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht phróifíl cistiúcháin na hinstitiúide, lena n-áirítear neamhréireanna conarthacha agus iompraíochta meántéarmacha agus fadtéarmacha araon, i ndáil lena samhail gnó, lena straitéis agus lena hinghlacthacht riosca. Ba cheart dóibh a chur san áireamh cibé acu atá nó nach bhfuil sócmhainní meántéarmacha agus fadtéarmacha agus ítimí lasmuigh de chlár comhardaithe na hinstitiúide á meaitseáil go leordhóthanach le raon ionstraimí cobhsaí cistiúcháin, de bhun Airteagal 413

de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ba cheart d'údaráis inniúla tacú leis an measúnú seo trí anailís a dhéanamh ar an NSFR mar a shonraítear i dTeideal IV de Chuid a Sé de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus measúnú a dhéanamh ar cibé acu ar tuairiscíodh nó nár tuairiscíodh é seo i gceart.

386. Ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar thionchar aon tosca rialála agus conarthacha (áitiúla) a théann i bhfeidhm ar shaintréithe iompraíochta soláthraithe maoinithe (e.g. rialacháin maidir le himréiteach, tarrtháil inmheánach, scéimeanna ráthaíochta taiscí, toisc go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar iompar soláthraithe cistiúcháin) ar phróifíl chistiúcháin na hinstitiúide.
387. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé an bhféadfadh nó nach bhféadfadh méadú doghlactha ar chostas cistiúcháin agus cailleadh rochtana ar chistiú ar son na hinstitiúide a bheith ina thoradh ar easnaimh ionchasacha a eascraíonn as próifíl chistiúcháin na hinstitiúide, amhail neamhréireanna aibíochta a sháraíonn teorainneacha inghlactha, comhchruinnithe iomarcacha d'fhoinsí maoinithe, leibhéil iomarcacha eire sócmhainní nó cistiú míchuí nó éagobhsaí sócmhainní fadtéarmacha. Go háirithe, ní mór toimhdí maidir le greamaitheacht na maoinithe a mhealltar trí chainéil a bhraitheann ar theicneolaíocht airgeadais nó atá níos neamhthraidisiúnta, mar shampla ardáin taisce ar líne – a mheas go géar agus cásanna struis á bpleanáil nó á ndearadh.

Meastóireacht ar rioscaí do chobhsaíocht na próifíle cistiúcháin

388. Ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar thosca a d'fhéadfadh cobhsaíocht na próifíle cistiúcháin a laghdú i ndáil le cineál agus saintréithe na sócmhainní, ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe agus dliteanais. Ba cheart dóibh an neamhréiteach struchtúrach idir sócmhainní agus dliteanais a chur san áireamh (lena n-áirítear tionchar aon neamhréitigh airgeadra), meadarachtaí cuí cistiúcháin struchtúraigh (e.g. cóimheas iasachta/thaisce, bearna chistiúcháin custaiméara agus dréimire aibíochta atá coigeartaithe de réir iompraíochta), agus saintréithe cistiúcháin a d'fhéadfadh a léiriú go bhfuil rioscaí agus imní ML/TF méadaithe ann ó thaobh na stuamachta de. Ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh freisin ar thionchar na gcaillteanas ar chobhsaíocht an chistithe; agus a fhios acu go bhféadfadh soláthraithe cistiúcháin a bheith íogair i leith caillteanas i bhfad níos ísle ná an caillteanas a chuirfeadh cóimheasa caipitil i mbaol.
389. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar rioscaí d'inhuanaitheacht na próifíle cistiúcháin a eascraíonn as comhchruinnithe i bhfoinsí maoinithe (go háirithe sna cineálacha ionstraimí cistiúcháin a úsáidtear, i margaí cistiúcháin sonracha, i gcontrapháirtithe aonair nó i gcontrapháirtithe nasctha). Mar shampla, ba cheart dóibh saintréithe na n-earnálacha is ábhartha a ndéanann an institiúid seirbhísiú orthu agus ar an tionchar a bhíonn aige sin ar phróifíl riosca maoinithe na hinstitiúide a bhreithniú, agus aird ar leith á tabhairt ar neamhchosaintí ar earnálacha timthriallacha nó luaineacha.
390. Ba cheart d'údaráis inniúla an riosca go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag eire sócmhainní ar inghlachtacht an mhargaidh d'fhiachas neamhurraithe na hinstitiúide (i gcomhthéacs

shaintréithe an mhargaidh/na margaí ina n-oibríonn an institiúid agus samhail gnó na hinstitiúide) a bhreithniú, freisin.

Meastóireacht ar rochtain iarbhair ar an margadh

391. Ba cheart d'údaráis inniúla a bheith ar an eolas faoi rochtain iarbhair na hinstitiúide ar an margadh agus faoi bhagairtí reatha agus todhchaíocha ar an rochtain seo ar an margadh, lena n-áirítear cur isteach ar an rochtain ar mhargaí malairte eachtraí (lena n-áirítear cur isteach neamhghnách). Maidir leis an measúnú, ba cheart dóibh a chur san áireamh a mhéid a dhéanann an institiúid éilimh arda ar mhargaí nó ar chontrapháirtithe áirithe (lena n-áirítear bainc cheannais) i gcoibhneas le hacmhainn na margaí/na gcontrapháirtithe sin, aon athruithe suntasacha nó gan choinne ar eisiúint fiachais, an riosca go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag nuacht faoin institiúid ar an margadh (brath/muinín) agus dá bhrí sin rochtain ar an margadh, agus comharthaí go bhféadfadh rioscaí leachtachta gearrthéarmacha an rochtain atá ag an institiúid ar a mór-mhargaí cistiúcháin a laghdú.

Meastóireacht ar an athrú a bhfuiltear ag súil leis ar rioscaí cistiúcháin bunaithe ar phlean cistiúcháin na hinstitiúide

392. Ba cheart d'údaráis inniúla an t-athrú ionchasach ar rioscaí cistiúcháin a mheas bunaithe ar phlean cistiúcháin na hinstitiúide agus ba cheart dóibh teacht ar thuairim ar indéantacht an phlean (amhail cúltástáil, cásanna malartacha a mheas).

8.4. Measúnú ar chreat bainistithe agus rialaithe riosca leachtachta agus cistiúcháin

393. Chun tuiscint chuimsitheach a bhaint amach ar phróifíl riosca leachtachta agus cistiúcháin na hinstitiúide, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh freisin ar an gcreat rialachais agus bainistithe riosca is bun lena riosca leachtachta agus cistiúcháin. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar:

- an straitéis riosca leachtachta agus cistiúcháin agus inghlacthacht an riosca leachtachta agus cistiúcháin;
- an creat, beartais agus nósanna imeachta eagraíochtúla;
- sainaithint, tomhas, bainistiú, faireachán agus tuairisciú riosca;
- tástáil struis na hinstitiúide a bhaineann go sonrach le leachtacht/cistiú;
- an creat rialaithe inmheánaigh do bhainistiú an riosca leachtachta agus cistiúcháin;
- pleananna teagmhasacha leachtachta agus pleananna téarnaimh na hinstitiúide;
- pleananna cistiúcháin na hinstitiúide.

Straitéis riosca leachtachta agus cistiúcháin agus inghlacthacht riosca

394. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil straitéis riosca agus inghlacthacht leachtachta/cistiúcháin atá slán, leagtha amach go soiléir, doiciméadaithe agus

curtha in iúl, formheasta ag an gcomhlacht bainistíochta. Maidir leis an measúnú seo, i measc fachtóirí eile, ba cheart d'údaráis inniúla ról an chomhlachta bainistíochta maidir leis an straitéis riosca agus inghlacthacht leachtachta/cistiúcháin a shocrú, a fhormheas agus a athbhreithniú a chur san áireamh (lena n-áirítear a phríomhthoimhdí bunúsacha), cur i bhfeidhm cuí na straitéise seo ag an gcomhlacht bainistíochta chomh maith lena oiriúnacht don institiúid i bhfianaise a samhail ghnó, a lamháltas riosca foriomlán, a ról sa chóras airgeadais, a riocht airgeadais agus a cumas cistiúcháin.

Creat, beartais agus nósanna imeachta eagraíochtúla

395. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas an cibé acu atá nó nach bhfuil creat eagraíochtúil agus socruithe rialachais iomchuí ag an institiúid maidir le bainistiú riosca leachtachta agus cistiúcháin, lena n-áirítear creat láidir ILAAP i gcomhréir le mír 91 de Theideal 5 de na Treoirí seo. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú an bhfuil feidhmeanna iomchuí tomhais agus rialaithe curtha i bhfeidhm ag an institiúid, agus an bhfuil acmhainní daonna agus teicniúla leordhóthanacha ann chun na feidhmeanna sin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus chun na cúraimí faireacháin is gá a dhéanamh. Ba cheart rialú an riosca leachtachta agus faireachán ar chórais agus ar phróisis a bheith á rialú ag feidhm neamhspleách.
396. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé acu atá nó nach bhfuil beartais agus nósanna imeachta iomchuí ag an institiúid chun riosca leachtachta agus cistiúcháin a bhainistiú agus cibé acu atá nó nach bhfuil siad sin comhsheasmhach le hinghlacthacht riosca leachtachta na hinstitiúide. Áirítear air seo measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil na beartais agus na nósanna imeachta sainmhínithe i gceart, curtha ar bhonn foirmiúil agus curtha in iúl go héifeachtach ar fud na hinstitiúide. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta na beartais agus na nósanna imeachta a cheadú agus athbhreithniú rialta a dhéanamh orthu, agus ba cheart don ardbhainistíocht iad seo a chur i bhfeidhm.
397. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht chur chuige na hinstitiúide i leith rochtain ar an margadh a choinneáil ina margaí cistiúcháin suntasacha, lena n-áirítear aon tástáil ar rochtain ar an margadh a rinneadh, cur chuige na hinstitiúide i leith láithreach leanúnach a choinneáil sna margaí (i gcás institiúidí beaga ar leith nó samhlacha gnó speisialaithe, d'fhéadfadh sé nach mbeadh tástáil ar rochtain ar na margaí ábhartha), an cur chuige atá ag an institiúid i leith caidrimh láidre a chothú le soláthraithe cistiúcháin, agus aon fhianaise go leanfadh an institiúid de rochtain leanúnach a bheith aici ar an margadh in amanna struis.

Riosca a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú, faireachán a dhéanamh air agus é a thuairisciú

398. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil creat agus córais TF iomchuí ag an institiúid chun riosca leachtachta agus cistiúcháin a shainaithint agus a thomhas, i gcomhréir le méid, castacht, inghlacthacht riosca agus cumas glactha riosca na hinstitiúide. Ba cheart dóibh na fachtóirí seo a leanas a chur san áireamh:

- a. cibé acu atá nó nach bhfuil modhanna iomchuí curtha i bhfeidhm ag an institiúid chun a sreafaí airgid a réamh-mheas in imeacht sraith tréimhsí ama oiriúnacha, trí chásanna gnó mar is gnách agus cásanna struis, agus go cuimsitheach ar fud cúiseanna ábhartha riosca;
- b. cibé acu an úsáideann nó nach n-úsáideann an institiúid príomhthoimhdí agus príomh-mhodheolaíochtaí iomchuí, a ndéantar athbhreithniú rialta orthu, lena n-aithnítear idirghníomhaíocht idir riosca éagsúla (creidmheasa, margaidh, IRRBB etc.) a eascraíonn as ítimí ar an gclár comhardaithe agus lasmuigh den chlár comhardaithe araon;
- c. cibé acu an dtuigeann nó nach dtuigeann an institiúid a cumas rochtain a fháil ar ionstraimí airgeadais cibé áit ina sealbhaítear iad, ag féachaint d'aon srianta dlíthiúla, rialála agus oibriúcháin ar a n-úsáid, lena n-áirítear, mar shampla, dorochtaineacht sócmhainní de bharr eire le linn tréimhsí ama éagsúla.

399. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil creat tuairiscithe cuí ag institiúidí maidir le riosca leachtachta agus cistiúcháin, ar chomhaontaigh an ardbhainistíocht iad. Ba cheart dóibh cáilíocht na gcóras faisnéise agus na sreafaí faisnéise inmheánacha a úsáidtear chun tuairisciú a ghiniúint a chur san áireamh agus cibé acu atá nó nach bhfuil an tuairisciú intuigthe don spriocphobal, cruinn agus inúsáidte (e.g. tráthúil, gan a bheith ró-chasta, laistigh den raon feidhme ceart). Ba cheart an tuairisciú a sholáthar go rialta d'fhaighteoirí cuí (amhail an comhlacht bainistíochta, an ardbhainistíocht nó coiste sócmhainní agus dliteanas).

400. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht an phróisis chun riosca leachtachta ionlae a thomhas, go háirithe i gcás na n-institiúidí sin a ghlacann páirt i gcórais íocaíochta, socraíochta agus imréitigh. Ba cheart dóibh a chur san áireamh cibé acu an ndéanann nó nach ndéanann an institiúid faireachán agus rialú cuí ar shreafaí airgid agus ar acmhainní leachtacha atá ar fáil chun freastal ar riachtanais i gcaitheamh an lae agus ar réamhaisnéisí maidir le cathain a tharlóidh sreafaí airgid i rith an lae, agus an ndéanann nó nach ndéanann an institiúid tástáil struis shonrach chuí ar oibríochtaí laistigh i gcaitheamh an lae, agus forbairtí gnó (e.g. an fhéidearthacht go mbeidh íocaíochtaí meandracha ann) á gcur san áireamh.

401. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil sraith leordhóthanach táscairí leachtachta agus cistiúcháin ag an institiúid. Ba cheart dóibh an méid seo a leanas seo a chur san áireamh:

- a. cibé acu an léiríonn nó nach léiríonn na táscairí go leordhóthanach próifíl riosca leachtachta na hinstitiúide, lena n-áirítear méid éagsúlú na sócmhainní sa mhaolán leachtachta agus an chomhsheasmhacht idir ainmniú airgeadra a gcuid sócmhainní leachtacha agus dáileadh de réir airgeadra a n-aschur leachtachta;
- b. cibé acu an gclúdaíonn nó nach gclúdaíonn na táscairí go leordhóthanach gnéithe lárnacha de riosca leachtachta a bhaineann le rioscaí aill fhéideartha, amhail comhchruinniú aibíochtaí eis-sreafaí (agus aon luath-aistarraingt fhéideartha dliteanas á chur san áireamh) agus cláir tacaíochta an bhainc cheannais;

- c. cibé an gceadaíonn nó nach gceadaíonn na táscairí leochaileachtaí struchtúracha cistiúcháin atá ag an institiúid a aithint, lena n-áirítear aon chomhchruinnithe i margai, in airgeadraí, i gcomhpháirtithe conartha, agus in aibíochtaí ar leith;
- d. cibé an dtugann na táscairí léargas ar 'righneas' chistiú na n-institiúidí (neamhspleách ar a nglactar leis sa LCR nó NSFR), lena n-áirítear miondealú ina chatagóirí aonchineálacha de réir a n-airíonna riosca, agus cion na dtaiscí atá lasmuigh de raon feidhme scéime ráthaíochta/árachais.

402. ba cheart go mbeadh ar chumas institiúidí a léiriú go ndéantar na táscairí a dhoiciméadú go leordhóthanach, a athbhreithniú go tréimhsiúil, a úsáid mar ionchuir chun inghlacthacht riosca na hinstiúide a shainiú, gur cuid iad den tuairisciú bainistíochta agus go n-úsáidtear iad chun teorainneacha oibriúcháin a shocrú.

Tástáil struis na hinstiúide a bhaineann go sonrach le leachtacht agus cistiú

403. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil tástáil struis leordhóthanach atá sonrach maidir le leachtacht curtha i bhfeidhm ag institiúid, i gcomhréir le Treoirlínte ÚBE maidir le tástáil struis institiúidí⁴⁶:

- a. chun tuiscint a fháil ar thionchar na dteagmhas díobhálach ar a neamhchosaint ar riosca agus a bheith in ann leordhóthanacht a shócmhainní leachtacha, a acmhainn frithchothromaithe agus a struchtúr cistiúcháin a mheas;
- b. chun rioscaí a chlúdach a d'fhéadfadh criostalú le linn cineálacha éagsúla cásanna struis agus/nó chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann le rialú, rialachas nó easnaimh eile.

404. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh cibé an gceadaíonn nó nach gceadaíonn an creat don institiúid an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a. tréimhse mharthanais na hinstiúide a chinneadh i bhfianaise a maolán leachtachta atá ann cheana agus a foinsí cobhsaí cistiúcháin, agus inghlacthacht riosca na hinstiúide á cur san áireamh, le linn tréimhse struis leachtachta atá dian ach inchreidte;
- b. anailís a dhéanamh ar thionchar cásanna struis ar a sheasamh leachtachta comhdhlúite ar fud an ghrúpa agus ar sheasamh leachtachta na n-eintiteas aonair agus na línte gnó;
- c. tuiscint a fháil ar na háiteanna ina bhféadfadh rioscaí teacht chun cinn, beag beann ar a struchtúr eagraíochtúil agus ar mhéid na bainistíochta riosca leachtachta láraithe.

405. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go soláthraíonn an institiúid tionchar samhaltaithe na gcineálacha éagsúla cásanna struis (mar a mhínítear i dTreoirlíne ÚBE ar thástáil struis institiúidí), chomh maith le roinnt tástálacha íogaireachta (ar bhonn na comhréireachta). Níor cheart go mbeadh na cásanna struis agus na turraingí a ionsamhlaítear iontu bunaithe ar an am atá thart amháin, ach ba cheart go mbainfidís úsáid freisin as cásanna struis hipitéiseacha

⁴⁶ ÚBE/GL/2019/04

bunaithe ar bhreithiúnas saineolaithe. Ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh cibé acu atá nó nach bhfuil na cásanna seo a leanas ar a laghad san áireamh:

- a. gearrthéarmach agus fadtréimhseach;
- b. institiúid-shonrach agus ar fud an mhargaidh (a tharlaíonn go comhuaineach i margaí éagsúla);
- c. teaghlaim de (a) agus (b).

406. Gné thábhachtach ar cheart d'údaráis inniúla a mheas agus creat tástála struis na hinstitiúide á measúnú acu is ea samhaltú thionchar an cháis nó na gcásanna hipitéiseacha struis ar shreafaí airgid na hinstitiúide agus ar a cumas frithchothromaithe agus a thréimhse mharthanais, agus cibé acu an léiríonn nó nach léiríonn an samhaltú na tionchair dhifriúla a d'fhéadfadh a bheith ag strus eacnamaíoch ar shócmhainní institiúide agus ar a hin-sreafaí agus ar a heis-sreafaí.

407. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú freisin cibé acu atá nó nach bhfuil cur chuige coimeádach ag an institiúid maidir le toimhdí tástála struis a shocrú. Ag brath ar chineál agus ar dhéine an cháis, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas, de réir mar is ábhartha, oiriúnacht roinnt toimhdí, go háirithe:

- a. éag an chistithe mhiondíola;
- b. laghdú ar chistiú mórdhíola urraithe agus neamhurraithe;
- c. an comhghaol idir margaí cistiúcháin agus éagsúlú ar fud margaí éagsúla;
- d. neamhchosaintí teagmhasacha breise lasmuigh den chlár comhardaithe;
- e. aibíochtaí cistiúcháin (e.g. i gcás ina bhfuil roghanna glao amach ag an soláthraí cistiúcháin);
- f. tionchar aon mheathlaithe ar rátáil chreidmheasa na hinstitiúide;
- g. inmhalartacht FX agus rochtain ar mhargaí malairte eachtraí agus ar chuntais bhaincéireachta comhfhreagracha;
- h. an cumas leachtacht a aistriú thar aonáin, earnálacha agus tíortha;
- i. meastacháin ar fhás an chláir chomhardaithe amach anseo;
- j. mar gheall ar rioscaí do chlú, ceanglas intuigthe ar an institiúid sócmhainní a thar-rolladh agus cineálacha eile tacaíochta leachtachta a leathnú nó a choinneáil.

408. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil creat bainistíochta tástála struis a bhaineann go sonrach le leachtacht na hinstitiúide iomchuí agus an bhfuil sé lánpháirtithe i gceart sa straitéis iomlán um bainistiú riosca. Ba cheart dóibh an méid seo a leanas seo a chur san áireamh:

- a. cibé acu atá nó nach bhfuil méid agus minicíocht na dtástálacha struis iomchuí do chineál agus do chastacht na hinstitiúide, dá neamhchosaintí ar riosca leachtachta agus dá tábhacht choibhneasta sa chóras airgeadais;
- b. cibé an ndéantar nó nach ndéantar torthaí na tástála struis a chomhtháthú i bpróiseas pleanála straitéisí na hinstitiúide maidir le leachtacht agus cistiú agus an úsáidtear iad chun

- éifeachtúlacht na bainistíochta leachtachta a mhéadú i gcás géarchéime, lena n-áirítear i bplean teagmhasach leachtachta agus téarnaimh na hinstitiúide;
- c. cibé an bhfuil próiseas leordhóthanach ag an institiúid chun fachtóirí riosca oiriúnacha a shainaithint chun tástálacha struis a dhéanamh, ag féachaint do na leochaileachtaí ábhartha uile ar féidir leo an bonn a bhaint de sheasamh leachtachta na hinstitiúide i dtrácht;
 - d. cibé acu an ndéantar nach ndéantar athbhreithniú agus nuashonrú sách minic ar thoimhdí agus cásanna;
 - e. i gcás ina bhfuil measúnú á dhéanamh ar bhainistíocht leachtachta grúpa, cibé acu an dtugann nó nach dtugann an institiúid aird leordhóthanach ar aon bhaic a d'fhéadfadh a bheith ann ar aistriú leachtachta laistigh den ghrúpa.

Creat rialaithe inmheánaigh riosca leachtachta agus cistiúcháin

409. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas an cibé acu atá nó nach bhfuil creat láidir cuimsitheach teorann agus rialaithe inmheánaigh ag an institiúid, agus coimircí fóna chun a riosca leachtachta agus cistiúcháin a mhaolú i gcomhréir lena hinghlacthacht riosca agus chun infhaighteacht struchtúir cistiúcháin éagsúlaithe a áirithiú. Ba cheart dóibh cibé acu atá nó nach bhfuil an creat teorannaithe agus rialaithe cuí d' chastacht, do mhéid agus do shamhail ghnó na hinstitiúide a chur san áireamh agus cibé acu an léiríonn nó nach léiríonn sé na tiománaithe ábhartha éagsúla a bhaineann le riosca leachtachta agus torthaí na dtástálacha struis leachtachta.
410. Ba cheart do gcuirfeadh údaráis áitiúla san áireamh cibé acu atá nó nach bhfuil teorainneacha i bhfeidhm ag an institiúid chun comhsheasmhacht a áirithiú idir ainmníocht airgeadra a sócmhainní leachtacha agus dáileadh a glan-eis-sreafaí leachtachta de réir airgeadra i gcomhréir le hAirteagal 8(6) de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún.
411. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé acu an ndéanann nó nach ndéanann comhlachtaí inniúla na hinstitiúide na teorainneacha a fhormheas agus a athbhreithniú go rialta agus a chur in iúl do gach líne ghnó ábhartha. Ba cheart an próiseas seo, mar aon leis an gcaoi a ndéanann an institiúid faireachán ar chomhlíonadh na dteorainneacha agus an próiseas géaraithe i gcás sáruithe, a dhoiciméadú go soiléir ina nósanna imeachta.
412. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil córas praghsála aistrithe leordhóthanach curtha i bhfeidhm ag an institiúid mar chuid den chreat rialaithe riosca leachtachta, ina n-ionchorpraítear gach costas, sochar agus riosca ábhartha leachtachta, Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh cibé an gceadaíonn nó nach gceadaíonn an sásra praghsála aistrithe don bhainistíocht dreasachtaí iomchuí a thabhairt chun riosca leachtachta a bhainistiú, agus cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar an córas agus a chalabhrú a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go cuí i bhfianaise mhéid agus chastacht na hinstitiúide. Ina theannta sin, ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé an úsáidtear nó nach n-úsáidtear beartas na hinstitiúide maidir le modheolaíocht na praghsála aistrithe cistí (FTP) a ionchorprú sa chreat praghsála inmheánach chun idirbhearta le custaiméirí a mheasúnú agus

a chinneadh (áirítear leis seo an dá thaobh den chlár comhardaithe, e.g. iasachtaí a dheonú agus taiscí a ghlacadh).

413. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil rialuithe leordhóthanacha ag an institiúid maidir leis an maolán sócmhainní leachtacha, lena n-áirítear teorainneacha comhchruinnithe agus faireacháin leanúnach iomchuí ar leordhóthanacht an mhaoláin agus maidir le hathruithe ar dhálaí an mhargaidh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chumas na hinstitiúide a sócmhainní a leachtú go tapa.

Pleananna teagmhasacha leachtachta

414. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu an sainítear nó nach sainítear go leormhaith i bplean teagmhasach leachtachta (LCP) na hinstitiúide na beartais, na nósanna imeachta agus na pleananna gníomhaíochta chun freagairt do mhórchur isteach féideartha ar chumas na hinstitiúide í féin a chistiú. Ba cheart go gcuirfí san áireamh leo ábhar agus raon feidhme na mbeart cistiúcháin teagmhasach atá san áireamh sa LCP, agus go háirithe fachtóirí amhail:

- cibé an dtugann nó nach dtugann an LCP míniú leordhóthanach ar na socruithe rialachais maidir lena ngníomhachtú agus lena gcoinneáil;
- cibé an léiríonn nó nach léiríonn an LCP próifíl riosca ginearálta leachtachta agus cistiúcháin na hinstitiúide go sonrach agus i gcoitinne;
- cibé acu atá nó nach bhfuil creat de tháscairí réamhrabhaidh leachtachta ag an institiúid, lena n-áirítear i measc táscairí eile iad sin a bunaíodh mar tháscairí leachtachta in ÚBE GL maidir le táscairí plean téarnaimh ar dóigh dóibh a bheith éifeachtach chun cur ar chumas na hinstitiúide imthosca margaidh atá ag dul in olcas a shainaithint go tráthúil agus a chinneadh go tapa cad iad na gníomhartha is gá a dhéanamh;
- cibé an dtugtar nó nach dtugtar san LCP cur síos soiléir go bhfuil an maolán leachtachta LCR deartha le húsáid i gcás struis, fiú má bhíonn luachanna LCR faoi bhun 100 % mar thoradh air sin, lena n-áirítear go bhfuil sé mar chuid den bhainistiú riosca leachtachta faoi strus a bhfuiltear ag súil leis go ndéantar cumarsáid ina dhiaidh sin leis an ardbhainistíocht má shroichteas luachanna LCR bunaithe níos ísle. Ba cheart go ndéanfaí an tslí ar cheart an riosca leachtachta a bhainistiú faoi strus a léiriú agus a thuairisciú go soiléir sa LCP chun é a stiúradh chomh gar agus is féidir do spriocleibhéil LCR.
- cibé an gcuireann nó nach gcuireann an LCP na foinsí cistiúcháin ábhartha (féideartha) go léir in iúl go soiléir, lena n-áirítear na méideanna measta atá ar fáil do na foinsí éagsúla leachtachta agus an t-am measta is gá chun cistí a fháil uathu;
- cibé an bhfuil nó nach bhfuil na bearta i gcomhréir le straitéis riosca fhoriomlán na hinstitiúide agus lena hinghlacthacht riosca leachtachta;
- oiriúnacht na dtoimhdí maidir le ról cistiúcháin an bhainc cheannais i LCP na hinstitiúide. D'fhéadfadh tuairimí na hinstitiúide maidir leis an méid seo a leanas a bheith san áireamh i samplaí de na fachtóirí a fhéadfaidh na húdaráis inniúla a mheas:

- I. infhaighteacht reatha agus sa todhchaí foinsí malartacha cistiúcháin féideartha a bhaineann le cláir iasachtaí bainc cheannais;
- II. na cineálacha saoráidí iasachtaithe, an chomhthaobhacht inghlactha agus na nósanna imeachta oibríochtúla chun rochtain a fháil ar chistí bainc cheannais;
- III. na himthosca faoina mbeadh gá le cistiú ón mbanc ceannais, an méid a bheadh ag teastáil agus an tréimhse ar dócha go mbeadh gá lena leithéid de chistiú ón mbanc ceannais.

415. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil na gníomhaíochtaí a bhfuil tuairisc orthu sa LCP indéanta i ndáil leis na cásanna struis ina bhfuil sé i gceist iad a dhéanamh. Ba cheart go gcuirfí san áireamh fachtóirí amhail:

- a. an leibhéal comhsheasmhachta agus idirghníomhaíochta idir tástálacha struis na hinstitiúide a bhaineann le leachtacht, a LCP, a táscairí luathrabhaidh leachtachta agus, i gcás inarb infheidhme, a plean téarnaimh a bhaineann le leachtacht;
- b. cibé acu an ndealraíonn sé nó nach ndealraíonn sé go gcuirfidh na gníomhaíochtaí a shainítear sa LCP ar chumas na hinstitiúide freagairt go leordhóthanach do raon cásanna féideartha de strus tromchúiseach leachtachta, lena n-áirítear strus a bhaineann go sonrach leis an institiúid agus strus ar fud an mhargaidh, chomh maith leis an idirghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann eatarthu; agus cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar na gníomhartha a shainítear sa LCP a chainníochtú go stuama i dtéarmaí acmhainne giniúna leachtachta faoi choinníollacha struis agus an t-am is gá chun iad a fhorghníomhú, agus ceanglais oibríochtúla amhail comhthaobhacht a ghealladh ag banc ceannais á gcur san áireamh.

416. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht chreat rialachais na hinstitiúide maidir lena LCP. Ba cheart go gcuirfí san áireamh fachtóirí amhail:

- a. oiriúnacht nósanna imeachta formhéadaithe agus tosaíochta ina sonraítear cathain agus conas is féidir agus ba chóir gach ceann de na gníomhaíochtaí a chur i ngníomh;
- b. cibé acu atá nó nach bhfuil beartais agus nósanna imeachta leordhóthanacha ag an institiúid maidir le cumarsáid laistigh den institiúid agus le páirtithe seachtracha;
- c. leibhéal na comhsheasmhachta idir an LCP⁴⁷ agus pleananna leanúnachais gnó na hinstitiúide.

Pleananna cistiúcháin

417. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil an plean cistiúcháin indéanta agus iomchuí i ndáil le cineál, scála agus castacht na hinstitiúide, a gníomhaíochtaí reatha agus réamh-mheasta agus a próifíl leachtachta agus cistiúcháin. Ba cheart dóibh cuntas a thógáil d'fhachtóirí amhail:

⁴⁷ Sa chás go bhfuil an LCP lán-chomhtháite leis an bplean téarnaimh, cuirfear é seo san áireamh sa scór ORC leachtachta. I gcás nach bhfuil an LCP ionchorpraithe sa phlean téarnaimh agus go bhfuil an dá dhoiciméad ar leithligh, ní mór anailís ar leithligh a dhéanamh ar an LCP.

- a. cibé acu an dtugtar nó nach dtugtar aghaidh sa phlean cistiúcháin ar chásanna malartacha. Ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar stóinseacht an phlean chun tacú leis na gníomhaíochtaí gnó réamh-mheasta i gcásanna díobhálacha;
- b. an t-athrú a bhfuiltear ag súil leis ar phróifíl cistiúcháin na hinstitiúide a eascraíonn as cur i bhfeidhm an phlean cistiúcháin agus cibé acu atá nó nach bhfuil sé sin oiriúnach i bhfianaise ghníomhaíochtaí agus shamhail ghnó na hinstitiúide;
- c. cibé acu an dtacaíonn nó nach dtacaíonn an plean cistiúcháin le haon fheabhsuithe riachtanacha nó inmhianaithe ar phróifíl chistiúcháin na hinstitiúide;
- d. a ndearcadh féin ar (athruithe ar) ghníomhaíocht an mhargaidh arna beartú ag institiúidí ina ndlínse ar leibhéal comhiomlánaithe, agus cad a chiallaíonn sé sin d'indéantacht na bpleananna cistiúcháin aonair; agus
- e. cibé acu atá nó nach bhfuil an plean cistiúcháin:
 - I. comhtháite le plean straitéiseach foriomlán na hinstitiúide;
 - II. comhsheasmhach lena shamhail ghnó;
 - III. comhsheasmhach lena hinghlacthacht riosca leachtachta;

418. Ina theannta sin, féadfaidh údaráis inniúla an méid seo a leanas seo a leanas a bhreithniú:

- a. cibé acu an ndéanann nó nach ndéanann an institiúid anailís leordhóthanach agus an bhfuil sé ar an eolas faoi oiriúnacht agus leordhóthanacht an phlean cistiúcháin i bhfianaise staid leachtachta agus cistiúcháin reatha na hinstitiúide agus an fhorbairt atá beartaithe dóibh. Mar chuid de sin, féadfaidh údaráis inniúla a mheas cibé acu an féidir nó nach féidir le hardbhainistíocht na hinstitiúide an fáth a bhfuil an plean cistiúcháin indéanta agus cá bhfuil na laigí ann a mhíniú;
- b. beartas na hinstitiúide lena gcinntear cad iad na toisí cistiúcháin agus cad iad na margaí atá suntasach don institiúid (agus cibé acu atá nó nach bhfuil siad leordhóthanach);
- c. an tréimhse ama atá beartaithe ag an institiúid maidir le haistriú chuig próifíl chistiúcháin eile, más gá nó más mian leis, ag cur san áireamh go bhféadfadh rioscaí a bheith i gceist má tá ascnamh chuig an stát deiridh ró-ghasta nó ró-mhall;
- d. cibé acu atá nó nach bhfuil straitéisí éagsúla agus nósanna imeachta soiléire bainistíochta sa phlean cistiúcháin chun athruithe straitéise a chur i bhfeidhm go tráthúil.

419. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil plean cistiúcháin na hinstitiúide curtha i bhfeidhm go hiomchuí. Ar a laghad, ba cheart dóibh an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- a. cibé acu atá nó nach bhfuil an plean cistiúcháin doiciméadaithe i gceart agus curtha in iúl don fhoireann ábhartha ar fad;
- b. cibé acu atá nó nach bhfuil an plean cistiúcháin fite fuaite le hoibríochtaí laethúla na hinstitiúide, go háirithe sa phróiseas cinnteoireachta cistiúcháin.

420. Ina theannta sin, féadfaidh údaráis inniúla a chur san áireamh cibé acu atá nó nach bhfuil an institiúid in ann an plean cistiúcháin a réiteach leis na sonraí a chuirtear ar fáil d'údaráis inniúla sa teimpléad plean cistiúcháin.
421. Ba cheart d'údaráis inniúla cáilíocht phróisis na hinstitiúide chun faireachán a dhéanamh ar chur i gcrích an phlean cistiúcháin agus ar a cumas freagairt do chlaontaí uaidh go tráthúil a bhreithniú. Maidir leis an measúnú seo, ba cheart d'údaráis inniúla fachtóirí amhail na nithe seo a leanas a chur san áireamh:
- cáilíocht na nuashonruithe don (ard)bhainistíocht maidir le stádas reatha chur i gcrích an phlean chistiúcháin;
 - cibé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe sa phlean cistiúcháin bearta malartacha cúlchiste a chur i bhfeidhm má thagann athruithe ar dhálaí an mhargaidh; agus
 - beartas agus cleachtas na hinstitiúide maidir le hathbhreithniú agus nuashonrú rialta ar an bplean cistiúcháin nuair a bhíonn difríocht shuntasach idir an cistiú iarbhir maoiniú a cruinníodh agus an plean cistiúcháin.

8.5. Achoimre ar thorthaí, scóráil agus bearta maoirseachta

422. I ndiaidh an mheasúnaithe thuas, ba cheart d'údaráis inniúla teacht ar thuairim ar rioscaí leachtachta agus cistiúcháin na hinstitiúide agus ar chumas acmhainní leachtachta na hinstitiúide chun iad seo a chlúdach/a mhaolú. Ba cheart eolas ar an tuairim seo a bheith in achoimre ar thorthaí, mar aon le scór leordhóthanachta leachtachta agus cistiúcháin bunaithe ar na breithniúcháin a shonraítear i dtábla 17. Ba cheart go léireofaí sa scór leachtachta agus leordhóthanachta cistiúcháin tuairim na n-údarás inniúil maidir le cibé acu an soláthraíonn nó nach soláthraíonn na hacmhainní leachtachta atá ann cheana clúdach iomchuí ar na rioscaí leachtachta agus cistiúcháin. Féadfaidh údaráis inniúla úsáid scóir idirmheánacha i gcás riosca leachtachta agus cistiúcháin a bhreithniú nuair a mheastar go bhfuil sé ábhartha.
423. Agus an scór leachtachta agus leordhóthanachta cistiúcháin á shocrú, ba cheart d'údaráis inniúla, i gcás inarb infheidhme, scór na hacmhainne téarnaimh iomláine leachtachta i bpleanáil téarnaimh a mheas (lag, leordhóthanach agus an fhéidearthacht ann go bhféadfaí feabhas a chur air, sásúil) mar a shonraítear i míreanna 41-43 de Threoirlínte an ÚBE maidir le hacmhainn téarnaimh fhoriomlán i bpleanáil téarnaimh⁴⁸. Tá sé ábhartha go háirithe breithniú a dhéanamh ar scór foriomlán na hacmhainne téarnaimh i gcomhthéacs leordhóthanacht leachtachta i gcás scór foriomlán 'lag' don acmhainn téarnaimh le haghaidh leachtachta.

Tábla 17. Breithniúcháin mhaoirseachta chun scór leordhóthanachta leachtachta agus cistiúcháin a shannadh

Scór riosca	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach	Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanachta
1	Tá riosca íseal ann go mbeidh tionchar	<ul style="list-style-type: none"> Tá riosca neamhábharta/an-íseal ag éirí as neamhréireanna (e.g. idir aibíochtaí, airgeadraí). 	<ul style="list-style-type: none"> Tá comhsheasmhacht idir beartas agus straitéis riosca leachtachta na hinstitiúide agus a straitéis

⁴⁸ ÚBE/GL/2023/06

Scór riosca	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach	Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha
	suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	<ul style="list-style-type: none"> Tá méid agus comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta leordhóthanach agus oiriúnach. Tá leibhéal na spreagthóirí eile riosca leachtachta (e.g. riosca do chlú, neamhábaltacht leachtacht laistigh den ghrúpa a aistriú) neamh-ábhartha/an-íseal. Tá acmhainn fhrithchothromaithe agus maoláin leachtachta na hinstitiúide go mór os cionn ceanglais chainníochtúla mhaoirseachta shonracha agus táthar ag súil go bhfanfaidh siad amhlaidh amach anseo. Ní chuirtear bac ar shaorshreabhadh leachtachta idir eintitis sa ghrúpa, i gcás inarb ábhartha, nó tá acmhainn fhrithchothromaithe agus maoláin leachtachta os cionn na gceanglas maoirseachta ag gach eintiteas. Baineann riosca neamhábhartha/an-íseal le próifíl chistiúcháin na hinstitiúide nó lena hinbhuanaitheacht. Tá an riosca a chruthaítear le cobhsaíocht an chistithe neamh-ábhartha. Tá cúiseanna eile riosca cistiúcháin (e.g. riosca do chlú, rochtain ar mhargaí cistiúcháin) neamh-ábhartha/an-íseal. Cruthaíonn comhdhéanamh agus cobhsaíocht an chistithe níos fadtéarmaí (>1 bhliain) riosca neamhábhartha/an-íseal maidir le gníomhaíochtaí agus samhail ghnó na hinstitiúide. Tá cumas téarnaimh foriomlán na hinstitiúide maidir le leachtacht a eascraíonn as an measúnú maoirseachta 'sásúil'. 	<p>fhoriomlán agus a hinghlacthacht riosca.</p> <ul style="list-style-type: none"> Tá an creat eagraíochtúil do riosca leachtachta láidir agus tá freagrachtaí soiléire ann agus deighilt shoiléir tascanna idir glacadóirí riosca agus feidhmeanna bainistíochta agus rialaithe. Tá córais tomhais riosca leachtachta, faireacháin agus tuairiscithe oiriúnach. Tá teorainneacha inmheánacha agus an creat rialaithe le haghaidh riosca cistiúcháin fóna agus tá siad i gcomhréir le straitéis bainistithe riosca agus inghlacthacht riosca na hinstitiúide. Tá plean teagmhais leachtachta sochreidte agus inchreidte ag an institiúid a d'fhéadfadh a bheith éifeachtach más gá.
2	Tá riosca meánach-íseal ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do	<ul style="list-style-type: none"> Bíonn riosca idir íseal agus meánach i gceist le neamhréireanna (idir aibíochtaí, airgeadraí). Tá riosca idir íseal agus meánach ag baint le méid agus comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta. Tá leibhéal na gcúiseanna riosca leachtachta eile (e.g. riosca do chlú, 	

Scór riosca	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach	Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha
	leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	<p>neamhábaltacht leachtacht laistigh den ghrúpa a aistriú) íseal go meánach.</p> <ul style="list-style-type: none"> Tá acmhainn fhrithchothromaithe agus maoláin leachtachta na hinstitiúide os cionn na gceanglas cainníochtúla maoirseachta sonracha, ach tá riosca ann nach bhfanfaidh siad amhlaidh. Tá bac beag nó d'fhéadfaí bac beag a chur ar shaorshreabhadh na leachtachta idir eintitis sa ghrúpa, i gcás inarb iomchuí. Is riosca íseal go meánach an riosca a bhaineann le próifíl chistiúcháin na hinstitiúide agus lena hinbhuanaitheacht. Tá riosca idir íseal agus meánach ag baint le cobhsaíocht an chistiúcháin. Tá cúiseanna eile riosca cistiúcháin (e.g. riosca do chlú, rochtain ar mhargaí cistiúcháin, etc.) idir íseal agus meánach. Cruthaíonn comhdhéanamh agus cobhsaíocht an chistithe níos fadtéarmaí (>1 bhliain) leibhéal íseal riosca i ndáil le gníomhaíochtaí agus samhail gnó na hinstitiúide. Tá cumas téarnaimh foriomlán na hinstitiúide maidir le leachtacht, a eascraíonn as an measúnú maoirseachta, 'sásúil' nó 'leordhóthanach agus d'fhéadfaí é a fheabhsú'. 	
3	Tá riosca idir meánach agus ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	<ul style="list-style-type: none"> Bíonn riosca idir meánach agus ard i gceist le neamhréireanna (lena n-áirítear idir aibíochtaí, airgeadraí). Tá riosca idir meánach agus ard ag baint le méid agus comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta. Tá leibhéal na gcúiseanna eile riosca leachtachta (e.g. riosca do chlú, neamhábaltacht leachtacht laistigh den ghrúpa a aistriú) idir meánach agus ard. Tá cumas frithchothromaithe agus maoláin leachtachta na hinstitiúide ag dul in olcas agus/nó faoi bhun na gceanglas cainníochtúla maoirseachta sonracha, agus tá 	<ul style="list-style-type: none"> Níl comhsheasmhacht iomlán ann idir beartas agus straitéis riosca leachtachta agus cistiúcháin na hinstitiúide agus a straitéis fhoriomlán agus a hinghlacthacht riosca. Níl dheighiltear sa chreat eagraíochtúil le haghaidh riosca leachtachta agus cistiúcháin freagrachtaí agus cúraimí go leordhóthanach idir glacadóirí riosca agus na feidhmeanna bainistíochta agus rialaithe. Ní thugtar faoi chórais tomhais riosca leachtachta, faireacháin agus

Scór riosca	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach	Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha
		<p>imní ann faoi chumas na hinstitiúide comhlíonadh na gceanglas sin a athbhunú go tráthúil.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuirtear bac ar shaorshreabhadh leachtachta idir eintitis sa ghrúpa, i gcás inarb ábhartha. • Is riosca meánach go hard é an riosca a bhaineann le próifíl chistiúcháin na hinstitiúide agus lena hinbhuanaitheacht. • Is riosca meánach go hard é an riosca a bhaineann le cobhsaíocht an chistithe. • Tá cúiseanna eile riosca cistiúcháin (e.g. riosca do chlú, rochtain ar mhargaí cistiúcháin) idir meánach agus ard. • Cruthaíonn comhdhéanamh agus cobhsaíocht an mhaoinithe níos fadtéarmaí (>1 bhliain) meánleibhéal riosca i ndáil le gníomhaíochtaí agus samhail ghnó na hinstitiúide. • Is é 'leordhóthanach agus d'fhéadfaí é a fheabhsú' nó 'lag' an cumas téarnaimh foriomlán atá ag an institiúid maidir le leachtacht, mar thoradh ar an measúnú maoirseachta. 	<p>tuairiscithe le cruinneas agus minicíocht leordhóthanach.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Níl teorainneacha inmheánacha agus an creat rialaithe le haghaidh riosca leachtachta i gcomhréir le straitéis bainistithe riosca nó inghlactacht riosca na hinstitiúide. • Tá plean teagmhasach leachtachta ag an institiúid nach dócha a bheidh éifeachtach, nó níl aon phlean teagmhasach leachtachta ag an institiúid, nó tá plean aici atá neamhdhóthanach go follasach.
4	Tá riosca ard ann go mbeidh tionchar suntasach stuamachta ar an institiúid ag féachaint do leibhéal an riosca bhunúsaigh agus don bhainistíocht agus do na rialuithe.	<ul style="list-style-type: none"> • Bíonn riosca ard i gceist le neamhréireanna (lena n-áirítear idir aibíochtaí, airgeadraí). • Tá riosca ard ag baint le méid agus comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta. • Tá leibhéal na gcúiseanna eile riosca leachtachta (e.g. riosca do chlú, neamhábalacht leachtacht laistigh den ghrúpa a aistriú) ard. • Tá cumas frithchothromaithe agus maoláin leachtachta na hinstitiúide ag dul in olcas go tapa agus/nó faoi bhun na gceanglas cainníochtúla maoirseachta, agus tá imní mhór ann faoi chumas na hinstitiúide comhlíonadh na gceanglas sin a athbhunú go tráthúil. • Cuirtear bac suntasach ar shaorshreabhadh leachtachta idir 	

Scór riosca	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin maidir le riosca bunúsach	Breithniúcháin maidir le bainistíocht agus rialuithe leordhóthanacha
		<p>eintitis sa ghrúpa, i gcás inarb ábhartha.</p> <ul style="list-style-type: none"> Is riosca ard é an riosca a bhaineann le próifíl chistiúcháin na hinstitiúide agus lena hinbhuanaitheacht. Is riosca ard é an riosca a bhaineann le cobhsaíocht an chistiúcháin. Tá cúiseanna eile riosca cistiúcháin (e.g. riosca do chlú, rochtain ar mhargaí cistiúcháin) ard. Cruthaíonn comhdhéanamh agus cobhsaíocht an chistithe níos fadtéarmaí (>1 bhliain) ardleibhéal riosca i ndáil le gníomhaíochtaí agus samhail gnó na hinstitiúide. Tá cumas téarnaimh foriomlán na hinstitiúide maidir le leachtacht, a eascraíonn as an measúnú maoirseachta, 'lag'. 	

424. I ndiaidh scóráil leordhóthainachta an tsoláthair airgid agus an chistiúcháin i gcuid 8.5, ba cheart d'údaráis inniúla a chinneadh cibé acu atá nó nach bhfuil sé riachtanach ceanglais shonracha maidir leis an soláthar airgid agus an gcistiú a leagan síos chun rioscaí don leachtacht agus don chistiú a bhfuil institiúid neamhchosanta air nó a bhféadfadh instiúid a bheith neamhchosanta air a chlúdach.

425. Soláthraítear sa chéad tábla eile liosta neamh-uileghabhálach de bhearta maoirseachta cáilíochtúla agus cainníochtúla a fhéadfaidh údaráis inniúla a úsáid i gcás ina n-aithnítear easnamh sonrach. Féadfaidh údaráis inniúla bearta maoirseachta breise a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear bearta cainníochtúla i gcomhréir le hAirteagal 104(1)(a) den Treoir 2014/36/AE nó teaghlaim díobh má mheastar gur oiriúnaí iad chun aghaidh a thabhairt ar na heasnamh a aithníodh).

426. I gcás ina gcinneann na húdaráis inniúla go bhféadfadh gá a bheith le bearta cainníochtúla, ba cheart dóibh tagairt a dhéanamh don treoir bhreise sa rannóg ina dhiaidh sin maidir le tagarmharcáil agus bearta cainníochtúla leachtachta agus cistiúcháin a leagan síos.

427. Is ábhartha a thabhairt faoi deara go bhfuil cuid de na bearta a luaitear i dtábla 18 de chineál cáilíochtúil. I gcás ina dtagann laigí bunúsacha chun cinn, go háirithe maidir le leachtacht agus cistiú a bhainistiú, ba cheart tús áite a thabhairt do bhearta cáilíochtúla, nuair is féidir.

Tábla 18. Bearta maoirseachta féideartha agus neamh-uileghabhálacha le haghaidh riosca leachtachta agus cistiúcháin

Bearta maoirseachta a d'fhéadfadh a bheith ann d'údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagail 102, Airteagal 104(1), pointí (b), (e), (f), (j), (k), (i), agus (n) agus Airteagal 105 de Threoir 2013/36/AE, Airteagal 8 de Rialachán Tarmiligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, agus Airteagal 428b(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013	
A. A cheangal ar institiúidí LCR is airde ná an íosmhéid rialála, ar mhéid chomh mór sin go maolaítear go leordhóthanach easnaimh a sainaithníodh;	
B. a cheangal ar institiúidí íostréimhse mharthanais d'fhad den sórt sin a chur i bhfeidhm a fhágann go ndéantar easnaimh shainaitheanta a mhaolú go leordhóthanach;	
C. a cheangal ar institiúidí íosmhéid iomlán sócmhainní leachtacha nó acmhainne frithchothromaithe a shealbhú, de mhéid a fhágann go ndéantar easnaimh shainaitheanta a mhaolú go leordhóthanach;	
D. a cheangal ar institiúidí NSFR níos airde ná a t-íosmhéid rialála a shealbhú, ar mhéid chomh mór sin go maolaítear go leor easnaimh a sainaithníodh;	
E. a cheangal ar institiúidí íosmhéid iomlán an chistithe chobhsaí atá ar fáil a shealbhú, de mhéid a fhágann go ndéantar easnaimh shainaitheanta a mhaolú go leordhóthanach;	
F. ceanglais leachtachta shonracha a fhorchur, lena n-áirítear srianta ar neamhréireanna aibíochta idir sócmhainní agus dliteanais;	
G. pionóis riaracháin nó bearta riaracháin eile a fhorchur, lena n-áirítear táillí stuamachta;	
H. ceanglais a fhorchur maidir le comhchruinniú na sócmhainní leachtacha arna sealbhú, lena n-áirítear: - ceanglais maidir le comhdhéanamh phróifíl sócmhainní leachtacha na hinstitiúide i leith contrapháirtithe, airgeadra, etc.; agus/nó - uasteorainneacha, teorainneacha nó srianta ar chomhchruinnithe cistiúcháin.	
I. srianta a fhorchur ar neamhréireanna aibíochtaí gearrthéarmacha conarthacha nó iompraíochta idir sócmhainní agus dliteanais, lena n-áirítear: - teorainneacha ar neamhréireanna aibíochta (i mbuicéid shonracha ama) idir sócmhainní agus dliteanais; - teorainneacha ar íostréimhsí marthanais; agus/nó - teorainneacha ar spleáchas ar fhoinsí cistiúcháin gearrthéarmacha áirithe, amhail cistiú ón margadh airgid.	
J. ceanglais tuairiscithe bhreise nó níos minice a fhorchur ar shuíomhanna leachtachta, lena n-áirítear: - minicíocht an tuairiscithe rialála ar LCR; agus/nó - minicíocht agus gráinneacht tuarascálacha eile ar leachtacht, amhail 'méadracht faireacháin bhreise'.	
K. a cheangal go ndéanfar beart chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh maidir le cumas na hinstitiúide riosca leachtachta a shainaithint, a thomhas, faireachán a dhéanamh air agus é a rialú, ar mhodhanna lena n-áirítear: - feabhas a chur ar a cumas tástála struis chun a cumas a fheabhsú foinsí ábhartha riosca leachtachta don institiúid a shainaithint agus a chainníochtú; - a chumas airgead a chruthú óna shócmhainní leachtacha a fheabhsú; - a phlean teagmhais leachtachta agus a chreat táscairí luathrabhaidh leachtachta a fheabhsú; agus/nó - tuairiscíú faisnéise bainistíochta leachtachta do chomhlacht bainistíochta agus ardbhainistíocht na hinstitiúide a fheabhsú.	
L. a cheangal go ndéanfar gníomh chun próifíl chistiúcháin na hinstitiúide a leasú, lena n-áirítear: - a spleáchas ar mhargaí cistiúcháin áirithe (a d'fhéadfadh a bheith luaineach) a laghdú, amhail margáí cistiúcháin mórdhíola; - comhchruinniú a phróifíle cistiúcháin maidir le contrapháirtithe, buaicphointí sa phróifíl aibíochta fadtéarmach, (neamhréireanna in) airgeadraí, etc. a laghdú; agus/nó - méid a shócmhainní ualaithe a laghdú, a d'fhéadfadh idirdhealú a dhéanamh idir an t-eire iomlán agus an ró-chomhthabacht (e.g. i gcás bannaí faoi chumhdach, glaonna éarlaise).	
M. Tuairiscíú breise nó níos minice a éileamh ar shuíomhanna cistiúcháin na hinstitiúide, lena n-áirítear: - minicíocht mhéadaithe an tuairiscithe rialála atá ábhartha maidir le faireachán a dhéanamh ar an bpróifíl chistiúcháin (amhail tuarascáil NSFR agus 'méadracht faireacháin bhreise'); agus/nó - méadú ar mhinicíocht an tuairiscithe ar phlean cistiúcháin na hinstitiúide do na maoirseoirí.	

Bearta maoirseachta a d'fhéadfadh a bheith ann d'údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagail 102, Airteagal 104(1), pointí (b), (e), (f), (j), (k), (i), agus (n) agus Airteagal 105 de Threoir 2013/36/AE, Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún, agus Airteagal 428b(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

N. a cheangal go ndéanfar gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh arna sainaithint maidir le rialú na hinstitiúide ar riosca cistiúcháin, lena n-áirítear:

- tuairisciú feabhsaithe ar an riosca cistiúcháin do chomhlacht bainistíochta agus d'ardbhainistíocht na hinstitiúide;
- an plean cistiúcháin a athshonrú nó a fheabhsú; agus/nó
- teorainneacha a chur ar a hinghlacthacht riosca;
- cumais tástála struis na hinstitiúide a fheabhsú trí mheáin lena n-áirítear ceangal a chur ar an institiúid tréimhse struis níos faide a chlúdach.

428. Agus ceanglais struchtúracha, fhadtéarmacha mhaoirseachta á socrú acu, ba cheart d'údaráis inniúla an gá atá le ceanglais bhreise ghearrthéarmacha/mheántéarmacha a mheas mar réiteach eatramhach chun na rioscaí a mhaolú fad a bheidh na héifeachtaí inmhianaithe á mbaint amach de dhroim na gceanglas struchtúrach.

429. I gcás ina dtagann údaráis inniúla ar an gconclúid go bhfuil ardriosca ann go dtiocfaidh méadú suntasach ar chostas cistiúcháin na hinstitiúide, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar athruithe a iarraidh ar an struchtúr cistiúcháin chun an riosca a bhaineann le costas an mhaoinithe a mhaolú, nó fiú bearta cistí dílse (mar a chlúdaítear i dTeideal 7) chun tionchar an P&L a chúiteamh murar féidir leis an institiúid na costais chistiúcháin mhéadaithe a chur ar aghaidh chuig a custaiméir.

8.6. Tagarmharcáil agus socrú ceanglais chainníochtúla leachtachta agus cistiúcháin

Ceanglais shonracha leachtachta chainníochtúla agus cistiúcháin a chinneadh

430. Chun tacú lena scóráil leordhóthanachta leachtachta agus cistiúcháin agus chun ceanglais chainníochtúla shonracha a chalabhrú nuair a mheastar go bhféadfadh gá a bheith leo (e.g. aon cheann de na bearta dá dtagraítear i dtábla 18 thuas atá cainníochtúil), ba cheart d'údaráis inniúla tagarmharcanna maoirseachta leachtachta agus cistiúcháin a mheas mar uirlisí cainníochtúla. Ba cheart iad a úsáid chun tagarmharc stuama, comhsheasmhach, trédhearcach agus inchomparáide a sholáthar lena bhféadfar ceanglais shonracha leachtachta cainníochtúla d'institiúidí a ríomh agus a chur i gcomparáid lena chéile. Agus tagarmharcanna maoirseachta á bhforbairt, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú maoirseachta ar rioscaí don leachtacht agus don chistiú a úsáid, chomh maith le torthaí na tástála struis maoirseachta ar leachtacht.


431. Ba cheart d'údaráis inniúla an tagarmharc is iomchuí a úsáid do shamhail ghnó na hinstitiúide, agus breithiúnas á chur i bhfeidhm acu ar thoradh an tagarmhairc chun cuntas a thabhairt nuair is gá ar chúinsí a bhaineann go sonrach le samhail ghnó. Nuair a chuireann údaráis inniúla tagarmharcanna maoirseachta san áireamh chun ceanglais shonracha leachtachta a chinneadh, ba cheart dóibh an réasúnaíocht agus na bunphrionsabail ghinearálta atá taobh thiar de na tagarmharcanna a mhíniú don institiúid.

432. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht aon tagarmharcanna a chuirtear i bhfeidhm ar institiúidí agus iad a athbhreithniú agus a nuashonrú go leanúnach i bhfianaise na taithí ar iad a úsáid.
433. Beidh na sonraí a bhaileofar tríd an tuairisciú maoirseachta faoi Airteagal 415 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le leachtacht agus maidir le cistiú cobhsaí ar bhonn aonair agus comhdhlúite, agus méadrachtaí bhreise faireacháin leachtachta, ina phríomh-ionchur do thagarmharcanna an údaráis inniúil chun ceanglais shonracha nó cistiúcháin a chainníochtú.
434. Seo thíos roinnt samplaí de na cineálacha cur chuige féideartha:
- a. Sampla 1: Institiúid a bhfuil maolán leachtachta tosaigh insreafaí carnacha agus eis-sreafaí carnacha EUR 1 200 mllliún aici a mheastar faoi choinníollacha struis, déanfar iad a réamh-mheas trí thréimhse ama 5 mhí. Le linn na tréimhse ama sin, úsáideann an institiúid an maolán leachtachta gach uair a thiteann insreafaí faoi bhun eis-sreafaí. Is é an toradh air sin, faoi na coinníollacha struis atá sainithe, go mbeadh an institiúid in ann maireachtáil go ceann 4.5 mhí, atá níos faide ná an íostréimhse mharthanais arna socrú ag maoirseoirí (3 mhí sa sampla seo):

Tábla 19. Sampla léiritheach de thagarmharc do chainníochtú leachtachta


Réimse ama i míonna	eis-sreafaí carnacha	insreafaí carnacha	glan-eis-sreafaí carnacha	glansuíomh leachtachta (maolán – glan-eis-sreafaí carnacha)	Leachtacht ar fáil ag lá 0
					1,200
1	511	405	106	1,094	
	598	465	133	1,067	
	659	531	128	1,072	
	787	563	224	976	
	841	642	199	1,001	
	933	693	240	960	
2	1,037	731	306	894	
	1,084	788	295	905	
	1,230	833	397	803	
	1,311	875	435	765	
	1,433	875	558	642	
	1,440	876	564	636	
3	1,465	882	583	617	
	1,471	889	582	618	
	1,485	891	594	606	
	1,485	911	574	626	
	1,492	916	576	624	
	1,493	916	577	623	
4	1,581	918	663	537	
	1,618	945	673	527	
	1,666	956	710	490	
	1,719	993	726	474	
	1,885	1,030	856	344	
	1,965	1,065	900	300	
5	2,078	1,099	980	220	
	2,192	1,131	1,061	139	Tréimhse mharthanais
	2,415	1,163	1,252	-52	
	2,496	1,194	1,302	-102	
	2,669	1,224	1,445	-245	
	2,764	1,253	1,511	-311	

Fíor 4. Sampla léiritheach de shaincheanglas leachtachta cainníochtúil a shocrú



- b. Sampla 2: Tá an íostréimhse mharthanais mhaoirseachta socraithe ag 3 mhí. Beart eile seachas íostréimhse mharthanais a shocrú, lena bhféadfadh aghaidh a thabhairt freisin ar an imní mhaoirseachta go bhfuil airde na bearna idir insreafaí agus eis-sreafaí do-ghlactha, is ea teorainn a chur ar eis-sreafaí. Sa fhigiúr thíos, taispeántar an sásra chun uasteorainn a shocrú ar eis-sreafaí leis an mbarra cothrománach dubh. Ceanglaítear ar institiúid a heis-sreafaí a laghdú go leibhéil faoi bhun na huasteorann. Is féidir an uasteorainn a shocrú le haghaidh buicéid ama amháin nó níos mó agus le haghaidh glan-eis-sreafaí (tar éis ceartú maidir le hinsreafaí) nó eis-sreafaí comhlán. Taispeántar sa tríú colún an rogha eile maidir le ceanglas maoláin a chur leis:

Fíor 5. Sampla léiritheach de shaincheanglas leachtachta cainníochtúil a shocrú



435. I gcás nach bhfuil a tagarmharc féin forbartha ag na húdaráis inniúla maidir le ceanglais shonracha leachtachta chainníochtúla a chainníochtú, féadfaidh siad tagarmharc a chur i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as na céimeanna seo a leanas go háirithe i gcás riosca leachtachta:

- a. anailís chomparáideach a dhéanamh, faoi choinníollacha struis, ar ghlan-eis-sreafaí airgid agus ar shócmhainní leachtachta incháilithe thar shraith tréimhsí ama: suas le mí amháin

- (lena n-áirítear thar oíche), ó mhí amháin go trí mhí, agus ó thrí mhí go bliain amháin; chun na críche seo, ba cheart d'údaráis inniúla glan-eis-sreafaí (oll-eis-sreafaí agus insreafaí) a réamh-mheas;
- b. acmhainn chothromaithe ar fud tréimhsí aibíochta éagsúla, agus coinníollacha struis (mar shampla, luacháil stuama faoi thoimhdí struis do shócmhainní leachtacha i gcomparáid le luacháil reatha faoi ghnáthchoinníollacha agus tar éis ciorrú) á mbreithniú, ionas go dtógtar dréimire aibíochta struis don bhliain amach romhainn;
 - c. meastachán a dhéanamh ar thréimhse marthanais na hinstitiúide, bunaithe ar an measúnú ar an dréimire aibíochta faoi strus;
 - d. an íostréimhse marthanais inmhianaithe/mhaoirseachta a chinneadh, agus próifíl riosca na hinstitiúide agus dálaí margaidh agus maicreacnamaíocha á gcur san áireamh;
 - e. má tá an íostréimhse marthanais inmhianaithe/mhaoirseachta níos faide ná tréimhse marthanais reatha na hinstitiúide, féadfaidh údaráis inniúla meastachán a dhéanamh ar mhéideanna breise sócmhainní leachtacha (maoláin leachtachta breise) a bheidh le sealbhú ag an institiúid chun a tréimhse marthanais a fhadú go dtí an t-íosmhéid is gá.

Ceanglais chainníochtúla leachtachta agus cistiúcháin ar leith a chur in iúl

436. Chun na ceanglais shonracha maidir le leachtacht chainníochtúil a chur in iúl, ba cheart go n-úsáidfeadh údaráis inniúla ceann de na cineálacha cur chuige seo a leanas, ach amháin má mheastar cur chuige eile a bheith níos iomchuí i gcúinsí sonracha:
- a. Cur Chuige 1 – LCR níos airde ná an t-íosmhéid rialála a cheangal, ar mhéid chomh mór sin go maolaítear go leor easnaimh a sainaithníodh.
 - b. Cur Chuige 2 – Íostréimhse marthanais a cheangal a bheidh chomh fada sin go maolaítear go leor easnaimh a aithníodh; is féidir an tréimhse marthanais a shocrú go díreach, mar cheanglas, nó go hindíreach, trí uasteorainn a shocrú ar an méid eis-sreafaí thar na buicéid ama ábhartha a mheastar; féadfaidh údaráis inniúla cineálacha éagsúla sócmhainní leachtacha (e.g. sócmhainní atá incháilithe do bhainc cheannais) a éileamh, chun rioscaí nach gclúdaítear (go leordhóthanach) ag an LCR a chlúdach;
 - c. Cur Chuige 3 – Íosmhéid iomlán de shócmhainní leachtacha nó acmhainn fhrithchothromaithe a cheangal, mar íosmhéid iomlán nó mar íosmhéid de bhreis ar an íosmhéid rialála is infheidhme, de mhéid go maolaítear go leordhóthanach easnaimh a sainaithníodh; féadfaidh údaráis inniúla ceanglais a leagan síos maidir le comhdhéanamh sócmhainní leachtacha, lena n-áirítear ceanglais oibríochtúla (e.g. inmhálartacht go hairgead tirim go díreach, nó na sócmhainní leachtacha a thaisceadh sa bhanc ceannais).
437. Chun na ceanglais shonracha cistiúcháin chobhsaí cainníochtúla a chur in iúl go hiomchuí, ba cheart go n-úsáidfeadh údaráis inniúla ceann amháin de na cineálacha cur chuige seo a leanas, ach amháin má mheastar cur chuige eile a bheith níos iomchuí i gcúinsí sonracha:
- a. Cur Chuige 4 – NSFR níos airde ná an t-íosmhéid rialála a cheangal, ar mhéid chomh mór sin go maolaítear go leordhóthanach easnaimh a sainaithníodh;

- b. Cur Chuige 5 – Iosmhéid iomlán an chistithe chobhsaí atá ar fáil a cheangal, mar íosmhéid iomlán nó mar íosmhéid de bhreis ar an íosmhéid rialála is infheidhme, de mhéid chomh mór sin go maolaítear go leordhóthanach easnaimh a sainaithníodh.

438. Ba cheart d'údaráis inniúla ceanglais shonracha leachtachta nó cistiúcháin chainníochtúla a struchtúru ar bhealach a sholáthróidh torthaí stuamachta atá comhsheasmhach tríd is tríd ar fud na n-institiúidí, ag tabhairt dá n-aire go bhféadfadh difríochtaí a bheith idir na cineálacha ceanglas a shonraítear idir institiúidí mar gheall ar a gcúinsí aonair. Chomh maith leis an gcainníocht, ba cheart go sonrófaí sa struchtúr comhdhéanamh ionchais agus nádúr an cheanglais. I ngach cás, ba cheart go sonrófaí ann an ceanglas maoirseachta agus aon cheanglais infheidhme de Threoir 2013/36/AE. Ba cheart go mbeadh maoláin leachtachta agus cumas frithchothromaithe atá i seilbh na hinstiúide chun ceanglais mhaoirseachta a chomhlíonadh ar fáil lena n-úsáid ag an institiúid le linn tréimhsí struis.

439. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go dtabharfaidh an institiúid fógra dóibh láithreach mura gcomhlíonann sí na ceanglais nó mura bhfuil sí ag súil leis na ceanglais a chomhlíonadh sa ghearrthéarma. Ba cheart plean arna tharraingt suas ag an institiúid chun comhlíonadh na gceanglas a athbhunú go tráthúil a bheith ag gabháil leis an bhfógra. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar indéantacht an phlean agus bearta maoirseachta iomchuí a dhéanamh mura meastar an plean a bheith indéanta. I gcás ina meastar an plean a bheith indéanta, ba cheart d'údaráis inniúla: aon bhearta eatramhacha maoirseachta is gá a chinneadh bunaithe ar imthosca na hinstiúide; faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean athchóirithe; agus faireachán géar a dhéanamh ar sheasamh leachtachta na hinstiúide, ag iarraidh ar an institiúid a minicíocht tuairiscithe a mhéadú más gá.

440. D'ainneoin an mhéid thuas, féadfaidh údaráis inniúla ceanglais cháilíochtúla a leagan síos freisin i bhfoirm srianta/uasteorainneacha/teorainneacha ar neamhréireanna, comhchruinnithe, inghlacthacht riosca, srianta cainníochtúla ar eisiúint iasachtaí urraithe, etc., i gcomhréir leis na critéir atá sonraithe i dTeideal 10 de na treoirlínte.

441. Seo thíos roinnt samplaí de na cineálacha cur chuige éagsúla i leith ceanglais chainníochtúla sonracha maidir le leachtacht a struchtúru:

Sampla de riachtanais shonracha a chur in iúl

Ón 1 Eanáir 2021 agus go dtí go n-ordaítear a mhalairt, ceanglaítear ar Bhanc X:

- Cur Chuige 1: a áirithiú go mbeidh a chumas frithchothromaithe cothrom i gcónaí nó níos airde ná e.g. 125 % dá ghlan-eis-sreafaí leachtachta mar a thomhaistear iad san LCR.
- Cur Chuige 2: a áirithiú gurb é an toradh a bhíonn i gcónaí ar a cumas frithchothromaithe tréimhse marthanais atá níos faide ná nó cothrom le 3 mhí, arna thomhas ag an tástáil struis leachtachta inmheánach / an dréimire aibíochta / méadracht shonrach arna forbairt ag an maoirseoir.
- Cur Chuige 3:

- a áirithiú go mbeidh a cumas frithchothromaithe cothrom i gcónaí le EUR X billiún nó níos airde ná sin; nó
 - a áirithiú go mbeidh a chumas frithchothromaithe cothrom i gcónaí le EUR X billiún nó níos airde ná sin de bhreis ar an gceanglas íosta i gcomhréir leis an LCR.
- d. Cur Chuige 4: a áirithiú go mbeidh an maoiniú cobhsaí atá ar fáil dó i gcónaí cothrom le nó níos airde ná eg 125% dá mhaoiniú cobhsaí riachtanach mar a thomhaistear sa NSFR.
- e. Cur Chuige 5:
- a áirithiú go mbeidh an cistiú cobhsaí atá ar fáil dó cothrom i gcónaí le EUR X billiún nó níos airde ná sin; nó
 - a áirithiú go mbeidh an cistiú cobhsaí atá ar fáil dó i gcónaí cothrom le EUR X billiún nó níos airde ná sin de bhreis ar an íoscheanglas faoin NSFR.

Teideal 9. Measúnú foriomlán SREP agus cumarsáid

9.1. Breithniúcháin ghinearálta

442. Clúdaítear leis an teideal seo an chaoi a ndéantar torthaí na measúnuithe ar gach gné den SREP a chomhcheangal sa mheasúnú foriomlán ar SREP, chomh maith leis an gcaoi a gcuirtear an toradh faoi seach in iúl – lena n-áirítear ceanglais agus treoir maidir le cistí dílse a chur in iúl agus bonn cirt a thabhairt ina leith. Tugtar aghaidh ann freisin ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn na bearta maoirseachta neamh-uileghabhálacha atá liostaithe ag deireadh gach ranna agus teidil ábhartha de na treoirlínte seo le creataí ábhartha eile (i.e. bearta luath-idirghabhála, measúnuithe na n-údarás réitigh, bearta macrastuamachta agus AML/CFT).

9.2. Measúnú foriomlán SREP

443. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le measúnú foriomlán SREP, ba cheart d’údaráis inniúla torthaí na measúnuithe ar na gnéithe SREP a mheas, go sonrach:

- a. na rioscaí a bhfuil nó a bhféadfaidh an institiúid a bheith neamhchosanta orthu;
- b. an dóchúlacht go ndéanfaidh rialachas, easnaimh rialaithe agus/nó samhail nó straitéis ghnó na hinstitiúide na rioscaí sin a mhéadú nó a mhaolú, nó an institiúid a dhéanamh neamhchosanta ar fhoinsí nua riosca;
- c. cibé an soláthraíonn nó nach soláthraíonn cistí dílse agus acmhainní leachtachta na hinstitiúide clúdach fóna ar na rioscaí sin;
- d. an fhéidearthacht d’idirghníomhú dearfach agus diúltach idir na gnéithe (e.g. féadfaidh údaráis inniúla staid láidir caipitil a mheas mar fhachtóir maolaitheach féideartha i gcás

imní áirithe a shainaithnítear i réimse na leachtachta agus an chistithe, nó i gcodarsnacht leis sin, go bhféadfadh staid lag chaipitil cur le hábhair imní sa réimse sin).

444. Ar bhonn na mbreithniúcháin sin, ba cheart d'údaráis inniúla inmharthanacht na hinstitiúide a chinneadh, arna sainiú mar a ghaireacht do phointe neamh-inmharthanachta ar bhonn leordhóthanacht a cistí dílse agus acmhainní leachtachta, rialachais, rialuithe agus/nó samhla nó straitéise gnó chun na rioscaí a bhfuil sé nó a bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta orthu a chlúdach. Mar thoradh ar an gcinneadh seo, ba cheart d'údaráis inniúla:

- aon bhearta maoirseachta is gá a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní;
- acmhainní todhchaí maoirseachta agus pleanála don institiúid a chinneadh, lena n-áirítear cibé acu ar cheart nó nár cheart aon ghníomhaíochtaí maoirseachta sonracha a phleanáil don institiúid mar chuid den Chlár um Scrúdú Maoirseachta;
- an gá atá le bearta luath-idirghabhála a chinneadh mar a shonraítear in Airteagal 27 de Threoir 2014/59/AE;
- a chinneadh cibé ar féidir nó nach féidir a bhreithniú go dteipfidh ar an institiúid de réir bhrí Airteagal 32 de Threoir 2014/59/AE.

445. Ba cheart an measúnú SREP iomlán a léiriú i scór inmharthanachta bunaithe ar na breithniúcháin atá sonraithe i dTábla 20 agus a dhoiciméadú go soiléir in achoimre bhliantúil ar mheasúnú foriomlán SREP. Ba cheart go n-áireofaí san achoimre bhliantúil seo freisin scór iomlán SREP agus na scóir maidir le gnéithe den SREP, agus aon thorthaí maoirseachta a rinneadh le linn na 12 mhí roimhe sin.

Tábla 20. Breithniúcháin mhaoirseachta maidir le scór foriomlán SREP a shannadh

Scór	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin
1	Cruthaíonn na rioscaí a shainaithnítear leibhéal íseal riosca d'inmharthanacht na hinstitiúide.	<ul style="list-style-type: none"> Ní ardaíonn samhail ghnó agus straitéis na hinstitiúide imní. Ní ardaíonn an rialachas inmheánach agus na socruithe rialaithe ar fud na hinstitiúide imní. Cruthaíonn rioscaí na hinstitiúide do chaipiteal agus leachtacht riosca neamhábhartha/an-íseal maidir le tionchar suntasach stuamachta. Níl aon ábhar imní ag baint le comhdhéanamh agus cainníocht na gcistí dílse atá á sealbhú. Ní ardaíonn staid leachtachta agus próifíl cistiúcháin na hinstitiúide aon imní. Níl aon imní ábhartha faoi chreidiúnacht ná indéantacht phlean téarnaimh na hinstitiúide.
2	Cruthaíonn na rioscaí a shainaithnítear leibhéal riosca idir meánach agus íseal d'inmharthanacht na hinstitiúide.	<ul style="list-style-type: none"> Tá leibhéal imní íseal go meánach ann faoin samhail ghnó agus straitéis an fhorais. Tá leibhéal imní íseal go meánach ann faoi rialachas na hinstitiúide nó socruithe rialaithe ar fud na hinstitiúide. Tá leibhéal riosca idir íseal agus meánach ag baint le tionchar suntasach stuamachta mar gheall ar rioscaí do chaipiteal agus leachtacht. Tá leibhéal imní íseal go meánach ann faoi chomhdhéanamh agus cainníocht na gcistí dílse atá á sealbhú. Tá leibhéal imní íseal go meánach ann faoi staid leachtachta agus/nó próifíl cistiúcháin na hinstitiúide.

Scór	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin
		<ul style="list-style-type: none"> Tá leibhéal imní íseal go meánach ann faoi chreidiúnacht agus indéantacht phlean téarnaimh na hinstitiúide.
3	Cruthaíonn na rioscaí a shainaithnítear leibhéal riosca idir meánach agus ard maidir le hinmharthanacht na hinstitiúide.	<ul style="list-style-type: none"> Tá leibhéal imní idir meánach agus ard ann faoi shamhail ghnó agus straitéis na hinstitiúide. Tá leibhéal imní meánach go hard ann faoi rialachas na hinstitiúide nó faoi shocruithe rialaithe ar fud na hinstitiúide. Tá leibhéal riosca meánach go hard ann maidir le tionchar suntasach stuamachta mar gheall ar rioscaí do chaipiteal agus leachtacht. Tá leibhéal imní idir meánach agus ard ann faoi chomhdhéanamh agus chainníocht na gcistí dílse atá i seilbh na hinstitiúide. Tá leibhéal imní idir meánach agus ard ann faoi staid leachtachta agus/nó próifíl cistiúcháin na hinstitiúide. Tá leibhéal imní idir meánach agus ard ann faoi chreidiúnacht agus indéantacht phlean téarnaimh na hinstitiúide.
4	Cruthaíonn na rioscaí a shainaithnítear ardleibhéal riosca d'inmharthanacht na hinstitiúide.	<ul style="list-style-type: none"> Tá ardleibhéal imní ann faoi shamhail ghnó agus straitéis na hinstitiúide. Tá ardleibhéal imní ann faoi rialachas na hinstitiúide nó faoi shocruithe rialaithe ar fud na hinstitiúide. Tá ardleibhéal riosca ann maidir le tionchar suntasach stuamachta mar gheall ar rioscaí do chaipiteal agus leachtacht. Tá ardleibhéal imní ann faoi chomhdhéanamh agus faoi chainníocht na gcistí dílse atá i seilbh na hinstitiúide. Tá ardleibhéal imní ann faoi staid leachtachta agus/nó próifíl chistiúcháin na hinstitiúide. Tá ardleibhéal imní ann faoi chreidiúnacht agus indéantacht phlean téarnaimh na hinstitiúide.

446. Agus cinneadh á dhéanamh go bhfuil institiúid 'ag cliseadh nó gur dócha go gclisfidh sí', mar a léirítear le scór SREP foriomlán 'F', ba cheart d'údaráis inniúla dul i ngleic leis na húdaráis réitigh chun dul i gcomhairle maidir le torthaí de réir an nós imeachta a shonraítear in Airteagal 32 de Threoir 2014/59/AE.

9.3. Toradh mheasúnú SREP a chur in iúl

447. Ba cheart d'údaráis inniúla toradh mheasúnú SREP a chur in iúl don institiúid i scríbhinn, i gcomhréir le samhail rannpháirtíochta SREP atá leagtha amach i rannóg 2.4. Ba cheart an chumarsáid a sheoladh chuig comhlacht bainistíochta na hinstitiúide.

448. Ba cheart go n-áireofaí na gnéithe seo a leanas ar a laghad sa chumarsáid maidir le toradh mheasúnú SREP d'institiúidí, agus, i gcás inarb ábhartha, d'údaráis inniúla nó réitigh eile:

- an leibhéal ábhartha feidhme, an dáta agus dáta cur i bhfeidhm mheasúnú SREP, chomh maith leis na dátaí tagartha don fhaisnéis a úsáideadh lena ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Cur i bhfeidhm an Choimisiúin (AE) Uimh. 710/2014;
- tuairisc ar thoradh SREP, lena n-áirítear achoimre ar an measúnú, torthaí maoirseachta ábhartha, agus scór foriomlán SREP. I gcás ina bhfuil gá le beart ceartaitheach ón institiúid

maidir le gnéithe nó fo-ghnéithe sonracha SREP, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar thréimhse ama iomchuí a chur san áireamh le haghaidh feabhsúchán agus scór na ngnéithe agus na bhfo-ghnéithe seo a chomhroinnt, i gcás inarbh iomchuí;

- c. leibhéal agus cáilíocht riachtanach an P2R, de réir an phróisis agus na gcritéar a shonraítear i dTeideal 7, lena n-áirítear an t-údar a bhaineann go sonracha leis an institiúid chun na ceanglais a shocrú, ar leithligh maidir le riosca na gearála iomarcaí agus maidir le cineálacha eile rioscaí. Ba cheart go dtabharfaí léiriú soiléir sa bhonn cirt ar na cúiseanna ábhartha riosca a rannchuidíonn leis an P2R. I gcás athruithe ábhartha ar an gcreat rialála chun an P1R is infheidhme maidir le hinstiúid a chinneadh, ba cheart go n-áireofaí sa chumarsáid toradh an mheasúnaithe a dhéantar de réir mhír 294 de Theideal 7. Agus údar á thabhairt do P2R, ba cheart d'údaráis inniúla:

- i. tagairt a dhéanamh, a mhéid is féidir, do na catagóirí riosca agus do na focathagóirí/gnéithe mar a chuirtear síos orthu i dTeideal 6 agus i rannáin 7.2 agus 7.3, agus na sainmhínithe atá ann cheana ar chineálacha sonracha riosca san reachtaíocht is infheidhme á gcur san áireamh, d'fhonn comhionannacht fhoriomlán a chinntiú ar fud na n-institiúidí;
- ii. na príomheasnamh atá le clúdach leis na ceanglais sin a shainaithint go dtí go dtabharfar aghaidh orthu ar aon dul le mír 320.

- d. agus an leibhéal riachtanach caipitil agus cáilíocht de cheanglais Chólún 2 á gcur in iúl acu de réir an pointe roimhe seo, ba cheart d'údaráis inniúla:

- i. TSCR na hinstiúide mar chomhréir (cóimheas) den TREA, arna miondealú i dtéarmaí chomhdhéanamh an cheanglais a chur in iúl. Ba cheart an TSCR a chur in iúl trí d'údaráis seo a úsáid:

$$TSCR \text{ cóimheas} = \frac{TSCR}{MINCR/TREA}$$

- ii. TSLRR na hinstiúide mar chomhréir (cóimheas) den neamhchosaint ar an gcóimheas gearála (LRE), arna mhiondealú i dtéarmaí chomhdhéanamh an cheanglais, a chur in iúl. Ba cheart an TSLRR a chur in iúl trí úsáid a bhaint as an bhfoirmle seo a leanas:

$$TSLRR \text{ cóimheas} = \frac{TSLRR}{LRE}$$

- iii. OCR na hinstiúide agus a comhpháirteanna a chur in iúl – ceanglais na gcisti dílse de Chólún 1, P2R agus na riachtanais maoláin – mar chion (cóimheas) den TREA, arna miondealú i dtéarmaí chomhdhéanamh an cheanglais;
 - iv. OLRR na hinstiúide agus a comhpháirteanna a chur in iúl – ceanglas na gcisti dílse maidir le cóimheas gearála, P2R-LR agus ceanglas maoláin cóimheasa gearála G-SII - mar chionr (cóimheas) den LRE, arna miondealú i dtéarmaí chomhdhéanamh an cheanglais.
- e. An leibhéal agus an chaighdeán ionchais a bhaineann leis an P2G agus an P2G-LR i gcomhréir leis an bpróiseas agus na critéir atá sonraithe i rannóg 7.6, nuair a eascraíonn luach dearfach as a gcinneadh, lena n-áirítear:
- i. gach cóimheas cuí cisti dílse a bhfuil tionchar ag P2G orthu (CET1, T1 agus cisti dílse iomlána) agus an ceanglas cóimheasa gearála a bhfuil tionchar ag P2G-LR air, agus nach

- féidir na cisti dílse a choinnítear chun críocha P2G a úsáid chun aon cheann de na gnéithe den OCR a chomhlíonadh, agus nach féidir P2G-LR a úsáid chun aon cheann de ghnéithe an OLRR a chomhlíonadh;
- ii. na teorainneacha ama ábhartha dá bhunú;
 - iii. an t-údarú atá sonrach don institiúid do shocrú na teorach agus príomhghnéithe na modheolaíochta a úsáideadh;
 - iv. an fhreagairt mhaoirseachta fhéideartha ar chásanna nuair nach gcomhlíontar P2G agus P2G-LR.
- f. ráiteas maidir leis an leachtacht atá á coinneáil agus le haon riachtanais leachtachta sonracha a leagann an t-údarás inniúil síos seachas na cinn atá leagtha síos in Airteagal 4(2) de Rialachán Tarmligthe 2015/61 ón gCoimisiún agus in 428b(2) de Rialachán Uimh. 575/2013, lena n-áirítear na cúiseanna atá sonrach maidir leis an institiúid leis na ceanglais seo;
- g. más iomchuí, ráiteas ar bhearta maoirseachta eile, cibé acu atá siad cáilíochtúil nó cainníochtúil, lena n-áirítear aon bhearta luath-idirghabhála atá beartaithe ag an údarás inniúil a dhéanamh.

9.4. Frithghníomh maoirseachta ar chás nuair nach gcomhlíontar TSCR nó OCR

449. Is ceanglas ceangailteach ó thaobh an dlí é an TSCR, mar a chinntear de réir na dtreoirlínte seo agus mar a chuirtear in iúl é i measúnú SREP, a chaithfidh institiúidí a chomhlíonadh i gcónaí, lena n-áirítear i ndálaí struis. Mura gcomhlíontar an TSCR a thuilleadh, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar chumhachtaí idirghabhála breise i gcomhréir le Treoracha 2013/36/AE agus 2014/59/AE, lena n-áirítear cealú údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(d) de Threoir 2013/36/AE, cur i bhfeidhm beart luath-idirghabhála i gcomhréir le hAirteagal 27 de Threoir 2014/59/AE, cinneadh go bhfuil institiúid ag cliseadh nó gur dócha go gclisfidh uirthi i gcomhréir le hAirteagal 32(4)4a de Threoir 2014/59/AE agus Treoirlínte ábhartha agus gníomhaíochtaí réitigh i gcomhréir leis an Treoir sin. Nuair a bhíonn na cumhachtaí sin á bhfeidhmiú acu, ba cheart d'údaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil bearta comhréireach leis na himthosca agus ar a mbreithiúnas maidir le cad is dóigh a tharlóidh sa chás.

450. Ba cheart d'údaráis inniúla faireachán a dhéanamh freisin féachaint an gcomhlíonann na h-institiúidí an OCR. I gcás inar gá, ba cheart d'údaráis inniúla bearta a ghlacadh chun a áirithiú go gcomhlíonann institiúidí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 141 go hAirteagal 142 de Threoir 2013/36/AE.

9.5. Freagairt mhaoirseachta ar chás nuair nach gcomhlíontar P2G

451. Ba cheart d'údaráis inniúla faireachán a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil méid na gcistí dílse a bhfuiltear ag súil leis de réir P2G bunaithe agus á gcoinneáil ag an institiúid le himeacht

ama. Nuair a thitfidh cistí dílse na hinstitiúide, nó inar dócha go dtitfidh siad, faoi bhun an leibhéil arna chinneadh ag P2G, ba cheart don údarás inniúil a bheith ag súil go dtabharfaidh an institiúid fógra dó agus go n-ullmhófar plean caipitil athbhreithnithe. Ina fógra, ba cheart don institiúid a mhíniú cad iad na hiarmhairtí díobhálacha is dócha a thabharfadh uirthi déanamh amhlaidh agus cad iad na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun comhlíonadh P2G a athbhunú mar chuid d'idirphlé feabhsaithe maoirseachta.

452. Go ginearálta, tá trí chás le breithniú ag údarás inniúil ina bhféadfadh go dteipfeadh ar institiúid a P2G a chomhlíonadh.

- a. I gcás ina dtiteann leibhéal na gcistí dílse faoi leibhéal P2G (agus fós os cionn OCR) i gcúinsí a bhaineann go sonrach leis an institiúid nó i gcúinsí seachtracha inar tháinig na rioscaí a raibh sé d'aidhm ag P2G iad a chlúdach chun cinn, féadfaidh an t-údarás inniúil ligean don institiúid oibriú go sealadach faoi bhun leibhéil an P2G, ar choinníoll go meastar an plean caipitil athbhreithnithe a bheith inchreidte de réir na gcritéar atá leagtha amach i Rannóg 7.7. Chomh maith leis sin, féadfaidh an t-údarás inniúil breithniú a dhéanamh ar an leibhéal P2G a choigeartú más cuí;
- b. I gcás ina dtiteann leibhéal na gcistí dílse faoi bhun leibhéil P2G (agus fós os cionn an OCR) i gcúinsí a bhaineann go sonrach leis an institiúid nó i gcúinsí seachtracha mar thoradh ar theacht chun cinn rioscaí nach raibh sé beartaithe don P2G iad a chlúdach, ba cheart d'údarás inniúla a bheith ag súil go méadóidh an institiúid leibhéal na gcistí dílse go dtí leibhéal P2G laistigh d'amlíne iomchuí;
- c. I gcás ina ndéanann an institiúid neamhaird de P2G, ní ionchorpraíonn sí sa chreat bainistíochta riosca é nó mura mbunaíonn sí cistí dílse chun P2G a chomhlíonadh laistigh de na teorainneacha ama a leagann an t-údarás inniúil síos, féadfaidh na húdaráis inniúla bearta breise maoirseachta a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach i dTábla 16.

I gcás nár deonaíodh an cead oibriú faoi bhun an leibhéil P2G dá dtagraítear i bpointe (a) agus go bhfuil cistí dílse na hinstitiúide faoi bhun leibhéil P2G arís agus arís eile, ba cheart don údarás inniúil ceanglais cistí dílse breise a fhorchur i gcomhréir le Teideal 7.

453. D'ainneoin freagairtí maoirseachta ar leith de réir na míre roimhe seo, féadfaidh údaráis inniúla breithniú a dhéanamh freisin ar chur i bhfeidhm na mbeart caipitil agus maoirseachta breise a leagtar amach i dTeideal 7, i gcás ina measfar iad a bheith níos iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna gur thit na cistí dílse faoin leibhéal arna chinneadh ag P2G.

9.6. Idirghníomhaíocht idir measúnú maoirseachta, measúnú luath-idirghabhála agus measúnú na n-údarás réitigh

454. I dteannta na mbeart maoirseachta, féadfaidh údaráis inniúla bearta luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm mar a shonraítear in Airteagal 27 de Threoir 2014/59/AE, ar bearta iad atá beartaithe chun an tacar beart maoirseachta a shonraítear in Airteagal 104 agus in Airteagal 105 de Threoir 2013/36/AE a fhorlíonadh.

455. Ba cheart d'údaráis inniúla bearta luath-idirghabhála a chur i bhfeidhm gan dochar d'aon bhearta maoirseachta eile, agus nuair a bhíonn bearta luath-idirghabhála á gcur i bhfeidhm acu, ba cheart dóibh an beart/na bearta is iomchuí a roghnú chun freagairt atá comhréireach leis na himthosca ar leith a áirithiú.

456. Agus bearta maoirseachta nó luath-idirghabhála á socrú acu, ba cheart d'údaráis inniúla, sa bhreis ar an gcreat géaraithe atá leagtha amach i dTeideal 2 a bhreithniú, torthaí an mhéasúnaithe inréititheachta a sheol an t-údarás réitigh a chur san áireamh freisin, lena n-áirítear an clár oibre gaolmhar, d'fhonn comhsheasmhacht a chinntiú i ngníomhaíochtaí maoirseachta.

9.7. Idirghníomhú idir bearta maoirseachta agus macrastuamachta

457. I gcás ina bhfuil institiúid faoi réir bearta macrastuamachta agus go gcinntear i measúnú SREP nach dtugann na bearta macrastuamachta sin aghaidh go leormhaith ar an bpróifíl riosca atá sainiúil don institiúid nó ar na heasnamh atá i láthair san institiúid (i.e. tá an institiúid neamhchosanta ar leibhéal níos airde riosca nó cruthaíonn sé leibhéal níos airde riosca ná an leibhéal a ndíríonn an beart macrastuamachta air, nó tá na heasnamh a sainathnódh níos ábhartha na na heasnamh is ábhar don bheart), ba cheart d'údaráis inniúla smaoineamh ar na bearta macrastuamachta a fhorlónadh le bearta breise a bhaineann go sonrach le hinstitiúidí.

9.8. Idirghníomhaíocht idir bearta maoirseachta agus bearta AML/CFT

458. Agus bearta maoirseachta á gcur i bhfeidhm acu chun aghaidh a thabhairt ar easnamh stuamachta a bhaineann le riosca ML/TF, ba cheart d'údaráis inniúla dul i ngleic le maoirseoirí AML/CFT chun go dtabharfar aghaidh ar na heasnamh/leochaileachtaí bunúsacha go leordhóthanach trí na bearta iomchuí laistigh de théarmaí tagartha na maoirseoirí AML/CFT agus na n-údarás inniúil óna seasamh faoi seach⁴⁹.

459. I gcás, agus a ngníomhaíochtaí maoirseachta á bhfeidhmiú acu, go bhfuil tásca réasúnacha ag údaráis inniúla maidir le heasnamh i gcórais agus i gcreat rialuithe na hinstitiúide nó sa chreat rialachais inmheánaigh a bhaineann le AML/CFT nó forais réasúnacha a bheith in amhras gur mhéadaigh an institiúid neamhchosaint ar ML/TF rioscaí, ba chóir dóibh:

- fógra a thabhairt don mhaoirseoir AML/CFT faoi na heasnamh agus na rioscaí sin a luaithe a shainathnítear iad agus idirchaidreamh a dhéanamh leo i gcomhréir leis na Treoirínte Comhair AML/CFT;
- measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag easnamh agus riosca den sórt sin ar riocht stuamachta na hinstitiúide;
- idirchaidreamh a dhéanamh le maoirseoirí AML/CFT agus i gcomhréir le sainorduithe agus feidhmeanna na n-údarás faoi seach, breithniú a dhéanamh ar na bearta maoirseachta

⁴⁹ I gcomhréir le Treoirínte Comhair AML/CFT ÚBE (ÚBE/GL/2021/15).

stuamachta is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh agus ar na rioscaí sin sa bhreis ar aon bhearta atá curtha i gcrích ag na maoirseoirí AML/CFT.

460. I gcás ina gcuirtear na húdaráis inniúla ar an eolas nó i gcás ina dtagann siad ar eolas faoi bhearta maoirseachta nó smachtbhannaí arna bpleanáil nó arna bhforchur ag na maoirseoirí AML/CFT, ba cheart dóibh a bhreithniú cibé acu an gá nó nach gá agus conas impleachtaí stuamachta féideartha na laigí agus na dteipeanna arna sainaithint ag na maoirseoirí AML/CFT a mhaolú.

Teideal 10. SREP a chur i bhfeidhm ar ghrúpaí trasteorann

461. Tugtar aghaidh sa teideal seo ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta agus mhodheolaíocht SREP mar a shonraítear sna treoirlínte seo maidir le grúpaí trasteorann agus a n-eintitis. Soláthraíonn sé freisin naisc leis an gcomhphróiseas measúnaithe agus cinntí atá le cur i gcrích de bhun Airteagal 113 de Threoir 2013/36/AE agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 710/2014 ón gCoimisiún.
462. Sa SREP, ba cheart d'údaráis inniúla na rioscaí ML/TF a d'fhéadfadh a bheith ann agus na rioscaí a ghabhann le neamh-chur chun feidhme agus seachaint na smachtbhannaí spriocdhírthe airgeadais a bhreithniú freisin, agus ionchur a fuarthas ó údarás inniúil AML/CFT an Bhallstáit ina bhfuil máthairghnóthas bunaithe chomh maith le maoirseoirí AML/CFT atá freagrach as an maoirseacht AML/CFT ar bhunaíochtaí an ghrúpa i ndlínsí éagsúla á gcur san áireamh, go háirithe na measúnuithe ar rioscaí ML/TF, laigí ábhartha agus sáruithe ar reachtaíocht AML/CFT, atá nasctha le struchtúr grúpa baincéireachta trasteorann.
463. Agus impleachtaí stuamachta rioscaí ML/TF sa SREP do ghrúpa trasteorann á measúnú acu, ba cheart d'údaráis inniúla an fhaisnéis a fhaightear trí rannpháirtíochtaí déthaobhacha leis na húdaráis inniúla AML/CFT i gcomhréir leis na Treoirlínte Comhair AML/CFT a ghiaíil agus trína rannpháirtíocht i gcoláistí AML/CFT⁵⁰ agus i gcoláistí stuamachta.

10.1. SREP a chur i bhfeidhm ar ghrúpaí trasteorann

464. Agus SREP agus na treoirlínte seo á gcur i bhfeidhm maidir le grúpaí trasteorann, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar inmhharthanacht an ghrúpa ina iomláine, agus ar a eintitis aonair. Ba cheart do mhaoirseoirí comhdhlúthaithe an luacháil tosaigh a dhéanamh ar an máthairghnóthas agus ar an ngrúpa institiúidí ar leibhéal comhdhlúite, agus ba cheart d'údaráis inniúla eile an measúnú tosaigh a dhéanamh ar na heintitis atá faoina maoirseacht (ina n-aonair, nó ar leibhéal fochomhdhlúite, más ábhartha).
465. Nuair a chuirtear na treoirlínte seo i bhfeidhm ar fhochuideachtaí grúpa trasteorann, ba cheart d'údaráis inniúla d'fhochuideachtaí, agus a measúnú tosaigh á dhéanamh acu, institiúidí a mheas ar bhonn aonair go príomha, mar a dhéanfaidís le hinstitiúid neamhspleách. Ba cheart go n-áireofaí sna torthaí ó mheasúnuithe tosaigh den sórt sin, i gcás inarb ábhartha, sainithint na bpríomhleochaileachtaí sa chomhthéacs trasteorann nó grúpa, agus ba cheart go léireofaí

⁵⁰ Coláistí AML/CFT mar a shainítear iad sna Treoirlínte Comhpháirteacha maidir le comhar agus malartú faisnéise chun críche Threoir (AE) 2015/849 idir údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar institiúidí creidmheasa agus airgeadais ('Treoirlínte maidir le Coláistí AML/CFT' agus in Airteagal 2(8) de Threoir (AE) 2024/1640).

leo láidreachtaí agus tosca maolaitheacha a bhaineann leis an eintiteas a bheith mar chuid den ghrúpa.

466. Ba cheart go mbeadh torthaí aon mheasúnaithe tosaigh den sórt sin ar ghnéithe den SREP, lena n-áirítear, má shainaithnítear iad, tuairimí maidir le príomhspleáchais ar an máthairghnóthas/ngrúpa, mar ionchur sa phróiseas measúnaithe agus cinnidh comhpháirteach de bhun cheanglais Airteagal 113 de Threoir 2013/36/AE. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis inniúla na torthaí sin a phlé laistigh de chreat na gcoláistí maoirseoirí a bunaíodh de bhun Airteagal 116 de Threoir 2013/36/AE.
467. I gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 710/2014 ón gCoimisiún, sula gcuirtear tús leis an bpróiseas cinnteoireachta comhpháirtí, ní mór don mhaoirseoir comhdhlúthaithe agus d'údaráis inniúla ábhartha teacht ar chomhaontú maidir le tráthchlár cinnteoireachta comhpháirtí ina leagtar amach na céimeanna atá le leanúint sa phróiseas agus cloí leis an amchlár comhaontaithe i rith an phróisis.
468. Tar éis na bpléití laistigh de na coláistí maoirseoirí agus thorthaí an phróisis mheasúnaithe chomhpháirtigh, ba cheart d'údaráis inniúla a measúnuithe SREP faoi seach a thabhairt chun críche, agus na coigeartuithe is gá a dhéanamh bunaithe ar thorthaí na bpléití coláiste.
469. I gcás inar nocht measúnú tosaigh údaráis inniúil easnaimh shonracha a bhaineann le suíomhanna laistigh de ghrúpa a bhfuil tionchar diúltach acu ar inmharthanacht iomlán an eintitis ar bhonn aonair, ba cheart d'údaráis inniúla, faoi chuimsiú na gcoláistí maoirseoirí, plé a dhéanamh maidir le cibé ar cheart nó nár cheart an measúnú deiridh ar eintiteas a athrú agus gné fhoriomlán an ghrúpa á gcur san áireamh, lena n-áirítear samhail ghnó an ghrúpa chomhdhlúite, straitéis agus cibé an ann do shocruithe tacaíochta airgeadais inghrúpa agus gnéithe sonracha na socruithe sin.
470. Ba cheart d'údaráis inniúla an méid seo a leanas a phlé agus a chomhordú faoi chuimsiú choláistí na maoirseoirí:
 - a. pleanáil, lena n-áirítear minicíocht, agus amlínte chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla SREP don ghrúpa comhdhlúite agus dá eintitis chun ullmhú na dtuarascálacha ar riosca grúpa agus riosca leachtachta a cheanglaítear do na cinntí comhpháirteacha mar a shonraítear in Airteagal 113 de Threoir 2013/36/AE agus in Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 710/2014 ón gCoimisiún agus an chomhréireacht agus an rannpháirtíocht maoirseachta atá leagtha amach i dTeideal 2 á gcur san áireamh;
 - b. sonraí maidir le cur i bhfeidhm na dtagarmharcanna a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe SREP;
 - c. cur chuige maidir le measúnú agus scóráil a dhéanamh ar fhochatagóirí rioscaí ina n-aonar, i gcás inar sainaithníodh fochatagóirí den sórt sin mar fochatagóirí ábhartha;
 - d. ionchuir a theastaíonn ón institiúid ar leibhéal comhdhlúite agus ar leibhéal eintitis chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe SREP, lena n-áirítear iad siúd ón ICAAP agus ón ILAAP;

- e. torthaí an mheasúnaithe, lena n-áirítear na scóir SREP a sannadh do ghnéithe éagsúla, agus an measúnú SREP iomlán agus an scór SREP foriomlán ag leibhéal comhdhlúite agus ag leibhéal eintitis. Nuair a bhíonn an measúnú ar rioscaí aonair do chaipiteal agus leachtacht á bplé, ba cheart d'údaráis inniúla díriú ar na rioscaí a shainaithnítear mar rioscaí ábhartha do na heintitis faoi seach;
- f. impleachtaí stuamachta trasteorann na rioscaí SCM/CF, rioscaí neamhchur chun feidhme agus seachaint smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe agus imní; agus
- g. bearta pleanáilte maoirseachta agus luath-idirghabhála, más ábhartha.

471. Agus an achoimre ar an measúnú SREP foriomlán don ghrúpa trasteorann agus dá eintitis á hullmhú acu, ba cheart d'údaráis inniúla í a struchtúru ar bhealach a éascóidh líonadh na dteimpléad le haghaidh tuarascáil SREP, tuarascáil an riosca ghrúpa, na teimpléid tuarascála don mheasúnú ar an riosca leachtachta agus riosca leachtachta grúpa is gá don chinneadh comhpháirteach i gcomhréir le hAirteagal 113 de Threoir 2013/36/AE mar a shonraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 710/2014 ón gCoimisiún.

10.2. Measúnú caipitil SREP agus ceanglais stuamachta a bhaineann go sonrach le hinstiúidí

472. Is cuid de phróiseas cinnteoireachta comhpháirteach na n-údarás inniúil de bhun Airteagal 113 de Threoir 2013/36/AE do ghrúpaí trasteorann é leordhóthanacht caipitil a chinneadh, agus ceanglais agus treoir ghaolmhar a chinneadh i gcomhréir leis an bpróiseas a thuairiscítear i dTeideal 7.

473. I gcás máthairghnóthais nó fo-institiúidí de chuid grúpa trasteorann, ba cheart P2R agus P2R-LR de bhun Airteagal 104(1)(a) de Threoir 2013/36/AE a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an bpróiseas cinnidh chomhpháirtigh dá bhforáiltear in Airteagal 113(1)(a) den Treoir sin.

474. I gcomhthéacs an phlé maidir le leordhóthanacht leibhéal na gcistí dílse agus lena gcinntear P2R agus P2R-LR, ba cheart d'údaráis inniúla an méid seo a leanas a bhreithniú:

- a. measúnú ar ábharthacht na rioscaí agus na n-easnamh arna sainaithint ar leibhéal na n-eintiteas comhdhlúite agus aonair araon (i.e. cé na rioscaí atá ábhartha don ghrúpa ina iomláine agus atá ábhartha d'eintiteas amháin) agus leibhéal na gcistí dílse is gá chun rioscaí den sórt sin a chlúdach;
- b. i gcás mbaineann easnaimh arna sainaithint le gach eintiteas (e.g. na heasaimh rialachais chéanna a bheith i láthair i ngach eintiteas, nó easnaimh sna samhlacha a úsáidtear i roinnt eintiteas), an measúnú agus an fhreagairt mhaoirseachta a chomhordú, agus go háirithe, cinneadh a dhéanamh ar cibé acu ar cheart nó nár cheart bearta a fhorchur ar leibhéal comhdhlúite nó go comhréireach ar leibhéal an eintitis i gcás na n-eintiteas a bhfuil easnaimh chomhchoiteanna i láthair;
- c. torthaí mheasúnuithe ICAAP agus tuairimí maidir le hiontaofacht ríomhanna an ICAAP agus a n-úsáid féideartha mar ionchur chun P2R a chinneadh;

- d. torthaí na ríomhanna tagarmharcála maoirseachta a úsáidtear chun ceanglais P2R a chinneadh le haghaidh na n-eintiteas uile laistigh den ghrúpa agus ag leibhéal comhdhlúite;
- e. P2R le forchur ar eintitis agus ar leibhéal comhdhlúite chun a áirithiú go bhfuil comhsheasmhacht idir na ceanglais deiridh cistí dílse agus cibé acu atá nó nach bhfuil gá le cistí dílse a aistriú ó leibhéal comhdhlúite go leibhéal eintitis.

475. Chun an TSCR a chinneadh mar a shonraítear i dTeideal 7, ba cheart d'údaráis inniúla an leibhéal céanna cur i bhfeidhm a mheas agus na ceanglais maidir le cinneadh comhpháirteach faoi Airteagal 113(1)(a) de Threoir 2013/36/AE. Go háirithe, ba cheart an TSCR agus bearta caipitil eile, más infheidhme, a shocrú ar leibhéal chomhdhlúite agus aonair le haghaidh eintitis a oibríonn i mBallstáit eile. Maidir leis an leibhéal fo-chomhdhlúite, níor cheart go gclúdódh an TSCR agus bearta caipitil eile ach máthairghnóthas an ghrúpa fho-chomhdhlúite chun comhaireamh dúbailte P2R arna mbreithniú ag údaráis inniúla le haghaidh fochuideachtaí i mBallstáit eile a sheachaint.
476. Más é toradh an mheasúnaithe mhaoirseachta ar an riosca a bhaineann le gearáil iomarcach do mháthairghnóthas nó d'fho-institiúidí de ghrúpa trasteorann gur cheart ceanglais Cholún 2 (P2R-LR) a leagan síos chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le gearáil iomarcach, ba cheart é sin a dhéanamh i gcomhréir leis an bpróiseas comhchinnteoireachta dá bhforáiltear in Airteagal 113(1)(a) den CRD, agus ba cheart go léireodh sé ceanglais maidir le cruach cistí dílse ar leithligh bunaithe ar gcóimheas gearála.
477. I gcomhthéacs na bpléití maidir le leordhóthanacht leibhéal na gcistí dílse chun riosca na gearála iomarcaí agus cinneadh P2R-LR a chlúdach, ba cheart d'údaráis inniúla na nithe seo a leanas a bhreithniú:
- a. gnéithe atá san áireamh i mír 326;
 - b. ceanglais Cholún 2 chun riosca na gearála iomarcaí a fhorchuirtear ar eintitis agus ar leibhéal comhdhlúite a chlúdach chun a áirithiú go bhfuil comhsheasmhacht sna ceanglais cistí dílse críochnaitheacha agus cibé acu atá nó nach bhfuil gá le cistí dílse a aistriú ó leibhéal comhdhlúite go leibhéal eintitis.
478. Ba cheart an fhaisnéis ábhartha ar fad maidir le cinneadh P2G agus P2G-LR le haghaidh an mháthairghnóthais nó fo-institiúidí de chuid grúpa trasteorann a roinnt ar údaráis inniúla agus ba cheart iad a shocrú i gcomhréir leis an bpróiseas cinnidh chomhpháirteach de bhun Airteagal 113(1)(c), de Threoir 2013/36/AE. Go háirithe, ba cheart go bpléifeadh údaráis inniúla an cur chuige maidir le P2G a bhunú ar an leibhéal aonair i gcás nach bhfuil aon sonraí ó na tástálacha struis maoirseachta ar fáil ar an leibhéal sin, nó, i gcás inarb ábhartha, aontú ar chur i bhfeidhm P2G agus P2G-LR ar an leibhéal comhdhlúite amháin. Ba cheart an P2G agus an P2G-LR a léiriú in am trátha sa doiciméad comhchinnidh a ullmhaítear i gcomhréir le hAirteagal 113 de Threoir 2013/36/AE.

10.3. Measúnú leachtachta SREP agus ceanglais stuamachta a bhaineann go sonrach le hinstiúidí

479. Ba cheart cinneadh na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar aon ábhair shuntasacha agus ar aon thorthaí ábhartha a bhaineann le maoirseacht leachtachta agus maidir leis an ngá atá le ceanglais leachtachta institiúide-shonracha, a sheoladh i gcomhréir leis an gcomhphróiseas cinnidh de bhun Airteagal 113 de Threoir 2013/36/AE.
480. I gcás Airteagal 113(1)(b) de Threoir 2013/36/AE, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas gur 'ábhair' suntasacha iad agus/nó 'torthaí' a bheith ábhartha, ar a laghad sna cásanna seo a leanas:
- a. i gcás go molann údaráis inniúla ceanglais chainníochtúla sonracha maidir le leachtacht; agus/nó
 - b. i gcás molann húdaráis inniúla bearta seachas ceanglais chainníochtúla sonracha leachtachta agus is é '3' nó '4' an scór a shanntar do riosca leachtachta agus/nó do leordhóthanach riosca cistiúcháin.

10.4. Cur i bhfeidhm beart maoirseachta eile

481. Ba cheart d'údaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghrúpaí trasteorann agus ar a n-eintitis, i gcás inar féidir, cur i bhfeidhm na mbeart maoirseachta agus idirghabhála uile i leith an ghrúpa agus/nó a heintitis ábhartha a phlé agus a chomhordú chun a áirithiú go gcuirfear na bearta is iomchuí i bhfeidhm go comhsheasmhach ar na leochaileachtaí a sainithníodh, agus toise an ghrúpa, lena n-áirítear idirspéachais agus socruithe laistigh de ghrúpa mar a pléadh thuas, á gcur san áireamh.
482. Ba cheart d'údaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht stuamachta ar eintitis de ghrúpa trasteorann -- agus bearta maoirseachta nó riaracháin á bhforchur acu lena n-áirítear smachtbhannaí ar instiúidí as a mainneachtain aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar easnaimh a bhaineann le rioscaí ML/TF -- idirchaidreamh leordhóthanach a dhéanamh leis na maoirseoirí ábhartha AML/CFT i gcomhréir le Rannóg 8 de na Treoirlínte Comhair AML/CFT⁵¹ agus i gcomhréir le sainorduithe agus feidhmeanna na n-údarás faoi seach, na bearta maoirseachta stuamachta is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh agus na rioscaí sin a mheas i dteannta le haon bhearta arna nglacadh ag maoirseoirí AML/CFT.

⁵¹ Treoirlínte Comhair AML/CFT ÚBE (ÚBE/GL/2021/15).

Teideal 11. Tástáil struis mhaoirseachta

11.1. Tástáil struis mhaoirseachta á húsáid ag údaráis inniúla

483. Ba cheart d'údaráis inniúla, ar bhonn Airteagal 100 de Threoir 2013/36/AE freisin, tástáil struis mhaoirseachta a úsáid chun SREP a éascú agus, go háirithe, measúnú maoirseachta ar a phríomhghnéithe, mar a thuairiscítear i dTeideal 4 go Teideal 8. Ba cheart tosca ESG a chomhtháthú i dtástáil struis mhaoirseachta i gcomhréir leis na Treoirínte Comhpháirteacha maidir le rioscaí ESG a chomhtháthú i dtástálacha struis mhaoirseachta, agus tús áite á tabhairt do rioscaí comhshaoil. Go háirithe, ba cheart go gcuideodh tástáil struis maoirseachta leis na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí, leis an méid seo a leanas:

- a. rioscaí aonair institiúidí maidir le caipiteal a mheasúnú mar a dtagraítear dó i dTeideal 6, nó ar rioscaí do leachtacht agus do chistiú dá dtagraítear i dTeideal 8;
- b. iontaofacht chlár tástála struis na n-institiúidí a mheasúnú, chomh maith le hábharthacht, déine agus inchreidteacht na gcásanna do thástálacha struis na n-institiúidí féin a úsáidtear chun críocha an ICAAP agus an ILAAP. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin dúshlán a thabhairt do phríomhbhoinn tuisceana agus do chúiseanna riosca institiúidí;
- c. measúnú a dhéanamh ar chumas na n-institiúidí TSCR agus OCR a chomhlíonadh i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar leordhóthanacht caipitil, mar a shonraítear i Rannóg 7.7. Ag brath ar chlúdach agus ar chineál na tástála struis maoirseachta, ní fhéadfar an measúnú seo a theorannú ach do roinnt gnéithe den TSCR atá clúdaithe ag gnéithe deartha na tástála struis maoirseachta (e.g. ceanglais P2R le haghaidh catagóirí aonair riosca, más rud é nach gclúdaíonn an tástáil struis ach catagóirí riosca den sórt sin amháin);
- d. P2G a chinneadh le haghaidh institiúidí;
- e. leochaileachtaí nó laigí a d'fhéadfadh a bheith i mbainistíocht riosca agus rialuithe institiúidí ar réimsí aonair riosca a shainaithint;
- f. easnaimh féideartha sna socruithe rialachais fhoriomlána nó sna rialuithe ar fud na hinstiúide a dtagraítear dóibh i dTeideal 5 a shainaithint. Go háirithe, má shainaithníonn údarás inniúil trí bhíthin tástála struis maoirseachta, easnaimh i gclár tástála struis na hinstiúide féin nó i mbonneagar sonraí riosca tacaíochta, ba cheart iad sin a chur san áireamh agus creat rialachais agus bainistíocht riosca foriomlán na hinstiúide sin á measúnú.
- g. ceanglais shonracha leachtachta chainníochtúla a chinneadh i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar leordhóthanacht leachtachta, go háirithe i gcás nach bhfuil tagarmharcanna sonracha maoirseachta forbartha ag údarás inniúil le haghaidh ceanglais leachtachta. Ba cheart gnéithe áirithe de na tástálacha struis maoirseachta leachtachta a

úsáid, i gcás inar cuí, mar ionchuir agus riachtanais leachtachta shonracha á socrú d'institiúidí, mar a shonraítear i Rannóg 8.6.

484. Ina theannta sin, ba cheart go gcabhródh tástáil struis maoirseachta le húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar nósanna imeachta eagraíochtúla maoirseachta agus acmhainní maoirseachta a phleanáil, agus faisnéis ábhartha eile á breithniú freisin, go háirithe maidir le measúnú níos rialta agus níos doimhne ar ghnéithe áirithe SREP i gcás institiúidí nach de chatagóir 1 iad, agus chun críocha raon feidhme an chláir um scrúdú maoirseachta a cheanglaítear le hAirteagal 99 de Threoir 2013/36/AE a chinneadh.
485. Ba cheart d'údaráis inniúla freisin, i gcás inarbh fhiúntach, torthaí tástála struis mhaoirseachta a úsáid chun:
- tacú leis an anailís is gá chun críocha ceadanna agus údaruithe éagsúla a cheanglaítear le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó le Treoir 2013/36/AE a dheonú, mar shampla i ndáil le sealúchais cháilitheacha, cumaisc agus éadálacha, agus ceannach ar ais scaireanna;
 - tacú le hanailís théamach ar na leochaileachtaí féideartha a bhaineann le grúpa institiúidí a bhfuil próifílí riosca comhchosúla acu;
 - tacú leis an anailís ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag fachtóirí ESG ar shamhail ghnó na n-institiúidí ar bhonn anailís cháis mheántéarmach go fhadtéarmach a dhéantar i gcomhréir leis na Treoirlínte Comhpháirteacha maidir le rioscaí ESG a chomhtháthú i dtástálacha struis mhaoirseachta;
 - institiúidí a spreagadh chun a gcumas tástála struis inmheánaigh agus bainistíochta riosca a fheabhsú: go háirithe, d'fhéadfadh tástáil struis mhaoirseachta a bhfuil comhpháirt ón mbun aníos aici institiúidí a spreagadh chun tuilleadh forbartha a dhéanamh agus a fheabhsú ar a gcomhiomlánú sonraí, samhaltú riosca agus uirlisí TF chun críocha tástála struis agus bainistithe riosca.

11.2. Príomhghnéithe na tástála struis maoirseachta

486. Agus príomhghnéithe na tástála struis maoirseachta á gcinneadh, ba cheart d'údaráis inniúla an méid seo a leanas seo a leanas a mheas, inter alia:
- clúdach, i dtéarmaí fachtóirí riosca áirithe nó fachtóirí riosca iolracha, punanna nó gníomhaíochtaí aonair áirithe nó earnálacha/ceantair gheografachaí, gach punanna nó roinnt punann a chlúdach;
 - dearadh, i dtéarmaí na nithe seo a leanas: anailís íogaireachta aonfhachtóra nó anailís íogaireachta ilfhachtóra shimplí, tástáil struis ar shócmhainneacht nó ar leachtacht, tástáil struis aisiompaithe nó anailís cáis fadtéarmaigh. Ba cheart d'údaráis inniúla an dearadh is oiriúnaí don chuspóir a shaothraítear leis an tástáil struis a roghnú;
 - raon feidhme, maidir le himlíne na ngrúpaí trasteorann a chlúdach, lena n-áirithítear go gcuirfear gach eintiteas grúpa ábhartha san áireamh;
 - sampla d'institiúidí arna gclúdach ag na tástálacha struis: agus tástáil struis mhaoirseachta á pleanáil ba cheart d'údaráis inniúla an sampla iomchuí a mheas chun críocha an

chleachtaidh, go háirithe agus tástáil struis mhaoirseachta á húsáid le haghaidh measúnuithe téamacha ar línte/samhlacha gnó áirithe nó staidéir/measúnuithe tionchair;
e. cur chuige, is é sin tástáil struis ó bharr anuas, tástáil struis ón mbun aníos, teaghlaim den dá cheann, cásanna sonracha ancaire a fhorordú d'institiúidí.

487. Agus tástálacha struis maoirseachta á ndearadh agus á seoladh acu chun críocha SREP, ba cheart d'údaráis inniúla torthaí athbhreithnithe ar cháilíocht sócmhainní (AQR) a mheas, i gcás ina bhfuil siad ar fáil, iomchuí agus nach bhfuil siad ionchorpraithe cheana i ráitis airgeadais institiúidí. Féadfar tástáil struis mhaoirseachta a chomhcheangal le AQRanna a mheas a bheith úsáideach chun a áirithiú go dtuairiscítear seasaimh chlár comhardaithe na n-institiúidí arna gclúdach ag na tástálacha struis maoirseachta go cruinn le pointí tosaithe feabhsaithe agus inchomparáide ar fud na n-institiúidí rannpháirteacha.

11.3. Socruithe eagraíochtúla agus rialachais laistigh d'údaráis inniúla

488. Ba cheart d'údaráis inniúla clár éifeachtach a bhunú le haghaidh tástála struis maoirseachta. Ba cheart go mbeadh socruithe iomchuí eagrúcháin, rialachais agus TF ag tacú leis an gclár seo lena n-áiríteofaí gur féidir tástálacha struis maoirseachta a dhéanamh ar an minicíocht iomchuí. Ba cheart go dtacódh an clár um thástáil struis maoirseachta le cur i bhfeidhm éifeachtach an chlár scrúdaithe maoirseachta le haghaidh institiúidí aonair. Ba cheart go léireodh an clár freisin an chaoi a ndéanann an t-údarás inniúil cinntí maidir le cineálacha tástála struis maoirseachta a roghnú a bhaineann go dlúth le cuspóirí gach cleachtaidh.

489. Ba cheart an méid seo a leanas seo a leanas ar a laghad a áireamh sna socruithe rialachais, eagrúcháin agus TF a thacaíonn leis an gclár um thástáil struis maoirseachta:

- dóthain acmhainní daonna agus ábhartha, sonraí agus bonneagar TF chun tástálacha struis maoirseachta a dhearadh agus a sheoladh. Go háirithe, ba cheart go mbeadh sonraí leordhóthanacha agus cur chuige modheolaíochta iomchuí mar thaca leis an gclár um thástáil struis maoirseachta lena gclúdófaí gach gné, lena n-áirítear cásanna agus toimhdí (e.g. teimpléid, treoir, doiciméadacht), agus solúbthacht agus leibhéil iomchuí cáilíochta agus rialuithe a áirithiú.
- próiseas dearbhaithe cáilíochta a chlúdaíonn dearadh, forbairt agus cur i gcrích na tástála struis, agus inchomparáideacht na dtorthaí ar fud institiúidí;
- comhtháthú na tástála struis maoirseachta le próisis mhaoirseachta ábhartha eile. Mar sin, nuair is gá agus faoi réir aon srianta dlí, ba cheart don eagraíocht tacú le comhroinnt inmheánach faisnéise agus le húsáid gach gné den chlár tástála struis.

490. Mar chuid de shocruithe rialachais, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go ndéantar athbhreithniú rialta ar an gclár um thástáil struis maoirseachta, go cáilíochtúil agus go cainníochtúil, chun a áirithiú go bhfuil sé leordhóthanach.

491. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go bhfuil próisis agus socruithe i bhfeidhm acu le haghaidh idirphlé éifeachtach le hinstitiúidí maidir le tástálacha struis maoirseachta agus a dtorthaí. Ba cheart go léireodh an t-idirphlé sin na cuspóirí atá beartaithe, a bheith bunaithe go háirithe ach ní go heisiach nuair a réachtáiltear tástálacha struis maoirseachta chun críocha measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht caipitil fhoriomlán na n-institiúidí agus é a eagrú laistigh de chomhthéacs níos ginearálta na measúnuithe SREP mar a leagtar amach sna treoirlínte seo. Chun críocha idirphlé den sórt sin ar an leibhéal teicniúil agus ar an leibhéal bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú:

- a. go gcuirtear míniú agus treoir leordhóthanach, atá mionsonraithe go leor agus atá cruinn ar fáil d'institiúidí maidir le cur i bhfeidhm na modheolaíochtaí agus na mbonn tuisceana a úsáidtear i dtástáil struis ón mbun aníos;
- b. go dtabharfar treoracha leordhóthanacha, atá mionsonraithe agus cruinn a ndóthain d'institiúidí maidir leis an bhfaisnéis tacaíochta is gá dóibh a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil mar aon le torthaí na dtástálacha struis;
- c. go dtugtar míniú d'institiúidí tar éis plé, i gcás inarb ábhartha, ar thorthaí na dtástálacha struis maoirseachta a gcuirtear bearta maoirseachta i bhfeidhm dá mbarr. Ba cheart d'údaráis inniúla é sin a mheas go háirithe i gcomhthéacs tástálacha struis ar fud an chórais a spreagann bearta maoirseachta.

492. Agus tástáil struis mhaoirseachta á cur i bhfeidhm acu ar ghrúpaí trasteorann agus ar a n-eintitis, ba cheart d'údaráis inniúla faisnéis a mhalartú agus, nuair is féidir, an próiseas a phlé go hiomchuí faoi chuimsiú na gcoláistí maoirseoirí. Go háirithe, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcuirfear ar fáil agus go bpléifear sonraí ábhartha maidir leis na modheolaíochtaí, na cásanna agus na mórghoinn tuisceana chomh maith le torthaí na dtástálacha struis maoirseachta, go háirithe iad sin atá dírithe ar leordhóthanacht caipitil nó leachtachta a mheasúnú.

493. Ba cheart d'údaráis inniúla a shainaithint freisin cén fhaisnéis maidir le tástálacha struis maoirseachta agus a dtorthaí a d'fhéadfaí a nochtadh go poiblí, agus na críocha atá beartaithe do na tástálacha struis maoirseachta á gcur san áireamh. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le nochtadh poiblí thorthaí nó mhodheolaíochtaí na dtástálacha struis maoirseachta, ba cheart d'údaráis inniúla a ról féin sa chleachtadh agus sa chur chuige a roghnaíodh a mheas agus freisin a mhéad dá n-anailíse féin a chuirfear ag gabháil leis na torthaí foilsithe.

Teideal 12. Measúnú a dhéanamh ar bhrainseanna tríú tír

494. Tugtar aghaidh sa phlean seo ar chur i bhfeidhm na nósanna imeachta agus na modheolaíochta SREP mar a shonraítear sna treoirlínte seo maidir le brainsí tríú tír (TCBanna) mar a shainmhínítear in Airteagal 47(3) de Threoir 2013/36/AE. Dírítear freisnn ar chur i bhfeidhm beart maoirseachta ag údaráis inniúla chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaitníodh trí mheasúnú a dhéanamh ar TCBanna mar chuid de SREP.
495. Agus an measúnú SREP do TCBanna á sheoladh, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh, i measc nithe eile, ar chomhlíonadh gníomhartha dlí na hinstiúide, gníomhartha a fhoilsítear ar leithligh ar shuíomh gréasáin an ÚBE, mar a dtagraítear dó i mír 12.
496. Ba cheart go n-áireofaí i measúnú SREP ar TCB measúnú ar shamhail ghnó, socrúithe agus rialuithe rialachais inmheánaigh, acmhainní dearlaice caipitil agus leachtachta agus socrúithe áirithinte an bhrainse (gnéithe den SREP le haghaidh TCBanna). I gcomhréir leis an bpróiseas athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta d'institiúidí creidmheasa (SREP d'institiúidí creidmheasa), ba cheart an measúnú ar na réimsí sin a dhéanamh ar bhonn leanúnach agus ba cheart faireachán leanúnach ar phríomhtháscairí a bheith ag gabháil leis.
497. Ba cheart an t-athbhreithniú a dhéanamh le minicíocht agus le déine atá comhréireach le rangú an TCB mar aicme 1 nó aicme 2 i gcomhréir le hAirteagal 48a de Threoir 2013/36/AE agus le nádúr, scála agus castacht ghníomhaíochtaí na dTCBanna. Maidir le TCBanna aicme 1, ba cheart d'údaráis inniúla an leibhéal rannpháirtíochta maoirseachta d'institiúidí catagóir 3 a chur i bhfeidhm ar a laghad mar atá leagtha amach i dtábla 1 de Rannóg 2.4. I gcás TCBanna aicme 2, ba cheart d'údaráis inniúla an leibhéal rannpháirtíochta maoirseachta do institiúidí catagóire 4 a chur i bhfeidhm ar a laghad, mar atá leagtha amach i dtábla 1 de mhír 2.4.
498. Chomh maith le measúnú a dhéanamh ar phríomhghnéithe SREP i gcás TCBanna, ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú go dtuigeann siad rioscaí suntasacha eile an bhrainse agus an chaoi a maolaítear iad. Áirítear leis seo aon neamhchosaint shuntasach ar riosca creidmheasa, riosca margaidh, riosca oibriúcháin agus IRRBB. D'fhéadfadh údaráis inniúla a mheas go bhfuil sé oiriúnach measúnú níos doimhne a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo, bunaithe ar ábharthacht shubstaintiúil an riosca don TCB. I gcásanna den sórt sin, ba cheart d'údaráis inniúla an treoir i dteidil chomhfhreagracha ábhartha na dTreoirlínte seo a úsáid mar bhonn leis an measúnú agus iarracht a dhéanamh na prionsabail atá ann a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhréireach leis an TCB.
499. Sa chás go bhfeidhmíonn údaráis inniúla a gceart i gcomhréir le hAirteagal 48a de Threoir 2013/36/AE chun an TCB a chur faoi réir ceanglas d'institiúidí creidmheasa i gcomhréir leis an Treoir, agus déileáil go héifeachtach leis an TCB mar fhochuideachta, ba cheart d'údaráis

inniúla SREP d'institiúidí creidmheasa a chur i bhfeidhm ar an TCB atá i gceist agus tagairt a dhéanamh do theidil ábhartha na dTreoirí seo (Teidil 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, agus 11, chomh maith le Rannóg 12.1.2 den Rannóg seo, maidir le hanailís ar shamhail ghnó).

500. Ba cheart d'údaráis inniúla úsáid a bhaint as torthaí an mheasúnaithe ar ghnéithe aonair SREP le haghaidh TCBanna chun scór a thabhairt do gach réimse. Ba cheart don údarás inniúil an anailís seo a úsáid chun measúnú agus scór foriomlán a dhéanamh ar an TCB, agus na breithniúcháin i dtábla 21 a úsáid mar threoir i ndáil leis sin. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa mheasúnú agus sa scór foriomlán an measúnú agus an scóráil ar rioscaí ábhartha eile an TCB (nuair is infheidhme). Bunaithe ar mheasúnú foriomlán SREP agus ar mheasúnú na ngnéithe aonair den SREP do TCBanna, ba cheart d'údaráis inniúla bearta maoirseachta a ghlacadh mar a shonraítear i rannán 12.2 den teideal seo chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh a sainaithníodh.

12.1. SREP a chur i bhfeidhm ar bhraint tríú tír

12.1.1. Breithniúcháin ghinearálta

501. Ba cheart go ndíreodh measúnú SREP ar rioscaí ábhartha an TCB agus ar an gcaoi a bhfuil siad sin ag brath ar an ngnó, agus ar phróifíl riosca an chuid eile den ghrúpa agus ar an gcaoi a ndéantar iad a bhainistiú. Agus stádas an bhrainse agus a spleáchas ar an máthairghnólacht tríú tír á shainaithint, ba cheart an measúnú a dhíriú freisin ar cibé an bhfuil neamhspleáchas leordhóthanach ag an mbrainse ina rialachas agus ina bainistíocht riosca chun gníomhú chun leasanna an bhrainse, agus a sábháilteacht, a sláine agus a hinmharthanacht á cosaint mar aon lena cumais chun a tiomantas do chliaint agus do chontrapháirtithe a chomhlíonadh laistigh den Bhallstát ina bhfuil ceadú faighte aici chun gnó a dhéanamh.

502. Chun an measúnú a eagrú, ba cheart d'údaráis inniúla torthaí an mheasúnaithe neamhspleách tríú páirtí ar an gcraobh agus an tuairim neamhspleách maidir le comhlíonadh na gceanglas áirithinte a ordaítear le hAirteagail 48g(8) agus 48h(3) den Treoir 2013/36/AE, faoi seach, a chur san áireamh. Ba cheart dóibh freisin comhoibriú leis an údarás atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an máthairghnóthas ('an t-údarás baile') i gcomhréir le socruithe riaracháin nó socruithe eile i gcomhréir le hAirteagal 48c(2) den Treoir 2013/36/AE agus torthaí mheasúnuithe maoirseachta an údaráis baile ar an mbrainse a chur san áireamh, i gcás ina bhfuil siad ar fáil.

503. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú go bhfuil bearta i raon feidhme an mheasúnaithe chun CBTanna a bhfuil tábhacht chórasach leo nó a chruthaíonn rioscaí do chobhsaíocht airgeadais a shainaithint. Ina theannta sin, ba cheart go n-éascódh an measúnú sainaithint TCBanna a bhféadfadh údarú de réir Theideal III, Caibidil 1 de Threoir 2013/36/AE (mar fhochuideachta) a bheith iomchuí ina leith. Ba cheart d'údaráis inniúla tagairt a dhéanamh d'Airteagal 48i maidir leis na critéir atá le breithniú i ndáil leis seo.

504. I gcás ina dtugann an t-athbhreithniú ar rialachas, ar shamhail ghnó nó ar ghníomhaíochtaí an TCB, foras réasúnach d'údaráis inniúla a bheith in amhras, i dtaca leis an TCB, go bhfuil sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta á dhéanamh nó go ndearnadh é nó go ndearnadh iarracht air, nó go bhfuil riosca méadaithe ann ina leith sin, ceanglaítear ar an údarás inniúil fógra a thabhairt láithreach don ÚBE agus do mhaoirseoir AML/CFT an TCB i gcomhréir le hAirteagal 48n(4) de Threoir 2013/36/AE.

12.1.2. Anailís ar shamhail ghnó

505. Ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh ar shamhail ghnó agus ar straitéis an TCB chun na príomhchúiseanna a bhaineann lena rioscaí a thuiscint. Ba cheart dóibh an treoir a chuirtear ar fáil i dTeideal 4 a úsáid mar bhunús leis an measúnú agus iarracht a dhéanamh na prionsabail atá ann a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhréireach leis an TCB. Ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go bhfuil an straitéis don bhraintse tríú tír agus measúnú ar leith ar na rioscaí gaolmhara doiciméadaithe go leordhóthanach, mar aon le fianaise go ndearna bainistíocht na craoibhe athbhreithniú agus grinnscrúdú uirthi.

506. Ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar fhor-rochtain ghníomhaíochtaí TCB, chun a mheas an gcomhlíonann sé raon feidhme críochach an údaráithe arna dheonú ag an údarás inniúil ina bhfuil an TCB bunaithe. Ba cheart aird a thabhairt freisin ar aon ghníomhaíocht ghnó thrasteorann a dhéantar ar bhonn iarratais fhrithpháirtigh.

507. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas conas a théann tosaíochtaí straitéiseacha an mháthairghnóthais don TCB i bhfeidhm ar a phróifíl riosca. Ba cheart dóibh aird a thabhairt ar aon spriocanna tuillimh nó straitéiseacha a leagtar síos do bhraintse an TCB agus an bhfuil siad seo á dtacú ag acmhainní agus cumais bainistíochta riosca an TCB. Ba cheart dóibh measúnú a dhéanamh freisin ar nádúr na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí a thairgeann an TCB agus ar an gcaoi a n-imíonn siad, más ann d'aon athrú, ó thairiscint an ghrúpa i gcoitinne agus cibé acu atá nó nach bhfuil aon riosca méadaithe mar thoradh air seo nó an dtéann siad níos faide ná raon feidhme na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí atá údaráithe don TCB a chur i gcrích, nach féidir a bheith níos fairsinge ná raon feidhme an fhiontair cheannais sa tríú tír.

12.1.3. Measúnú ar shocruithe agus rialuithe a bhaineann leis an rialachas inmheánach

508. Ba cheart d'údaráis inniúla leordhóthanacht shocruithe rialachais an TCB a mheas trí Theideal 5 agus Rannóg 7 de Threoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach a úsáid i gcomhréir le Treoir 2013/36/AE⁵² mar threoir chomh maith leis na breithniúcháin a bhaineann go sonrach le TCB thíos. Ba cheart go n-áireofaí sa mheasúnú an creat foriomlán, an cultúr riosca agus iompar riosca, beartais agus cleachtais luacha saothair, agus an creat rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca lena n-áirítear bainistiú rioscaí TFC agus rioscaí tríú páirtí.

⁵² ÚBE/GL/2021/05

509. Agus measúnú á dhéanamh ar rialachas inmheánach, ba cheart d'údaráis inniúla a bhreithniú cibé acu an gcoimeádann nó nach gcoimeádann an TCB substaint leordhóthanach sa Bhallstát de réir na gceanglas i mír 90(g) de Threoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach.

An creat eagrúcháin

510. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu an ndéanann nó nach ndéanann na daoine a stiúran an TCB na nithe seo a leanas:

- a. tuiscint leordhóthanach a bheith acu ar ghníomhaíochtaí agus ar rioscaí an bhrainse agus ar eolas ar an margadh áitiúil, chomh maith le tuiscint leordhóthanach a bheith acu ar rialacháin an Aontais agus rialacháin náisiúnta an Bhallstáit;
- b. údarás, stádas agus neamhspleáchas leordhóthanach a bheith acu, agus an méid a chumhachtaítear iad chun cur le cinntí a dhéanann an fiontar ceannais a théann i bhfeidhm ar an gcraobh á chur san áireamh;
- c. am leordhóthanach a chaitheamh laistigh dá Bhallstát agus in áitreabh an bhrainse chun a ról a chomhlíonadh go héifeachtach.

511. Sa chás go bhfuil coiste bainistíochta bunaithe ag brainse TCB, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar a ról maidir le rialachas leordhóthanach a áirithiú. In éagmais comhlacht den sórt sin, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil creat malartach iomchuí agus comhréireach le haghaidh maoirseacht ardbhainistíochta ar ghníomhaíochtaí agus ar rioscaí an TCB curtha i bhfeidhm.

Caidreamh leis an máthairghnóthas

512. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an gcaidreamh atá an TCB leis an máthairghnóthas, lena n-áirítear an bhfuil an brainse comhtháite go héifeachtach i gcreat rialachais agus bainistíochta riosca an ghrúpa. Ba cheart dóibh an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- a. go soláthraíonn tuairisciú an chraobhchomhlachta don mháthairghnóthas léargas leordhóthanach ar rioscaí suntasacha na craobhchomhlachta;
- d. go dtugann an creat riosca a chuirtear i bhfeidhm ar an TCB aghaidh leordhóthanach ar rialacháin seirbhísí airgeadais an Aontais.

513. Nuair a bhíonn an TCB i mbun oibríochtaí comhthreomhara nó laistigh den ghrúpa, ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go bhfuil creat oiriúnach ag an gcraobh chun a riosca creidmheasa contrapháirtí a bhainistiú.

Creatlach rialaithe inmheánaigh agus bainistíocht riosca tríú páirtí

514. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil creat rialaithe inmheánaigh iomchuí ag an institiúid. I gcás TCBanna aicme 1 (agus TCBanna aicme 2 i gcás inarb infheidhme iad de bhun Airteagal 48g(3) den Treoir 2013/36/AE), ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil ceannairí oiriúnacha ar fheidhmeanna rialaithe

inmheánaigh ceaptha, atá neamhspleách agus a bhfuil a ndóthain acmhainne acu chun an fheidhm a chomhlíonadh mar a fhoráiltear in Airteagal 76(6) den Treoir 2013/36/AE.

515. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas an seolann an TCB dícheall cuí iomchuí agus maoirseacht leanúnach ar fheidhmeanna arna soláthar ag soláthraithe seirbhíse tríú páirtí. Ba cheart dóibh a fhíorú go bhfuil socruithe tríú páirtí, lena n-áirítear socruithe laistigh den ghrúpa, faoi rialú comhaontuithe doiciméadaithe agus go bhfuil rochtain ag an TCB ar an bhfaisnéis go léir is gá chun a chuid oibleagáidí faireacháin a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear nuair a úsáidtear fochonraitheoirí. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a láimhseálann an TCB a rioscaí TFC, lena n-áirítear cibé acu an gcoinníonn nó nach gcoinníonn an TCB clár cuí dá sholáthraithe seirbhíse tríú páirtí, lena n-áirítear nuair a úsáidtear fochonraitheoirí a chomhlíonann feidhmeanna ríthábhachtacha nó tábhachtacha.

12.1.4. Measúnú ar acmhainní deontais chaipitil agus ar acmhainní leachtachta

516. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas:

- a. cibé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann craobh an TCB an t-íosriachtanas maidir le deontais chaipitil mar a shonraítear in Airteagal 48e(1) de Threoir 2013/36/AE;
- b. cibé acu an mbeadh nó nach mbeadh luaineacht mhéadaithe ar luach na n-ionstraimí agus an sárú féideartha ar an íoscheanglas mar thoradh ar chomhchruinniú an dearlaice caipitil ar chineál áirithe ionstraime nó ionstraimí ó shuíomh geografach ar leith, nó neamhréireacht airgeadra na n-ionstraimí dearlaice caipitil le dliteanais an TCB, go háirithe le taiscí;
- c. cibé acu an sealbhaítear an dearlaic chaipitil i gcuntas eascró incháilithe sa Bhallstát inar údaraíodh an brainse tríú tír agus ina gcomhlíonann na hionstraimí dearlaice caipitil na critéir a shonraítear in Airteagal 48e(2) de Threoir 2014/59/AE agus na coinníollacha a leagtar síos i dTreoirínte an ÚBE maidir le hionstraimí atá ar fáil do bhraintí tríú tír lena n-úsáid gan srian láithreach chun rioscaí nó caillteanais a chlúdach⁵³.

517. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil sócmhainní leachtacha agus neamh-ualaithe leordhóthanacha ag an institiúid chun a rioscaí leachtachta a mhaolú agus go háirithe an bhfuil nó nach bhfuil sócmhainní leachtacha na craobhchomhlachta leordhóthanach chun díolúintí leachtachta a chlúdach ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad i gcomhréir le hAirteagal 48f(1) de Threoir 2013/36/AE. I gcás TCBanna Aicme 1, ba cheart go gcumhdódh an measúnú an ceanglas maidir le clúdach leachtachta mar a thuairiscítear san Airteagal céanna a bheith á chomhlíonadh ag an mbrainse.

518. Agus an measúnú ar an dearbhú caipitil agus ar an leachtacht á dhéanamh acu, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas an gcoinníonn an TCB doiciméadacht atá leordhóthanach chun athbhreithniú pras agus cruinn a dhéanamh ar a chomhlíonadh ar an íosriachtanas dearbhaithe caipitil agus leachtachta.

⁵³ ÚBE/GL/2026/03

519. Ba cheart d'údaráis inniúla na nithe seo a leanas a mheas:

- a. cáilíocht na rannpháirtíochta idir an TCB agus an máthairghnóthas maidir le cinntí bainistíochta caipitil agus leachtachta – lena n-áirítear an chaoi a gclúdaítear an brainse i bpróisis phleanála caipitil agus leachtachta an ghrúpa, i bhfaireachán agus i dtástáil struis, agus an bhfuil sásraí éascaithe cuí ann chun go gcuirfidh an brainse an máthairghnóthas ar an eolas go pras faoi shaincheistean caipitil nó leachtachta a d'fhéadfadh a bheith ann nó atá ann;
- b. an bhfuil na socruithe maoinithe intarghrúpa trasteorann laistigh de theorainneacha na heisceachta a cheadaítear i gcomhréir le hAirteagal 48c(4) (d) de Threoir 2013/36/AE agus nach ndéanann siad gníomhaíochtaí gnó trasteorann a cheilt ar shlí a sháraíonn raon feidhme críochach an údarú – mar shampla, i gcás ina gcuirtear maoiniú introghrúpa ar fáil do TCB atá bunaithe i mBallstát eile in aghaidh sciar (iomlán nó páirteach) de rioscaí agus de thorthaí eacnamaíocha sócmhainne ar leith.

12.1.5. Measúnú ar shocruithe seachfhoinsithe

520. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu atá nó nach bhfuil creat leordhóthanach ag an TCB chun sócmhainní agus dliteanais arna gcur in áirithe nó arna dtionscnamh sa Bhallstát a bhainistiú agus a thaifeadadh, lena n-áirítear míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe. Fíoróidh na húdaráis inniúla go n-áirítear i gcreat an TCB leabhar clárlainne ina ndoiciméadtar go leordhóthanach na sócmhainní agus na dliteanais go léir a chláraigh nó a chruthaigh an chraobh, i gcomhréir leis na Caighdeáin Theicniúla Rialála, i gcomhréir le hAirteagal 48h(4) de Threoir 2013/36/AE, agus beartas a chomhlíonann Airteagal 48h de Threoir 2013/36/AE.

521. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil na gníomhaíochtaí a dhéanann an TCB, a shócmhainní agus dhliteanais cláraithe nó tionscanta, nó socruithe fálaithe eile atá aitheanta sa chlár, ag teacht le beartas an TCB maidir le socruithe cur in áirithe agus lena straitéis ghnó.

522. I gcás ina dtéann an TCB i mbun socruithe áirithe le cúl a chéile, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé acu an ndéanann nó nach ndéanann an TCB bainistiú iomchuí ar na rioscaí a bhaineann le socruithe le cúl a chéile agus cianáirithinte faoi seach, lena n-áirítear riosca creidmheasa contrapháirtí, riosca CVA, agus riosca socraíochta.

523. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheasúnú cibé acu an ndéanann nó nach ndéanann an TCB sócmhainní agus dliteanais a bhainistiú ar shlí fhéinrialaithe. Ba cheart dóibh a mheas cibé acu an léiríonn nó nach léiríonn an TCB neamhspleáchas maidir le gníomhaíochtaí nua a ghlacadh, lena n-áirítear trí inghlacthacht riosca arna chomhaontú ag bainistíocht an bhrainse a fhorfheidhmiú. Ba cheart dóibh a bhreithniú cibé acu atá nó nach bhfuil smacht agus tuairisciú leordhóthanach ag an TCB chun na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí iarbhir nó ionchasacha a thuiscint agus gníomhú ina leith go neamhspleách. Ba cheart dóibh a chur san áireamh cibé acu an dtugann nó nach dtugann creat an TCB aghaidh leordhóthanach ar rioscaí stuamachta na ngníomhaíochtaí arna gcur in áirithe a mhéid a théann siad i bhfeidhm ar phróifíl riosca caipitil agus leachtachta an bhrainse, agus ar rioscaí AML/CFT.

524. Sa chás go dtionscnaíonn an TCB sócmhainní agus dliteanais do bhraintí nó d'fhochuideachtaí eile den ghrúpa céanna, ba cheart d'údarais inniúla a mheas cibé acu an eascraíonn nó nach n-eascraíonn aon rioscaí ar leith as na socruithe seo lena n-áirítear leochaileachtaí oibríochtúla agus srianta dlíthiúla.

12.2. Achoimre ar thorthaí, scóráil agus bearta maoirseachta

525. I ndiaidh an mheasúnaithe thuas, ba cheart d'údarais inniúla teacht ar thuairim foriomlán maidir le príomhrioscaí an TCB. Ba cheart an tuairim seo a léiriú in achoimre bhliantúil ar mheasúnú foriomlán SREP, agus scór inmharthanachta bunaithe ar na breithniúcháin a shonraítear i dtábla 21 a bheith ag gabháil leis. Ba cheart go n-áireofaí san achoimre bhliantúil freisin aon torthaí maoirseachta a rinneadh le linn na 12 mhí roimhe sin.

Tábla 21. Breithniúcháin mhaoirseachta maidir le scór foriomlán SREP a shannadh

Scór	Tuairim mhaoirseachta	Breithniúcháin
1	Cruthaíonn na rioscaí a shainaithnítear leibhéal íseal riosca d'inmharthanacht an bhrainse den TCB.	<ul style="list-style-type: none"> Ní chruthaíonn samhail ghnó agus straitéis na hinstiúide aon ábhar imní. Níl aon ábhar imní ag baint le socruithe inmheánacha rialachais agus rialuithe an TCB. Níl rioscaí an TCB ábhartha nó is leor bainistíocht riosca agus rialuithe chun na rioscaí sin a shainaithnítear mar rioscaí ábhartha a mhaolú. Ní ábhar imní é staid dearlaice caipitil agus leachtachta an TCB. Ní ábhar imní iad socruithe áirithinte an TCB.
2	Cruthaíonn na rioscaí a shainaithnítear leibhéal riosca idir meánach agus íseal d'inmharthanacht an TCB.	<ul style="list-style-type: none"> Tá leibhéal íseal go meánach imní ann faoin samhail ghnó agus straitéis an TCB. Tá leibhéal íseal go meánach imní ann faoi shocruithe rialachais nó rialaithe an TCB. Tá leibhéal íseal go meánach imní ann maidir le rioscaí ábhartha an TCB agus a mbainistiú agus a rialú. Tá leibhéal imní íseal go meánach ann faoi staid leachtachta agus/nó próifíl chistiúcháin an TCB. Tá leibhéal imní íseal go meánach ann faoi shocruithe rialachais nó rialaithe an TCB.
3	Cruthaíonn na rioscaí a shainaithnítear leibhéal riosca idir meánach agus íseal d'inmharthanacht an TCB.	<ul style="list-style-type: none"> Tá leibhéal imní meánach go hard ann faoi shamhail ghnó agus straitéis an TCB. Tá leibhéal imní meánach go hard ann faoi shocruithe rialachais nó rialaithe an TCB. Tá leibhéal imní meánach go hard ann maidir le rioscaí ábhartha an TCB agus a mbainistiú agus a rialú. Tá leibhéal imní meánach go hard ann faoi staid dearlaice caipitil agus/nó leachtachta an TCB. Tá leibhéal imní meánach go hard imní ann faoi shocruithe áirithinte an TCB.
4	Cruthaíonn na rioscaí a shainaithnítear ardleibhéal riosca d'inmharthanacht an TCB.	<ul style="list-style-type: none"> Tá ardleibhéal imní ann faoi shamhail ghnó agus straitéis an TCB. Tá ardleibhéal imní ann faoi shocruithe rialachais nó rialaithe an TCB. Tá ardleibhéal imní ann maidir le rioscaí ábhartha an TCB agus a mbainistiú agus a rialú. Tá ardleibhéal imní faoi staid dearlaice caipitil agus/nó leachtachta an TCB. Tá ardleibhéal imní ann faoi shocruithe áirithinte an TCB.

526. Féadfaidh údarais inniúla, ar bhonn na leochaileachtaí agus na n-easnamh a sainaithníodh sa mheasúnú ar ghnéithe SREP le haghaidh TCBanna, bearta maoirseachta a fhorchur lena gceanglaítear ar an TCB an méid seo a leanas a dhéanamh:

- suim dearlaice caipitil a choinneáil ar mó é ná na híosccheanglais atá leagtha síos in Airteagal 48e de Threoir 2013/36/AE;
- srian a chur le foirm na n-ionstraimí a cheadaítear i gcomhréir le Treoirínte an ÚBE maidir le hionstraimí atá ar fáil do bhraintí tríú tír lena n-úsáid gan srian agus láithreach chun

rioscaí nó caillteanais a chlúdach i gcomhréir le hAirteagal 48e(2)(c) de Threoir 2013/36/AE, leis na hionstraimí ó dhlínse ar leith nó leis na hionstraimí atá ainmnithe in airgeadra ar leith;

- c. coinníollacha oibríochtúla a thabhairt isteach sa bhreis orthu sin i gcomhréir le Treoirlínte an ÚBE maidir le hionstraimí atá ar fáil do bhraintí tríú tír lena n-úsáid gan srian agus láithreach chun rioscaí nó caillteanais a chlúdach i gcomhréir le hAirteagal 48e(2)(c) de Threoir 2013/36/AE;
- d. ceanglais shonracha leachtachta eile a chomhlíonadh sa bhreis ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 48f de Threoir 2013/36/AE;
- e. a socruithe rialachais, bainistithe riosca nó clárúcháin a atreisiú;
- f. raon feidhm a ngnó nó na gníomhaíochtaí a dhéanann siad a shrianadh nó a theorannú, mar aon le contrapháirithe na gníomhaíochtaí sin a shrianadh nó a theorannú;
- g. an riosca atá ina dhlúthchuid dá gníomhaíochtaí, dá dtáirgí agus dá gcórais, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachfhoinisithe, a laghdú agus scor de bheith ag gabháil do gníomhaíochtaí den sórt sin nó scor de bheith ag tairiscint táirgí den sórt sin;
- h. ceanglais bhreise tuairiscithe a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 48k(3) nó minicíocht an tuairiscithe thráthrialta a mhéadú;
- i. nochtuithe poiblí a dhéanamh;
- j. Ar bonn cáis, agus tar éis féachaint do na critéir in Airteagal 48i(1) de Threoir 2013/36/AE, féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar an TCB iarratas a dhéanamh ar údarú mar fhochuideachta i gcomhréir le Teideal III, Caibidil 1 den Treoir. Áirítear leis seo cás ina measann an t-údarás inniúil go bhfuil tábhacht chórasach ag baint leis an gTCB nó go gcruthaíonn sé rioscaí suntasacha cobhsaíochta airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 48j de Threoir 2013/36/AE.

527. I gcás TCBanna a bhfuil tábhacht chórasach leo, féadfaidh na húdaráis inniúla na nithe seo a leanas a bhreithniú freisin:

- a) A cheangal ar an TCB a shócmhainní nó a ghníomhaíochtaí a struchtúru ar bhealach a fhágann go scoireann sé de bheith cáilithe mar TCB a bhfuil tábhacht chórasach leis nó nach gcruthaíonn sé níos mó riosca iomarcach do chobhsaíocht airgeadais an Aontais nó an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe;
- b) ceanglais bhreise stuamachta – lena n-áirítear ceanglais rialachais – a fhorchur ar an TCB.

528. Ba cheart d'údaráis inniúla torthaí an mheasúnaithe SREP a chur in iúl do bhainistíocht an bhraintí tríú tír agus iad a chur ar an eolas faoi aon gníomhaíocht nach foláir don bhrainse tríú tír a dhéanamh chun na bearta maoirseachta a cuireadh i bhfeidhm bunaithe ar na torthaí a chomhlíonadh. Ba cheart d'údaráis inniúla torthaí mheasúnú SREP a chur in iúl, lena n-áirítear aon bhearta maoirseachta a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an údarás atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an máthairghnóthas i gcomhréir leis na comhaontuithe riaracháin nó leis na socruithe eile a tugadh i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 48c(2) de Threoir 2013/36/AE.

Iarscríbhinn I – Fochatagóirí riosca creidmheasa

Léirítear sa tábla thíos liosta neamh-uileghabhálach d'fhochatagóirí le haghaidh riosca creidmheasa ar cheart d'údaráis inniúla a bhreithniú nuair is ábhartha.

Fochatagóirí riosca creidmheasa	Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe	Réimsí measúnaithe	Tagairtí dlíthiúla a bhaineann leis na réimsí measúnaithe
Riosca comhchruinnithe creidmheasa	An riosca go dtabhóidh an institiúid caillteanais shuntsacha creidmheasa ag eascairt as comhchruinniú neamhchosaintí ar ghrúpa beag iasachtaithe, ar thacar iasachtaithe a bhfuil iompar mainneachtana comhchosúil acu nó ar shócmhainní airgeadais an-chomhghaolmhara agus maolú comhchruinnithe riosca creidmheasa	<ul style="list-style-type: none"> • Comhchruinnithe in ainm amháinr (lena n-áirítear cliant nó grúpa cliant nasctha mar a shainítear do neamhchosaintí móra); • Comhchruinnithe earnála • Comhchruinnithe geografacha • Comhchruinnithe táirge • Comhchruinniú comhthaobhachta agus ráthaíochtaí • Foinsí ceilte comhchruinnithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoi dhálaí anáis, nuair is féidir le leibhéal an chomhghaoil riosca creidmheasa méadú i gcomparáid le gnáthdhálaí 	Rialachán (AE) 575/2013; Airteagail 129, 170, 171, 184, 207, 209, 395, 400-401 Treoir 2013/36/AE: Airteagail 81, 98
Riosca creidmheasa an chontrapháirtí	An riosca go bhféadfadh an contrapháirtí in idirbheart mainneachtain roimh shocrú deiridh shreafaí airgid an idirbheart	<ul style="list-style-type: none"> • Cáilíocht na gcomhpháirtithe agus na gCVA ábhartha agus castacht na n-idirbheart • An riosca comhghaolmhaireachta a eascraíonn nuair a bhíonn comhghaol diúltach idir an neamhchosaint ar chontrapháirtí agus cáilíocht chreidmheasa an chontrapháirtí sin • An neamhchosaint ar rioscaí creidmheasa contrapháirtí agus socraíochta i dtéarmaí margadhluachanna reatha agus an mhéid ainmniúil araon, i gcomparáid leis an neamhchosaint fhoriomlán ar chreidmheas agus ar chistí dílse; • Cion na n-idirbheart a phróiseáiltear trí bhonneagair an mhargaidh airgeadais a sholáthraíonn íocaíocht in áit socraíochta seachadta 	Rialachán (AE) 575/2013; Airteagail 181, 246, Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 6 Treoir 2013/36/AE: Airteagal 79

Fochatagóirí riosca creidmheasa	Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe	Réimsí measúnaithe	Tagairtí dlíthiúla a bhaineann leis na réimsí measúnaithe
Riosca socráíochta agus seachadta	<i>Tá an riosca a eascraíonn i gcás idirbheart le hionstraimí fiachais, cothromais, airgeadraí eachtracha agus tráchtearraí (gan idirbhearta athcheannaigh agus iasachtú urrús nó tráchtearraí agus urrúis nó iasachtaíocht tráchtearraí a áireamh) fós neamhshocraithe tar éis a ndáta seachadta dlíte</i>	<ul style="list-style-type: none"> • Cion na n-idirbheart le contrapháirtithe lárnacha agus éifeachtacht na sásraí cosanta caillteanais dóibh • An cion de idirbhearta a dhéantar le comhpháirtithe lárnacha atá bunaithe i dtríú tíortha, éifeachtúlacht na meicníochtaí cosanta caillteanais dóibh, agus an chaoi a laghdaítear aon neamhchosaint iomarcach do CCPanna lárnacha nach CCPanna de chuid an Aontais iad. • Cion na n-idirbheart thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach agus éifeachtacht na sásraí cosanta caillteanais dóibh • Comhaontuithe glanluachála a bheith ann, a dtábhacht, a n-éifeachtacht agus a in-fhorghníomhaitheach is atá siad 	<i>Rialachán (AE) 575/2013; Airteagail 1,92, Cuid a Trí, Teideal V</i>

Fochatagóirí riosca creidmheasa	Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe	Réimsí measúnaithe	Tagairtí dlíthiúla a bhaineann leis na réimsí measúnaithe
Riosca tíre	An riosca go dtabhóidh an institiúid caillteanais chreidmheasa i leith an ghnó a dhéantar i dtír ar leith de bharr imthosca agus/nó teagmhas díobhálach, lena n-áirítear tionchar teagmhas geopholaitiúla, sa tír sin	<ul style="list-style-type: none"> • An baol go dtiocfaidh meath ar cháilíocht neamhchosaintí institiúide i dtír ar leith (lena n-áirítear riosca comhfhéichiúnaí – i.e. mainneachtain ag grúpa mór féichiúnaithe), a eascraíonn as bagairtí, tarluithe, agus géarú teagmhas díobhálach a bhaineann le cogáí, sceimhlitheoireacht, agus teannas i measc stát agus gníomhaithe polaitiúla a dhéanann difear don chaidreamh idirnáisiúnta • An leibhéal comhchruinnithe laistigh de gach cineál neamhchosanta ar riosca tíre, lena n-áirítear neamhchosaintí ceannasacha, i gcomhréir le punann creidmheasa iomlán na hinstitiúide (in aghaidh an oibleagáideora agus an méid) • Neart eacnamaíoch agus cobhsaíocht thír an iasachtaí agus an cuntas teiste atá aici i dtéarmaí íocaíochta poncúla agus teagmhais mhainneachtana tromchúiseacha a bheith ag tarlú • An riosca maidir le cineálacha eile idirghabhála ceannasaí a d'fhéadfadh dochar ábhartha a dhéanamh d'acmhainneacht creidmheasa na n-iasachtaíthe (e.g. reo taiscí, díshealbhú nó cánachas pionósach) • 'An riosca aistrithe atá nasctha le hiasachtú trasteorann in airgeadra eachtrach le haghaidh iasachtaí ábhartha trasteorann agus neamhchosaintí ar airgeadraí eachtracha. 	
Riosca creidmheasa urrúsuithe	Na rioscaí a eascraíonn as idirbhearta urrúsaithe a bhfuil institiúidí creidmheasa ina hinfheisteoirí, ina tionscnóir nó ina hurraitheoirí ina leith, lena n-áirítear rioscaí do chlú, amhail rioscaí a thagann chun cinn i ndáil le struchtúir nó táirgí casta	<ul style="list-style-type: none"> • Oiriúnacht leithdháileadh neamhchosaintí urrúsúcháin ar an leabhar baincíreachta agus ar an leabhar trádála agus a chomhsheasmhacht le straitéis urrúsúcháin na hinstitiúide • Rátáil agus feidhmíocht na dtráinsí urrúsúcháin atá i seilbh na hinstitiúide, mar aon le cineál, comhdhéanamh agus cáilíocht na sócmhainní bunúsacha • Comhsheasmhacht an fhaoisimh chaipitil leis an aistriú riosca iarbhír le haghaidh urrúsuithe tionscnaimh • Cibé atá nó nach bhfuil idirdhealú soiléir idir méideanna tarraingthe agus neamhtharraingthe le haghaidh saoráidí leachtachta a chuirtear ar fáil don fheithicil urrúsúcháin 	Rialachán (AE) 575/2013; Airteagal 67, Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 5 Treoir 2013/36/AE: Airteagal 82

Fochatagóirí riosca creidmheasa	Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe	Réimsí measúnaithe	Tagairtí dlíthiúla a bhaineann leis na réimsí measúnaithe
Riosca iasachta FX	An riosca creidmheasa breise a eascraíonn as neamhchosaintí iasachtaithe FX ar iasachtaí miondíola agus FBM gan fhritháireamh.	<ul style="list-style-type: none"> • Pananna teagmhasacha a bheith ann le haghaidh seoladán Pháipéir Tráchtála le Tacaíocht Sócmhainní arna mbainistiú ag an institiúid i gcás nach féidir páipéar tráchtála a eisiúint mar gheall ar choinníollacha leachtachta, agus an tionchar ar neamhchosaint iomlán na hinstitiúide ar riosca creidmheasa. • Aon ghaol neamhlíneach idir riosca margaidh agus riosca creidmheasa ina bhféadfadh tionchar díréireach a bheith ag rátaí malairte ar riosca creidmheasa phunann iasachtaí FX institiúide, amhail méadú ábhartha ar luach gan íoc an fhiachais agus sreabhadh na n-íocaíochtaí chun fiach den sórt sin a sheirbheáil agus méadú ar luach gan íoc an fhiachais i gcomparáid le luach sócmhainní comhthaobhachta atá ainmnithe san airgeadra intíre 	
Riosca cothromais sa leabhar baincéireachta	An riosca caillteanais ar ionstraimí airgeadais ó athruithe ar chothromais a phostáiltear sa leabhar baincéireachta	<ul style="list-style-type: none"> • An riosca laghdaithe ar luach infheistíochtaí cothromais na hinstitiúide agus a áirithiú go ndéantar an riosca sin a ghabháil go hiomchuí i gcreat riosca na hinstitiúide. • I gcás inarb ábhartha, maidir le riosca rannpháirtíochta i ngabháltais straitéiseacha (árachas agus neamhárachas araon) 	Rialachán (AE) 575/2013; Airteagal 133
Riosca réadmhaoine	An riosca caillteanais mar gheall ar athruithe ar mhargadhluach sócmhainní eastáit réadaigh nó ar ionstraimí airgeadais atá nasctha le sócmhainní eastáit réadaigh	<ul style="list-style-type: none"> • An riosca go dtiocfaidh laghdú ar luach infheistíochtaí réadmhaoine na hinstitiúide • I gcás inarb ábhartha, luach na n-ionstraimí airgeadais atá nasctha le sócmhainní eastáit réadaigh (e.g. iontaobhais infheistíochta eastát réadach, REITanna). 	Maidir le maoín dhochorraithe atá faoi úinéireacht institiúide Rialachán (AE) 575/2013: Airteagal 134(1) – SA Airteagal 156 – IRB
Riosca caolúcháin	Airteagal 4 (53) den CRR	<ul style="list-style-type: none"> • Riosca maolaithe do gach punann chreidmheasa nach nglactar leis an gcur chuige IRB ina leith, agus do na cinn a measadh a bheith neamhábharta ó thaobh riosca maolaithe de ó pheirspictíocht na punainne • An tslí a gcuirtear neamhchosaintí atá neamhábharta laistigh de gach punann nó aicme nochtadh san áireamh i measúnú comhiomlán riosca maolaithe na hinstitiúide 	

Fochatagóirí riosca creidmheasa	Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe	Réimsí measúnaithe	Tagairtí dlíthiúla a bhaineann leis na réimsí measúnaithe
Riosca samhla (do shamhlacha ceadaithe rialála)	Airteagal 4(1), pointe (52b) den CRR	<ul style="list-style-type: none"> • I gcás inarbh ábhartha, cibé atá nó nach bhfuil an measúnú riosca ar neamhchosaintí ar riosca maolaithe sa ghnó fála do chórais íocaíochta tráchtála (mar shampla, i bpunann na bhfiachas teagmhasach do shuíomhanna aisíocaíochta) cuí agus an bhfuil sé bunaithe ar dheighilt chomhsheasmhach de na suíomhanna bunúsacha i gcomhréir lena bpríomhghnéithe conarthacha – i.e. cineál na n-idirbheart díolacháin bunúsacha, tráthú na n-íocaíochtaí próiseáilte, agus cur i bhfeidhm na meicníochtaí caighdeánacha maolaithe riosca. • Déan faireachán ar cibé acu an leanann nó nach leanann an institiúid de na híosriachtanais a chomhlíonadh agus a áirithiú nach measúnaítear faoina luach ceanglais ghaolmhara cistí dílse • Féadfaidh an measúnú a bheith bunaithe ar na léargais a fuarthas ó ghníomhaíochtaí maoirseachta eile, lena n-áirítear iad sin a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 101 de Threoir 2013/36/AE. 	Treoir 2013/36/AE: Airteagal 3

Iarscríbhinn II – Fochatagóirí riosca margaidh

Léirítear sa tábla thíos liosta neamh-uileghabhálach d'fhochatagóirí le haghaidh riosca margaidh ar cheart d'údaráis inniúla a bhreithniú nuair is ábhartha.

Fochatagóirí riosca margaidh (leibhéal 1)	<i>Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe⁵⁴</i>
Riosca ráta úis ginearálta (leabhar trádála)	<p><i>An riosca caillteanas a eascraíonn as athruithe ar luach margaidh na n-ionstraimí fiachais de bharr athrú ar leibhéal na rátaí úis nach bhfuil baint aige le haon saintréithe sonracha de na hionstraimí fiachais aonair sin.</i></p> <p><u><i>Tagairtí dlíthiúla ábhartha maidir le cóireáil chaipitil:</i></u></p> <p><i>> Athbhreithniú Réamhbhunúsach ar an Leabhar Trádála (FRTB) – samhlacha inmheánacha</i></p> <p><i>Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 5 – Airteagal 362</i></p> <p><i>> Réamh-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe/Iar-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe Simplithe</i></p> <p><i>Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 2, Alt 2, Fo-alt 2 – Airteagail 339 go hAirteagal 340 (riosca ginearálta ionstraimí fiachais)</i></p> <p><i>> Iar-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe Malartach</i></p> <p><i>Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Alt 2 – Airteagail 325d-Airteagal 325k (modh bunaithe ar íogaireacht, riosca ginearálta ráta úis)</i></p> <p><i>] > Iar-FRTB – Cur chuige malartach samhla inmheánach</i></p> <p><i>Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1b – Airteagal 325az-Airteagal 325bp (easnamh ionchasach/comhpháirt an Bhirt Riosca maidir le Cás Struis (SSRM))</i></p>

⁵⁴ Sa tábla seo, tagraímid do 'Athbhreithniú Réamhbhunúsach ar an Leabhar Trádála (FRTB)' don sainmhíniú agus don chóireáil is infheidhme sula dtiocfaidh an FRTB i bhfeidhm. Tagraíonn iar-FRTB do na sainmhínithe agus don chur chuige is infheidhme a luaite a thiocfaidh an FRTB i bhfeidhm.

**Fochatagóirí riosca
margaidh (leibhéal
1)**

Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe⁵⁴

An riosca a eascraíonn as athruithe ar luach margaidh na n-ionstraimí airgeadais fiachais de bharr luaineachtaí ina raon difríochta creidmheasa (féach 'Sainmhínithe', Teideal 1).

- Cóireáil chaipitil difreáilte de réir chineál an ionstraim/na punainne:

1) Riosca raoin difríochta creidmheasa i gcás neamhurrúsúcháin

2) Riosca raoin difríocht creidmheasa na n-urrúsúchán (lasmuigh den phunann malartach trádála comhchoibhneasachta (ACTP))

3) Riosca raoin difríochta creidmheasa na n-urrúsúchán a áirítear san ACTP

- Clúdaítear leis freisin riosca ceannasach (i.e. riosca caillteanas mar gheall ar laghdú ar luachanna margaidh neamhchosaintí ceannasacha)

**Riosca raon
difríochta
creidmheasa
(leabhar trádála)**

Tagairtí dlíthiúla ábhartha maidir le cóireáil chaipitil

> Réamh-FRTB – samhlacha inmheánacha

Rialachán (AE) 575/2013, , Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 5 CRR – Airteagal 362

(Luach faoi Riosca (VaR) – comhpháirt; agus comhpháirt ACTP bhreise ('beart riosca cuimsitheach') le haghaidh suíomhanna san ACTP)

> Réamh-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe/Iar-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe Simplithe

Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 2, Alt 2, Fo-alt 1 – Airteagal 335-Airteagal 338 (riosca sonracha ionstraimí fiachais)

> Iar-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe Malartach

Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Alt 2 – Airteagal 325d-Airteagal 325k (modh bunaithe ar íogaireacht, riosca raoin difríochta creidmheasa (CSR) neamh-urrúsú, urrúsú CSR neamh-ACTP, urrúsú CSR-ACTP)

Fochatagóirí riosca
margaidh (leibhéal
1)

Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe⁵⁴

> *Iar-FRTB – Cur chuige malartach samhla inmhéanach*

Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1b – Airteagal 325az-Airteagal 325bp (easnamh ionchasach/comhpháirt SSRM)

An riosca go dtiocfaidh athrú ar mhargadhluach ionstraime mar gheall ar ghluaiseacht leathan sa mhargadh cothromais nó mar gheall ar fhachtóirí a bhaineann le heisitheoir na hionstraime nó, i gcás díorthaigh, le heisitheoir na hionstraime foluití.

Tagairtí dlíthiúla ábhartha maidir le cóireáil chaipitil

> *Réamh-FRTB – samhlacha inmhéanacha*

Rialachán (AE) 575/2013, , Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 5 – Airteagal 362 CRR

> *Réamh-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe/Iar-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe Simplithe*

Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 2, Alt 3 – Airteagal 341-Airteagal 344 (riosca ginearálta ionstraimí cothromais + riosca sonrach ionstraimí cothromais)

> *Iar-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe Malartach*

Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Rannóg 2 – Airteagal 325d-325k (modh bunaithe ar íogaireacht, riosca cothromais aicme riosca)

> *Iar-FRTB – Cur chuige malartach samhla inmhéanach*

Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1b – Airteagal 325az-Airteagal 325bp (easnamh ionchasach/comhpháirt SSRM)

Riosca
gnáthscaireanna
(leabhar trádála)

*An riosca caillteanais ar ionstraimí airgeadais de bharr meath ar chreidmheasacht an eisiotóra nó eisiotóra sócmhainní tagartha nó sócmhainní bunúsacha. Ní áirítear riosca mainneachtana leis sin. **Faoin FRTB, caitear leis an riosca seo mar chuid den riosca raoin difríochta creidmheasa.***

Riosca ascnaimh

Fochatagóirí riosca
margaidh (leibhéal
1)

Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe⁵⁴

Tagairtí dlíthiúla ábhartha maidir le cóireáil chaipitil

> Réamh-FRTB – samhlacha inmheánacha

Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 5, Rannóg 4 – Airteagal 372-Airteagal 376

> Iar-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe Malartach

Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Alt 2 – Airteagail 325d-Airteagal 325k

> Iar-FRTB – Cur chuige malartach samhla inmheánach

Rialachán (AE) 575/2013, , Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1b – Airteagail 325az-325bp

An riosca caillteanais ar ionstraimí airgeadais de bharr mainneachtana eistheoirí na n-ionstraimí airgeadais sin nó eistheoirí sócmhainní tagartha nó sócmhainní bunúsacha. Clúdaítear leis freisin riosca ceannasach, i.e. riosca caillteanas mar gheall ar mhainneachtain neamhchosaintí ceannasacha.

Riosca
mainneachtana
(leabhar trádála)

Tagairtí dlíthiúla ábhartha maidir le cóireáil chaipitil

> Réamh-FRTB – samhlacha inmheánacha

Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 5 – Airteagail 372-376 (Comhpháirt 'muirear incriminteach riosca mainneachtana')

> Iar-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe Malartach

Rialachán (AE) 575/2013, Tríú Cuid, Teideal IV, Caibidil 1a, Alt 5 – Airteagail 325v-325ad

> Iar-FRTB – Cur chuige malartach samhla inmheánach

Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1b – Airteagail 325az-325bp (muirear riosca mainneachtana)

**Fochatagóirí riosca
margaidh (leibhéal
1)**

Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe⁵⁴

Rialachán (AE) 575/2013, Airteagal 4(1), pointe (142) – áirítear leis, i measc nithe eile, riosca aistriúcháin agus riosca struchtúrach malairte eachtraí

Tagairtí dlíthiúla ábhartha maidir le cóireáil chaipitil

I) Díolúine le haghaidh suíomhanna struchtúracha malairte eachtraí (suíomhanna S-FX)

- Rialachán (AE) 575/2013, Airteagal 104c

- Treoirlínte maidir le S-FX (ÚBE GL/2020/09)

**Riosca malairte
eachtraí
(leabhair trádála
agus
baincéireachta)**

II) Cóireáil suíomhanna seachas suíomhanna S-FX

> Réamh-FRTB – samhlacha inmheánacha

Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 5 – Airteagal 362-Airteagal 377

> Réamh-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe/Iar-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe Simplithe

Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 3 – Airteagal 351-Airteagal 354

> Iar-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe Malartach

Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Rannóg 2 – Airteagail 325d-325k (modh bunaithe ar íogaireacht, riosca malairte eachtraí aicme riosca)

> Iar-FRTB – Cur chuige malartach samhla inmheánach

Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1b – Airteagal 325az-Airteagal 325bp (easnamh ionchasach/comhpháirt SSRM)

Riosca tráchtearraí

Rialachán (AE) 575/2013, Airteagal 4(1), pointe (143)

Fochatagóirí riosca margaidh (leibhéal 1)		Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe ⁵⁴	
(leabhair trádála agus baincéireachta)		<p><u>Tagairtí dlíthiúla ábhartha maidir le cóireáil chaipitil</u></p> <p>> Réamh-FRTB – samhlacha inmheánacha</p> <p>Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 5 – Airteagal 362-Airteagal 377</p> <p>> Réamh-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe/Iar-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe Simplithe</p> <p>Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 4 – Airteagal 351-Airteagal 354</p> <p>> Iar-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe Malartach</p> <p>Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Alt 2 – Airteagail 325d-325k (modh bunaithe ar íogaireacht, riosca tráchtearraí de réir aicme riosca)</p> <p>> Iar-FRTB – Cur chuige malartach samhla inmheánach</p> <p>Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1b – Airteagal 325az-Airteagal 325bp (easnamh ionchasach/comhpháirt SSRM)</p>	
Riosca coigeartaithe luachála creidmheasa (leabhair trádála agus baincéireachta)		Rialachán (AE) 575/2013, Airteagal 381	
Riosca luachála	An riosca caillteanas ó athbhreithnithe ar luach cuntasaióchta sócmhainní agus dliteanas a luacháladh go cothrom agus ó	Fochatagóirí riosca margaidh (leibhéal 2)	Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe

**Fochatagóirí riosca
margaidh (leibhéal
1)**

Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe⁵⁴

**(leabhair trádála
agus
neamhthrádála)**

*choigeartuithe air (Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, Airteagal
105 agus Rialachán (AE) 2016/101)*

- Éiginnteacht an phraghas
mhargaidh
- Costais clabhsúir
- Rioscaí na samhla luachála
- Raonta difríochta creidmheasa
neamhthuillte
- Costais infheistíochta agus
mhaoinithe
- Suíomhanna comhchruinnithe
- Costais riaracháin amach anseo
- Luathfhoirceannadh
- Rioscaí oibriúcháin (luacháil)

RTS maidir le Luacháil Stuama
(Rialachán (AE) 2016/101)

*Rialachán (AE) 575/2013, Airteagal 325u agus RTS maidir le Breiseán Risca Iarmharach (Rialachán (AE) 2022/2328) – lena gcuimsítear
na catagóirí leathana rioscaí a eascraíonn as ionstraimí a bhfuil riosca bunúsach agus iarmharach coimhthíoch acu agus as ionstraimí
a iompraíonn rioscaí iarmharacha eile*

Riosca iarmharach

Tagairtí dlíthiúla ábhartha maidir le cóireáil chaipitil

> Iar-FRTB – Cur Chuige Caighdeánaithe Malartach

Rialachán (AE) 575/2013, Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a, Alt 4 – Airteagal 325u

**Fochatagóirí riosca
margaidh (leibhéal
1)**

Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe⁵⁴

Riosca margaidh: *Rialachán (AE) 575/2013, Airteagal 4(1), pointe (52b)*

Riosca na samhla

**Riosca margaidh:
Rioscaí de réir
líneachta**

- *Riosca deilte (riosca go n-athróidh luach ionstraime airgeadais de bharr athrú ar luach an fhachtóra riosca (éifeachtaí chéad oird))*
- *Riosca véige (riosca a eascraíonn as athruithe ar luaineacht na bunionstraime i gcás ionstraim neamhlíneach)*
- *Riosca cuaire (riosca gáma san áireamh) (rioscaí nach ngabhtar faoi riosca delta agus riosca vega, lena n-áirítear riosca a eascraíonn as an éifeachtaí den dara ord i gcás athruithe ar an mbunfhaisnéis agus as paraiméadair eile de roghanna)*

**Riosca margaidh:
Leachtacht an
mhargaidh agus
riosca
comhchruinnithe**

An riosca go dtabhóidh an institiúid caillteanais mhargaidh/leachtachta ag eascairt as comhchruinniú ó neamhchosaintí ar fhachtóir riosca aonair, nó ó neamhchosaintí ar ilfhachtóirí riosca atá comhghaolmhar, nó ó ionstraimí a bhfuil tréimhsí ama ardleachtachta acu.

**Riosca margaidh:
Riosca boinn**

An baol caillteanas de bharr comhghaol neamhiomlán in athrú luacha ionstraimí a fhritháirítear go hainmniúil

Iarscríbhinn III – Fochatagóirí maidir le riosca oibriúcháin

Léirítear sa tábla thíos liosta neamh-uileghabhálach d'fhochatagóirí le haghaidh riosca oibriúcháin ar cheart d'údaráis inniúla a bhreithniú nuair is ábhartha.

Fochatagóirí riosca oibriúcháin (leibhéal 1)	Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe	Fochatagóirí riosca oibriúcháin (leibhéal 2)	Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe
Riosca dlíthiúil	<i>Airteagal 211(1), pointe (52a) den CRR</i>		
Riosca na samhla	<i>Airteagal 4(1), pointe (52b) den CRR</i>		
Riosca TFC	<i>Airteagal 4(1), pointe (52c) den CRR</i>	Riosca infhaighteachta agus leanúnachais TFC	<i>An riosca go mbeidh tionchar diúltach ar fheidhmíocht agus infhaighteacht na gcóras, na sonraí nó na seirbhísí TFC, lena n-áirítear an neamhábaltacht seirbhísí na hinstitiúide a aisghabháil go tráthúil, mar gheall ar mhainneachtain comhpháirteanna cruá-earraí nó bogearraí TFC; laigí i mbainistiú córais TFC; nó aon teagmhas eile</i>
		Riosca slándála TFC (lena n-áirítear cibear)	<i>An riosca go gcuirfear córais, sonraí nó seirbhísí TFC i mbaol de bharr rochtain neamhúdairithe nó gníomhartha mailíseacha nó gníomhartha d'aon ghnó, is cuma cé acu laistigh nó lasmuigh den institiúid a thosaíonn siad (e.g. cibearionsaithe)</i>
		Riosca athraithe TFC	<i>An riosca a eascraíonn as neamhábaltacht na hinstitiúide athruithe ar chórais TFC nó ar sheirbhísí TFC a bhainistiú ar bhealach tráthúil agus rialaithe</i>
		Riosca sláine sonraí TFC	<i>An riosca go mbeidh sonraí a stóráiltear agus a phróiseáiltear le córais TFC neamhiomlán, míchruinn nó neamhréireach thar chórais TFC éagsúla, rud a chuirfidh isteach ar shláine nó ar leanúnachas sheirbhísí agus ghníomhaíochtaí na hinstitiúide agus a d'fhéadfadh tionchar oibríochtúil, airgeadais, dlíthiúil nó tionchar ar chlú a bheith mar thoradh air.</i>

Fochatagóirí riosca oibriúcháin (leibhéal 1)	Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe	Fochatagóirí riosca oibriúcháin (leibhéal 2)	Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe
		Riosca tríú páirtí ICT	An riosca a d'fhéadfadh teacht chun cinn d'institiúid maidir leis an úsáid a bhaineann sí as seirbhísí TFC arna soláthar ag soláthraithe seirbhíse tríú páirtí TFC nó ag fochonraitheoirí an tríú páirtí sin, lena n-áirítear trí shocruithe seachfhoinsithe (Airteagal 3 (18) de DORA), lena n-áirítear riosca comhchruinnithe TFC (Airteagal 3 (29) de DORA) maidir le soláthraithe seirbhísí tríú páirtí criticiúla agus neamhchriticiúla TFC
Riosca tríú páirtí (neamh-TFC)	An riosca a d'fhéadfadh teacht chun cinn d'eintiteas airgeadais maidir le húsáid feidhme arna soláthar ag soláthraithe seirbhíse tríú páirtí nó ag fochonraitheoirí an dara ceann, lena n-áirítear feidhm a sholáthar nó tacaíocht a thabhairt d'fheidhm, lena n-áirítear trí shocruithe seachfhoinsithe (Treoirínte ÚBE atá ar na bacáin maidir le bainistiú fóna riosca tríú páirtí)		
Riosca creidmheasa (teagmhais riosca oibríochtúil a bhaineann le riosca creidmheasa nach bhfuil curtha san áireamh sa neamhchosaint ualaithe	Airteagal 317 (5) den CRR		

Fochatagóirí riosca
oibriúcháin (leibhéal 1)

Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe

Fochatagóirí riosca
oibriúcháin (leibhéal
2)

Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe

de réir riosca i gcás riosca
creidmheasa)

Riosca **margaidh**
(teagmhais riosca
oibriúcháin a bhaineann
le riosca margaidh)

Airteagal 317 (6) den CRR

Iarscríbhinn IV – fochatagóirí IRRBB

Cuirtear i láthair sa tábla thíos liosta neamh-uileghabhálach d’fchochatagóirí le haghaidh IRRBB ar cheart d’údaráis inniúla a mheas nuair is ábhartha.

Fochatagóirí IRRBB (leibhéal 1)	Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe	Fochatagóirí IRRBB (leibhéal 2)	Tagairtí dlíthiúla/Sainmhínithe
Riosca bearna	ÚBE/GL/2022/14 (alt 7 'Sainmhínithe')		
Riosca boinn	ÚBE/GL/2022/14 (alt 7 'Sainmhínithe')		
Riosca roghanna	ÚBE/GL/2022/14 (alt 7 'Sainmhínithe')	Riosca rogha uathoibríche	ÚBE/GL/2022/14 (alt 7 'Sainmhínithe')
		Riosca rogha iompraíochta	ÚBE/GL/2022/14 (alt 7 'Sainmhínithe')

Iarscríbhinn V – Tomhas riosca praghsála aistrithe

Ba cheart P2R le haghaidh riosca praghsála aistrithe a chinneadh tríd an P2R a chomhfhreagraíonn don riosca atá nasctha le gach socrú praghsála aistrithe (TPA) atá bunaithe ar mhodh brabúis an idirbhirt (TPM) dá dtagraítear i mír 173 de na Treoirí seo a shuímiú. Ba cheart cineálacha eile TPA, lena n-aistrítear caillteanais ábhartha chuig eintiteas an Aontais ar an gcaoi céanna, a mheasúnú ar an mbealach céanna. Ba cheart P2R a chomhfhreagraíonn do TPA a bhaineann leis an TPM socraithe a chinneadh mar a leanas:

- a) Ba cheart don institiúid an phunann a aithint arb iad a brabúis agus a caillteanais a úsáidtear mar bhunús chun an méid atá le leithdháileadh ar an institiúid de bhun an TPA a chinneadh.
- b) Bunaithe ar (i) fhianaise eimpíreach agus (ii) phríomh-mhéadrachtaí atá san áireamh sa socrú praghsála mar a dtagraítear dó i mír 174, pointe (b), de na Treoirí seo, ba cheart don institiúid a ranníocaíocht corrlach 'm' a chinneadh i leith na bpríomh-mhéadrachtaí a úsáidtear chun an chuid de na brabúis agus de na caillteanais atá le leithdháileadh ar na heintitis atá páirteach sa TPA a chinneadh.
- c) Ba cheart don institiúid na ceanglais chaipitil maidir le riosca margaidh ($C_{MRPortfolio}$) a bhaineann leis an bpunann a shainiú i bpointe (a) a fháil.
- d) Is é $m \times C_{MRPortfolio}$ an P2R don socrú praghsála aistrithe. D'fhéadfaí é seo a theorannú de réir an chaillteanais uasta is féidir a leithdháileadh ar an institiúid i gcomhréir leis an TPA.

Féadfaidh eintiteas atá bunaithe lasmuigh den Aontas a bhfuil an TPA ann leis $C_{MRPortfolio}$ a sholáthar don institiúid. Féadfaidh an t-eintiteas sin na ceanglais chaipitil a sholáthar ar bhonn na rialacha maidir le riosca margaidh atá infheidhme sa dhlínse ina bhfuil sé bunaithe. Sa chás go bhfuil na forálacha tríú tír sin bunaithe ar chreat caipitil Chólún 1 nach bhfuil ag teacht le creat caipitil riosca margaidh Chólún 1 a chuirtear i bhfeidhm san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 575/2013, ba cheart d'údaráis inniúla an ceanglas a mhéadú faoi fhachtóir 1.5. Is féidir le húdaráis inniúla an t-íolraitheoir sin a íslíú nó a ardú chun léiriú a thabhairt ar ábharthacht na ndifríochtaí sna rialacha maidir le riosca an mhargaidh idir an tAontas Eorpach agus an tríú tír.

Féadfaidh údaráis inniúla P2R de shocrú praghsála aistrithe a shocrú ar luach níos ísle ná an ceann a fhaightear de bhun an chéad mhír den Iarscríbhinn seo nuair a chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- a. I gcomhthéacs an TPA sin, measúnaítear gurb í an institiúid a shealbhaíonn agus a bhainistíonn formhór an riosca margaidh a bhaineann leis an bpunann, ar a bhfuil an socrú praghsála aistrithe bunaithe;
- b. Tugann an tsamhail áirithe le tuiscint go bhféadfaidh an institiúid a caillteanais leabhair trádála a leithdháileadh ar eintitis eile a ghlacann páirt sa socrú praghsála aistrithe;
- c. Soláthraíonn an institiúid fianaise leordhóthanach, i bhfianaise a ról mar phríomh-ranníocóir leis an TPA de réir bhrí phointe (a), go gclúdaíonn na ceanglais chaipitil don riosca margaidh a bhaineann leis na suíomhanna atá faoi réir an TPA cheana féin caillteanais fhéideartha a eascraíonn as an TPA.